



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2022



Ár nDaoine

Ár gCuspóir





D'éirigh lenár bh**Foireann** gaisce a dhéanamh arís agus léirigh siad acmhainneacht agus clisteacht chun a chinntiú gur cuireadh cúram riachtanach ar fáil, agus ag an am céanna, bhíothas ag foghlaim an t-am ar fad agus ag obair i gcónaí ionas go mbeidh seirbhísí níos fearr ar fáil sa todhchaí.

Is é an **Cuspóir** atá againn ná seirbhísí cúraim, folláine agus sláinte chomh maith agus is féidir a chur ar fáil gach lá do na daoine a dteastaíonn siad uathu.

Sracfhéachaint ar 2022

Sláinte an Daonra

5.12 milliún

duine ina gcónaí in Éirinn,
ardú 7.6% ar an Daonra
ó 2016

32%

ardú ar an líon daoine
atá 85 bliain d'aois nó
os a chionn ó 2016

Ár nEagraíocht

137,745

Foireann coibhéise lánaimseartha
(WTE) fostaithe, sin ardú 5,422
ar líon iomlán CL ó 2021

€9.2bn

caiteachas iomlán ar sheirbhísí
ospidéal géarmhíochaine

€10.9bn

caiteachas iomlán
ar sheirbhísí pobail



Sracfhéachaint ar phríomhghníomhaíochtaí cúram sláinte

Chríochnaigh

2,355

ball foirne túslíne
an oiliúint ghairid
idirghabhála
ríomhfhoghlama

Seachadadh
breis agus

250,000

seirbhís
dhiagnóiseach
pobail

Fuair

1.7m

duine cóireáil mar othar
cónaitheach nó cás lae

1.5m

a d'fhreastail den
chéad uair nó a d'fhill ar
Rannóga Éigeandála (ED)

20.8m

uair thacaíochta baile
curtha ar fáil do dhaoine
aosta (níl uaireanta na
bPacáistí Dianchúraim
Baile san áireamh)

Seirbhísí Pobail

Shláintiúla, *Sláintecare*,

37

Clár, 'Is Féidir Linn
Éirí As' curtha ar fáil,

Cuireadh tús le

92

cúrsa grúpa
tuismitheoireachta,
agus rinneadh 19,130
teagmháil le húsáideoirí
seirbhísí um oideasú
sóisialta



*Tá tuilleadh eolais maidir lenár
ngníomhaíochtaí 2022 in Aguisín 3
den tuarascáil seo*

An Tuarascáil seo

Cuirtear síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fheidhmíocht agus oibríocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS) i rith 2022. Ullmhaíodh an tuarascáil de réir na gceanglas reachtúil agus tá sé leagtha amach mar a leanas:

CUID I

Mír 1: Réamhrá

Léirítear ár bpríomhtheachtaireachtaí i Ráiteas Chathaoirleach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus in Athbhreithniú Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS

Mír 2: Treo agus Comhthéacs Straitéiseach

Cuirtear síos ar an gcomhthéacs inar cuireadh seirbhísí ar fáil i 2022 agus tugtar cuntas ar ár dtreo agus ár bhfís fhadtéarmach

Mír 3: Soláthar na Seirbhísí

Tugtar cuntas ar an mbealach ar cuireadh seirbhísí ar fáil i rith 2022, déantar achoimre ar fheidhmíocht de réir ár bPlean Seirbhíse Náisiúnta 2022, agus léirítear na príomhchumasóirí i dtaca le hathruithe a chur i bhfeidhm

Mír 4: Bainistíocht agus Cuntasacht

Tugtar forléargas ar na príomhshocruithe rialachais agus cuntasachta FnaSS, Tuarascáil Chomhaltai an Bhoird, san áireamh

Mír 5: Aguisíní

Tá cur síos déanta anseo ar struchtúr na heagraíochta agus ar an mbealach a gcuirtear seirbhísí ar fáil chomh maith le príomhshonraí agus tuarascálacha

CUID II

Mír 6: Rialachas Airgeadais

Tugtar sonraí maidir le rialachas airgeadais, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, ina measc

Clár

CUID I

1 Réamhrá	7
1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	8
1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin	10
2 Treo agus Comhthéacs Straitéiseach	13
2.1 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú chun Cinn	14
2.2 Seirbhísí a sholáthar bunaithe ar Shláinte an Daonra	16
2.3 Na Príomhdhúshláin i rith 2022	20
2.4 Ár gcuid Daoine	22
2.5 Athchóiriú an Chórais ina lomláine	26
2.6 Cúrsaí Domhanda	34
3 Soláthar na Seirbhísí	39
3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a baineadh amach i 2022	40
3.2 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú	58
4 Bainistíocht agus Cuntasacht	67
4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2022	68
5 Aguisíní	81
Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí	82
Aguisín 2: Sonraí Caiteachais agus Acmhainní Daonna	84
Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2022, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí	86
Aguisín 4: Bonneagar Caipitil	94
Aguisín 5: Tuairisc de réir cheanglais Alt 55 den Acht Sláinte 2004 (Gearáin)	99
Aguisín 6: Tuarascáil Bhliantúil – Nochtaí Cosanta 2022	102
Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca	105
Aguisín 8: Sceideal – Tinreamh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí	114
Aguisín 9: Comhlíonadh Reachtach	118
Aguisín 10: Gluais Téarmaí	119

CUID II

6 Rialachas Airgeadais	123
Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2022	124
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	131
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur Faoi Bhráid an Oireachtais	152
Ráitis Airgeadais	156
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	161
Aguisíní	192



Ireland East Hospital Group

@IEHospitalGroup



and East
HOSPITAL GROUP

Protect yourself and those around you. Get
the flu jab. I've got mine.
#JabWellDoneIEHG



95

RETWEETS

210

LIKES



Home



Notifications



Moments



Messages

1 Réamhrá

- 1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- 1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

1.1 Ráiteas ó Chathaoirleach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Thar ceann an Bhoird, is cúis áthais dom Tuarascáil bhliantúil agus Ráitis Airgeadais FnaSS don bhliain 2022 a chur i láthair. Ba é an rud ba mhó ar dhíriomar air i rith na bliana ná seirbhísí sábháilte sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar mar aon le dul i ngleic le dúshlán atá ann le fada an lá maidir leis an tseirbhís sláinte. Tagann méadú ar líon na ngalar ainsealach de réir mar a théann daoine in aois agus de bharr go bhfuil ardú tagtha ar dhaonra na hÉireann agus go bhfuil an daonra ag dul in aois, tá ardú 7.6% tagtha ar an líon daoine ar a bhfreastalaímid ó 2016 agus ardú 32% ar líon na ndaoine atá 85 bliain d'aois agus níos sine. Dá bhrí sin tá an t-éileamh ar sheirbhísí sláinte ag méadú ó bhliain go bliain agus de thoradh air seo, spreagtar an gá atá le nuálaíocht agus le hatheagrú.

Tá dul chun cinn leanúnach maidir le feidhmiú na leasuithe bunúsacha i dtaca le seirbhísí a chur ar fáil fós ina phríomhchuspóir ag FnaSS., ag teacht le spriocanna *Sláintecare* agus an Chláir Rialtais. Cé go bhfuil caighdeán na dtorthaí maidir le cúram leighis ag feabhsú, tá rochtain ar chúram fós ina phríomhúdar inní do FnaSS. Tá dúshlán mhóra fós ag baint le liostaí feithimh do chúram sceidealaithe in ospidéal agus tréimhsí feithimh rófhada fós i rannóga éigeandála, go háirithe i gcás daoine aosta agus ina gcás siúd a bhfuil riachtanais chasta acu. Tugadh tús áite don dá réimse seo i rith na bliana agus tabharfar tosaíocht dóibh seo arís i 2023. Tá an *Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023* ag déanamh iarrachta dul i ngleic leis na réimsí sin chomh maith le dúshlán a bhaineann le tréimhsí feithimh do sheirbhísí bunaithe sa phobal, ar nós, teiripí, seirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí míchumais, agus thar aon rud eile, tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar eispéireas na n-othar / úsáideoirí na seirbhísí trí bheartais nuálacha a chur i bhfeidhm, ina measc, dlús a chur le digitiú ár seirbhís sláinte.

Bhí dúshlán ag baint le COVID-19 dár bhfoireann agus don phobal ar feadh an chuid is mó den bhliain, agus rinneamar gach iarracht i ngach réimse den eagraíocht, chun an tionchar a bhí ag COVID-19 ar inniúlacht ár gcuid seirbhísí a mhaolú an oiread agus ab fhéidir. Ina theannta sin, agus muid ag bogadh ar aghaidh ó chibirionsaí 2021, leanamar ar aghaidh ag cur leasuithe i bhfeidhm maidir le slándáil agus seasmhacht an bhonneagair náisiúnta seo atá rithabhachtach chun go mbeadh ar ár gcumas seirbhísí riachtanacha a sholáthar, ag cinntiú go mbeadh córas mearfheagartha níos fearr ar fáil chun dul i ngleic le bagairtí den sórt seo.

Leanadh den phleanáil do na Limistéir Sláinte Réigiúnacha nua, agus rinneadh a lán oibre chun ullmhú dóibh seo a bhfuil tús le cur leo in Eanáir 2024. Nasctha leis seo, tá gá le FnaSS Náisiúnta, lárnach le héifeachtúlacht gníomhaíochtaí náisiúnta aonair a chinntiú, nuair is gá, ach freagracht agus tamligean chuig bainistíocht réigiúnach agus áitiúil ar bun an oiread agus is féidir. Is cinnte go dtabharfaidh feidhmiú na Limistéir Sláinte Réigiúnacha a bheidh dírithe ar shláinte an daonra deis iontach chun feabhas bunúsach a chur ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí ar fáil go háitiúil.

Thar ceann an Bhoird, táim an-bhuíoch as an obair chrua agus díograis ár bhfoirne i ngach réimse de FnaSS. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe ar fud an chórais sláinte agus chúraim sóisialta. Murach a gcuid saineolais agus a dtiomantas ní bheadh rath ar ár n-iarrachtaí agus ní fhéadfaí ár gcomhdhúshlán a chomhlíonadh. Táim ag súil le muid ar fad a bheith ag obair as láimh a chéile arís i 2023.

I 2023 chomh maith, táimid ag súil le leanúint ag obair le Stephen Donnelly, an tAire Sláinte, le Roderic O'Gorman, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus na hAirí Stáit sa dá Roinn, agus gabhaimid buíochas lenár gcomhghleacaithe sa Roinn as ucht a gcomhoibriú le bliain anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua, Bernard Gloster agus a fhoireann bhainistíochta, go háirithe, Stephen Mulvany a ghníomhaigh mar ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach, as a dtiomantas, a gcúnamh agus a dtacaíocht chun cabhrú linn fíor-leasuithe, marthanacha a chur i bhfeidhm.



Ciarán Devane
Cathaoirleach



Dhíriomar i rith na bliana ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur ar fáil agus muid ag dul i ngleic, ag an am céanna, le dúshlán fhadtéarmacha inár seirbhís sláinte.

1.2 Athbhreithniú an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

I dteannta an Chathaoirligh agus Bhaill an Bhoird, is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais FnaSS don bhliain 2022 a chur i láthair, i mo chéad bhliain mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

I dtús báire, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Paul Reid agus Stephen Mulvany araon a bhí i bpost an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i rith na tréimhse atá i gceist sa tuarascáil seo.

Ní hamháin go léirítear cuntasacht sa tuarascáil ach tugtar eolas chomh maith faoi réimse ábhar a léiríonn an dinimiceas agus an chastacht a bhaineann le seirbhís sláinte agus chúraim shóisialta a chur ar fáil ar fud na tíre.

Ó 2020 i leith, bhí dúshlán thar na bearta le sárú ag na seirbhísí sláinte, de bharr COVID-19 agus an cibirionsaí coiriúil, agus chomh maith leis sin, an tslí ar tháinig athrú bunúsach ar an domhan ar fad de bharr an chogaidh san Úcráin agus éilimh ar chosaint idirnáisiúnta. I bhfianaise na ndúshlán suntasach seo, forbraíodh seirbhísí nua agus cuireadh feabhas ar sheirbhísí reatha. Is iad ár ndaoine, foireann FnaSS agus ár n-illiomad gairmithe agus eagraíochtaí comhpháirtíochta a chuir ar ár gcumas é seo a dhéanamh.

Táimid tiomanta sprioc a bhaint amach maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann a athrú ó bhun, ina measc, seirbhísí meabhairshláinte, míchumais agus seirbhísí do dhaoine aosta, táimid ag leanacht leis an obair chun rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta comhtháite a chinntiú, bunaithe ar riachtanais na ndaoine. Táthar ag leasú na seirbhísí faoi láthair ionas go mbeidh siad dírithe ar an bpobal, agus beidh siad leagtha amach níos fearr chun déileáil leis an leibhéal breise tacaíochta leanúnaí do ghalair ainsealacha a bhfuil a lán daoine inár bpobal buailte leo.

Tá rochtain ar ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chomh tábhachtach sin do na daoine a bhfuil gá acu leo agus tá sé ar cheann de na dúshláin is mó atá romhainn. Beidh orainn rochtain níos tapúla a chinntiú do gach duine a dteastaíonn ár seirbhísí uathu trínár bpleananna a chur i bhfeidhm, agus muid ag cur san áireamh an tionchar agus anacair a d'fhéadfadh a bheith ann d'othair, d'úsáideoirí na seirbhísí agus dá dteaghlaigh má chuirtear moill ar rochtain na seirbhísí ábhartha.

Tuigean FnaSS go hiomlán an dualgas atá ar an eagraíocht maidir le sláinte agus folláine an daonra a chosaint agus a chur chun cinn agus an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil di, agus tá siad tiomanta na dualgais seo a chomhlíonadh. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag obair lenár seirbhísí chun a chinntiú go bhfuil príomhrialuithe bainistíochta airgeadais ag feidhmiú go héifeachtach agus chun barr feabhais a bhaint amach maidir le héifeachtúlacht in úsáid iomlán na n-acmhainní atá ar fáil dúinn.

Tá súil agam go léireoidh na leathanaigh seo a leanas an réimse leathan oibre agus castacht na hoibre a bhfuil muid, mar eagraíocht, bródúil as a dhéanamh dár muintir ar fad. Gabhaim buíochas ó chroí le gach duine as an bhfáilte chroíúil a cuireadh roimh mo cheapachán agus táim ag tnúth le tuairisciú ar an mbliain 2023.



Bernard Gloster

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Ní hamháin go léirítear cuntasacht sa tuarascáil ach tugann sí eolas chomh maith faoi réimse ábhar a léiríonn an dinimiceas agus an chastacht a bhaineann le seirbhís sláinte agus chúraim shóisialta a chur ar fáil ar fud na tíre.



2 Treo agus Comhthéacs Straitéiseach

- 2.1 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú Chun Cinn
- 2.2 Seirbhísí a Sholáthar bunaithe ar Shláinte an Daonra
- 2.3 Na Príomhdhúshláin i 2022
- 2.4 Ár gcuid Daoine
- 2.5 Athchóiriú an Chórais ina Iomláine
- 2.6 Cúrsaí Domhanda

2.1 Ár bPlean Corparáideach – Ag Breathnú Chun Cinn

Faoi *Acht Sláinte 2004* (arna leasú) bíonn ar FnaSS Plean Corparáideach a ullmhú, ag leagan amach príomhchuspóirí FnaSS sna trí bliana ábhartha. Léiríonn an *Plean Corparáideach 2021-2024* tiomantas na gcóras uile de chuid FnaSS maidir le hÉirinn níos sláintiúla a chruthú ina bhfaighidh daoine an cúram ceart, ag an am ceart agus san áit cheart.

Táthar ag déanamh dícheall dúthrachtach feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil sa phobal, rochtain níos fearr ar na seirbhísí go léir, luach ar airgead a fheabhsú, agus dlús a chur le hathchóiriú agus digitiú ár seirbhísí, ag cur leis an taithí a bhí againn agus muid ag dul i ngleic leis an bpaindéim. Dírítear go príomha sa Phlean Corparáideach ar sheirbhísí lárnacha a chur ar fáil chomh maith le bheith ag déileáil le cúram a bhaineann le COVID-19. Dírítear chomh maith ar bhunathrú agus athchóiriú a dhéanamh ar na seirbhísí, bunaithe ar *Sláintecare*, go príomha.

Leagtar amach sé chuspóir sa Phlean Corparáideach, atá ag teacht le *Sláintecare* agus bunaithe ar an gClár Rialtais. Tugtar aird chomh maith ar rioscaí, dúshlán agus deiseanna agus cúinsí eile a bhaineann le COVID-19 i gcoitinne.



Tugann tuairisc Scórchárta Straitéiseach an Bhoird (BSS) uasdátú do Bhord FnaSS gach mí maidir leis an dul chun cinn atá déanta de réir phríomhchláir / thosaíochtaí straitéiseacha don bhliain féilire, ag teacht le cuspóirí agus spriocanna PSN agus Plean Corparáideach FnaSS.



An Plean Corparáideach a chur i bhFeidhm

Leagtar amach sa *Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2022* (NSP 2022), méid na seirbhísí atá sa Phlean Corparáideach a bheidh le cur i bhfeidhm sa dara bliain. Sonraíodh i PSN 2022 méid agus cineál na seirbhísí a bhí le cur i bhfeidhm i 2022 bunaithe ar an maoiniú de bhreis agus €20.683bn. a cuireadh ar fáil. B'ionann sin agus méadú de 5.3% ar ioncam agus 15% ar chaipiteal ar an mbliain roimhe sin.

Príomhstraitéisí Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2022

Tá cuntas tugtha i PSN 2022 ar an mbealach a rachfaí i ngleic le phríomhbheartais an Rialtais agus FnaSS, ina measc, príomhstraitéisí ar nós, *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026*, *Todhchaí Níos Fearr a Chruthú le Chéile: An Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016-2026*, agus *Córas Tráma d'Éirinn 2018* chomh maith leis an tsamhail chúraim phéidiatrach agus an creat um leibhéal foirne sábháilte i gcúram altranais. I measc na bpríomhspríocanna eile bhí:

- Seirbhís shábháilte sláinte agus cúraim shóisialta a chur ar fáil go leanúnach
- Leasuithe bunúsacha a chur chun cinn ar fud ár réimse soláthar seirbhísí ar fad, ar nós, réimsí mar sholáthar *Sláintecare*, dul i ngleic le liostaí feithimh agus tréimhsí ama i dtaca

le liostaí feithimh, cúram sláinte na mban agus seirbhísí meabhairshláinte.

- Tús a chur leis an bpróiseas chun na Limistéir Sláinte Réigiúnacha a bhunú, rud a chruthóidh líonra comhtháite agus idirnasctha maidir le cúram sláinte agus sóisialta a chur ar fáil ar bhonn réigiúnach
- Clár tástála agus rianaithe COVID-19 a choimeád chomh maith leis an gclár vacsaínithe a chur i bhfeidhm
- Feabhas agus forbairt a chur i bhfeidhm i leith shlándáil agus seasmhacht an bhonneagair náisiúnta atá rithábachtach do sholáthar seirbhísí riachtanacha
- Áiseanna nua a fhorbairt agus nuachóiriú agus úsáid chuí a bhaint as na háiseanna atá ann cheana féin chun freastal ar riachtanais na n-othar agus na foirne
- Ár bhfórsa oibre a choinneáil agus a mhéadú
- Cur leis an gcaidreamh le heagraíochtaí deonacha agus le Dochtúirí Teaghlaigh, le cógaiseoirí agus le comhghleacaithe eile laistigh den chúram sláinte príomhúil.

Tugann tuairisc Scórchárta Straitéiseach an Bhoird (BSS) uasdátú do Bhord FnaSS gach mí maidir leis an dul chun cinn atá déanta de réir phríomhchláir / thosaíochtaí straitéiseacha don bhliain

féilire, ag teacht le cuspóirí agus spriocanna PSN agus Plean Corparáideach FnaSS.

Déanann an Bord an tuarascáil ar an Scórchárta Straitéiseach (BSS) a mheas agus ansin cuirtear tuarascáil BSS faoi bhráid na Roinne Sláinte ar bhonn míosúil agus foilsítear í freisin ar shuíomh Gréasáin FnaSS.

Is uirlis thuairiscithe agus dhearbhaithé thábhachtach í an BSS don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus do Bhord FnaSS.

Chomh maith leis an PSN, d'ullmhaigh FnaSS Plean Caipitil freisin. Sonraítear sa Phlean seo na hinfheistíochtaí caipitil a theastaíonn chun tacú le leasú an chúraim sláinte i réimse suíomhanna príomhúla, pobail agus géarchúraim. Ba é an buiséad caipitil a leithdháileadh ar FnaSS i 2022 ná €1,062m agus cuireadh €130m de sin ar leataobh go sonrach i gcomhair thionscadail Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), mar a shonraítear i bPlean Caipitil ríomhshláinte agus TFC ar leith.

Tá breis sonraí maidir le cur i gcrích spriocanna PSN 2022 le fáil i gCuid 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

2.2 Seirbhísí Sláinte a Sholáthar Bunaithe ar Shláinte an Daonra

Ní mór pleanáil agus athbhreithniú i dtaca le soláthar ár seirbhísí sláinte a bheith dírithe ar riachtanais na ndaoine a úsáideann ár seirbhísí agus ar shláinte an phobail. Bíonn eolas agus faisnéis a fhaightear ó anailís a rinneadh ar fhaisnéis láidir i dtaobh sláinte mar bhunús le seirbhís sláinte atá bunaithe ar fhianaise.

An Daonra ag Fás go Tapa

Bhí an daonáireamh is déanaí in Éirinn ar 3 Aibreán 2022. Léiríonn réamhthorthaí go raibh daonra de 5.12 milliún sa stát, ardú 7.6% ó Dhaonáireamh 2016. Seo an figiúr daonra is airde ó 1841. Cé go bhfuil daonra na hÉireann ag fás ó na 1990í, tháinig dlús faoin ráta fáis le blianta beaga anuas.

Tháinig meánmhéadú de 1.2% ar an daonra gach bliain le sé bliana anuas, agus sin níos mó ná an meánmhéadú bliantúil daonra 0.8% ó Dhaonáireamh 2011 go Daonáireamh 2016.

Chuir inimirce thréan sa tréimhse 2016-2022 dlús le fás an daonra in Éirinn, tar éis thréimhse roimhe sin ina raibh eisimirce i réim. I 2022, tháinig daoine easáitithe de bharr an chogaidh san Úcráin. Tairfeadh gur tháinig 70,000 duine ón Úcráin go hÉirinn suas go deireadh 2022.

Saolaíodh 54,539 leanbh i 2022. Cé go bhfuil an séú ráta torthúlachta is airde san Aontas Eorpach (AE) in Éirinn, tá an ráta torthúlachta iomlán ag laghdú i gcónaí agus tá sé ag an ráta is ísle anois le deich mbliana anuas.

An Pobal ag dul in Aois

Tosaíonn aosú dearfach ar an bpointe is a thagann leanbh ar an saol – an dóigh a dtugann muid aire dár leanaí, an dóigh a gcuirimid oideachas ar ár ndaonra agus an soláthar a dhéantar don tsochaí chun tacú le gach céim den tsaoir leas go mbeidh ar chumas na ndaoine maireachtáil go maith. Tá an daonra ag fás i ngach réigiún agus aoisghrúpa, agus tá an fás is suntasaí le feiceáil sna haoisghrúpaí níos sine (Figiúr 1). Féadfadh a bheith ag súil go leanfaidh an fás seo agus is iad na nithe is cúis leis ná, cúram leighis níos fearr, cóireálacha leighis níos fusa le fáil agus stíl mhaireachtála níos fearr á cleachtadh ag daoine. Tá ardú 35% tagtha ar an daonra atá 65 bliain d'aois agus os a chionn ó 2013. Tá sé seo i bhfad níos airde ná meánmhéadú de 17.3% san AE. Léiríonn an daonra measta do 2022 go raibh 769,000 duine 65 bliain d'aois nó os a chionn ina gcónaí in Éirinn, sin ardú 22%, ó 630,000

i 2016. Laistigh den aoisghrúpa seo, bhí 89,000 duine 85 bliain d'aois nó os a chionn, sin ardú 32% ó 67,300 i 2016. Ba é 23% an cóimheas seanaoise agus cleithiúnais (a thugann léargas ar chomhréir an daonra idir 65 bliana d'aois agus os a chionn i gcomparáid leo siúd idir 15 agus 64 bliain d'aois) i 2022, ardú ó 17% sa bhliain 2000.

Cé go mbíonn roinnt daoine sách sláintiúil agus iad ag dul in aois agus bíonn cuid díobh in ann maireachtáil go neamhspleách, meastar go gcaithfear galair ainsealacha agus leochaileacht a chur i gcróilár aon phleanáil maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag daoine atá ag dul in aois. Tagann ardú ar an líon daoine a bhíonn ag fulaingt le galair ainsealacha de réir mar a théann siad in aois, agus is san aoisghrúpa os cionn 50 bliain d'aois a bhíonn an t-ardú is mó ar an líon daoine leis na galair seo. San aoisghrúpa seo, meastar go dtiocfaidh ardú 40%, go 1.1 milliún ar líon na ndaoine le galar ainsealach amháin nó níos mó idir 2016 agus 2030. Thuairiscigh Staidéar Fadaimseartha ar Aosú in Éirinn (TILDA) go raibh 74% de na daoine atá os cionn 58 bliain d'aois ag fulaingt le níos mó ná galar amháin faoi láthair, ar nós, galar iscéimeach croí, cliseadh croí, galar ainsealach scamhóg agus diaibéiteas.


Sainmhíníonn TILDA an leochaileacht mar 'staid shláinte sainiúil a bhaineann leis an bpróiseas aosaithe ina gcailleann go leor de na córais sa chorp a láidreacht nádúrtha de réir a chéile'. I 2020, thuairiscigh TILDA go raibh 126,100 duine fásta os cionn 55 bliain d'aois ag maireachtáil faoi leochaileacht in Éirinn, agus bhí 17,600 díobh ina gcónaí ina n-aonar. Tagann méadú ar an leochaileacht le haois agus baineann riosca suntasach leis m.sh bíonn sé mar chúis le titim, mar aon le meath meabhairshláinte agus cognaíochta, chomh maith le míchumas i measc daoine fásta atá níos sine, agus dá bharr seo bíonn gá le breis seirbhísí cúram sláinte agus sóisialta a bheith ar fáil.



769,000

daoine 65 bliain d'aois agus os a chionn atá ina gcónaí in Éirinn


**Fíor 1: Daonra na hÉireann ('000s)
san aoisghrúpa (65 agus os a chionn)**



16%

laghdú ó 2012 ar an
ráta básmhaireachta
- gach cúis bháis

**Fíor 2: Daonra na hÉireann ('000s)
san aoisghrúpa (15-64)**



Is é ionchas saoil
na mban ná


84.4

bliain, is é ionchas
saoil na bhfear ná

80.8

bliain

**Fíor 3: Daonra na hÉireann ('000s)
san aoisghrúpa (0-14)**



Foinse sonraí: *Príomhthreochtaí Sláinte in Éirinn 2022*
(An Roinn Sláinte)

2.2 Seirbhísí Sláinte a Sholáthar Bunaithe ar Shláinte an Daonra

De réir mar a théann an daonra in aois, meastar go dtiocfaidh ardú freisin ar líon na ndaoine a mbeidh néaltrú orthu. Meastar go bhfuil thart ar 55,000 duine ag maireachtáil le néaltrú in Éirinn agus d'fhéadfadh líon na ndaoine in Éirinn le néaltrú ardú go dtí os cionn 113,000 duine, faoin mbliain 2036 agus bheadh impleachtaí suntasacha aige seo do na seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim shóisialta.

Sláinte an Phobail

Tá ionchas saoil ag ardú an t-am ar fad, agus faoi láthair, 84.4 bliain ionchas saoil i gcás na mban agus 80.8 bliain i gcás na bhfear. Cé go bhfuil ionchas saoil na mban níos airde ná ionchas saoil na bhfear, mar atá i bhformhór na dtíortha, tá an bhearna seo cúngaithe le deich mbliana anuas, agus i 2020 ní raibh ionchas saoil na bhfear ach 3.6 bliain faoi bhun ionchas saoil na mban (i gcomparáid le 5.2 bliain i 2000). Tá an dul chun cinn is mó maidir le hionchas saoil le feiceáil sna haoisghrúpaí níos sine, rud a léiríonn laghdú ar rátaí básmhaireachta ó mhórghalair.

Maidir le stádas sláinte dearfach, faoi mar a mheasann na daoine féin é, tá sé níos airde in Éirinn ná in aon tír eile san AE, le 82.1% de na daoine ag rá go raibh a sláinte go maith nó go han-mhaith

Ba 29% den daonra a thuairisc galar ainsealach nó fadhb shláinte, tá sé seo níos fearr ná an meán san AE chomh maith.


Mar sin féin, léiríonn stádas sláinte éagothroime ioncaim, agus tuairiscíonn níos lú daoine ar ioncam íseal in Éirinn agus san AE go bhfuil an tsláinte go maith acu.

Ó 2012 i leith, tháinig laghdú beagnach 16% ar an ráta básmhaireachta de bharr gach cúis báis. Tá laghdú 15% tagtha ar an ráta básmhaireachta de bharr ailse, laghdú 38% ar an ráta básmhaireachta de bharr ghalair íscéimeach croí, agus laghdú 48% ar an ráta básmhaireachta ó stróc. Cé go bhfuil laghdú 32% ar an ráta básmhaireachta ó ghalair an chórais riospráide (gan ailse na traicé, an bhroncais agus na scamhóg a chur san

áireamh) ó 2012, tá an ráta básmhaireachta ó ghalair an chórais riospráide (ina measc, ailse na traicé, an bhroncais agus na scamhóg) in Éirinn 25% níos airde ná an meán i roinnt tíortha Eorpacha mar an Bheilg, an Danmhairg, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil agus an tSualainn. Tá laghdú 14% tagtha freisin ar bhásmhaireacht naíonán ó 2011 agus tá sé fós faoi bhun mheán an Ae maidir le básmhaireacht naíonán. Tomhaistear básmhaireacht naíonán mar seo, an líon básanna in aghaidh 1,000 beobhreitheanna.


Bhí rátaí féinmharaithe i measc na bhfear agus na mban faoi bhun mheán an AE suas go dtí 2016 (na sonraí is déanaí atá ar fáil don AE27) agus, ó 2017-2021, lean an ráta féinmharaithe in Éirinn ag laghdú bliain i ndiaidh bliana i measc na bhfear agus d'fhan an ráta íseal i measc na mban, gan mórán éagsúlachta le himeacht ama. Le deich mbliana anuas, tá laghdú 33% tagtha ar rátaí básmhaireachta de bharr féinmharaithe.

Fíor 4: Príomhchúiseanna Báis, 2021, aois 65 agus os a chionn



- Galair íscéimeach croí
- Stróc
- Galair lmsruthaithe eile
- Ailse nach mbaineann leis an gCóras Riospráide
- Ailse traicé, an bhroncais agus scamhóg
- Galair ainsealacha sa chóras riospráide íochtair
- Níúmóine
- Galair riospráide eile

Fíor 5: Príomhchúiseanna Báis, 2021, aois 0-64



- Nithe seachtracha is cúis le gortuithe nó nimhiú
- COVID-19
- Gach cúis eile

Foinse sonraí: Príomhthreochtaí Sláinte in Éirinn 2022 (An Roinn Sláinte)



Tosca eile a mbíonn tionchar acu ar an tSláinte

Braitheann dea-shláinte na daoine ar an timpeallacht fhisiciúil, eacnamaíoch agus sóisialta ina maireann siad. Mar shampla, tá tithíocht the, sábháilte agus atá ar fáil ar phraghas réasúnta riachtanach do shláinte an daonra. Tá praghas tithe agus cíosanna ag ardú, agus tá sé deacair ag daoine áirithe aon lóistín a fháil, go háirithe, teaghlach ar ioncam íseal. Tá na harduithe ginearálta ar chostais mhaireachtála ag cur leis an ngéarchéim tithíochta, go háirithe i bhfianaise imní maidir le fuinneamh, agus tá sé níos measa anois de bharr an chogaidh san Úcráin. Léiríonn na sonraí is déanaí go raibh 12% den daonra in Éirinn i mbaol bochtaineachta, le ceithre líon tí as gach deich líon tí (42%) ag rá go raibh siad ag streachailt ar bhealach éigin ó thaobh bochtaineachta. Bíonn sé níos deacra dea-shláinte a bheith i measc daoine a bhfuil brú breise den sórt seo orthu ó lá go lá agus d'fhéadfadh galair eascairt ón mbrú agus ón mbroid seo.

Giorraítear saol daoine áirithe in Éirinn de bharr nach bhfuil rochtain acu ar na nithe a chhothaíonn dea-shláinte. Léiríodh i dtuarascáil de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go bhfuil éagothroime ar fud na sochaí maidir le deiseanna dea-shláinte a chothú. Tá ráta básmhaireachta caighdeánaithe faoi dhó níos airde i measc daoine sna grúpaí socheacnamaíocha is ísle i gcomparáid le daoine i ngrúpaí socheacnamaíocha níos

airde. Is minic a bhíonn galair chasta agus fadhbanna ainsealacha sláinte i measc daoine a mbíonn deacrachtaí acu tithíocht shlán a fháil. Bíonn riachtanais chasta sláinte ag grúpaí imeallaithe nó grúpaí atá eisiata go sóisialta agus bíonn torthaí sláinte níos measa acu de réir réimse táscairí, ina measc, galar ainsealach, galracht, básmhaireacht agus sláinte féintuairiscithe. Is minic a bhíonn fadhbanna sláinte casta agus ainsealacha ag daoine gan dídean, go háirithe iad siúd a bhíonn gan dídean ar bhonn leanúnach nó a chodlaíonn amuigh agus iad siúd a bhaineann mí-úsáid as substaintí. Tá na difríochtaí seo éagórach agus d'fhéadfaí a leithéid a sheachaint.

Tá ról tábhachtach ag an tseirbhís sláinte maidir le freastal ar riachtanais daoine nuair a bhíonn siad tinn. Cuideoidh ioncam cóir, tithíocht mhaith agus maireachtáil i bpobal láidir chun sláinte na ndaoine a chosaint agus a fheabhsú.

Foinsí eile sonraí: An Phríomh-Oifig Staidrimh: Daonáireamh 2022; An Roinn Sláinte: Príomhthreochtaí Sláinte in Éirinn 2022; TILDA: Daonra aosta na hÉireann díreach roimh Phaindéim COVID-19; TILDA: Tuarascáil ar Mheastacháin um Leochaileacht Fhisiciúil an Daonra in Éirinn ar a bhfuil Déimeagrafach do dhaoine os cionn 50 in Éirinn le linn Phaindéime COVID-19 bunaithe.



1.1m

Duine ag fulaingt le galar ainsealach amháin nó níos mó faoin mbliain 2030

2.3 Na príomhdhúshláin i 2022

Ní raibh orainn déileáil leis an oiread éiginnteachta le fada an lá agus mar a bhí i 2022. Bhí éiginnteacht faoin mbealach a raibh COVID-19 ag dul, bhí éiginnteacht maidir le breis éilimh ar ár gcóras sláinte, chomh maith leis an éiginnteacht a bhain le heachtraí idirnáisiúnta ar nós an chogaidh san Úcráin, agus tá comhthéacs eacnamaíoch, sóisialta agus sláinte cruthaithe ag an mbrú a bhaineann le boilsciú, agus fórsaí an mhargaidh saothair atá an-chasta agus tá sé deacair pleanáil a dhéanamh ina leith.

Ag maireachtáil le COVID-19

Ba í 2022 an tríú bliain a raibh muid faoi thionchar COVID-19 ach an chéad bhliain iomlán inar bhog muid chun cinn le maireachtáil leis an víreas. Sna chéad cúig lá de 2022 deimhníodh níos mó cásanna de COVID-19 ná mar a deimhníodh i rith 2020 ar fad, agus faoi mhí an Mhárta, bhí níos mó cásanna inár gcuid ospidéal ná mar a bhí sna 14 mí roimhe sin. Bhí tionchar leanúnach COVID-19 le feiceáil go soiléir i gcomhthéacs na n-othar a tháinig ag lorg cúraim ónár seirbhísí, agus bhí othair áirithe ag teacht isteach agus iad ní ba thinne agus ní ba laige ná mar a bheadh murach COVID-19, agus dá bharr sin bhí ar othair fanacht níos faide inár seirbhísí, sna hospidéal, san áireamh.

In ainneoin go bhfuil laghdú tagtha ar líon na gcásanna de COVID-19 sa phobal, tá sé soiléir, mar sin féin, gur chuir COVID-19 isteach go mór ar ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta i rith 2022. Bhain imní ar leith leis an ábhar gur tháinig COVID-19, an fliú agus víreas sincítiach ríospráide (RSV) chun cinn i dteannta a chéile le linn thréimhse an gheimhridh (RSV) agus an brú ollmhór a chuir sé seo ar an tseirbhís sláinte. Bhí ar sheirbhísí ospidéal agus pobail dul i ngleic le dúshlán breise agus iad ag freastal ar othair, is é sin an dualgas maidir le sruthú othar de réir othair a raibh COVID-19 orthu agus othair eile nach raibh COVID-19 orthu.

Liostaí Feithimh agus Rochtain ar Chúram

Mar atá luaite thuas, bhain dúshlán mór le breis éilimh leanúnach ar chúram neamhsceidealaithe (cúram neamhphleanáilte / éigeandála) i 2022 i ngach ceann de na hospidéal ghéarchúraim. Bhí ár seirbhísí cúraim neamhsceidealaithe faoi bhrú leanúnach i rith na bliana, agus bhí brú mór sa rannóg éigeandála (ED) agus ní raibh an oiread céanna acmhainne ar fáil do chúram sceidealaithe agus roghnach dá bharr sin.

De réir mar a bhogaimid ar aghaidh i 2023, tabharfar tús áite d'fheidhmiú iomlán an Phlean Gníomhaíochta maidir le Liostaí Feithimh, lena n-áireofar bearta gearrthéarmacha chun dul i ngleic le géarchúram sceidealaithe agus le riaráistí liostaí feithimh pobail, agus déanfar leasuithe níos fadtéarmaí a chur i bhfeidhm, chomh maith chun cur le hacmhainn agus bealaí chun cúraim sceidealaithe géarchúraim a fháil a chuichóiriú agus a athchumrú. Tá sé tábhachtach a rá go ndearnadh dul chun cinn suntasach i 2022. De bharr go rabhtas dírithe ar bhonn náisiúnta agus áitiúil ar chúram sceidealaithe i rith 2022 mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh, tá laghdú tagtha ar líon na n-othar atá ag feitheamh agus ar an tréimhse ama a mbíonn siad ag fanacht, i.e. ach tá go leor le déanamh fós chun dul i ngleic le dúshlán atá ann le fada an lá maidir le rochtain ar sheirbhísí.

Tá muid ag obair chun dul i ngleic le dúshlán maidir le cúraim neamhsceidealaithe, agus táimid ag díriú ar a chinntiú go méadófar an líon leapacha a bheidh ar fáil agus go scaoilfear othair amach as an ospidéal in am, chomh maith le bealaí nua, éagsúla, comhtháite chun cúram a fháil a sholáthar, ionas go bhfaighidh othair an cúram ceart, san áit cheart, ag an am ceart.

De réir mar a bhogaimid ar aghaidh i 2023, tabharfar tús áite d'fheidhmiú iomlán an Phlean Gníomhaíochta maidir le Liostaí Feithimh, lena n-áireofar bearta gearrthéarmacha chun dul i ngleic le géarchúram sceidealaithe agus le riaráistí liostaí feithimh i gcás cúram pobail, agus déanfar leasuithe níos fadtéarmaí a chur i bhfeidhm, chomh maith.

Tá a fhios againn go bhfuil gá le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na cúrsaí seo. Tabharfaidh FnaSS tús áite i 2023 agus ina dhiaidh sin d'fheidhmiú leanúnach na mbunleasuithe maidir le soláthar seirbhísí mar atá leagtha amach i *Sláintecare*.

Freagairt Sláinte i gcás chogadh na hÚcráine agus Iarratasóirí um Chosaint Idirnáisiúnta

Sular thosaigh an cogadh san Úcráin, ní raibh an oiread sin iarrthóirí tearmainn ag teacht go hÉirinn agus bhí a líon sách seasmhach. De réir na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) ba 3,500 ar an meán an líon iarrthóirí tearmainn a bhí ag teacht go hÉirinn gach bliain. De bharr gur tháinig líon mór Úcránach easáitithe go hÉirinn, bhí gá le fórsa saothair tiomnaithe a eagrú agus freagairt sláinte a chur i bhfeidhm go tapa.

Tá foirne cúram sláinte pobail ag tabhairt cuairteanna ar áiseanna cóiríochta do dhaoine nua a thagann isteach, chun na riachtanais sláinte reatha atá ag daoine a mheas, chun eolas agus treoir a chur ar fáil maidir le seirbhísí sláinte na hÉireann (tástáil agus vacsaíniú, cógaslann, seirbhísí

meabhairshláinte, RÉ agus acmhainní ar líne) agus tús a chur leis an bpróiseas chun na daoine a thagann isteach a shocrú suas le Dochtúirí Teaghlaigh (GP). Aithnítear, áfach, go bhfuil riachtanas suntasach ann nach bhfuiltear ag freastal air, go háirithe maidir le rochtain ar sheirbhísí seasmhacha ó Dhochtúirí Teaghlaigh agus seirbhísí éigeandála fiacloireachta.

Dúshlán eile

Tuairiscí agus moltaí

Nuair a bhíonn muid ag iarraidh cúram sláinte sábháilte, ar ardchaighdeán a a chur ar fáil don phobal, ní bhíonn gach rud foirfe i gcónaí. Léiríodh i roinnt príomhthuarascálacha i rith na bliana, mar shampla, *Tuarascáil um Athbhreithniú ar Sheirbhísí Meabhairshláinte Leanaí agus Ogánach i Limistéar A* (Tuarascáil Maskey) go raibh easnaimh shuntasacha i réimsí áirithe agus is ceann de na príomhdúshláin atá romhainn sa todhchaí ná a chinntiú go bhfoghlaímimid ó na torthaí seo agus go gcuirfimid na moltaí atá riachtanach i bhfeidhm.

Acmhainní foirne

Is iad na daoine atá ag obair inár gcóras cúram sláinte an ghné is tábhachtaí inár seirbhísí agus tá sláinte na foirne ríthábhachtach dúinn. Rinneadh iarrachtaí tréana i 2022 chun dul i ngleic le dúshláin chasta maidir le pleanáil fórsa oibre agus earcaíochta agus ag an am céanna rinneadh sáriarrachtaí chun an fórsa oibre atá againn a choinneáil.

Brú airgeadais

Tá brú as cuimse ar ár bpríomhsheirbhísí oibriúcháin maidir le cúrsaí airgeadais, agus tá méadú ag teacht ar an mbrú seo ón mbliain 2020 ach ní raibh sé le tabhairt faoi deara an oiread sin de bharr na ndúshlán casta a bhain le costais COVID-19 a rianú agus a dheighilt ó chostais nár bhain le COVID-19. I 2022, rinneamar a chinntiú gur fheidhmigh príomhrialuithe um bainistiú airgeadais go héifeachtach agus cinntíodh chomh maith gur baineadh úsáid ní b'éifeachtúla as na hacmhainní go léir a bhí ar fáil dúinn.

Tá tuilleadh sonraí faoin dóigh a bhfuiltear ag dul i ngleic leis na dúshláin seo le feiceáil ar fud na Tuarascála Bliantúla seo.



2.4 Ár gcuid Daoine

Is iad ár bhfoirne oibre an tsócmhainn is luachmhaire atá againn chun a chinntiú go gcuirtear cúram sláinte ar ardchaighdeán ar fáil dár bpobail ar fad. Díríonn FnaSS go príomha ar gach oibrí cúram sláinte a chur ar an eolas agus spreagtar iad go léir chun rochtain a fháil ar sheirbhísí a thacaíonn leo ag gach céim dá saol oibre agus de bharr go ndéanaimid ár gcur chuige a nuachóiriú maidir le pleanáil, earcaíocht agus oiliúna na foirne oibre, cinntimid go mbeidh ar ár gcumas ár bhfórsa oibre a mhéadú agus go mbeidh siad ní b'inniúla.

I 2022, tháinig
ardú eile ar an
bhfórsa oibre

5,422

CL (WTEs)

Tá sé mar phríomhchuspóir againn inár bpleananna seirbhíse bliantúla, le roinnt blianta anuas, cur go mór lenár bhfórsa oibre chun seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a chur ar fáil. Le trí bliana anuas, rinneadh infheistíocht mhór maidir le breis earcaíochta agus inniúlachta mar aon le hiarrachtaí chun an fhoireann atá againn a choinneáil. Tá muid ag díriú ar bhreis foirne a earcú ach tá muid ag déanamh gach iarracht an fhoireann atá againn a choinneáil chomh maith agus tá 16,000 coibhéis lánaimseartha breise (WTEs) curtha ar fáil seachas mar a bhí againn i mí na Nollag 2019. Earcaíodh 5,422 díobh seo i rith 2022. Tá an fás seo tagtha ar ár bhfoireann le linn tréimhse a bhí an-dúshlánach do na seirbhísí sláinte – bhí tionchar ag impleachtaí éiginnte COVID-19, deireadh teacht le Comhaontú Bhóthar

Haddington (HRA), cibirionsaí coiriúil i 2021 agus margadh domhanda atá thar a bheith iomaíoch ar ár n-iarrachtaí earcaíochta.

Earcaíocht agus Coinneáil Foirne

I 2022, rinne muid breis foirne a earcú, 5,422 CL (WTEs), agus is beag nach ionann an líon sin agus an sprioc earcaíochta 5,500 CL (WTEs) i 2022. Tharla sé seo i dtréimhse ina raibh ráta athraithe foirne nár tharla riamh roimhe sin. Tháinig méadú beagnach 1% ar an ráta seo de bharr oscailt na dteorainneacha idirnáisiúnta agus d'imigh cuid den fhoireann a raibh sé beartaithe acu imeacht roimhe sin ach d'fhan siad anseo chun tacú le dúshlán COVID-19, agus bhí a lán foirne as láthair ar chúiseanna a bhain le COVID-19 chomh maith leis an tionchar a bhí ag deireadh a theacht le Comhaontú Bhóthar Haddington.



An fhoireann ag Ionad Vacsaínithe Mhala,
i dTuaisceart Chorcaí



Baill de Sheirbhís Náisiúnta Otharcharranna FnaSS



Déanann Ospidéal an Choim ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan Cabhrach trí fheachtas earcaíochta a fhógairt



Rianaithe Teagmhála ag Ionad Rianaithe Teagmhálaithe ag ceiliúradh Holí, Féile Hiondúch Ceantar Theas Heuston



Aonad Altranais Pobail Chluain Sceach ag cur a gcuid maisiúcháin le téamaí Éireannacha ar taispeáint Lá Fhéile Pádraig

Chuir Acmhainní Daonna Náisiúnta tús le Straitéis Náisiúnta Acmhainne a fhorbairt do na seirbhísí sláinte i mí an Mheithimh chun foireann oibre a chur le chéile don toadhchaí le freastal ar bhreis riachtanais cúram sláinte don daonra a bheidh ag dul in aois agus ag fás. Tá an straitéis seo atá bunaithe ar fheidhmíocht á stiúradh ag na seirbhísí agus dá barr beidh méadú soiléir intomhaiste de réir catagóire gráid sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtéarma. Tá an clár bunaithe ar rialachas láidir ilpháirtithe leasmhara.

Cuireadh feachtais earcaíochta mhóra ar bhonn náisiúnta i bhfeidhm le linn na bliana a dhírigh ar theiripeoirí saothair, fisiteiripeoirí, teiripeoirí urlabhra agus teanga, bia-eolaithe agus síceolaithe nuacháilithe ó choláistí Éireannacha. D'éirigh leis na feachtais seo líon ard céimithe a earcú sna réimsí gairme ar fad. Tuigtear go bhfuil sé riachtanach cur leis an líon iarratasóirí, agus mar sin tá earcaíocht idirnáisiúnta ar siúl chomh maith maidir le roinnt de na gráid um ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta (HSCP).

Rinneadh iarrachtaí ag leibhéal áitiúla chomh maith teagmháil a dhéanamh le gach céimí altranais agus cnáimhseachais Éireannach ó choláistí Éireannacha agus rinneadh poist bhuana a thairiscint dóibh i FnaSS. Tá fiosrúcháin dírithe ar bhealaí le dul i mbun earcaíocht idirnáisiúnta ar bun chomh maith.

Tá an iarracht shuntasach atá á déanamh chun ár bhfoireann reatha a choinneáil chomh tábhachtach céanna leis an earcaíocht. Cuireadh na beartais choinneála seo a leanas, a léiríonn iarrachtaí náisiúnta agus áitiúla araon, chun cinn i 2022 agus leanfar leo agus feabhsófar iad a thuilleadh i 2023:

- Freagairt do mholtaí ár suirbhé foirne, ar bhealach gníomhach, ag léiriú gur éist muid ach chomh maith leis sin, go ndearna muid gníomh bunaithe ar aiseolas ónár bhfoireann
- Leanadh ag tairiscint deiseanna saincheaptha maidir le forbairt phearsanta agus gairmiúil chomh maith le deiseanna gairme don fhoireann – cuireadh iad seo ar fáil ar bhonn

áitiúil agus náisiúnta agus cuireann siad le forbairt agus le héifeachtúlacht ár bhfoirne.

- Déanfar sraith seirbhísí sláinte agus folláine a thairiscint agus beidh na seirbhísí agus na tionscnaimh sin ar fáil go héasca agus inrochtana don fhoireann ar fad - tá na seirbhísí seo níos tábhachtaí ná riamh de réir mar a bhogann ár bhfoireann ar aghaidh ó na dúshláin a bhain le COVID-19 le blianta beaga anuas.
- Feabhas a chur ar chultúr na háite oibre i ngach cuid den eagraíocht ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, agus ó leibhéal an bharda go dtí leibhéal an Bhoird, chun a chinntiú go mbeidh taithí mhaith ag oibrithe i FnaSS, agus go mbeidh oibrithe ag iarraidh dul ag obair inár seirbhísí agus go bhfanfaidh an fhoireann atá againn ag obair linn mar bhall foirne a bhfuil an-mheas orthu.

2.4 Ár gcuid Daoine

Eispéireas na Foirne a Fheabhsú

Ag deireadh na bliana 2021, cuireadh tús le suirbhé foirne, Your Opinion Counts, agus léiríodh an dóigh a motháíonn baill foirne faoi bheith ag obair sa tseirbhís sláinte in Éirinn. Chuir torthaí an tsuirbhé moltaí praiticiúla i láthair maidir le conas is féidir linn oibriú le chéile chun cúram sláinte níos sábháilte agus níos fearr a chur ar fáil trí fheabhas a chur ar chultúr san áit oibre, aitheantas ceart a thabhairt don fhoireann oibre, líon na foirne tosaigh a mhéadú agus coinníollacha oibre a fheabhsú.

I 2022, cuireadh tús le hobair bunaithe ar na moltaí seo, agus cuireadh cinnteoireacht chomhoibritheach níos fearr chun cinn i dtaca leis an bhfoireann oibre agus cruthaíodh níos mó deiseanna chun aitheantas a thabhairt don mhéid atá á bhaint amach ag an bhfoireann oibre. Is é an aidhm atá againn ná go bhfeabhsóidh sé seo cultúr na heagraíochta agus dá bharr sin go mbeidh níos mó muiníne agus iontaobhe inár seirbhísí, i measc na foirne, na n-othar agus an phobail.

Tá réimse gníomhartha á gcur chun cinn inár nEagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (CHOs), in ospidéal ghéarchúraim agus sna seirbhísí náisiúnta, lena n-áirítear:

- Aitheantas níos fearr a thabhairt d'ionchur, tionscadail agus tionscnaimh na foirne chomh maith leis an méid atá á bhaint amach ag an bhfoireann
- Cláir ionductaithe áitiúla a fheabhsú
- Agallaimh fágála a dhéanamh chun treochtaí agus patrúin maidir le hathruithe foirne a aithint agus cuidiú le tuiscint a fháil ar na réimsí oibre nach mór feabhas a chur i bhfeidhm iontu
- Oiliúint ar líne maidir le dínit ag an obair éigeantach anois
- Ullmhaíodh acmhainní agus tacaíochtaí treoraithe cultúir san áit oibre
- Réimse beart chun feabhas a chur ar chumarsáid agus ar chomhroinnt faisnéise
- Breis clár oiliúna agus meantóireachta a chur ar fáil
- Díriú ar éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú na foirne ar fad

- Réimse tacaíochtaí agus treorach i dtaca le sláinte agus folláine na foirne a fheabhsú
- Úsáid níos mó a bhaint as réitigh dhigiteacha chun próisis oibre a fheabhsú
- Deiseanna oibre solúbtha a chur ar fáil nuair is féidir
- Oiliúint leanúnach le haghaidh foghlama agus forbairtha a chur ar fáil
- Deiseanna don fhoireann maidir lena gcuid scileanna a fhorbairt a chinntiú.

Táimid tiomanta do thacú lenár bhfoireann chun a n-inniúlacht a fhorbairt an oiread agus is féidir. Beidh muid rannpháirteach lenár bhfoireann i gcónaí agus éistfidh muid le haiseolas ón bhfoireann agus cuirfear moltaí dá gcuid i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfeabhsófar na seirbhísí a chuireann muid ar fáil ar bhonn leanúnach.



Baill de Ghrúpa Ospidéal an Oirthir ag glacadh páirte i Rás Domino's Amazing



Cruinniú Mullaigh Spark 2022. Comhdháil nuálaíochta sláinte don fhoireann cúram sláinte, don tionscal agus do lucht acadúil ag díriú ar na nuálaíochtaí spreagúla atá ag athrú na mbealaí a gcuirimid cúram ar fáil



Foireann an Chláir Bainistíochta Teagmhála ag ceiliúradh Diwali, féile soilse na hIndia, ag Ceathrú Theas Heuston



Líonra Teagmhála FnaSS d'fhoireann LADTA+ agus a lucht tacaíochta a ghlac páirt in imeachtaí Bród



Ospidéal Mhuire Lourdes ag seoladh Sheirbhís Idirchaidrimh um Míchumas Intleachtúil i gcomhthráth le Lá Feasachta um Shiondróm Down



Foireann Tástála Pobail COVID-19, Gaillimh ag glacadh páirte san imeacht tiomsaithe airgid Galway 'Climb with Charlie'



Líonra Le Chéile FnaSS don fhoireann atá faoi mhíchumas agus a lucht tacaíochta

2.5 Athchóiriú an Chórais ina Iomláine

Tá athchóiriú sláinte lárnach inár bhfís maidir le seirbhísí sláinte a chur ar fáil, agus táthar ag bogadh níos gaire do sholáthar Chúram Sláinte Uilíoch mar atá leagtha amach i *gClár an Rialtais – Ár dTodhchaí Le Chéile*. Tugann an straitéis *Sláintecare* deis dúinn feabhas leanúnach a chur ar sholáthar cúram sláinte, agus leagtar amach fíis lena chur i bhfeidhm i rith deich mbliana.

Ag teacht lenár bPlean Corparáideach, *Sláintecare* agus cuspóirí *Chláir an Rialtais*, díríonn ár gclár athchóirithe agus nuálaíochta ar na dúshláin mhóra atá inár seirbhís sláinte le fada an lá. Díritear ar eispéireas othar a fheabhsú, rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú sna hionaid seirbhísí príomhúla, pobail agus géarchúraim, cur leis an réimse agus acmhainn na seirbhísí a chuirtear ar fáil d'othair sa phobal, cur leis an méid leapacha, dul i ngleic le héagothroime sláinte agus díriú go háirithe ar chothú sláinte.

Tá an t-uafás athchóirithe agus nuálaíochta ag teastáil, ina measc an riachtanas limistéir sláinte réigiúnacha (RHAs) a chur i bhfeidhm agus beidh tionchar aige seo ar bheagnach gach cuid dár gcóras sláinte.

Thug an taithí a bhí againn agus muid ag dul i ngleic le COVID-19 léargais thábhachtacha dúinn maidir leis an gcaoi ar féidir linn na bealaí is fearr ar chomhoibriomar lena chéile a dhaingniú go buan inár gcóras sláinte.

Tá FnaSS tiomanta maidir le prionsabail *Sláintecare* a chur i gcrích, agus cuireadh a lán de na prionsabail i bhfeidhm nuair a bhíodhas ag dul i ngleic leis an bpaindéim, ina measc, cuireadh dlús le hathruithe a dhéanamh inár seirbhísí.

Tá gach ceann de na príomhréimsí athchóirithe leagtha amach thíos agus tá tuilleadh eolais maidir leis na hathchóirithe a rinneadh i 2022 i gCuid 3 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Leasuithe ar Chúram Neamhsceidealaithe (méadú acmhainneachta, san áireamh)

Is é an líon mór daoine atá ag freastal ar an rannóg éigeandála inár n-ospidéal ghéarchúraim ceann de na dúshláin is mó don tseirbhís sláinte. Nuair a dhéanaimid comparáid idir an leibhéal cúraim neamhsceidealaithe a cuireadh ar fáil i 2022 i gcomparáid le 2019 tá:

- Ardú iomlán 5.9% ar an líon a d'fhreastail ar RÉ (ED)
- Ardú 2.5% ar an líon a cuireadh isteach san ospidéal ón RÉ
- Ardú 13.8% ar an líon daoine a bhí 75 bliain d'aois nó os a chionn a d'fhreastail ar RÉ
- Ardú 9.9% ar an líon a cuireadh isteach san ospidéal ón RÉ a bhí 75 bliain d'aois nó os a chionn.

Táimid tiomanta maidir le feabhas a chur ar rochtain chúram neamhsceidealaithe agus cúram práinneach, agus tá rialachas agus cinnteoireacht ar bhonn áitiúil ag neartú tionscnaimh chomhtháite chun gluaiseacht othar agus eispéireas othar a fheabhsú. Tháinig méadú ar an líon leapacha atá ar fáil do chúram neamhsceidealaithe agus táthar ag iarraidh a chinntiú go scaoiltear othair amach nuair a bhíonn a gcúram géarmhíochaine curtha i gcrích. Táthar ag cur bealaí malartacha nua cúraim i bhfeidhm chomh maith ionas go gcuirfean an cúram ceart, san áit cheart, ag an am ceart ar fáil d'othair. I 2022:

- Bhí othair ábalta rochtain a fháil ar chúram cuí in am, agus laghdaíodh líostaí feithimh pobail agus an gá le freastal ar RÉ de bharr na hinfheistíochta leanúnaí a rinneadh i seirbhísí cúram pobail.
- Leanadh le cur i bhfeidhm *Chreat um Fhoireann Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Leighis agus Máinliachta Ginearálta agus Speisialtóra in Ospidéal d'Aosaigh in Éirinn 2018* (Céim 1), agus cuireadh tús le hobair ar fheidhmiú *Chreat um Fhoireann Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Suíomhanna Cúraim Éigeandála d'Aosaigh in Éirinn 2022* (Céim 2).

Leasuithe ar Chúram Sceidealaithe

Faoi *Sláintecare*, glactar leis go bhfuil géarghá le tréimhsí feithimh a laghdú, go háirithe i gcás daoine a bhfuil riachtanais chúraim phráinneacha agus chasta acu. Tá soláthar cúraim den chineál seo ag brath ar roinnt cumasóirí rithábhachtacha, a bhaineann le hacmhainneacht a mhéadú sna seirbhísí sláinte, díriú ar luach agus ar tháirgiúlacht níos fearr a sholáthar, agus athchóiriú radacach a dhéanamh ar an gcóras ina iomláine ionas go mbeidh seirbhísí sláinte ábalta freastal níos fearr ar riachtanais an daonra ar bhealach níos comhtháite. I 2022:

- D'fhoilsigh an Roinn Sláinte (RS), i gcomhar le FnaSS agus an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála Plean Gníomhaíochta maidir le Liostaí Feithimh. Is í an sprioc atá ag an bplean ná an líon othar atá ag fanacht le cúram agus an tréimhse ama a mbíonn siad ag fanacht a laghdú go suntasach
- Leag an plean amach spriocanna maidir leis an tréimhse is faide a mbeadh ar dhaoine fanacht le cúram i ngach ceann de na seirbhísí géarchúraim. Bhí dul chun cinn suntasach déanta orthu seo faoi dheireadh mhí na Nollag le thart ar 35,900 coinne breise curtha ar fáil d'othair sheachtracha, thart ar 12,300 gnáthamh breise d'othair chónaithe / chásanna lae agus rinneadh thart ar 8,400 scóip ghastraistéigeach (GI)

breise, agus tá dul chun cinn déanta maidir le tréimhsí feithimh a laghdú i gcás othair sheachtracha, othair chónaitheacha / chásanna lae agus ionscópacht ghastraistéigeach (GI)

- Baineadh os cionn 8,100 duine de liostaí feithimh mar thoradh ar bheartas um liostaí feithimh pobail, agus is leanaí agus is daoine óga faoi bhun 18 bliain d'aois suas le 6,300 de na daoine sin agus iad ag lorg cúraim ortódóntaice, síceolaíocht leanaí i gcúram príomhúil, comhairleoireacht i gcúram príomhúil agus cúram ó na Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS)
- Forbraíodh straitéis chun líon na gcoinní a cailleadh mar gheall ar othair nár fhreastail (DNA) a laghdú, agus rinneadh an straitéis a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach in Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Ospidéal Ollscoile Shligigh agus Ospidéal Ollscoile Portiuncula. De bharr na straitéise DNA, tháinig laghdú ar an ráta DNA ó 17% go 10% sna hospidéal a ghlac páirt sa straitéis píolótach
- Forbraíodh cur chuige maidir le Socruithe Áirithinte Otharlárnach chun eispéireas othar a fheabhsú go suntasach agus a chinntiú go gcuirtear cúram ar fáil d'othair chomh tapa agus is féidir. Is éard atá i gceist leis an gcur chuige seo ná (i) leasú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfaightear atreoruithe, a ndéantar triáiseáil orthu agus a sanntar iad, (ii) cur le rogha othar

maidir le ham agus dáta coinní trí áirithint pháirteach a dhéanamh agus (iii) pointe teagmhála amháin a bhunú le haghaidh fiosrúcháin a bhaineann le hatreoruithe nó coinní. Rinneadh an cur chuige seo a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach i nGrúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh agus cuirfeair i bhfeidhm é i naoi n-ospidéal bhreise i 2023

- Ullmhaíodh treoircháipéis náisiúnta chun Athbhreithnithe Tionscanta ag Othair a chur i bhfeidhm. Cuireann an beartas ar chumas na n-othar rochtain a fháil ar chúram leantach de réir mar is gá, seachas coinne athbhreithnithe a sceidealú go huathoibríoch, agus dá bharr seo laghdófar an líon daoine a bheidh ag freastal ar choinní. Rinneadh an cur chuige seo a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach i Sláinte Leanaí Éireann (CHI) agus d'éirigh go maith leis. Cuirfeair an beart seo i bhfeidhm i 28 ospidéal eile i 2023.
- Forbraíodh 37 bealach cúraim chliniciúil nuachóirithe chun cur le hacmhainneacht, agus tá athchóiriú déanta maidir leis an dóigh a gcuirtear cúram ar fáil agus tugadh tús áite do sheacht mbealach cúraim chliniciúil ar leith.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach, i gcomhar leis an Roinn Sláinte, maidir le pleanáil d'ospidéal um chúram roghnach i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh.





cúram

Seirbhísí Príomhúla agus Pobail Feabhsaithe

Tá sé ríthábhachtach go laghdófaí an méid daoine a chuirtear isteach sna hospidéal chun cúram leighis a fháil agus go dtacófar le breis cúram sláinte a chur ar fáil sa phobal chun teacht le fíis *Sláintecare*. De bharr an daonra a bheith ag fás agus ag dul in aois agus méadú a bheith tagtha ar an líon daoine atá buailte ag galair ainsealacha, laghdóidh rochtain phras ar chúram príomhúil, i dteannta cúram ó dhochtúirí teaghlaigh agus seirbhísí a bheith ar fáil sa bhaile agus sa phobal, an brú ar ár gcóras ospidéal. Chomh maith leis sin, freastalófar níos fearr ar riachtanais na n-othar agus úsáideoirí na seirbhísí agus tabharfar tacaíocht do na daoine seo ionas go mbeidh ar a gcumas maireachtáil go maith i rith a saoil agus go mbeidh siad páirteach ina bpobal féin.

Le himeacht ama, cuideoidh an clár leasaithe um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC) ionas go mbeidh dochtúirí teaghlaigh, cúram príomhúil agus seirbhísí pobalbhunaithe ábalta seirbhísí breise a chur ar fáil.

Beidh líonraí cúram sláinte pobail agus foirne speisialtóirí sa phobal (CST) ag obair ar bhealach comhtháite leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna chun gach cineál cúraim a chur ar fáil, agus dá bharr seo ní bheidh an oiread daoine ag teacht chuig na hospidéal ag glacadh leis an gcur chuige ‘cúram sa bhaile’ ar dtús.

Leasú ar Thacaíocht Baile agus ar Chúram Cónaithe

I 2022, chuireamar lenár dtiomantas maidir le rochtain níos fearr a chur ar fáil maidir le cúram agus tacaíochtaí sa bhaile agus sa phobal do dhaoine aosta, rud a chuireann ar a gcumas maireachtáil go maith sa bhaile ina bpobail agus an gá atá le cúram cónaitheach fadtéarmach agus seirbhísí géarchúraim a laghdú an oiread agus is féidir. Rinneadh dul chun cinn maidir lenár gclár oibre athchóirithe do sheirbhísí cónaitheacha, cuireadh tús le hullmhúchán don scéim reachtúil tacaíochta baile atá ag teacht isteach agus cuireadh tús le clár píolótach tacaíochta baile. I rith na bliana:

- Leanadh le forbairt agus leathadh amach samhlacha comhtháite tacaíochtaí breise chun cur ar chumas daoine aosta maireachtáil go neamhspleách ina dtithe féin agus ina bpobail féin.
- Mar chuid den Chlár um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC), rinneamar tuilleadh forbartha ar ár gClár Cúraim Comhtháite do Dhaoine aosta
- Críochnaíodh anailís éilimh agus acmhainne do sholáthar seirbhísí cónaithe poiblí sa todhchaí
- Cuireadh tús le planáil le hullmhú don Scéim Reachtúil Tacaíochtaí Baile, bunaíodh Oifig Náisiúnta Tacaíochtaí Baile, agus leanadh le forbairt samhail athchóirithe do sheirbhísí tacaíochtaí baile sa todhchaí.
- Críochnaíodh scéimeanna Píolótacha Tacaíochtaí Baile agus cuireadh tús leis an gcéim mheastóireachta, ag baint úsáide as an Ionstraim Idirnáisiúnta Measúnaithe Cónaitheoirí (interRAI) mar phróiseas measúnaithe caighdeánach.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar sheirbhísí néaltraithe agus díriodh go háirithe ar chosc an néaltraithe. Cuireadh ár samhail náisiúnta cúraim néaltraithe i gcrích agus foilsíofar í i 2023.

Leasú ar Sheirbhísí Meabhairshláinte

Tá FnaSS tiomanta do mheabhairshláinte ár muintire a chothú, ag tacú leo siúd atá ag iarraidh téarnamh ó dheacrachtaí meabhairshláinte chomh maith le féinmharú a chosc. Tá gach seirbhís mheabhairshláinte bunaithe ar chur chuige téarnaimh a bhíonn dírithe ar an duine, ar aon dul le *Roinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách agus Ceangail ar Feadh an tSaoil – Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2020* (ag dul ar aghaidh go dtí go 2024).

Is í an sprioc atá i gceist inár mbearta athchóirithe ná cleachtas atá bunaithe ar fhianaise agus feabhas a chur ar rochtain ar chúram. I 2022:

- Ardaíodh an líon gairmithe sna foirne meabhairshláinte pobail
- Cuireadh foirne speisialaithe cliniciúla ar fáil i réimsí, Neamhoird Itheacháin, Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnamh Airde (ADHD) agus sa réimse Luath-idirghabhála Síocóise. Cuireadh breis clár cliniciúil ar fáil freisin maidir le féindochar agus míchumas intleachtúil
- Rinneadh dul chun cinn maidir le feidhmiú Samhail Chúraim do Dhaoine Aosta
- Críochnaíodh forbairt na seirbhíse náisiúnta meabhairshláinte fóiréinsí nua a sholáthraíonn seirbhísí d’othair chónaithe agus seirbhísí do dhaoine i bpríosún, chomh maith le haonad athshlánúcháin dianchúraim
- Cuireadh le cleachtas téarnaimh agus rannpháirtíochta trí bhreis oibríthe piarthacaíochta a chur ar fáil, chomh maith le seirbhísí socrúcháin aonair chomh maith le Comhordaitheoirí um Choláistí Téarnaimh
- Cuireadh tús le dearadh agus forbairt Shamhlacha Cúraim do sheirbhísí réitigh géarchéime chomh maith le moil seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d’ógánaigh (CAMHS).



Tugadh tacaíocht do suas le

20,000

duine faoi mhíchumas i seirbhísí lae

Leasuithe ar Sheirbhísí Míchumais

Tá FnaSS tiomanta i dtaca leis na príomhsheirbhísí sláinte agus tacaíochta sóisialta a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas a chur ar fáil. Dá bharr sin ní mór cur chuige incriminteach a ghlacadh chun bonn daingean a chur faoi fhorbairt seirbhísí chun an t-eispéireas maidir le cúram agus seirbhísí a fheabhsú.

Faoi na cláir athchóirithe, tá sé mar sprioc againn tacú le daoine faoi mhíchumas ionas go mbeidh ar a gcumas saol iomlán a chaitheamh sa phobal agus go mbeidh rochtain acu ar réimse seirbhísí agus tacaíochtaí pobail dírithe ar an duine, i rith a saoil ar fad.

Táimid ag obair chun a chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin riachtanacha agus chun líon na ndaoine a chónaíonn i suíomhanna institiúideacha a laghdú trí chóiríocht chuí a bheith bunaithe sa phobal a chur ar fáil. I 2022:

- Tugadh tacaíocht do suas le 20,000 duine faoi mhíchumas sna seirbhísí lae a cuireadh ar fáil
- Tugadh tacaíocht do 1,150 duine óg breise, a d'fhág an scoil, sna socrúcháin seirbhíse lae
- Tá 127 duine faoi mhíchumas ag glacadh páirte sa tionscadal um thaispeántóir náisiúnta do bhuiséid phearsantaithe, sin ardú de 63% ar 2021.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le feidhmiú na moltaí ón tuarascáil, *In Am Bogadh ar aghaidh ó Shuíomhanna Comhchónaithe – Straitéis um Ionchuimsiú Pobail* a foilsíodh i 2011. Ó foilsíodh an straitéis, tugadh tacaíocht do bhreis is 2,400 den 4,000 duine faoi mhíchumas a aithníodh i 72 suíomh comhchónaithe, chun bogadh isteach i dtithe sa phobal.

Fóram Caidrimh

Tuigeann FnaSS an méid a dhéanann earnáil dheonach fhuinniúil inbhuanaithe. Is cumasóir tábhachtach i dtaca le hathchóiriú na hearnála sláinte atá san Fhóram Caidrimh chun comhoibriú idir an Stát agus soláthraithe deonacha a chur chun cinn, agus é mar chuspóir acu araon caidrimh a neartú ar mhaithe le hothair agus le húsáideoirí na seirbhísí. Chuige sin, ghlac FnaSS páirt i gcur chun cinn chlár oibre an Fhóram Caidrimh, a comhaontaíodh i 2021. I 2022:

- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun sraith prionsabal comhpháirtíochta comhcheaptha a fhorbairt chun bonn a chur faoi chaidreamh nua feabhsaithe idir eagraíochtaí deonacha agus an Stát.W
- Cuireadh tús chomh maith le sraith de chás-staidéir a dhírigh ar fheabhas a chur ar an gcaidreamh idir an soláthraí agus an maoinitheoir trí thuiscint a fháil ar na nithe d'oibrigh go maith agus orthu siúd nár oibrigh go maith i dtéarmaí rialachais / maoirseachta agus soláthar seirbhísí, agus dá bharr seo beidh tuiscint níos fearr ar na dúshláin atá os comhair na bpáirtithe go léir – cuirfear tuarascáil ar na torthaí sin i gcrích i 2023.

Cuirfidh an obair seo go mór le dul chun cinn athbhreithniú FnaSS maidir leis na socruithe seirbhíse reatha agus táthar ag súil go mbeidh an t-athbhreithniú seo críochnaithe go luath i 2023.



Forbairt Limistéir Sláinte Réigiúnacha

Is éard atá i gceist le cruthú Limistéir Sláinte Réigiúnacha (RHA) ná sé cinn d'eagraíochtaí réigiúnacha a bhunú le freagracht iomlán as seirbhísí ospidéal agus cúram sláinte pobail a phleanáil agus a chur ar fáil laistigh dá limistéar féin. I mí Aibreáin 2022, d'fhaomh an Rialtas Meamram maidir leis na chéad chéimeanna eile, an clár oibre, agus amlínte do chur i bhfeidhm LSR (RHA). I mí na Nollag 2022, críochnaíodh dréachtphlean Forfheidhmithe. Tugann an plan seo cuntas ar an gcur chuige maidir le planáil agus dearadh LSR (RHA) de réir na bprionsabail dearaidh agus cuspóirí iomlána *Sláintecare* agus leagann sé amach clár oibre ardleibhéil don bhliain 2023, le bheith réidh chun tús a chur leis na LSR (RHA) ón 1 Eanáir 2024.

Tá Prionsabal na 'coimhdeachta' lárnach sa Phlean seo: Beidh cumhacht ag na LSR agus cinnteofar, chomh fada agus is féidir, nach mbeidh na heagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le planáil agus soláthar cúram sláinte – FnaSS Náisiúnta agus an dá roinn Rialtais (an Roinn Sláinte, agus an Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY)) i mbun feidhmeanna ar bith seachas na feidhmeanna nach féidir leis na réigiúin a chur i gcrích go héifeachtach. Sa

chomhthéacs seo, beidh tionchar as cuimse ag an aistriú seo go LSR (RHA) ar ról agus freagrachtaí FnaSS Náisiúnta agus an dá roinn rialtais.

I 2022, d'fhorbair baill foirne de chuid FnaSS agus de chuid an dá roinn na ról agus na freagrachtaí ardleibhéil atá molta laistigh de na socruithe nua LSR (RHA), mar atá leagtha amach sa phlean, i gcúig shruth oibre, is iad sin: Rialachas Cúraim Sláinte; Airgeadas; Daoine agus Forbairt; Bonneagar Caipitil, Digiteach agus TFC; agus Athrú, Cumarsáid agus Cultúr. Tá na sruthanna oibre seo ag teacht le comhpháirteanna de chóras sláinte mar atá sonraithe ag an Eagraíocht Domhanda Sláinte.

Tá an t-aistriú go Limistéir Sláinte Réigiúnacha beartaithe don 1 Eanáir 2024 agus leanfar ar aghaidh á chur i bhfeidhm i rith 2024. Tá sé mar aidhm go mbeadh seisear Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na LSR (RHA) agus, más féidir, a bhFoirne Ard bhainistíochta ceaptha agus freagrach as soláthar seirbhísí agus acmhainní a bhaineann leis na seirbhísí sin ina gcuid réigiún faoin 1 Eanáir 2024. I rith 2024, déanfar an Grúpa Ospidéal agus struchtúir CHO atá ann cheana a scor ar bhonn céimnithe, de réir mar a bhunófar na socruithe nua LSR (RHA).





Comhbhá



Féachann feidhm nuálaíochta FnaSS le cur chuige oscailte trédhearcach a bhunú chun réitigh nuálacha a aithint, a reáchtáil ar bhonn píolótach agus a sholáthar

Nuálaíocht á cur i bhfeidhm sna Seirbhísí Sláinte

Tá cur chuige FnaSS i leith na nuálaíochta bunaithe ar cheithre phrionsabal:

1. Saoránach-lárnach – nuálaíocht a bheith dírithe ar úsáideoirí na seirbhísí ionas go mbeidh taithí níos fearr acu agus iad ag plé leis na seirbhísí sláinte
2. Cultúr nuálaíochta – cultúr a chruthú ina spreagtar, ina gcumhachtaítear agus ina gcuirtear ar chumas na foirne go léir nuálaíocht a thionscnaimh
3. Nuálaíocht ar scála – comhoibriú le comhpháirtithe laistigh agus lasmuigh den eagraíocht chun nuálaíochtaí a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh éifeachtúlacht den scoth i réim ar fud na seirbhíse sláinte
4. Nuálaíocht bhunathraithe – nuálaíocht a chur chun cinn ar fud na seirbhísí sláinte trí bheith ceannródaíoch maidir le hathruithe fadtéarmacha ó bhun a dhéanamh.

Ionas go gcuirfear leis an dul chun cinn go dtí seo, glacann feidhm nuálaíochta FnaSS cur chuige oscailte trédhearcach chun réitigh nuálacha a shainaithint, a thástáil ar bhonn píolótach agus a sholáthar sna seirbhísí sláinte, bunaithe ar riachtanas soiléir cliniciúil agus oibriúcháin.

Cuirfidh an clár athchóirithe seo creat nuálaíochta tras-eagraíochta i bhfeidhm agus tacóidh sé leis na struchtúir a bhfuil gá leo chun nuálaíocht a chumasú.

I 2022:

- Rinneadh athbhreithniú ar chleachtais nuálaíochta, agus fuarthas amach go bhfuil dul chun cinn maith déanta le blianta beaga anuas, táthar réidh leis na cleachtais nuálaíochta seo a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne.
- Dearadh, forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm go leor tionscadal nuálach ar éirigh go maith leo sna réimsí digiteacha, cliniciúla agus soláthar seirbhísí ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon. I measc, roinnt samplaí díobh seo, tá:
 - Ardán Bainistíochta um Ghalair Ainsealacha
 - Ardán Léirshamhlaithe um Fheidhmíocht Sláinte
 - Monatóireacht Uathoibríoch ar Ráta Riospráide
 - Uathoibriú Comharthaí Beatha
 - Barda Pobail Fíorúil
 - X-gha soghluaiste
- Bunaíodh na ceithre thaca seo a leanas i dtaca le nuálaíocht (i) Oideachas agus Feasacht – Cur le Cumas Digiteach i measc na Foirne (ii) Eolas a Chomhroinnt le Rannpháirtíocht Fhairsing ón Éiceachóras (iii) Comhoibriú Nuálaíochta Oscailte – Bailiú smaointe agus Beartú Tosaíochta (iv) Smaointe Nuálaíochta a Thástáil – Saotharlanna Beo agus Meastóireacht.

Athrú agus Forbairt Eagraíochtúil

Tá sé rithabhachtach go bhforbróimid ár n-acmhainn maidir le hathchóiriú agus go nglacfaimid go muiníneach le dúshlán, go háirithe ag tráthanna ina mbíonn athruithe ag tarlú go tapa, nó nuair a dhéantar athrú suntasach i ndáil le beartais agus nuálaíocht chliniciúil / seirbhíse. Tá cur i bhfeidhm *Threoir um Athrú na Seirbhísí Sláinte* mar chuid de chlár straitéiseach maidir le feabhas a chur ar acmhainneacht chun tacú leis an gcóras sláinte tuilleadh forbartha a dhéanamh ionas go mbeidh an t-eolas agus na scileanna cearta ar fáil chun athruithe a chur i bhfeidhm agus a chothú ag gach leibhéal. I 2022:

- Leanamar ag cruthú cultúir a bhí dírithe ar athruithe agus nuálaíocht agus chun é sin a bhaint amach bhí muid i mbun idirphlé le 77 seirbhís éagsúil ar fud na heagraíochta
- Cuireadh tús le réimse leathan idirghabhálacha maidir le forbairt eagraíochtúil, ar nós, Ceardlanna Treoraithe bunaithe ar Athruithe a chur i bhfeidhm, Clinicí Comhairliúcháin i leith Athraithe, agus Seisiúin Mheantóireachta i leith Athraithe. Bhí 184 idirghabháil den sórt seo i gceist agus ghlac 1,531 páirt sna hidirghabhálacha.
- Chríochnaigh beagnach 1,450 duine an clár ríomhFhoghlama um Threoir i leith Athraithe.

2.6 Cúrsaí Domhanda

Nuair a bhímid ag obair chun an cúram is fearr agus is féidir a chur ar fáil dá gcuid othar agus d'úsáideoirí na seirbhísí, tá sé tábhachtach go gcuirfimid cúrsaí domhanda i gcoitinne san áireamh chomh maith leis an gcomhthéacs náisiúnta. De réir mar a théimid i ngleic le dúshlán inár dtimpeallacht shóisialta agus breathnú amach don chothromaíocht idir na hacmhainní atá ar fáil agus an t-éileamh atá ag méadú, tabharfaidh muid tús áite don duine lena chinntiú go mbeidh rochtain aige ar an gcúram ceart ag an am ceart agus san áit cheart.



I 2022, d'ullmhaigh FnaSS Straitéis Chaipitil agus Eastát, agus an chéad chuspóir atá ag an straitéis seo ná go mbainfí neodracht ó thaobh carbóin de amach faoi 2050.

Gníomhú ar Son na hAeráide, Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht

I gcomhréir le *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023* an Rialtais, d'ullmhaigh FnaSS Straitéis uallmhianach um Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheachta 2022-2050. Déanfar an straitéis a chur i bhfeidhm trí shraith clár oibre a bhunóidh struchtúir rialachais do gach réimse fócais ar leith, déanfar freagrachtaí a shannadh, ullmhófar meicníochtaí chun dul chun cinn a ríomh agus a thuairisciú, úsáidfear acmhainní ar bhonn tosaíochta, agus déanfar rannpháirtíocht agus feasacht a chothú.

Tugann an straitéis deis do FnaSS a bheith gníomhach inár ról ceannaireachta maidir le *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023* agus gníomhartha sonracha a dhéanamh bunaithe ar an bplean sin, de réir thiomantas ár dtíre maidir leis an sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de, sé sin neodracht astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, agus laghdú suntasach (51%) in astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. Ina theannta sin, feabhsóimid éifeachtúlacht fuinnimh ón sprioc 33% san earnáil phoiblí i 2020 go 50% faoi 2030 (i gcomparáid le bonnlíne 2009).

I 2022, d'ullmhaigh FnaSS Straitéis Chaipitil agus Eastát freisin, agus an chéad chuspóir atá ag an straitéis seo ná go mbeadh neodracht ó thaobh carbóin de bainte amach faoi 2050. Tá an chaoi a mbainfear an cuspóir seo amach sonraithe i *dTreochlár Dícharbónú Bonneagair FnaSS*, a foilsíodh i mí na Samhna, ina léirítear an cur chuige agus gníomhaíochtaí mionsonraithe chun spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach.

I measc na bpríomhréimsí a ndearnadh dul chun cinn iontu i 2022, bhí siad seo a leanas:

- Ullmhaíodh Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide, mar chuid de Straitéis FnaSS um Gníomhú ar son na hAeráide 2020-2050, agus tugtar cuntas

anseo ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag FnaSS cuidiú leis an sprioc chun go mbeadh an tír seo ar chosán níos inbhuanaithe, astaíochtaí a laghdú, go gcruthófaí sochaí ní ba shláintiúla, ní ba ghlaire agus ní ba ghlaire, agus cuidiú leis an sprioc maidir leis an daonra a ullmhú agus a chosaint ó iarmhairtí sláinte a bhaineann le hathrú aeráide agus le caillteanais bithéagsúlachta.

- Leanfar leis an gcomhaontú comhpháirtíochta maoinithe caipitil idir FnaSS agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) e suas go deireadh 2023, chun na nithe seo a chur i gcrích: an biúró fuinnimh, foirne fuinnimh, oibreacha iarfheistithe éadomhain agus an Clár Píolótach Pathfinder a chur chun cinn, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ar chlár píolótach iarfheistithe domhain maidir le fuinneamh agus carbón i gcás foirgnimh atá ann cheana féin, i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)
- Críochnaíodh oibreacha iarfheistithe éadomhain fuinnimh agus dícharbónaithe de luach €10.2m go dtí seo. I 2022, tháinig laghdú thart ar 14.1 GWh ar fhuinneamh agus 7,814 tonna CO₂ de bharr na n-oibreacha seo.
- Cuireadh leis an líonra foirne fuinnimh agus glasa chuig 111 úsáideoir suntasach fuinnimh ar fud FnaSS agus eagraíochtaí Alt 38 agus 39
- Foilsíodh treoir FnaSS um Dhearadh Tíosach ar Fhuinneamh (EED) agus leanadh le cur chuige um Dhearadh Tíosach ar Fhuinneamh (EED) i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de a chur i bhfeidhm i ngach tionscadal i bPlean Caipitil FnaSS.
- Forbraíodh uirlis measúnaithe inbhuanaitheachta ar líne i gcomhair suíomhanna cúram sláinte níos lú, agus chuir sé seo tacaíocht agus treoir maidir le fuinneamh, carbón, uisce agus laghdú dramhaíola ar fáil do na suíomhanna seo.

I gcomhréir le *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023* an Rialtais, d'ullmhaigh FnaSS Straitéis uailmhianach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheachta 2022-2050.



Úsáid Fuinnimh FnaSS 2021 and 2020 * (Riachtanas Príomhfhuinneamh Iomlán)

Cineál	Úsáid 2021	Úsáid 2020
Leictreachas	457,299,438 kWh	399,568,791 kWh
Teirmeach	585,453,533 kWh	600,604,642 kWh
Iompar	51,806,396 kWh	56,132,709 kWh
Úsáid Fuinnimh Iomlán FnaSS 2020	1,094,559,368 kWh	1,056,306,142 kWh
Feabhas maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ó bhonnlíne 2009	16%	14%
Gás Ceaptha Teasa Iomlán (GHG)	211,259 tCO ₂	
Astaíochtaí Ghás Ceaptha Teasa Iomlán – athrú ó bhonnlíne GCT (GHG) (2016-2018 ar an meán) 9% de laghdú		

* *Tuairiscíonn Eagraíochtaí Alt 38/39 díreach chuig (ÚFIÉ) SEAI agus níl siad san áireamh sna figiúirí seo.*

Foinse na Sonraí: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)



Sa phictiúr ag grianchealla fótavóltach (PV) ar dhíon an bhloic 60 leaba ag Ospidéal na hOllscoile, Luimneach; Kevin Mahoney, Rachel Keating, Clodagh Hanratty agus Niall Joyce

Chuir Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh tús le ré nua inbhuanaitheachta fuinnimh

Tá iarrachtaí déanta ag Grúpa Ospidéil OL le blianta beaga anuas chun a chinntiú go seasfaidh forbairtí nua an aimsir agus rinneadh uasghrádú ar a stoc foirgneamh reatha a ag cur na heagraíochta ar thús cadhnaíochta i bhfeachtas náisiúnta FnaSS, atá dírithe ar scoth an chúraim sláinte a chur ar fáil nach mbeidh ach an méid is lú agus is féidir tionchair aige ar an timpeallacht. Tá tionchar suntasach cheana féin ag obair a rinneadh go dtí seo trí thionscnaimh chomhoibrítheacha idir Grúpa Caipitil agus Eastáit FnaSS agus Grúpa Ospidéil OL, agus dá bharr seo rinneadh coigilteas costais sé fhigiúr, laghdaíodh astuithe CO₂, agus cuireadh ar chumas an Ghrúpa a cumhacht féin a ghiniúint go neamhspleách ag tráthanna nuair a bhí an oiread sin éilimh ann go bhféadfadh sé an ghreille náisiúnta a dhíchobhsú.



Dheonaigh FnaSS trealamh tarrthála don Úcráin

Nuair a thosaigh an cogadh san Úcráin, dheonaigh FnaSS soláthairtí agus trealamh riachtanach ar an tír sin, le tacaíocht ó ranna rialtais ábhartha. Chuidigh an tacaíocht seo le hospidéal agus le seirbhísí sláinte san Úcráin chun cúram sláinte riachtanach agus éigeandála a chur ar fáil le linn na cogaíochta. Seoladh 19 otharcharr díchoimisiúnaithe athchóirithe agus athfheistithe de chuid FnaSS as Éirinn, le húsáid san Úcráin. Seoladh trealamh leighis, fearais agus earraí intomhalta ar nós TCP (PPE), steallairí, aerálaithe, dífhibrileoirí, monatóirí othar, agus áiseanna agus fearais chuig mol dáileacháin atá ceadúnaithe ag rialtas na hÚcráine i Lviv, san Úcráin.

Beartas um Chearta an Duine agus Comhionannas

Is í an fhís atá againn ná seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a chur ar fáil a léiríonn meas ar chearta, neamhspleáchas agus dínit na ndaoine go léir a úsáideann ár seirbhísí.

I measc na bpríomhréimsí a ndearnadh dul chun cinn iontu i 2022, bhí:

- Aighneachtaí comhordaithe don ghrinnschrúdú réamhreachtach ar an mBille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú) agus ar na dréachtchóid chleachtais ón tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta
- Soláthar faisnéise agus seisiúin faisnéise (go pearsanta agus ar líne araon) don fhoireann agus do sheirbhísí maidir leis an *Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015* agus d'fhreastail thart ar 1,500 ar na seisiúin seo. Bhí sraith seimineár gréasáin ar siúl maidir le hullmhú d'fheidhmiú Acht 2015 agus d'fhreastail thart ar 12,000 orthu.
- Seoladh clár ríomhFhoghlama a thacaíonn le Cinnteoireacht i gCúram Sláinte agus Sóisialta ar HSeLanD
- Ullmhaíodh Plean Forfheidhmithe Cinnteoireachta Cuidithe FnaSS agus roinneadh leis an bhfoireann agus leis na seirbhísí é i mí Lúnasa
- Chuathas i gcomhairle le seirbhísí ar fud FnaSS, chomh maith le seirbhísí arna maoiniú ag FnaSS agus príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le ról an mheasúnóra cumais i ndáil le comhaontuithe comhchinnteoireachta agus Cumhachtaí Seasmhacha Aturnae faoi Acht 2015. D'ullmhaigh an tSeirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta agus FnaSS clár oiliúna chun tacú leis na measúnuithe seo
- Seoladh *Beartas Náisiúnta um Thoilíú FnaSS 2022* leasaithe agus clár ríomhFhoghlama an Bheartais Náisiúnta um Thoilíú i mí an Mhárta agus ullmhaíodh agus seoladh leagan den bheartas atá éasca le léamh i mí na Samhna.

Sláinte Dhomhanda

Tá cur chuige domhanda i bhfeidhm ag FnaSS ag teacht leis an gClár Sláinte Dhomhanda, bítear ag comhoibriú le comhpháirtithe ar fud na seirbhíse sláinte agus le Cúnamh Éireann (An Roinn Gnóthaí Eachtracha), clár cúnamh an Rialtais *Domhan níos fearr: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta* (Rialtas na hÉireann 2019), chun tionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá dírithe ar shláinte a fheabhsú i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus ag an am céanna táthar ag foghlaim ó thíortha eile chun cúram sláinte a fheabhsú in Éirinn.

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn i 2022:

- Creat straitéiseach agus plan forfheidhmithe trí bliana do 2022-2024 foilsithe
- 32 milliún earra de luach €8.6 milliún tugtha don Úcráin agus don Afraic mar chúnamh i gcoinne COVID-19 agus an chogaidh san Úcráin. I measc na n-earraí a cuireadh ar fáil, bhí trealamh cosanta pearsanta (PPE), otharchairr, uirlisí ospidéal, soláthairtí leighis agus ábhair intomhalta, trealamh leighis, earraí cógaisíochta agus áiseanna agus fearais
- Maoiniú do naoi gcomhpháirtíocht sláinte i 2022, trí scéim na ndéontas beag - ESTHER Ireland. Soláthraíonn an clár seo atá bailíochtaithe go hidirnáisiúnta maoiniú agus tacaíocht chun seirbhís sláinte nó saoráid cúram sláinte in Éirinn a nascadh le seirbhís sláinte i dtír i mbéal forbartha agus léiríonn an chomhpháirtíocht sláinte seo feabhsuithe sláinte i gcás an dá pháirtí
- Leanadh ag forbairt acmhainneachta chun na seirbhísí sláinte a fheabhsú i Mósaimbíc, san Aetóip, sa tSaimbia agus sa tSúdáin agus cuireadh tús le rannpháirtíocht leis an Tansáin
- Leanadh le tionscnamh agus rannpháirtíocht in oiliúint sláinte domhanda agus i bhfeabhsú cáilíochta na seirbhísí sláinte go náisiúnta agus ag leibhéal an AE, na Náisiún Aontaithe (NA) agus na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO).



Is í an fhís atá againn ná seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a chur ar fáil a léiríonn meas ar chearta, neamhspleáchas agus dínit na ndaoine go léir a úsáideann ár seirbhísí.



3 Soláthar na Seirbhísí

3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna
a Baineadh Amach i 2022

3.2 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú



3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach i 2022

Tomhaistear feidhmíocht oibríochtúil, go príomha, bunaithe ar an méid a bhain muid amach de réir an Phlean Seirbhíse Náisiúnta sa bhliain ábhartha. Leagann an PSN (NSP) amach na cineálacha agus an méid seirbhísí sláinte agus cúraim sóisialta atá le cur ar fáil, bunaithe ar an maoiniú a cuireadh ar fáil agus an leibhéal foirne atá ar fáil.

Tá rochtain a chinntiú maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar cheann de na dúshláin is mó atá romhainn agus leagtar amach sna leathanaigh a leanas na gníomhaíochtaí sonracha a rinneadh i 2022 maidir le gach ceann de na príomhchláir chúraim chun dul i ngleic leis an dúshlán seo agus le dúshláin eile (is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir lenár bpríomhdhúshláin i gcuid 2.3 den tuarascáil seo).



Stop

50%

de chaiteoirí tobac,
a bhí ar chlár scoir,
ag caitheamh tobac
laistigh de cheithre
seachtaine

Feabhas ar Bhearta um Chosc agus Luathidirghabháil Sláinte agus Folláine

- Bunaíodh 20 Pobal Sláintiúil de chuid *Sláintecare* ar fud na tíre, sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste, chun na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil: Stop de Chaitheamh Tobac, Is Féidir Linn Stopadh, Cláir tacaíochta do Thuismitheoirí, Bia Sláintiúil atá Éasca le Cócaráil, Tá Tábhacht le Gach teagmháil (MECC) agus Oideasú Sóisialta
- Bunaíodh seirbhísí comhtháite alcóil nua i gCúram Sláinte Pobail an Mheán-larthair agus i gCúram Sláinte Pobail Chorcaí-Chiarraí agus cuireadh tacaíocht ar fáil d'fhorbairt chlár cóireála chun dul i ngleic leis an rómheáchan agus murtall i measc leanaí agus ógánach i gCúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt agus i gCúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin.
- Cuireadh seirbhís tástála um ionfhabhtú gnéas-tarchurtha (STI) ar fáil ar líne ar bhonn náisiúnta, agus tá an tseirbhís seo nasctha le clinicí IGT (STI) poiblí, chun breis tástálacha a chur ar fáil maraon le rochtain éasca ar thástáil STI. Seachadadh 96,000 fearas tástála baile chun ionfhabhtú STI a thástáil.
- Cuireadh tús le hobair ar dhearadh conair othar, i gcomhair gníomhaíochta fisiciúil, le heagraíochtaí maoinithe lasmuigh den tseirbhís sláinte, chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíocht fhisiciúil.
- Ullmhaidh Straitéis forfheidhmithe atá bunaithe ar fhianaise, *Making MECC Work – Ag Feabhsú Forfheidhmiú an Chláir Náisiúnta MECC in Éirinn*, chun barr feabhais a bhaint amach maidir le MECC agus cur leis an gClár, ag tacú leis an bhfoireann chliniciúil ina gcuid oibre ar chosc a chur le droch iompraíocht ó thaobh sláinte de agus chun athrú dearfach iompraíochta maidir le stíl mhaireachtála a chur chun cinn i measc othar agus úsáideoirí na seirbhísí mar chuid de ghnáthchomhairliúcháin
- Foilsíodh Plean Gníomhaíochta do *Chlár Éire Saor ó Thobac FnaSS 2022-2025*, inar leagadh amach na gníomhartha atá le déanamh chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:
 - Tús áite a thabhairt do chosaint leanaí i ngach ceann dár dtionscnaimh agus caitheamh tobac a dhí-normalú don chéad ghlúin eile
 - Tacú le daoine chun éirí as caitheamh tobac agus caitheamh le spleáchas ar thobac mar ábhar sonrach ina bhfuil gá le cúram ina leith agus díriú ar ghrúpaí daonra a bhfuil caitheamh tobac níos coitianta ina measc chomh maith le daoine atá buailte de bharr éagothroime sláinte
- Bhí comhordaitheoirí tacaíochta um fhéinbhainistiú i gceannas ar chur i bhfeidhm an Chreata Tacaíochta um Féinbhainistiú ag leibhéal na hEagraíochta Cúram Sláinte Pobail (CHO) trí rannpháirtíocht leis na Cláir Chúraim Chomhtháite do ghálair ainsealacha agus do dhaoine aosta.
- Cuireadh sé chlár féinbhainistithe píolótach *Sláintecare* um Mhaireachtáil go Maith i bhfeidhm i dtaca le galair ainsealacha. Cuireadh an clár i bhfeidhm go háitiúil freisin i dhá ESP (CHO) eile.

Sláinte Phoiblí

- Chuir seisear Comhairleoirí Stiúrtha Limistéir i réimse na Sláinte Poiblí agus an Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte Poiblí eatramhach tús lena gcuid oibre, i gcomhthráth leis an gcuid eile de na 34 post comhairleach mar atá leagtha amach i gCéim 1. Mar thoradh air seo,



bunaíodh sé Limistéar Sláinte Poiblí, ag teacht le leagan amach na Limistéir Réigiúnacha Sláinte (RHAs) a bheidh ann amach anseo, agus bhí athchumrú déanta ar na seirbhísí sláinte poiblí comhfhreagracha lasmuigh de ghnáth-uaireanta oibre, faoi dheireadh na bliana.

- Ceapadh comhairleoirí Sláinte Poiblí sa tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, sa Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse, sa Chlár Náisiúnta um Óige Shláintiúil agus i mBainistiú Galar Ainsealach (CDM), agus de thoradh air seo beidh ceannaireacht chliniciúil i réim i roinnt tionscnamh, ina measc, an dá Scagthástáil Náisiúnta Leanáil de chuid FnaSS, an Clárslann Náisiúnta Diaibéitis, agus tionscnaimh chun cáilíocht a fheabhsú in CervicalCheck
- Cuireadh an tsamhail náisiúnta / réigiúnach chomhtháite um Chosaint Sláinte i bhfeidhm agus rinneadh dul chun cinn sa phróiseas chun Córas TF a aimsiú agus a sholáthar do Chóras um Bainistiú Ráigeanna agus Teagmhais.
- Chomhoibriú comhairleoirí Sláinte Poiblí agus a bhfoirne le comhghleacaithe eile ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach, maidir le ceannaireacht chliniciúil i ndearadh agus i bhforbairt pleananna geimhrídh agus feachtais vacsaínithe don fhliú agus do COVID-19.
- Bunaíodh Foireann Bainistíochta Náisiúnta Teagmhais faoi chathaoirleacht na rannóige Sláinte Poiblí, chun an ráig den víreas deilgneach mona a bhainistiú. Cuireadh in iúl gur aimsíodh 227 cás den víreas idir mí Bhealtaine agus mí na Nollag 2022. Bunaíodh Foireann Náisiúnta

Rialaithe Ráigeanna freisin chun bainistiú a dhéanamh ar mhéadú na gcásanna ionracha de Streipteacocas Grúpa A.

- Foilsíodh *Straitéis um Chosaint Sláinte 2022-2027* Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, inar tugadh cuntas ar na cuspóirí agus na bearta tosaíochta atá le déanamh ag an rannóg Sláinte Poiblí i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara chun muintir na hÉireann a chosaint in aghaidh ghuaiseacha sláinte
- Leanadh den obair chun freastal ar riachtanais um chosaint sláinte larratasóirí agus tairbhíthe ar Chosaint Idirnáisiúnta (iad siúd a tháinig i 2022 mar thoradh ar an ngéarchéim san Úcráin, ina measc) trí mholadh dóibh imdhíontaí nach raibh faighte acu a fháil, agus rochtain a bheith ar fáil go héascú ar na himdhíontaí sin. Rinneadh iarrachtaí chomh maith aon chineál breoiteachta a aimsiú go luath agus cuireadh gach scagthástáil ar fáil de réir bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Clár COVID-19 – Clár Tástála agus Rianaithe agus Vacsaínithe

- I rith na bliana, thaifead an clár Tástála agus Rianaithe gur cuireadh 1,863,258 tástáil le maipíní i gcrích, rinneadh 2,854,362 tástáil saotharlainne, agus fógraíodh gur aimsíodh 910,749 cás.
- Le linn buaicphointe éilimh ar thástáil i mí Eanáir, bhí 50 ionad tástála ag feidhmiú, agus bhíothas ábalta 300,000 tástáil PCR a dhéanamh in

aghaidh na seachtaine, agus bhí acmhainneacht sheachtainiúil de 600,000 i gcás tástála antaiginí. Seoladh na tástálacha antaiginí chuig úsáideoirí a raibh comharthaí an ghalair orthu agus ullmhaíodh áis chun na tástálacha a uaslódáil

- Ullmhaíodh plean i mí an Mhárta chun an fheidhm Tástála agus Rianaithe COVID-19 a athrú chuig samhail oibriúcháin nua de réir na treorach sláinte poiblí. Déanann an tsamhail seo monatóireacht ar leibhéil ionfhabhtaithe trí chórais faireachais níos fearr agus cuireadh tús le conair chliniciúil i gcomhair tástála
- Tá clár fairsing oibre ar bun chun a chinntiú go ndéanfar forbairt ar acmhainn saotharlainne don am i láthair agus don todhchaí chun freastal ar riachtanais
- Ó cuireadh tús le Clár Vacsaínithe COVID-19 i mí na Nollag 2020, tá 12.6m vacsaín tugtha amch, ina measc, breis agus 8.1 milliún den chéad vacsaín agus breis agus 4.5 milliún teanndáileog
- Go dtí seo, ghlac 97% de na daoine fásta an chéad vacsaín; Tá an chéad teanndáileog faighte ag 77% díobh siúd sa chohórt ceadaithe, fuair 33% an dara teanndáileog agus 42% an tríú teanndáileog.

3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach i 2022

- Tá Éire fós chun tosaigh san Aontas Eorpach (AE) maidir leis an líon daoine fásta a ghlac an chéad vacsaín, agus sa chúigiú háit san AE maidir leis an líon daoine fásta a ghlac an chéad teanndáileog agus an dara teanndáileog (mar a sheas sé ag deireadh Eanáir 2023).
- Dearadh clár cumarsáide ilchainéil agus cuireadh i bhfeidhm é i 2022 chun tacú le seachadadh iomlán chlár vacsaínithe COVID-19
- De bharr ailíniú na gclár vacsaínithe fliú agus COVID-19 do dhaoine os cionn 65 bliain don fhómhar / geimhreadh, ghlac 78% an dara teanndáileog agus 44% an tríú teanndáileog den vacsaín i gcoinne COVID-19 agus ghlac 75.1% vacsaín an fhlíú.
- Tá obair ag leanúint ar aghaidh chun ailíniú straitéiseach na gclár vacsaínithe a chinntiú chomh maith leis na hacmhainní a theastaíonn len aghaidh.
- Críochnaíodh an obair ar an tSaotharlann Náisiúnta do Scagthástáil Cheirbheacs i mí Dheireadh Fómhair agus cuireadh tús in athuair le soláthar seirbhísí saotharlainne do CervicalCheck ag Ospidéal an Choim i mí na Nollag.
- Sheol BowelScreen seirbhís nua san aonad ionscópachta in Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo chun seirbhísí ionscópachta a chur ar fáil do dhaoine a ghlac páirt i BowelScreen agus a atreoraíodh i gcomhair breis imscrúdaithe i réigiún Mhaigh Eo.
- Cuireadh clár píolótach faireachais digiteach agus samhail chúraim i bhfeidhm i gcomhair RetinaScreen Diaibéiteach agus thug sé seo deis do dhaoine freastal ar choinní i seirbhís sa phobal seachas san ospidéal. Tá an chéad bhliain iomlán den chonair scagthástála dhá bhliain críochnaithe anois agus bhain 18,000 duine leas as an mbealach nua tástála seo.
- Bunaíodh comhpháirtíocht straitéiseach idir an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, an Oifig Náisiúnta Imdhíonta, an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse agus Clárann Náisiúnta Ailse na hÉireann chun oibriú i dtreo deireadh a chur le hailse cheirbheacs mar fhadhb sláinte poiblí in Éirinn, de réir straitéis na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála

- Tá plean straitéiseach ullmhaithe a shonraíonn ár dtreo don chúig bliana amach romhainn. Comhaontaíodh sé phríomhréimse fócais chun ár gcuid iarrachtaí, ár saothar agus ár bhforbairt a threorú agus aithníodh roinnt spriocanna agus cuspóirí fadtéarmacha maidir le gach tosaíocht chomh maith le sraith gníomhaíochtaí chun gach sprioc a bhaint amach.
- Tá muid tiomanta na moltaí a d'eascair as tuarascálacha an tSainghrúpa Tagartha maidir le hailse eatraimh a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis na daoine dá dtugaimid cúram agus lenár bhfoirne gairmiúla scagthástála ar fud na tíre, agus leanadh den obair i rith na bliana chun na cuspóirí a bhaint amach agus chun na dúshláin a bhaineann leis an tionscadail seo a shárú
- Cuireadh tús le feidhmiú an chóras faisnéise cliant agus raideolaíochta nua don tseirbhís BreastCheck chun éifeachtúlacht na bpróiseas cliniciúil, oibriúchán agus bainistíochta a chinntiú.

Seirbhís Sláinte Comhshaoil

- ar éis imeacht na Breataine as an AE, leanadh leis an obair le hacmhainn a mhéadú chun a chinntiú go bhféadfaí srianta oifigiúla ar bhia iompórtáilte a chur i gcrích ag calafoirt agus aerphoirt agus go bhféadfaí freastal ar iarratais bhreise ar theastais easpórtála.
- Leanadh den obair chun gníomhaíocht maidir le sábháilteachta bia a chinntiú i réimsí riosca atá ag teacht chun cinn, agus leagadh béim ar leith ar Rialachán (AE) 2017/625 a chur i bhfeidhm
- Cuireadh clár cigireachta maidir le leapacha gréine, lena n-áirítear cigireacht phleanáilte, ceannach tástála agus rúnsiopaear, i bhfeidhm faoin Acht Sláinte Poiblí (Leapacha Gréine) 2014.

I rith na bliana,
thaifead an clár
Tástála agus Rianaithe

1.86m

tástáil le maipíní
déanta,

2.85m

tástáil saotharlainne
déanta, agus

0.91m

cás aimsithe

- Leanadh le planáil agus ullmhúchán d'fheidhmiú an Bhille Sláinte Phoiblí (Tobac agus Táirgí Ionanáilaithe Nicitín) a fhoráil, i measc nithe eile, go mbeadh ar mhiondíoltóirí tobac nó táirgí ionanáilaithe nicitín ceadúnas bliantúil a fháil
- Leanadh den rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun forálacha an *Achta Sláinte Phoiblí (Alcól) 2018* a chur i bhfeidhm ar bhonn tosaíochta riosca
- Tugadh faoi ghníomhaíochtaí riachtanacha COVID-19, nuair ba ghá, ag baint úsáide as na hacmhainní a bhí ann cheana féin, bunaithe ar thosaíocht riosca maidir le príomhfheidhmeanna reachtúla.

Seirbhísí Pobail a Fheabhsú

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil agus Clár um Chúram Pobail Feabhsaithe

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil:

- Bhí foirne idirghabhála pobail (CITs), a sholáthraíonn seirbhís mearfhreagartha agus chomhtháite nuair a bhíonn seirbhísí feabhsaithe / idirghabhálacha ag teastáil ar feadh tréimhse gearr shontach, ag obair ar fud na tíre i rith na bliana. Fuair siad beagnach 84,000 atreorú i 2022 (30% níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis)
- Rinneadh breis agus 1.1m teagmháil le Seirbhísí Dochtúirí Teaghlaigh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i rith na bliana, b'ionann sin agus 23.8% ní b'airde ná an sprioc do 2022 agus léirigh sé ardú de 8.8% i gcomparáid le 2021.
- Cuireadh roinnt tionscnamh liostaí feithimh i bhfeidhm i rith 2022 sna reimsí cúraim ortodóntach agus síceolaíochta leanaí. Mar thoradh ar na tionscnaimh seo baineadh breis agus 5,500 leabh agus ógánach de na liostaí feithimh
- Seoladh Every Smile Matters, clár ríomhFhoghlama, chun cabhrú le foirne fiacloireachta um chúram príomhúil freastal ar riachtanais grúpaí leochaileacha de réir an bheartais náisiúnta um shláinte béil, *Smile Agus Sláinte*.
- Críochnaíodh an Clár Feabhsaithe Seirbhíse Tacaíochta CervicalCheck, agus tá gach feabhsúchán a moladh maidir le Pacáiste Tacaíochta FnaSS i bhfeidhm anois. Ba é an leabhrán, Pacáiste um Thacaíocht do Cervical Check an beart deiridh a rinneadh chun críoch a chur leis an gclár, agus seoladh an leabhrán chuig gach úsáideoir seirbhíse incháilithe i mí na Nollag. Cuireadh bileog bhreise méala i gcrích chomh maith agus cuireadh ar fáil í.

Má bhíonn rochtain dhíreach ag Dochtúirí Teaghlaigh ar scanadh, cuidíonn sé le hothair a choinneáil amach as an ospidéal

Tá an scéim um diagnóisic phobail ag tabhairt rochtain dhíreach do Dhochtúirí Teaghlaigh ar fud na tíre ar bhreis X-ghathanna, scanadh CT, MRIanna agus scanadh DEXA dá gcuid eile. Tá an scéim ag cur le tionscnaimh atá i bhfeidhm cheana féin a thugann rochtain dhíreach do DT (GP) ar scanadh ultrafhuaimne. Tá beagnach 400,000 scanadh déanta ó seoladh an scéim nua i 2021. De bharr na scéime, bíonn rochtain níos tapúla ar mhodhanna diagnóiseacha riachtanacha, agus bíonn othair ábalta cóireáil a fháil in am agus bíonn eispéiris níos fearr acu mar gheall air seo, agus cuidíonn sé seo freisin le brú ar ospidéal a laghdú. Gheobhaidh daoine a dteastaíonn scanadh práinneach uathu coinne don scanadh sin laistigh de mhí amháin ón dáta atreoraithe, agus faigheann siad siúd a dteastaíonn gnáthscanadh uathu coinne laistigh de thrí mhí. Nuair a bhíonn an scanadh déanta, faigheann an Dochtúir Teaghlaigh tuairisc laistigh de 72 uair an chloig.



An tAire Sláinte Health Stephen Donnelly TD le Amelia O' Leary ag seirbhís um Diagnóisic na nDochtúirí Teaghlaigh in Ionad Cúraim Phríomhúil an Inbhir Mhóir, Co. Chill Mhantáin

3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach i 2022



83,834

atreorú chuig foirne idirghabhála pobail a chuireann seirbhís mearfhreagartha agus chomhtháite ar fáil i gcás ina mbíonn gá le seirbhísí feabhsaithe/ idirghabhálacha ar feadh tréimhse ghairid shonrach

Clár um Chúram Pobail Feabhsaithe:

- Leathnaíodh amach an clár um Chúram Pobail Feabhsaithe (ECC), agus bunaíodh iad seo a leanas i rith na bliana:
 - 94 de na 96 líonra cúram sláinte pobail (CHNs) atá beartaithe, a chuireann ar chumas gairmithe cinntí a dhéanamh níos gaire don phointe cúraim
 - 21 foireann speisealtóirí pobail (CSTs) i gcomhair seirbhísí do dhaoine aosta
 - 21 foireann speisealtóirí pobail (CST) do bhainistiú galair ainsealacha
- Cuireadh samhail de chineál deonach i bhfeidhm i gcomhar le ALONE, a chuir tacaíocht chomhordaithe ar fáil do bhreis is 20,000 duine i rith na bliana.
- Thug rochtain dhíreach ar dhiagnóisic phobail rochtain do dhochtúirí teaghlaigh ar bhreis is 250,000 scanadh i 2022 (47,000 X-gha, 19,000 scanadh tomagrafaíoch ríomhairithe (CT), 165,000 scanadh um íomháu athshondais mhaighnéadaigh (MRI) agus 20,000 DEXA-(dlús na gnámh)), rud a laghdaigh go mór an gá a bhí le hothair a chur ar aghaidh chuig seirbhísí géarchúraim
- Chríochnaigh Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann (ICGP) tionscadal píolótach chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an gclár um dhiagnóisic phobail ar chleachtais DT (GP) i 2021, agus ina dhiaidh sin críochnófar staidéar ar scála níos mó chun scrúdú a dhéanamh ar thionchar an chlár ar chleachtais Dhochtúirí Teaghlaigh ar bhonn náisiúnta. Leiríodh na nithe seo a leanas i réamh-athbhreithniú ar 284 staidéar íomháiithe a shocraigh Dochtúirí Teaghlaigh i 2022:
 - Tháinig ardú go 63% ó 3% ar an líon othar a bhíodh á mbainistiú roimhe sin i gcleachtais Dochtúirí Teaghlaigh, mar thoradh ar an gclár

- Thuairiscigh 95% de dhochtúirí teaghlaigh gur chuir an tionscnamh feabhas ar chúram othar
 - Tháinig laghdú 96% ar atreoruithe chuig rannóga éigeandála (ED) / aonaid ghéarchúraim
 - Tháinig laghdú 34% ar atreoruithe chuig clinicí othar seachtrach / dochtúirí comhairleacha
- Leanadh le feidhmiú Chomhaontú DT (GP) 2019, le cur i bhfeidhm an chlár struchtúrtha um Bainistiú Galar Ainsealach (CDM) agus galarchosc do gach duine a bhfuil cárta leighis / cárta cuairte DT acu. Rinneadh breis agus 450,000 athbhreithniú othar faoin tseirbhís um Bainistiú Galar Ainsealach (CDM) i 2022 agus críochnaíodh breis agus 800,000 athbhreithniú othar ó cuireadh tús leis an gclár i 2020.

Ionchuimsiú Sóisialta

- Bhuaigh Mo Shláinte, Mo Theanga, a chuireann eolas maidir le cúram sláinte ar fáil ar shuíomh Gréasáin FnaSS i 15 teanga, chomh maith le Gaeilge agus Béarla, Duais Chúram Sláinte na hÉireann do Thionscnamh Comhionannais na Bliana i 2022.
- Chuir an Clár Náisiúnta um Tithíocht ar dTús, a dhirigh ar dhaoine gan dídean a bhfuil riachtanais thacaíochta chasta acu, tacaíocht ildisciplíneach agus thrasghníomhaireachta ar fáil do 240 duine i rith 2022. Bhuaigh an clár Duais Sheirbhísí Sóisialta do Chleachtas Comhoibriúch
- Seoladh an *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte an Lucht Siúil (NTHAP) 2022-2027* i mí na Samhna chun bonn láidir a sholáthar le dul i ngleic le míchothromaíocht sláinte i measc an Lucht Siúil.
- De bharr éilimh a bheith ar a leithéid, bunaíodh scéim phíolótach um dhínit le linn míostraithe do mhná de chuid an Lucht Siúil agus de chuid an phobail Romach, in Eagraíocht Chúraim Sláinte Pobail an Oirdheiscirt ag tús 2022. Ghlac 1,300 bean in aghaidh na ráithe páirt sa scéim

agus anois táthar ag cur an chláir i bhfeidhm in Eagraíochtaí Cúraim Sláinte eile.

- Seoladh feachtas nua, dírithe ar dhaoine a fhreastalaíonn ar fhéilte ceoil in Éirinn, ina dtugtar eolas agus comhairle phraiticiúil ar conas na rioscaí a bhaineann le húsáid drugaí ag siamsaíocht oíche a laghdú. I rith an chéad fheachtais píolótach monatóireachta drugaí ag an bhFéile Electric Picnic, cuireadh 46 sampla isteach agus rinneadh anailís orthu agus eisíodh trí fholáireamh maidir le riosca dóibh siúd a bhí i láthair.
- I mí an Mheithimh, seoladh tuarascáil *Nalocsóin á chur ar fáil ag Soláthraithe Seirbhíse Andúile agus Soláthraithe Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean in Éirinn: 2018-2020* agus tugtar cuntas ar an tionchar dearfach a bhí ag soláthar nalocsóin i 569 cás le linn na tréimhse sin agus sábháladh 22 duine ar a laghad dá bharr seo.
- Tugadh tacaíocht do 12,000 tairbhí um chosaint shealadach in Éirinn agus do 500 larratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta chun Ceistneoirí Stádas Sláinte a chomhlánú. D'fhreagair foirne áitiúla ESP (CHO) 800 cás agus ceist a bhain le sláinte agus bhióthas ag obair go dlúth leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) agus cuireadh clár oiliúna foirne i bhfeidhm.

Seirbhísí do Dhaoine Aosta

- Fuair beagnach 75,000 duine aosta nach mór 21 milliún uair tacaíochta baile i rith na bliana, agus chuir seirbhísí FnaSS suas le 40% de na huaireanta tacaíochta sin ar fáil go díreach iad féin. B'ionann sin agus 320,000 uair breise tacaíochta baile i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Osclaíodh 82 leaba um chúram idirmheánach pobail sa bhreis i 2022, agus de thoradh air sin, bhí 365 leaba um chúram idirmheánach pobail ar fáil, rud a thacaíonn lenár straitéis chun cuidiú le daoine aosta tréimhsí fada san ospidéal a sheachaint más féidir agus nuair is cuí.

- Cuireadh tús le hobair ar an tsamhail chúraim i gcomhair seirbhísí cónaithe do dhaoine aosta, agus leanfar leis an obair seo i 2023.
- Athosclaíodh 85% de na seirbhísí cúraim lae do dhaoine aosta tar éis a bheith dúnta de bharr srianta COVID-19. Tá obair ag leanúint ar aghaidh chun seirbhísí cúraim lae cuí a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh atá ag méadú an t-am ar fad.
- Leanadh den obair, i rith na bliana i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí soláthraithe comhpháirtíochta chun tacú le daoine a bhfuil néaltrú orthu, agus chuir comhpháirtithe suas le 60,000 uair an chloig de sheirbhísí cúraim lae sa bhaile ar fáil.

Osclaíodh

82 leaba um chúram idirmheánach pobail sa bhreis i 2022, agus mar sin tá

365 leaba um chúram idirmheánach pobail ar fáil anois

Ag cur le cúram néaltraithe

Sheol Ospidéal Ollscoile Portiuncula 'Seo Mise – This is Me' chun cúram néaltraithe den scoth a chur ar fáil le tacaíocht ón Oifig Náisiúnta Néaltraithe. Is tionscnamh feabhsaithe cáilíochta é 'This is Me' atá saincheaptha chun othair agus teaghlaigh a chumasú i dtaobh cinntí agus roghanna éifeachtacha a dhéanamh maidir lena gcúram sa todhchaí. Dúirt Siobhan Coen, Teiripeoir Saothair go bhfuil sé mar aidhm ag an tionscnamh "... timpeallacht níos spreagúla ó thaobh cogaíochta de a chur ar fáil do na hothair a bhfuil néaltrú orthu".



Siobhan Coen, Teiripeoir Saothair agus othar Edward Egan



21 foireann speisialtóirí pobail (CSTs) do dhaoine aosta agus 21 CST do bhainistiú galar ainsealach ag feidhmiú



3.4m uair tacaíochta baile agus 1.7m uair ó chúntóir pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas



10,957 atreoruithe leanaí / ógánaigh feicthe ag seirbhísí meabhairshláinte leanaí agus ógánach (CAMHS)

Tacaíonn tionscnaimh um Bardaí Fíorúla le hothair

Tairgeadh ardán barda fíorúil pobail i nDún na nGall chun tacú le daoine ar a bhfuil Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD) mar mhodh malartach chun cúram COPD a fháil seachas teacht isteach mar othar cónaitheach. Roghnaíodh deichniúr othar agus scaoileadh isteach sa bharda fíorúil iad chun cianmhonatóireacht a dhéanamh agus barr feabhais a chur ar an bplean cúraim reatha. De bharr na monatóireachta ar an ráta riospráide, tugadh faoi deara ní ba luaithe má bhí comharthaí an othair ag dul in olcas agus fuair na hothair cóireáil ní ba luaithe. Thug Mandy Doyle, Ceannasaí um Cúram Phríomhúil, Cúram Sláinte Pobail an Chabháin, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach faoi deara gur léirigh an clár conas “... is féidir le feabhsuithe ar an teicneolaíocht agus nuálaíochtaí tionchar dearfach a bheith acu ar eispéiris an othair maidir le cúram sláinte”.



Baill den Fhoireann um Bainistiú Galar Ainsealach ag seoladh ardán an bharda fíorúil



Rochtain níos fearr ar Sheirbhísí Meabhairshláinte, Luath-idirghabhálacha, san áireamh

- Leanadh ar aghaidh ag feabhsú agus ag cur le soláthar seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine aonair agus don daonra. Cuireadh leis na seirbhísí chun fadhbanna meabhairshláinte a chosc, seirbhísí luath-idirghabhálacha chomh maith le seirbhísí géarchúraim agus seirbhísí speisialtóireachta meabhairshláinte. Bhí na forbairtí seo ag teacht leis an straitéis atá mar bhonn taca ag *Roinnt na Físe – Beartas Meabhairshláinte do Chách 2020*
- Osclaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann, Co. Bhaile Átha Cliath go hoifigiúil i mí na Samhna. Cuirfidh an tsaoir nua seo cúram ar fáil ar dtús do 130 úsáideoir seirbhíse agus tá acmhainneacht ann chun cúram a chur ar fáil do 170 úsáideoir seirbhíse ar an gcampas nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán, chomh maith le seirbhísí in-rochtana pobail agus príosúin. Tá Seirbhís Meabhairshláinte Fhóiréinsí Leanaí agus Ógánach agus Aonad Athshlánaithe Dianchúraim lonnaithe ar an láthair freisin.

- Tá obair ar siúl, ar bhonn práinne, chun Seirbhísí Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach (CAMHS) a fheabhsú. I mí Eanáir, foilsíodh an Tuarascáil um Athbheithniú ar Sheirbhísí Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach i Limistéar A (Tuarascáil Maskey) agus rinneadh 35 moladh sa tuarascáil. Bunaíodh Grúpa Maoirseachta Maskey chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár oibre chun feabhsuithe a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh dréacht de na gnáthaimh caighdeánacha oibriúcháin, i rith na bliana, agus chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach maidir leis na samhlacha cúraim do mhoil CAMHS agus lárionaid réitigh géarchéime, atá le bheith críochnaithe go luath i 2023. Thosaigh mol amháin agus trí ionad um réitigh géarchéime de chuid Camhs ag feidhmiú ar bhonn piolótach i 2022.
- Cuireadh tionscnaimh liostaí feithimh i bhfeidhm i 2022 agus dá mbarr seo baineadh 722 leanbh agus ógánach breise de liostaí feithimh CAMHS, le fócas ar leith ar leanaí agus daoine óga a bhí ag feitheamh níos mó ná 12 mí.

Seirbhísí Speisialtóireachta Míchumais sa Phobal

- Leanadh den chomhoibriú le comhpháirtithe agus le gníomhaireachtaí Rialtais chun an *Plean Gníomhaíochta um Míchumas 2022-2025* a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag cur leis na forbairtí a aithníodh san *Athbheithniú ar Acmhainn Mhíchumais go dtí 2032* agus i dTuarascáil Uathachais 2018. I rith na bliana rinneadh na nithe seo a leanas a chur ar fáil chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, ina measc, tacaíocht bhreise chun deis a thabhairt dóibh siúd atá ina gcónaí in ionaid chomhchónaithe nó i dtithe altranais faoi láthair aistriú chuig tithe níos oiriúnaí (faoi bhun 65 bliain d'aois):
 - 146 áit chónaithe bhreise
 - 120,000 uair an chloig de chúnamh pearsanta breise (PA).
 - 30,000 uair bhreise um thacaíocht baile
 - 1,400 áit seirbhíse lae breise
 - 38,316 faoisimh oíche bhreise
 - 33 pacáiste dianthacaíochta faoisimh do leanaí agus daoine fásta óga

3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach i 2022



Bhí

78%

de dhaoine fásta ag feitheamh níos lú ná 12 mhí le gnáthamh roghnach othar cónaitheach agus

87%

ag feitheamh le gnáthamh cásanna lae

- 18 pacáiste dianthacaíochta nua
- 19 pacáiste nua um mhaireachtáil le tacaithe
- Bunaíodh Foireann Cobhsaíochta agus Inbhuanaitheachta nua chun díriú ar dhúshláin airgeadais agus rialachais an fhad agus atá tograí á bhforbairt le haghaidh samhail seirbhísí míchumais níos inbhuanaithe a chur ar fáil. I dtús báire, oibreofar le soláthraithe móra de chuid Alt 38 agus Alt 39.
- Leanadh ag neartú 91 Foireann Líonra Míchumais Leanaí a thairgeann cúram ildisciplíneach, leanbh-lárnach agus a bhíonn dírithe ar an teaghlach, agus rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt córas bainistíochta cásanna comhtháite. Rinneadh dul chun cinn freisin ar chóras comhtháite rianaithe um mheasúnú riachtanas (AoN) nua do leanaí agus do dhaoine fásta, lena chinntiú go bhfuil measúnaithe riachtanas (AoN) ag teacht le ceanglais FnaSS faoin *Acht um Míchumas 2005* agus Rialacháin IR 263/2007.
- Tar éis breithiúnas Ard-Chúirte i mí an Mhárta, d'fhorbair an Clár Cliniciúil Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas dréacht-threoir cliniciúil athbhreithnithe do mheasúnóirí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas AoN. Leanadh den rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, le comhghleacaithe ceardchumainn agus dlí chun an cur chuige athbhreithnithe a chur i gcrích.
- Cé go raibh dúshláin le sárú i rith 2022, go príomha de bharr COVID-19 / fliú / borradh ar ghalair riospráide agus brúnna eile ar ár rannoga éigeandála, rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana, mar a léirítear nuair a dhéantar comparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin:
 - Othar seachtrach: tháinig laghdú 59,028 (38%) ar an líon daoine a bhí ag feitheamh níos mó ná 18 mí, ó 153,372 go 94,344
 - Othair cónaitheacha / cásanna lae: tháinig laghdú 3,813 (23%) ar an líon othar a bhí ag feitheamh níos mó ná 12 mí, ó 16,898 go 13,085
 - Ionscópacht ghastraistéigeach (GI): Tháinig laghdú 3,504 (87%) ar an líon othar a bhí ag feitheamh níos mó ná 12 mí, ó 4,049 go 545
- Baineadh sprioc thábhachtach amach maidir le córas náisiúnta tráma a fhorbairt d'Éirinn mar cuireadh tús le mórshheirbhísí tráma in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae dá limistéar féin. Tá sé beartaithe tús a chur le mórshheirbhísí tráma in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH) go luath i 2023. Seo an chéad chéim i bhforbairt Córas Tráma chun an leibhéal is airde cúraim speisialtóra tráma a chur ar fáil d'othair le gortuithe tromchúiseacha.
- Cuireadh 157 leaba géarchúraim bhuana de na leapacha géarchúraim atá beartaithe ar fáil i 2022, agus mar sin tá 970 leaba ar fáil anois, agus cuirfear 209 breise ar fáil i 2023.
- Tá 323 leaba cúraim chriticiúil ar fad ar fáil, méadú 25% ó 2020 agus 28 eile le cur ar fáil i 2023.
- Cuireadh tús i mí Mheán Fómhair 2022 le conradh nua chun 66% níos mó áiteanna oiliúna a sholáthar in aghaidh na bliana ar chúrsa na Fondúireachta Náisiúnta Oideachais d'altranas cúraim chriticiúil. Tá foirne cúraim chriticiúil i bhfeidhm anois i 14 suíomh. Tairgeann na foirne seo scileanna dianchúraim d'othair a bhfuil tinneas criticiúil orthu nó a bhfuil baol ann go bhfaighdís tinneas criticiúil agus atá ag fáil cúram leighis in aonaid lasmuigh den aonad dianchúraim.

Ag cur Géarchúram Sábháilte ar fáil in am

Seirbhísí Géarmhíochaine Ospidéil

- Foilsíodh *Plean Gníomhaíochta um Liostaí Feithimh 2022* i mí Feabhra mar an chéad bhliain de chlár athchóirithe ilbhliantúil chun liostaí feithimh agus tréimhsí feithimh do chúram roghnach in Éirinn a chobhsú agus a laghdú. Dhírigh an plean ar laghdúithe a dhéanamh láithreach bonn ar liostaí feithimh ospidéil ghéarmhíochaine trí ghníomhaíocht a mhéadú, agus ag an am céanna agus cuireadh leis an obair a rinneadh i 2021 chun na bunsraitheanna a leagan i gcomhair athchóirithe níos fadtéarmaí.



D'fhreastail

75%

othar nua ar chlinicí
mear-rochtana cíche,
scamhóg agus
próstatach laistigh
den amscála atá molta



D'fhreastail

3.4m

duine ar rannóga
othar seachtrach
in ospidéal



Cuireadh

157

leaba géarchúraim
bhreise ar fáil



3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach i 2022



Scaoileadh amach
nó cuireadh san
ospidéal

57%

de na hothair
a d'fhreastail ar
RÉ laistigh de shé
huaire an chloig ón
am ar chláraigh siad

- Cuireadh Pleananna Geimhridh comhtháite agus saincheaptha chun cinn, ina measc, freagairt náisiúnta FnaSS maidir leis an éileamh ar chúram neamhsceidealaithe i R4 de 2023, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.
- Bunaíodh an Córas Náisiúnta um Bainistiú Leigheasra in Ospidéal, agus tá sé beartaithe é a chur i bhfeidhm den chéad uair in ospidéal géarmhíochaine sa dara ráithe de 2023.
- Chríochnaigh an Fhoireann Tacaíochta Náisiúnta um Sholáthar Cógaisíochta 14 tairiscint iomaíoch leigheasra ospidéal i 2022, rud a chuir feabhas ar éifeachtúlacht maidir le costais leigheasra in ospidéal chomh maith le feabhas a chur ar sheasmhacht an tslabhra soláthair
- Bhí Sláinte Leanaí Éireann (CHI) ag Ionad Cúraim Sheachtraigh agus Phéidiatraicigh in Ospidéal Uí Chonghaile oscailte 12 uair an chloig, seacht lá na seachtaine. I rith na bliana d'fhreastail breis agus 24,000 leanbh ar an ionad cúraim phráinneach agus freastalaíodh ar bhreis agus 10,000 othar seachtrach.
- Tá dul chun cinn déanta maidir le feabhas a chur ar sheirbhísí sna trí Aonad Réigiúnacha Péidiatraice in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (CUH), Ospidéal na hOllscoile, Luimneach (UHL) agus Ospidéal na hOllscoile Gaillimh (UHG), agus tá speisialtóirí altranais agus gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta (HSCPs), ag leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfaigheann leanaí cúram gar don bhaile nuair is féidir
- Rinneadh 250 aistriú orgáin i rith na bliana, de bharr fhlaithiúlacht agus chineáltas 86 duine éagtha agus 33 deontóir beo agus a dteaghligh. Sna trí ionad náisiúnta um aistriú orgán, rinneadh 163 aistriú duán (ina measc, 33 aistriú ó dheontóirí beo), 10 n-aistriú croí, 18 aistriú scamhóg, 51 aistriú ae agus 8 n-aistriú paincréas.

An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna

- Freagraíodh beagnach 390,000 glao éigeandála otharchair i 2022
- Rinneadh beagnach 23,000 aistriú idir ospidéal agus bhainistigh an tSeirbhís Cúraim Idirmheánaigh 82% de na glaonna aistrithe othar
- Freastalaíodh ar bhreis is 1,000 glao aer-otharchair agus rinne an tseirbhís aisghabhála cúraim chriticiúil agus an tseirbhís otharcharranna leanaí de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna (NAS) breis is 2,000 aistriú chuig aonaid speisialta
- Cuireadh Pathfinder i bhfeidhm i Luimneach, i dTamhlacht agus i bPort Láirge. Seo seirbhís a ceapadh chun cúram sábháilte a thabhairt do dhaoine aosta, a ghlaonn ar 999 / 112, ina dtithe féin. De thoradh ar an tseirbhís seo bíonn acmhainn níos mó i RÉ chun cúram a thabhairt d'othair eile. Faoi Pathfinder tugtar cúram don chohórt othar seo sa bhaile, á nascadh le réimse leathan seirbhísí ospidéal agus seirbhísí pobail eile. D'fhan thart ar dhá thrian de na hothair a bhain leas as Pathfinder sa bhaile seachas dul chuig RÉ.
- Forbraíodh Uirlis Tríaise Tráma Réamh-Ospidéal, a chuirfidh SNO (NAS) ar fáil. Éascóidh sé seo seachbhealach i gcásanna tráma tromchúiseacha agus cuirfidh sé soláthraithe cúraim réamh-ospidéal ar an airdeall go bhféadfadh sé a bheith riachtanach aistriú tánaisteach a dhéanamh, i gcás nach féidir leas a bhaint as seachbhealach de bharr go mbeadh an aistear rófhada.



Ionntaoibh

3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach i 2022



Bhí

72%

de leanaí ag
feitheamh níos lú ná
12 mí ar ghnáthamh
roghnach othar
cónaitheach agus

85%

ag feitheamh
ar ghnáthamh
cásanna lae

- Tá earcaíocht agus oiliúint pearsanra ar siúl chun tacú le riachtanais acmhainne bonnlíne, an Mol Cliniciúil de chuid SNO (NAS) a neartú, leanúint le breis bealaí cúraim malartacha ar nós Hear and Treat a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann riachtanach sna réimsí iompair do naíonáin nuabheirthe, aisghabháil phéidiatrach agus aisghabháil daoine fásta.

Seirbhísí Ailse

- Seoladh samhail chúraim don tSiocoinceolaíocht i mí na Bealtaine chun tacú le hothair atá buailte leis an ailse agus a dteaghlach, ag gach pointe dá gcúram don ailse. Sonraíonn an tsamhail nua chúraim an dóigh a bhforbrófar na tacaíochtaí seo in Éirinn sna blianta amach romhainn
- I mí na Bealtaine, seoladh *Creat um Chúram agus Tacaíocht d'Ógánaigh agus Daoine Fásta Óga (AYA) le hAilse in Éirinn 2021-2026*. Direoidh an creat ar shainriachtanais agus rioscaí sonracha maidir le hÓgánaigh agus Daoine Fásta Óga a bhfuil ailse orthu agus déanfar líonra cúraim ailse den scoth a chur ar fáil d'Ógánaigh agus Daoine Fásta Óga tríd an Ospidéal Leanaí nua agus trí cinn de na hocht n-ionad ailse atá sainithe do dhaoine fásta ar fud na tíre (Ospidéal San Séamas, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal na hOllscoile, Luimneach)
- Sheol Líonra Oinceolaíochta Radaíochta Ospidéal Naomh Lúcas plean uailmhianach nua cúig bliana a shonraíonn conas a chuirfear trialacha cliniúla agus comhpháirtíochtaí taighde le comhlachtaí ailse náisiúnta ceannródaíocha ar bhonn níos leithne, ina theannta sin, bainfear úsáid as na teicneolaíochtaí is déanaí chun a chinntiú go bhfaighidh othair an cúram ailse den chaighdeán is airde.
- I 2022, ba é an príomhtháscaire feidhmíochta maidir le rochtain thapa ar chlinicií ailse scamhóige ná go bhfuair 90.8% rochtain ar na seirbhísí seo laistigh de 10 lá oibre nuair a cuireadh na hocht n-ionad ailse san áireamh; 95.8% a fuair rochtain ar na seirbhísí laistigh de 15 lá oibre agus 98.3% a fuair rochtain ar na seirbhísí laistigh de 20 lá oibre.
- Tá saoráid nua oinceolaíochta radaíochta in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh ag feidhmiú go hiomlán, leis an trealamh is fearr agus de thoradh air seo cuirtear réimse cóireálacha ar fáil atá ar chomhchéim leo siúd atá ar fáil go hidirnáisiúnta.
- Tá altraí géarchúraim oinceolaíochta anois i ngach ceann de na 26 ospidéal a sholáthraíonn teiripe sistéamach frith-ailse (SACT), lena n-áirítear ceimiteiripe, imdhíon-teiripe agus teiripe spriocdhírthe) ionas nach mbeidh ar othair dul chuig an RÉ, más féidir.



Foireann máinliachta Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne san obrádlann ortaipéideach nua

Obrádlanna ortaipéideacha nua in Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne

Tosaíodh ag úsáid dhá obrádlann ortaipéideach nua ar shuíomh Pháirc Mheirlinne don chéad uair i mí na Mheithimh. Tá dhá obrádlann, dhá sheomra ainéistéise, seomra téarnaimh agus cóiríocht choimhdeach eile anseo agus beidh ar chumas an ospidéil 20 seisiún obrádlainne a láimhseáil in aghaidh na seachtaine i gcomparáid le 10 seisiún roimhe sin, is ionann sin agus thart ar 4,000 gnáthamh in aghaidh na bliana. Dúirt an tUasal Aiden Devitt, Máinlia Ortaipéideach Comhairleach “*Feabhsóidh na hobraí nua go mór na seirbhísí san ospidéal agus na seirbhísí ortaipéideacha san iarthar*”.



An Dr Valerie Broderick; An Dr Pamela Evans, Ceannasaí Cliniciúil; Mairead O'Brien, CNM3; Theresa Kenna (máthair Erin); Erin Kenna; agus Joe Kenna (athair Erin)

Rochtain ar chóir leighis cheannródaíoch d'ailse leanaí

Tá teiripe T-cheall le gabhdóir ciméarach antaiginí (CAR-T) cóireáil ailse cheannródaíoch, ar fáil anois in Éirinn do leanaí a bhfuil leicéime limfeablastach orthu. Roimhe seo, bhí ar thuismitheoirí a gcuid leanaí a thabhairt thar lear chun an chóir leighis seo a fháil. Is fuilchealla de chuid an chórais imdhíonachta iad cealla T a chosnaíonn an corp i gcoinne 'ionróirí eachtracha', ailse, san áireamh. Baineann Teiripe T-cheall le gabhdóir ciméarach antaiginí (CAR-T), leas as cealla T an choirp féin agus atreoraítear iad chun díriú ar ailse agus í a scrios ar bhealach níos éifeachtaí. Mhínigh Theresa Kenna, máthair Erin (3) a bhí ag fáil teiripe CAR-T i Londain go dtí seo, *"Déanfaidh sé difríocht mhór do theaghlach go mbeidh sé seo ar fáil in Éirinn anois"*.

- I mí an Mheithimh, foilsíodh Samhail um Chúram Teiripe Sistéamach Frith-ailse (SACT) atá comhdheartha ag an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Soláthraíonn an tsamhail chúraim seo treochlár maidir le forbairt na seirbhísí SACT ar fud na hÉireann agus beidh sé mar theimpléad do SACT den chaighdeán is airde, le bheith ar fáil do mhuintir na hÉireann sna blianta amach romhainn. Ina theannta sin, seoladh an Clár Náisiúnta Inniúlachta SACT d'Altraí a Oibríonn sa réimse Cúraim Ailse
- Cuireadh beartas an Chórais Náisiúnta Faisnéise ar Ailse (NCIS) i bhfeidhm i gceithre ospidéal (Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí, Ospidéal Réigiúnach Lár -Tíre, an Tulach Mhór, Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn agus Ospidéal na Leanaí (CHI) i gCromghlinn), agus anois tá Córas Náisiúnta Faisnéise ar Ailse (NCIS) i naoi nOspidéal le seirbhísí SACT. Cinntíonn sé seo taifead cúraim

atá othar-lárnaithe, fadaimseartha agus inrochtana, ionas gur féidir oidis leictreonacha SACT atá sábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil, chomh maith le fodháileadh agus ullmhú cógaslainne, riarachán agus clárú agus plé i gcrúinnithe foirne ildisciplíneacha.

- Bunaíodh Coiste Comhairleach Náisiúnta Othar le hAilse chun ionchur othar a éascú maidir le maoirseacht ar fheidhmiú na *Straitéise Náisiúnta Ailse 2017-2026*, agus chun ionchur a bheith acu i bhforbairt clár d'othair a bhfuil ailse orthu.

Réimsí Tras-Seirbhísí

Cliniciúil, Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar

- Feabhsaíodh an chóireáil le haghaidh COVID-19 trí leigheasra nua a chur i bhfeidhm mar chuid d'fheidhmiú teiripic COVID-19, bunaíodh seirbhísí COVID fadmharthanach i ngach Grúpa Ospidéal

- Forbraíodh treoirilínte cliniciúla agus rinneadh próisis maidir le conair chliniciúla a chuíchóiriú chun straitéisí a chumasú agus tacú leo chun seirbhísí sláinte a chur ar fáil ar bhealach sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil do dhaoine atá easáitithe de bharr na géarchéime san Úcráin. Seoladh tairseach tiomnaithe HSeLanD chun tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na n-oibríthe cúraim sláinte as an Úcráin
- Tugadh breis cuidithe chun an tsamhail chomhtháite cúraim um ghalair ainsealacha a chur i bhfeidhm trí acmhainní oideachais a sholáthar d'fhoirne cúraim chomhtháite i 30 mol pobail agus eisíodh bileoga faisnéise othar maidir le hathshlánú scamhógach agus ullmhaíodh bileoga DT (GP) a i gcomhar le Tacaíocht um Ghalar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD Support Ireland).



Foghlaim

Ullmhaíodh nó
nuashonraíodh
samhlacha cúraim
chun an dóigh ar
chóir seirbhísí sláinte
a chur ar fáil a léiriú



- Cuireadh príomhthionscnaimh chun cinn chun feabhas a chur ar cháilíocht agus taithí an chúraim do dhaoine aosta, mar shampa, chomhoibriú an Clár Cliniciúil Náisiúnta do Dhaoine Aosta (NCPOP) agus Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aósú (TILDA) chun clár náisiúnta oideachais maidir le leochaileacht ar líne a dhearadh agus a sheoladh agus bhí comhoibriú idir an Clár Cliniciúil Náisiúnta do Dhaoine Aosta (NCPOP), Éire Shláintiúil Aoisbháúil (Healthy Age Friendly Ireland) agus Sláinte agus Folláine FnaSS le treoirthionscadail a éascú chun tacú le hoideasú sóisialta i gcomhar le foirne speisialtóirí pobail do dhaoine aosta.
- Bunaíodh seirbhís Altraí um Mheasúnú Géarchéim Féinmharaíthe chun tacú le Dochtúirí Teaghlaigh i gceithre shuíomh ar fud na tíre
- Seoladh an *Straitéis Náisiúnta um Luathú Leighis Ghéiniteach agus Ghéanómaíoch in Éirinn* i mí na Nollag. Tugann an straitéis seo léargas ar an bhforbairt atá beartaithe maidir le seirbhís ghéiniteach agus

ghéanómaíoch níos fearr a chur ar fáil d'othair agus a bheidh teaghlach-lárnach chomh maith agus déanfar an tseirbhís seo a chomhordú ar bhonn náisiúnta. Má chuirtear an tseirbhís seo chun cinn déanfar níos mó galar a chosc, beidh diagnóisic níos fearr ar fáil chomh maith le cóireálacha níos spriocdhírithé, agus torthaí níos fearr d'othair agus do theaghlaigh

- Seoladh an *Straitéis Náisiúnta Stróc 2022-2027* i mí na Samhna agus díriodh go háirithe ar chomhtháthú a dhéanamh maidir le seirbhísí cúraim phríomhúil, ghéarchúraim agus chúraim shóisialta ag teacht le spriocanna *Sláintecare*.
- Forbraíodh nó nuashonraíodh samhlacha cúraim, chun an dóigh ar cheart seirbhísí sláinte a chur ar fáil a léiriú, ina measc, samhail chúraim le haghaidh fiobróis chisteach agus aistriú scamhóg i ndaoine fásta agus samhail chúraim do chliseadh croí. Dearadh seacht gConair Nuachóirithe Cúraim Sceidealaithe, sna réimsí speisialtachta úireolaíochta, ortaipéidice agus oftailmeolaíochta, i 2022 agus cuirfear tús leo i 2023.
- Leanadh den obair chun tacú le forbairt fhórsa oibre cliniciúil inbhuanaithe trí:
 - Dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a bhaineann le hoideachas, forbairt ghairmiúil, cleachtas speisialtóireachta agus ardleibhéal cleachtais, earcú agus coinneáil foirne altranaís agus cnáimhseachais, trí fheidhmiú an *Chreata um Fhoireann Sábháilte Altraí agus Meascán Scileanna i Socruithe Cúraim Leighis Ghinearálta agus Speisialaithe agus Mháinliachta in Ospidéal d'Aosaigh in Éirinn 2018*

- HSCP (Gairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialta) a chur chun cinn – *Creat Treorach Straitéiseach do Ghairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2021-2026*, a chur chun cinn le dul i ngleic le ról ardchleachtais agus le saincheisteanna maidir le socrúcháin chliniciúla d'earcaigh idirnáisiúnta agus do mhic léinn faoi oiliúint
- Glacadh páirt i dtascfhórsa dochtúirí neamhchomhairleacha ospidéal (NCHD), a bhunaigh an tAire Sláinte, chun taithí, oiliúint, folláine agus cothromaíocht oibre-saoil a fheabhsú i measc dochtúirí neamhchomhairleacha ospidéal, ionas go bhfanfaidh na dochtúirí seo in Éirinn anois agus sa todhchaí.
- Leanadh den obair ar fheidhmiú *Plean Gníomhaíochta FnaSS um Rialú Ionfhabhtuithe in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach (AMRIC) 2022-2025* atá ag teacht le *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach 2021-2025 (iINAP2)* chun cosc agus rialú ionfhabhtaithe agus maoirseacht fhrithmhiocróbach a chomhtháthú sna réimsí pobail agus géarchúraim
- Leanadh le feidhmiú Bheartas um Nochtadh Oscailte FnaSS agus bhí ar gach duine páirt a ghlacadh sa chlár oiliúna. Taifeadadh gur críochnaíodh 78,000 clár oiliúna um nochtadh oscailte i 2022.

3.1 Feidhmíocht agus Príomhspríocanna a Baineadh Amach i 2022



Tá gach ceann de na

19

seirbhís

mháithreachais ag soláthar cúram faoi stiúir an chnámhseachais sa chonair chúraim tacaíthe do mhná atá sa chatagóir gnáthriosca

- Rinneadh forbairt as cuimse ar an gcóras teicniúil maidir le Bainistiú Náisiúnta Teagmhais agus rinneadh tuairisciú teagmhais leictreonach a chur i bhfeidhm i gceithre ospidéal eile.
- Cuireadh príomhchlár feabhsaithe cáilíochta chun cinn chun dul i ngleic leis na cúiseanna a bhaineann le díobháil mar atá sonraithe sa *Straitéis um Shábháilteacht Othar FnaSS 2019-2024*, mar shampla, bunaíodh clár nua cliniciúil agus feabhsúcháin chun próisis chúraim a fheabhsú; cuireadh tús le hiniúchtaí náisiúnta nua; baineadh úsáid as cúram sláinte digiteach chun tacú le feabhsuithe maidir le cúiseanna coitianta díobhála; agus foilsíodh an *Beartas agus an Nós Imeachta Náisiúnta athbhreithnithe maidir le Máinliacht Shábháilte 2022*
- I mí na Bealtaine, foilsíodh an chéad *Réamheolaire bliantúil um Chlár Foghlama de chuid FnaSS maidir le cáilíocht agus Sábháilteacht Othar*. Tugadh eolas anseo don fhoireann, d'othair, do chomhpháirtithe agus do mhic léinn maidir leis an iliomad deiseanna foghlama atá ar fáil chun cur lena n-inniúlacht chun sábháilteacht agus cáilíocht chúraim a fheabhsú.
- Forbraíodh córas náisiúnta faireachais cáilíochta agus sábháilteachta othar (QS Signals) agus seoladh an Lárionad Náisiúnta um Inniúchadh Cliniciúil chun cáilíocht agus sábháilteacht maidir le cúram othar a fheabhsú.

Cúram Sláinte do Mhná

- Tá gach ceann de na 19 seirbhís mháithreachais ag soláthar cúraim faoi stiúir an chnámhseachais anois sa chonair chúraim tacaíthe do mhná sa chatagóir gnáthriosca, agus glacann ar a laghad 25% de na mná leis an gcineál seo cúraim; Tá 15 seirbhís mháithreachais ag tairiscint seirbhíse do mhná ionas go mbeadh ar a gcumas dul abhaile go luath tar éis breithe agus tá seomraí An Baile-ón-mBaile i 13 seirbhís mháithreachais, ina dtugtar deis do mhná leanbh a thabhairt ar an saol i seomraí nach bhfuil chomh cliniciúil agus a bhíodh.
- Tá cleachtóirí cnámhseachais sinsearach agus comhairleoirí a thugann comhairle maidir le luchtadh ar fáil i ngach ceann de na 19 seirbhís mháithreachais
- Táthar ag leanúint ag forbairt tionscnaimh nua cáilíochta agus sábháilteachta do sheirbhísí máithreachais, ina measc, treoirínte cliniciúla chun rioscaí cliniciúla a mhaolú, chomh maith le Céim 2 den Fhoireann Tacaíochta um Theagmhais Chnámhseach.
- Ullmhaíodh dréachtchreat chun Seirbhís Náisiúnta um Ghéinitic Imbheirthe a bhunú a dhéanfaidh ar mheasúnú, diagnóis, bainistiú agus cóireáil aimhrialachtaí roimh bhreith.
- Forbraíodh Samhlacha Cúraim don Títimeas le linn Toirchis agus d'Atáirgeadh Daonna Cuidithe agus tá siad seo á gcur i bhfeidhm
- Tá 12 chlinic gíniceolaíochta - um chúram shiúláigh 'féicthe agus cóireáil faighte' i bhfeidhm faoi láthair, agus osclaíodh cúig cinn díobh i 2022. Tá ocht gcinn eile á bhforbairt. Bíonn tionchar díreach ag na clinicí ar liostaí feithimh gíniceolaíochta ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, de réir mar a shainnithnítear, agus mar a dhéantar triáiseáil agus a threoraítear mná i gcomhair cóireála i suíomh siúlach. Dá bharr seo agus tionscnaimh eile, tháinig laghdú 6.5% ar liostaí feithimh, lena n-áirítear laghdú 60% ar líon iomlán na n-othar a bhí ag feitheamh níos faide ná 12 mhí, in ainneoin méadú 59% ar atreoruithe idir 2020 agus 2022.
- Cuireadh clinicí speisialaithe i gcomhair cúram um shos míostraithe chun cinn ar fud na tíre chun seirbhísí a chur ar fáil don 25% de mhná a dteastaíonn cúram leighis speisialtóra uathu maidir le sos míostraithe. Tá ceithre chlinic oscailte go dtí seo agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar dhá cheann eile

Mol réigiúnach um Shláinte na mBan in Ospidéal an Aonaigh

Feabhsóidh mol réigiúnach do shláinte na mban, atá á bhunú in Ospidéal an Aonaigh, rochtain ar dhiagnóisic agus laghdóidh sé tréimsí feithimh maidir le cúram speisialtóra do mhná i gCeantar an Mheán-Iarthair. Le tacaíocht ón Thascfhórsa um Shláinte na mBan agus ó Chlár Náisiúnta Sláinte na mBan agus na Naíonán de chuid FnaSS, tá aonad gíniceolaíochta siúlach, clinic sos míostraithe agus seirbhís torthúlachta ar fáil anseo. Dúirt an Dr Naro Imcha, Ceannaire Cliniciúil um Chnámhseachas agus Gíniceolaíocht, Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh, “Éascóidh an mol réigiúnach seo an bealach isteach d’othair ban chun cúram den chineál seo a fháil”.



An Dr Naro Imcha, Ceannasaí Cliniciúil um Obstatraic agus Gíniceolaíochta, Grúpa Ospidéal Ollscoil Luimnigh, agus an Dr Cathy Casey, Obstatraí / Gíniceolaí Comhairleach ag Ospidéal an Aonaigh

- Leanadh le cur i bhfeidhm na seirbhísí speisialaithe inmheatróise, ina measc, forbairt an Chreat Náisiúnta Inmheatróise nua, dhá ionad for-réigiúnacha, agus cúig mhol ildisciplíneacha inmheatróise
- I measc na dtionscnamh straitéiseach nuálach eile a cuireadh chun cinn i rith na bliana, bhí siad seo a leanas: bunaíodh dhá ionad chun freastal ar mhná a raibh fadhb acu le mogaill faighne, agus rinneadh obair chun *Plean Gníomhaíochta Sláinte na mBan 2022-2023* de chuid na Roinne Sláinte (RS) a chur chun cinn, mar shampla cuireadh frithghiniúint saor in aisce ar fáil do mhná idir 17-25 bliain d’aois.

Cúram Maolaitheach agus Deireadh Saoil

- I rith na bliana, cuireadh cúram maolaitheach agus cúram deireadh saoil ar fáil gach mí do:
 - 3,500 duine ina dtithe féin
 - 1,000 othar in ospidéal ghéarchúraim
 - 520 duine in aonaid chúraim mhaolaithigh d’othair chónaithe (ospisí)

- Ina theannta sin, gach mí chuireamar cúram ar fáil do leanaí a bhfuil tinnis orthu a chiorraíonn a saol, mar seo a leanas:
 - Cuireadh tacaíocht ar fáil do 320 leambh sa bhaile gach mí
 - Fuair 60 leambh cúram maolaitheach speisialaithe i Sláinte Leanaí Éireann in Ospidéal Chromghlinne agus Ospidéal Shráid an Teampaill
 - Cuireadh 35 leambh isteach in Ospis Leanaí LauraLynn gach mí
- Ag teacht le moltaí maidir le fórsa saothair, *Rialachas cliniciúil agus socruithe oibriúcháin chun tacú le samhail chúraim sa phobal do leanaí a bhfuil tinnis orthu a chiorraíonn a saol agus atá i ngar do dheireadh a saoil*, cheap an fhoireann cúraim speisialtóra um chúram maolaitheach dochtúir comhairleach breise um chúram maolaitheach do leanaí chomh maith le haltraspeisialtóir cliniciúil breise i Sláinte Leanaí Éireann in Ospidéal Chromghlinne. Earcaíodh freisin ceathrar comhordaitheoirí altra cliniciúil nua do leanaí a bhfuil tinnis orthu a chiorraíonn a saol i Maigh Eo, i Sligeach, i Luimneach agus i nDroichead Átha.

- I rith na bliana, osclaíodh Aonad Tacaíochta um Chúram Maolaitheach in Ospidéal Ollscoile Ros Comáin ar bhonn céimnithe, agus, beidh ocht leaba tacaíochta cúraim mhaolaithigh nua ann nuair a bheidh sé oscailte go hiomlán. Tá seirbhís cúraim lae agus cóiríocht don fhoireann speisialaithe um chúram maolaitheach san aonad seo freisin
- Seoladh Caru, Clár Tithe Altranais do chúram maolaitheach, cúram deireadh saoil agus méala chun a chinntiú go mbeidh ar chumas suíomhanna cúraim chónaithe cúram deireadh saoil ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud na tíre. Tá an clár seo á sholáthar ag FnaSS i gcomhar le Foras Ospise na hÉireann agus an Institiúid um Chúram Ospise agus Maolaitheach uile-Éireann, agus tá na tithe altranais rannpháirteach ann chomh maith.

3.2 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú

Chun cúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil, bítear ag brath ar phríomhchumasóirí chun cúram cuí a chur ar fáil. I dteannta sheirbhísí na líne thosaigh, bítear ag brath ar na seirbhísí tacaíochta riachtanacha chun a chinntiú go mbíonn seirbhísí cúram sláinte in ann feidhmiú go héifeachtach.



Rinneadh aisíocaíochtaí le

7,000

conraitheoir as seirbhísí sláinte a chur ar fáil don phobal

Seirbhís Aisíocaíochta um Chúram Príomhúil

- isíocaíochtaí do thuairim is 7,000 conraitheoir as seirbhísí sláinte a chur ar fáil don phobal
- Leathnaíodh na próisis iarratais ar líne dóibh siúd ar mhian leo iarratas a dhéanamh nó a n-incháilitheacht a athnuachan faoi scéim na Seirbhíse Ginearálta Leighis (GMS), an scéim Breoiteachta Fadtéarmaí (LTI) nó an Scéim Íocaíochta Drugaí.
- Glacadh le príomhghnéithe a foghlaimíodh de bharr an athbhreithnithe náisiúnta maidir le cibirionsaí 2021 ar FnaSS agus leanadh ag cur le slándáil chórais Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sa tSeirbhís Aisíocaíochta um Chúram Príomhúil.
- Cuireadh tús le hullmhúcháin ar bhearta tosaíochta Chlár an Rialtais maidir le rochtain a leathnú amach ionas go mbeadh cúram DT (GP) saor in aisce ar fail do leanaí sé agus seacht mbliana d'aois. Mar chuid de thionscnaimh sláinte na mban, seoladh an scéim fhrithghiniúna saor in aisce do mhná idir 17 agus 25 bliain d'aois i mí Mheán Fómhair
- Rinneadh measúnuithe ar iarratais do dhruaí nua agus úsáidí nua maidir le drugaí atá ann cheana mar aon le haisíocaíochtaí, de réir nósanna imeachta comhaontaithe
- Rinneadh baisitiú i leith an laghdú ar an tairseach i gcás na Scéime Íocaíochta Drugaí (DPS) go €80 in aghaidh na míosa
- Rinneadh bainistiú ar leathnú na scéime chuig tairbhíthe cosanta sealadaí (cónaitheoirí sealadacha as an Úcráin) ó Mháirta ar aghaidh de réir bheartas an Rialtais.

Bainistíocht Éigeandála

- Tacaíodh leis na Foirne Bainistíochta Géarchéime ar bhonn Náisiúnta agus Limistéir agus iad ag dul i ngleic le brú in ospidéal sa gheimhreadh agus le linn drochaimsire.
- Ullmhaíodh seicliosta agus treoir nua maidir le briseadh cumhachta chun tacú le planáil agus ullmhacht ar fud gach réimse de chuid FnaSS
- Leanadh den rannpháirtíocht le príomhghníomhaireachtaí freagartha agus le ranna rialtais chun dualgais FnaSS a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa *Chreat um Bainistíocht Móréigeandálaí, 2006* agus *Bainistíocht Straitéiseach Éigeandála: Struchtúr agus Creat Náisiúnta, 2017*, chomh maith le dualgais reachtúla maidir le *Rialacháin faoin Acht Ceimiceán (Rialú um Ghuaiseacha Mórthionóiscí lena mbaineann Substaintí Dáinséaracha) 2015*, lena n-áirítear ag aerfoirt, calafoirt, agus ag imeachtaí ag a mbíonn sluaite bailithe



Freagairt

3.2 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú

Diríodh ar shlándáil agus sheasmhacht an bhonneagair rithábachtach náisiúnta a fheabhsú trí theicneolaíocht agus gléasanna a athnuachan chun dul i ngleic le laigí cibearshlándála a maidir le bonneagar a bhaineann leis an seanchóras



Chríochnaigh an fhoireann

1.4 milliún

clár ríomhFhoghlama i rith na bliana

- Críochnaíodh an tAthbheithniú 'Mar Atá' ar Sheasmhacht Oibriúcháin agus Chliniciúil (OCR) agus Treochlár don Todhchaí, agus seo an chéad chéim d'fheidhmiú na moltaí i ndáil le Seasmhacht Oibriúcháin agus Chliniciúil (OCR) atá san *Cibirionsaí Conti ar FnaSS – Athbheithniú Neamhspleách lar-Theagmhais*.

Teicneolaíocht ríomhShláinte agus Teicneolaíocht Bhunathraitheach

- Diríodh ar shlándáil agus ar sheasmhacht an bhonneagair rithábachtach náisiúnta a fheabhsú trí theicneolaíocht agus gairis a athnuachan chun dul i ngleic le laigí cibearshlándála a bhaineann le bonneagar a a bhaineann leis an seanchóras. Cuireadh tús le clár oideachais agus cumarsáide cibearshlándála ar fud na heagraíochta chun feasacht a mhéadú agus rioscaí a laghdú maidir le cibearshlándáil, agus cothaíonn sé seo cultúr comhlíontachta maidir le slándáil.
- De bharr COVID-19 agus cur isteach an chibirionsaithe, cuireadh tús in athuair le clár Bainistíochta Aitheantais Foirne ionas go mbeidh gach úsáideoir de chuid FnaSS ag baint úsáide as malartán náisiúnta amháin ríomhphoist ar HealthIRL. Tá 19,578 úsáideoir nó 95% den sprioc a bhí againn ag deireadh na bliana ag baint úsáide as HealthIRL anois
- Leanadh le feidhmiú céimneach Office 365. Tá breis agus 16,000 úsáideoir ar Exchange Online anois
- Cuireadh tús le comhtháthú Aitheantóirí Sláinte Aonair (IHI) le iPMS (Córas Comhtháite um Bainistiú Othar), rud a chuir go mór le sábháilteacht othar agus éifeachtúlacht. Cuireadh IHI san áireamh chomh maith i dtír cinn de na ceithre chóras DT (GP) do gach othar poiblí
- Chuir Sláinte Leanaí Éireann (CHI) tús le feidhmiú chóras na dTaifead Sláinte Leictreonach chun cúram comhtháite a chur i bhfeidhm, de réir mar atá beartaithe againn
- Críochnaíodh an cás gnó don Chóras Bainistíochta um Chásanna Comhtháite Pobail chomh maith leis an gcás gnó don Taifead Cúraim Chomhroinnte, an tionscnamh straitéiseach chun taifead othar comhroinnte a fhorbairt i gcomhair athbheithniú cliniciúil chomh maith le tairseach othar. Tá an obair seo tábhachtach chun bonneagar a chruthú i gcomhair Taifead Cúraim Achomair digiteach a chumasú
- Cuireadh an tArdán Léirshamlaithe um Fheidhmiú Sláinte - seo cur chuige bogearraí aonair maidir le faisnéis feidhmíochta seirbhíse a sholáthar ar fud na gcóras sláinte agus sóisialta - i bhfeidhm in 18 ospidéal
- Críochnaíodh an conradh soláthróra nua don Chóras Comhtháite Bainistithe Airgeadais (IFMS) agus cuireadh tús freisin leis na céimeanna tógála agus tástála.
- Cuireadh feidhmiú an Chláir Chomhtháite Taifead agus Pá Foirne Náisiúnta (NiSRP) chun cinn ar fud FnaSS agus tá sé á chur i bhfeidhm i réigiún an Deiscirt.

Airgeadas Náisiúnta

- Rinneadh breis forbartha i dtaca leis an gCóras Comhtháite Bainistithe Airgeadais (IFMS) ón gcéim deartha go dtí an chéim tógála agus tástála chun tacú le tuairiscí airgeadais, anailís agus réamhaisnéise.
- Leanadh le feidhmiú an Chláir Chomhtháite Taifead agus Pá Foirne Náisiúnta (NiSRP) agus d'éirigh go maith leis sna réigiúin Lár Tíre, Meán-larthair agus Iarthuaiscirt
- Foilsíodh *Plean Soláthair Corparáideach FnaSS 2022-2024* a leagann amach na príomhthosaíochtaí a a ndíreofar orthu sna trí bliana amach romhainn chun gníomhaíochtaí soláthair sa tseirbhís sláinte a fheabhsú.
- Cuireadh Plean trí bliana um Fheidhmithe Maoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí chun cinn
- Athsheoladh na Rialacháin Airgeadais Náisiúnta faoi Phlean Rialaithe Feabhsaithe trí bliana



- Stiúradh an ghné a bhain le sruth oibre airgeadais thograí LSR (RHAs)
- Dearadh na samhlacha oibriúcháin a bheidh in úsáid sa todhchaí, agus rinneadh dul chun cinn maidir leis an tsamhail acmhainní agus an straitéis phárolla do sheirbhísí comhroinnte airgeadais

Acmhainní Daonna Náisiúnta

- Neartaíodh agus comhdhlúthaíodh acmhainní maidir le fórsa saothair agus cuireadh go mór le hearcaíocht d'fhoirne seirbhísí sláinte trí acmhainn earcaíochta áitiúil agus lárnach a chur le chéile chomh maith le feabhaithe digiteacha agus próisis. Chuidigh sé seo lenár bhfórsa oibre a mhéadú, breis is 16,000 coibhéis lánaimseartha (WTEs) ó mhí na Nollag 2019, agus earcaíodh 5,422 díobh sin sa bhliain 2022. Tharla an méadú seo in ainneoin an tionchair a bhí ag na nithe seo a leanas; deireadh a bheith tagtha le Comhaontú Bhóthar Haddington (HRA); asláithreacht leanúnach de bharr COVID-19; athruithe foirne de bharr gur athosclaíodh na teorainneacha idirnáisiúnta in athuair.
- Rinneadh meastóireacht agus athbhreithniú ar earcaíocht i FnaSS, agus an Fheidhmeannacht ag obair go dlúth leis na seirbhísí i ndáil leis seo. Mar thoradh air seo ullmháíodh agus feidhmíodh samhail earcaíochta nua do

FnaSS, rud a chiallaíonn go mbíonn níos mó bainte ag na seirbhísí le cinntí maidir le roghnú agus rialú. De bharr acmhainní breise a bheith curtha ar fáil chomh maith le feabhsuithe digiteacha, tá an tsamhail nua seo tar éis feabhas a chur ar acmhainn agus cumas earcaíochta ar fud na heagraíochta

- Trí chomhoibriú go dlúth leis na seirbhísí agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, tá feabhas suntasach tagtha ar an amlíne maidir le dochtúirí comhairleacha a earcú. Chun cur le hearcaíocht dochtúirí comhairleacha rinneadh Mol Dochtúirí Comhairleacha a fhorbairt a chuireann ionad ilfhreastail amháin ar fáil maidir le ról na nDochtúirí Comhairleacha. Tá a lán faisnéise le fáil ar an mol seo chun earcú dochtúirí comhairleacha ó thíortha ó thar lear a éascú
- Chun cur leis an líon altraí ón tír seo a earcaíodh, tháinig ardú ar an líon altraí idirnáisiúnta a earcaíodh i 2022. Earcaíodh 1,800 altra ar fud na seirbhísí go léir. Forbraíodh agus cuireadh feachtais náisiúnta ar mhórskála i bhfeidhm freisin i gcomhair ghráid (GSCS)HSCP agus díriodh go háirithe ar earcú céimithe
- Chun an fórsa saothair don todhchaí atá ag teastáil le freastal ar bhreis riachtanas cúram sláinte don daonra atá ag dul in aois agus atá ag fás, chuir Acmhainní Daonna Náisiúnta tús le forbairt Straitéis Náisiúnta Acmhainne do na seirbhísí

sláinte i mí an Mheithimh 2022. Tá an straitéis seo, atá bunaithe ar ghníomhú, á cur chun cinn ag na seirbhísí agus do na seirbhísí agus tá sé daingnithe i rialachas láidir ilpháirtithe leasmhara

- Reáchtáladh ócáid Ghradam Sármhaitheasa na Seirbhíse Sláinte 2022 i Farnleigh i mí Mheán Fómhair, agus bhí buaiteoirí i gcúig chatagóir. Thaispeáin na 44 iomaitheoir deiridh a dtograí dá bPríomhoifigigh áitiúla / Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na nGrúpaí Ospidéal agus bronnadh teastais ghnóthachtála orthu
- Ar HseLanD, cuireadh deiseanna foghlama, oiliúna agus forbartha ar ardchaighdeán ar fáil ar líne chun tacú leis an bhfoireann oibre sláinte agus cúraim shóisialta ar fud na hÉireann. Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí i 2022:
 - Níos mó ná 300,000 úsáideoir
 - Taifeadadh 4.9 milliún logáil isteach agus 1.4 milliún clár ríomhFhoghlama críochnaithe ar HSeLanD i rith 2022
 - Idir 2019 agus 2022, taifeadadh breis is 12.6 milliún logáil isteach agus cuireadh breis is 4 milliún clár ríomhFhoghlama ar HSeLanD sa tréimhse ceithre bliana sin.

3.2 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú

- Ullmhaíodh breis is 250 clár ríomhFhoghlama saincheaptha nua, lena n-áirítear mol iStart a thacaíonn le foireann nua a thosaíonn san eagraíocht
- Leanadh ar aghaidh le feidhmiú an phróisis ghnóthachtála feidhmíochta lena chinntiú go bhfuil deis chothrom ag gach duine d'fhoireann oibre FnaSS breithmheas pearsanta a dhéanamh ar aon dul lena spriocanna pearsanta agus eagraíochtúla féin. Tá tuilleadh oibre ar siúl maidir le réiteach tuairiscithe digiteach a fhorbairt
- I 2022, cuireadh tús leis an mbunús a theastaíonn chun an Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú (DEI) a chur i gcróilár na seirbhísí. D'fhorbair foireann Náisiúnta um Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú (DEI) an chéad Straitéis chuimsitheach DEI de chuid FnaSS chun tacú le cur i bhfeidhm na mbeart DEI mar atá leagtha amach i *Straitéis Daoine na Seirbhísí Sláinte 2019-2024*.

Infheistíocht Chaipitil sa Chúram Sláinte

- Forbraíodh Straitéis nua Caipitil agus Eastát agus Plean Forfheidhmithe inar glacadh dearcadh fadtéarmach go dtí 2050 maidir le cinntí infheistíochta agus tá athrú bunúsach i gceist maidir leis an gcur chuige i ndáil le dearadh agus tógáil. Beidh sé seo ina *phríomhchumasóir d'fheidhmiú beartas agus straitéisí náisiúnta, lena n-áirítear Sláintecare*, comhionannas rochtana ar sheirbhísí, tacú le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, ríomhShláinte, sláinte agus folláine agus bailte sláintiúla.
- Rinneadh dul chun cinn ar phleanáil chun an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais (Sráid Holles) a athlonnú go campas Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, an cás gnó deiridh san áireamh, agus táthar ag feitheamh le faomhadh an Rialtais maidir leis an gcás gnó. I measc na dtograí eile, rinneadh dul chun cinn ar bhloc géarchúraim in Ospidéal an Rotunda, an t-aonad breithe, Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí, uasghrádú barda agus athchóiriú obrádlainne ag Ospidéal an Choim agus leathnú ar an aonad nuabheirthe, Ospidéal na hOllscoile, Luimneach.
- Cuireadh an Clár Athsholáthair Trealamh Leighis i gcrích go hiomlán ar fud na hearnála géarchúraim chun seirbhísí diagnóiseacha othar, atá sábháilte agus ar ardchaighdeán, a chur ar fáil.
- Leanadh ag tacú le forbairt Ospidéal nua na Leanaí
- Coimisiúnaíodh agus cuireadh i gcrích an tOspidéal Náisiúnta Meabhairshláinte Fóirinsí ag cur cúraim ar fáil do 170 othar
- Críochnaíodh 16 ionad cúraim phríomhúil chun an gealltanais a rinneamar a choinneáil maidir le cúram a sholáthar níos gaire do bhaile, chomh maith le forbairtí a bhaineann le feidhmiú an Chláir ECC ag teacht le riachtanais *Sláintecare*.
- Leanadh le tionscnaimh i gcomhair seirbhísí meabhairshláinte, chun feabhas a chur ar chomhlíontacht i saoráidí cónaithe, agus oibriú i dtreo caighdeáin an Choimisiúin Meabhairshláinte a chomhlíonadh ar mhaithe le hothair, úsáideoirí na seirbhíse agus a dteaghlaigh.



Osclaíodh Aonad Gortuithe nua in Ospidéal na hInse

Osclaíodh an tAonad Gortuithe nua, a chosain €2m, in Ospidéal na hInse i mí Aibreáin. Tá cúig bhá measúnaithe othar ar leith san Aonad Gortuithe nua, leis na caighdeáin is airde maidir le Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe. Tá an seomra feithimh maisithe le dathanna geala agus tá ionad triáise ar leith ann chomh maith. Dúirt Joe Cassidy, Stiúrthóir Gníomhach Altranais in Ospidéal na hInse, gur “... *timpeallacht oibre den scoth dár bhfoireann atá san aonad nua agus cuireann sé an cineál eispéiris ar fáil d’othair áitiúla de réir mar atá tuillte acu*”.



Maria Conlon, an chéad othar a fuair cóir leighis san Aonad Gortuithe nua in Ospidéal na hInse, le (ó chlé): An Dr Ruth Goodall, Dochtúir san Aonad Gortuithe; Mhairi Barron, Ardchleachtóir Altranais; agus Brenda Bleach, Ardchleachtóir Altranais Cláraithe

- I measc na dtionscadal caipitil a cuireadh i gcrích san earnáil ghéarchúraim, bhí acmhainn bhreise cúraim chriticiúil in Ospidéal Ollscoile Thamhlachta (12 leaba) agus cuireadh leapacha breise géarchúraim ar fáil in ospidéal ar fud na tíre
- Fuarthas faomhadh don chéad chéim eile den Chlár um Chúram Roghnach chun dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt na n-ospidéal nua um chúram roghnach i gCorcaigh agus i nGaillimh
- Leanadh den tacaíocht maidir le dul i ngleic le Paindéim COVID-19, lena n-áirítear tionscadail um fhilleadh ar ghnó agus ar sholáthar seirbhísí ina n-iomláine a chumasú
- Cuireadh Córas Náisiúnta Faisnéise na nEastát chun cinn agus cuireadh treoirleabhar digiteach ar fáil maidir le bainistiú agus forbairt an eastáit cúram sláinte
- Tionscnaíodh moltaí chun moil mháinliachta agus cóiríochta a fhorbairt, d’othair chónaitheacha agus d’oibrithe tábhachtacha ar fud na tíre
- Forbraíodh Treochlár um Dhícharbónú Infreastruchtúir, ag sonrú na ngníomhartha ar leith atá le déanamh chun lorg carbóin eastát FnaSS a laghdú. Tá sé seo nasctha leis an Straitéis Caipitil agus Eastát agus le Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide FnaSS. Táthar ag leanúint leis an gcomhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun tionscnaimh um shábháil fuinnimh a chur i bhfeidhm.

Straitéis agus Taighde

- Leanadh le feishmiú chreat FnaSS maidir le rialachas, bainistíocht agus tacú le taighde chun cur chuige náisiúnta comhtháite a chumasú i leith rialachais taighde ar fud FnaSS agus na heagraíochtaí atá maoinithe ag an bhfeidhmeannacht. Ina measc seo, foilsíodh an treochlár i gcomhair athchóiriú na gcoistí eitice taighde sláinte agus cúraim shóisialta
- Fuarthas córas leictreonach bainistíochta taighde i gcomhair taighde a chlárú agus fhaomhadh

Idir 2019 agus 2022, bhí breis is

12.6 mhilliún

logáil isteach agus breis is

4 mhilliún

clár ríomhFhoghlama curtha i gcrích ar HSeLand sa tréimhse ceithre bliana sin

Cuireadh **16** ionad cúraim phríomhúil i gcrích i rith na bliana, ag cur cúraim ar fáil níos gaire do bhaile

3.2 Soláthar an Chúraim Sláinte a Chumasú



Freagraíodh

2,460

ceist ó na meáin,
Socraíodh

433

agallamh leis
na meáin agus
Reáchtáladh

96

cruinniú faisnéise
meán

- Seoladh Beartas Náisiúnta FnaSS maidir le Toiliú i dTaighde Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas a chinntiú gur féidir taighde a mbionn tionchar aige a dhéanamh go sábháilte, go heiticiúil agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla, ionas go mbeidh muinín ag na rannpháirtithe as agus go gcoinneofar iad i gcroílár an phróisis taighde.
- Neartaíodh cumas ár n-uirlisí faisnéisíochta sláinte chun níos mó próifíliú daonra, anailís gheografach agus faisnéis faoi sheirbhísí a chumasú chun tuilleadh eolais a chur ar fáil do phleanáil na seirbhíse, do mheasúnú riachtanas, do mheastóireacht agus do chinntí maidir le cothromaithe acmhainní ar fud na seirbhíse.
- Cuireadh próifíliú mionsonraithe daonra de chuid CHN ar fáil do mhoil oibríochtaí pobail, ag soláthar anailíse agus réamh-mheastacháin chun tacú le gníomhaíochtaí an Phlean Geimhridh 2022 / 2023. San áireamh anseo, tá forbairt maidir le cúrsaí éilimh agus idirghabhálacha córais a d'fhéadfaí a fheidhmiú, ag baint úsáide as uirlis um Shamhail Seirbhíse Comhtháite an Aonaid Náisiúnta um Fhaisnéis Sláinte
- Feabhsaíodh rochtain na foirne ar fhianaise coimeádta, náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ardchaighdeán chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach agus oibríochta, de réir ár straitéis *Gníomhú bunaithe ar Eolas: Ag Cumasú Cúraim; Feabhas a. Chur ar Shláinte 2018-2023*. D'ardaigh líon úsáideoirí gníomhacha na ríomhLeabharlainne go breis agus 13,000, ina measc, 200 oibrí cúram sláinte breise ón Úcráin agus 450 DT breise faoi oiliúint / traenálaí DT breise (ardú ó 50 i 2021).
- Spreag ár bhfeachtais os cionn 250,000 gníomh ar fud an daonra, ag tacú le vacsaíniú COVID-19, an fhliú agus an papalómaivíreas daonna (HPV), chomh maith le feachtais i dtaca le héirí as caitheamh tobac, seirbhísí scagthástála, agus feachtas litearthachta meabhairshláinte nua ag spreagadh daoine chun comharthaí maidir le fadhbanna meabhairshláinte a aithint.
 - Neartaíodh feidhmiú bhranda agus amharc-aithne FnaSS, le treoirínte agus uirlisí don fhoireann agus moladh doibh úsáid chomhsheasmhach a bhaint as branda FnaSS
- Tá an obair ag dul ar aghaidh chun seirbhísí sláinte digiteacha agus cúram teagmhála den scoth a chur i bhfeidhm
 - Tugadh 80 milliún cuairt ar shuíomh Gréasáin FnaSS
 - Cuireadh tús le mír nua bheo a bhaineann le meabhairshláinte ar an suíomh Gréasáin agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar 550 treoir sláinte eile i gcomhar le cliniceoirí
 - Tháinig ardú ar líon lucht leanúna meán sóisialta FnaSS go 1.5 milliún
 - D'fhreagair HSELive níos mó ná 1.65 milliún fiosrúchán
- Cuireadh feabhas ar infhaighteacht faisnéise ar líne don fhoireann, agus de thoradh air seo bhí sé níos éasca don fhoireann faisnéis a fháil ar líne. Anuraidh tugadh 1.2m cuairt ar fhaisnéis ar líne don fhoireann. Bhain na cuairteanna seo le lorg faisnéise faoin eagraíocht, faoi shochair agus faoi sheirbhísí, agus faoi oiliúint agus forbairt
- Bhuaigh Rannóg Cumarsáide FnaSS an gradam don Chumarsáid Inmheánach is Fearr de bharr ár gcuid oibre ag ceangal ceannairí sinsearach le baill foirne túsline le linn COVID-19 agus an chibirionsaí, agus chomh maith leis sin bhuaigh an Rannóg an duais don Fhoireann Phreasa Inmheánaigh is Fearr ag Gradaim Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí de bharr sármhaitheasa maidir le Caidreamh Poiblí, 2022

Cumarsáid

- Leanadh le nuacht, faisnéis agus comhairle sláinte a chur ar fáil do gach duine a chónaíonn in Éirinn
 - Freagraíodh 2,460 ceist ó na meáin, socraíodh 433 agallamh leis na meáin agus reáchtáladh 96 cruinniú faisnéise leis na meáin.
 - Bhí sé mar aidhm ag foireann nua díriú ar líon agus cáilíocht scéalta dearfacha nuachta na seirbhíse sláinte a mhéadú, ag tacú le 197 tionscadal

Gheobhaidh dídeanaithe ón Úcráin solás ar líne chabhrach FnaSS mar go bhfuil roinnt daoine as an Úcráin fostaithe chun cabhrú le faisnéis agus cúnamh a thabhairt do na dídeanaithe seo ina dteanga dhúchais.



Cibirionsaí 2021– Clár um Fhógra Sárú Sonraí FnaSS

Cuireadh tús i mí na Samhna 2022 le clár FnaSS chun teagmháil a dhéanamh le daoine a ndearnadh rochtain mhídhleathach agus a cóipealadh a gcuid faisnéise le linn chibirionsaí 2021 ar chórais FnaSS.

Thug an Garda Síochána cóip de shonraí a bhfuarthas rochtain agus a cóipealadh go mídhleathach ar ais do FnaSS ar an 17 Nollaig 2021 de bhun an Chonartha um Chúnamh Frithpháirteach Dlí. Rinne FnaSS measúnú iomlán, mionsonraithe ar na cáipeisí go léir de réir threoirínte an Rialachán Ginearálta maidir le Chosaint Sonraí (GDPR), treoirínte ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun na daoine ar ghá teagmháil a dhéanamh leo a aithint.

Thug FnaSS faoi phróiseas fairsing fíoraithe agus thacaigh sí leis na rialtóirí sonraí eile chun sonraí a fhíorú agus chun tús a chur le fógra a thabhairt do dhaoine ábhartha.

Forbraíodh tairseach ar hse.ie/cosaint-sonraí chun deis a thabhairt do dhaoine ábhartha ar tugadh fógra den chineál seo dóibh a gcuid cáipeisí a iarraidh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu trí chóras slán agus cuireadh lárionad glaonna ar bun chun tacaíocht a sholáthar do na daoine ar tugadh fógra den chineál seo dóibh.

Táthar ag súil go mbeidh fógraí sna cásanna seo curtha i gcrích faoi lár mhí Aibreáin 2023 agus beidh fógra tugtha ag FnaSS do suas le 100,000 duine faoin am sin.

HSELive ag tacú le muintir na hÚcráine

Gheobhaidh dídeanaithe ón Úcráin solás agus cúnamh ar líne chabhrach FnaSS mar tá roinnt daoine as an Úcráin fostaithe chun cabhrú le faisnéis agus cúnamh a thabhairt do na dídeanaithe seo ina dteanga dhúchais. Seo a leanas cuid de mhuintir na hÚcráine atá mar chuid d'fhoireann HSELive: Anna Simson, Zoia Andriichenko, Yana Kvasnytsia, Tetiana Fesak, Kaina Sheludko, Iana Dakhno agus Mariia Hrebenuik. Dúirt an grúpa go léir go raibh sé tábhachtach dóibh bealach a aimsiú chun cabhrú lena gcomhthírigh. Dúirt Mariia go raibh an-áthas uirthi a bheith páirteach i bhfoireann HSELive. *“Sílim go bhfuil sé an-tábhachtach go dtuigfeadh Úcránaigh in Éirinn, go háirithe iad siúd nach bhfuil Béarla acu, nach bhfuil siad ina n-aonar anseo, agus go bhfuil gach duine i FnaSS sásta cabhrú leo”.*



Earcaíodh baill foirne HSELive chun cabhrú lena gcomhthírigh: Anna Simson, Iana Dakhno, Karina Sheludko, Tetiana Fesak, Zoia Andriichenko agus Yana Kvasnytsia



4 Bainisíocht agus Cuntasacht

4.1 Tuarascáil um Rialachas agus Chomhaltaí an Bhoird 2022



4.1 Tuarascáil rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2022

Ós rud é gurb é an Bord comhlacht rialaithe FnaSS, tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte as comhlíonadh a feidhmeanna agus as dearbhuithe a thabhairt go bhfuil rudaí á ndéanamh ar bhealach comhlíontach agus go bhfuil cuspóirí á mbaint amach. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) cuntasach freisin agus tuairiscíonn sé don Bhord, agus tá sé freagrach as riarachán agus gnó na heagraíochta a bhainistiú agus a rialú go ginearálta. Tá réimse leathan feidhmeanna reachtúla faoi chúram FnaSS a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu do dhaoine aonair agus don phobal i gcoitinne.

Ról Bhord FnaSS

Tá Bord FnaSS freagrach as gníomhaíochtaí FnaSS a threorú agus a stiúradh. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna áirithe a fhágáil faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ach fós bíonn an dualgas ar an mBord maidir le maoirseacht a dhéanamh agus a bheith cuntasach maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhágtar faoin bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Ní mór don Bhord a chinntiú go bhfuil Plean Corparáideach FnaSS agus aon phleanáil straitéiseach ag teacht le *Sláintecare* agus le Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte, a mhéid is ábhartha, agus go bhfuil sé i gcomhréir le sainordú reachtúil FnaSS.

Ní mór don Bhord gníomhú ar bhonn eitice agus é ar an eolas go hiomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas FnaSS, agus aird chuí á tabhairt ar a chuid freagrachtaí faoin dlí agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas. Déanann an Bord iarracht forbairt acmhainneachta FnaSS a chur chun cinn agus inniúlacht na ceannaireachta agus na foirne, san áireamh. Tá an Bord freagrach as a chinntiú go mbíonn an POF agus an bhainistíocht shinsearach cuntasach as a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Comhdhéanamh agus Struchtúr an Bhoird

Is é an tAire Sláinte a cheapann comhaltaí an Bhoird. Bíonn beirt chomhalta ar a laghad ar an mBord a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí nó saineolas ar abhcóideacht acu i ndáil le hábhair a mbíonn tionchar acu ar othair; beirt gairmí sláinte atá ag cleachtadh nó a chleacht sa bhfad a caitheadh mar ghairmí sláinte, sa stát nó lasmuigh de; agus duine amháin ar a laghad a bhfuil taithí aige / aici ar chúrsaí airgeadais.

Cothromaíocht Inscne ar an mBord

Déanfaidh an tAire a dhícheall, chomh maith agus is féidir, a chinntiú go mbeidh cothromaíocht idir líon na bhfear agus na Ban mar chomhaltaí Bhoird. Ar an 31 Nollaig 2022, bhí cúigear (42%) ban agus seachtar (58%) fear ar an mBord. Mar sin tá an Bord ag comhlíonadh sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag an dá inscne ar Bhoird Stáit.

Cruinnithe Bhoird

De réir Sceideal 2, alt 2A den *Acht Sláinte 2004*, (arna leasú le hAlt 32(b) den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*), ceanglaítear ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a thionól i ngach ceann de 11 mí i rith na bliana

Don tréimhse Eanáir-Nollaig 2022, bhí 18 cruinniú ag Bord FnaSS, bhí 11 cruinniú míosúil acu chomh maith le seacht gcruinniú breise.

Comhaontú Maoirseachta

Is cáipéis í an Comhaontú Maoirseachta a leagann amach an caidreamh idir an Roinn Sláinte agus FnaSS. Leagtar amach ann freisin na socruithe maoirseachta agus na freagrachtaí atá ar an dá pháirtí. D'ullmhaigh an Roinn Sláinte agus FnaSS an cháipéis seo i gcomhpháirt le chéile, agus tá sí sínithe ag POF agus Cathaoirleach FnaSS, Ard-Rúnaí na Roinne, agus ag an Aire Sláinte. Tá an Roinn Sláinte agus FnaSS freagrach as Athbhreithniú Bliantúil a dhéanamh ar an gcomhaontú seo.

Cruinnithe leis an Aire

Cruinniú Ardleibhéil ag an Aire agus an Bord

Buaileann an tAire leis an mBord gach bliain chun feidhmíocht, rialachas, saincheistanna straitéiseacha, tosaíochtaí beartais agus athchóirithe na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a athbhreithniú agus a phlé. I 2022, bhuail an tAire leis an mBord ar 2 Márta.

Cruinnithe gach Ráithe

Gach ráithe, reáchtáiltear cruinnithe leis an Aire, an Cathaoirleach, an POF agus an Ard-Rúnaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le feidhmíocht, dul chun cinn an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP), pleanáil agus feidhmiú athchóirithe agus comhlíonadh rialachais, agus ábhair ar bith eile a thagann chun cinn. I rith 2022, tionóladh trí chruinniú ar na dátaí seo a leanas: 11 Bealtaine, 7 Meán Fómhair agus 13 Nollaig.

Cruinnithe Coicise

I rith na bliana, reáchtáladh cruinnithe coicise idir an tAire, an Cathaoirleach agus an Roinn Sláinte agus ionadaithe FnaSS.

Forbairt an Bhoird

I rith 2022, reáchtáil an Bord ceardlann éascaithe chun ról agus freagrachtaí maidir le pleananna oibre an Bhoird agus na gCoistí a phlé agus a chomhaontú, chomh maith le comhaontaithe tosaíochtaí straitéiseacha a bhí le plé ag an mBord i rith 2022.

Éifeachtúlacht an Bhoird

Gach bliain, déanann an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht féin agus déantar féinmheasúnú bliantúil ar a fheidhmíocht agus ar fheidhmíocht choistí an Bhoird.

Cód Rialachais FnaSS

De réir Alt 35 den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), tá Cód Rialachais i bhfeidhm ag FnaSS a shonraíonn na prionsabail agus na cleachtais a bhaineann le dea-rialachas. Oibríonn an Bord go dlúth leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT), chun a chinntiú go bhfuil FnaSS á rith go maith agus mbíonn FnaSS cuntasach maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn sí.

Tá an Bord tiomanta a chinntiú go bhfeidhmíonn FnaSS mar eagraíocht atá an-trédhearcach agus go gcuirtear faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil faoi gach gné d'fheidhmíocht na heagraíochta.

Oibleagáidí Cuntasachta Reachtúla

Plean Corparáideach 2021-2024

De réir na n-oibleagáidí cuntasachta reachtúla atá orthu, chuir an Bord *Plean Corparáideach 2021-2024* i bhfeidhm agus ghlac an Bord leis seo i mí Iúil 2020 agus rinne an tAire é a fhaomhadh i mí Feabhra 2021.

Plean Seirbhíse Náisiúnta FnaSS 2022

De réir *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), ullmhaíodh *Plean Seirbhíse Náisiúnta FnaSS 2021* (NSP 2022) mar fhreagra ar an Litir Chinnidh agus ar an Ráiteas Bliantúil ar Thosaíochtaí, a fuarthas ón Aire i mí na Samhna 2021.

Ghlac an Bord leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) 2021 ar an 23 Samhain 2021 agus rinne an tAire é a fhaomhadh ar an 12 Eanáir 2022. Faomhadh Plean Caipitil do bhonneagar / trealamh, Plean Caipitil TFC agus Plean Caipitil ríomhshlainte chomh maith le Straitéis le hAcmhainní a chur ar fáil, mar chuid de cháipéisí PSN (NSP) 2022.

Scórchárta Straitéiseach Bhord FnaSS

I 2022, chuir Scórchárta Straitéiseach Bhord FnaSS tuarascálacha míosúla ar fáil don Bhord ar dhul chun cinn a rinneadh maidir leis na bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin. Baintear úsáid as an Scórchárta chun uasdátú a chur ar fáil don Aire Sláinte gach mí maidir le dul chun cinn atá déanta.

I gcás gach tosaíocht ar leith, cuireann an Scórchárta an dul chun cinn a rinneadh gach mí ar fáil i gcoinne táscairí feidhmíochta ábhartha agus méid na spriocanna tábhachtacha agus nithe insoláthartha a baineadh amach.

Is príomhuirlis tuairiscithe agus dearbhaithe atá sa Scórchárta d'Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin agus do Bhord FnaSS.

I gcomhthéacs na n-ullmhúchán do 2023, bhraith an Bord i R4 2022 go raibh sé in am athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht Scórchárta Straitéiseach an Bhoird san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair. Bunaíodh grúpa oibre Boird chun sainmhíniú as an nua a dhéanamh i leith struchtúir, ábhair agus próiseas tuairiscithe an Scórchárta.

Aistriú Feidhmeanna

Ar an 15 Nollaig 2021, d'aontaigh an Rialtas an Bille Sláinte (Leasú) 2021 a fhoilsiú agus rinneadh foráil maidir le socruithe rialachais nua i dtaobh seirbhísí speisialaithe míchumais pobalbhunaithe (SCCBDS) a aistriú ón Roinn Sláinte go dtí an Roinn Leanaí, Comhionannais agus Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY). Ar an 13 Nollaig 2022, cuireadh tús le hordú aistrithe chun feidhmeanna SCBDS a aistriú chuig DCEDIY ar an 1 Márta 2023.

Dá bharr sin, beidh ar an mBord tuairisciú chuig beirt Airí agus chuig dhá Roinn. Tá gá freisin le faomhadh an Aire Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis na míreanna sa Phlean Corparáideach (NSP) a bhaineann le míchumas, agus tá gá le tuairisciú chuig an Aire sin maidir le feidhmíocht agus cuntasacht.

4.1 Tuarascáil rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2022

Bainistiú Riosca

Tá freagracht iomlán ar an mBord as beartais agus nósanna imeachta um bainistiú riosca agus as spriocleibhéal inghlacthachta riosca FnaSS a shonrú. Tá freagracht air freisin maidir lena dhearbhuí an cineál agus méid na rioscaí straitéiseacha a thóileann sé a ghlacadh chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Taifeadtar príomhrioscaí straitéiseacha na heagraíochta mar a shonraíonn EMT iad ar Chlár Rioscaí Corparáideach FnaSS. Sanntar gach riosca ar leith do bhall ar leith den Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin mar beidh sé / sí mar chomhordaitheoir i ndáil leis an riosca sin agus sanntar gach riosca do cheann de na cúig choiste Boird a dhéanann maoirseacht ar rioscaí straitéiseacha FnaSS. Tá an fhreagracht fhoriomlán maidir le creat riosca FnaSS sannaithe don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) thar ceann an Bhoird.

Fuair an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca uasdátú agus tuairiscí míosúla ar bhainistiú rioscaí i rith 2022.

Bainistíocht Airgeadais

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach sa chaoi go bhfuil sé in ann rioscaí a bhainistiú agus a laghdú seachas fáil réidh le rioscaí go hiomlán agus mar sin tá an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán a thabhairt maidir le héifeachtacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach lena chinntiú go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go gcoiscítear nó go mbraítear earráidí agus mírialtachtaí go pras. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha freisin chun a chinntiú go bhfuil prótacail agus beartais chuí i bhfeidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach i gcomhthéacs sábháilteachta cliniciúla agus othar.

Tá dearbhaithe faighte ag an mBord ó CIR (ARC) go bhfuil córas cuí i bhfeidhm ag FnaSS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta maidir le bainistiú agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar an obair a dhéanann iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha chomh maith.

Cód Rialachais, Eiticí in Oifigí Poiblí, Nochtadh Leasanna Breise Chomhaltaí an Bhoird, agus Nochtadh Cosanta

Sonraíonn an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001 (na hAchtanna um Eitic) oibleagáidí reachtúla a bhaineann le comhaltaí Boird agus fostaithe. Comhlíonann an Bord na hAchtanna um Eitic agus Cód Rialachais FnaSS.

Chomh maith leis na hAchtanna um Eitic, déanann comhaltaí Boird nochtadh bliantúil ar aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ann. Tá comhaltaí Boird freagrach as Rúnaí an Bhoird a chur ar an eolas ar bhonn leanúnach má fhaigheann siad amach faoi aon athrú ar a gcúinsí maidir le coinbhleachtaí leasa.

Bíonn dearbhuithe leasa mar mhír bhuan ar an gclár ag gach cruinniú Boird agus Coiste.

Tá an sceideal tinrimh, táillí agus costais le fáil in Aguisín 8 den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Coistí an Bhoird

Bhunaigh an Bord cúig Choiste chun cúnamh agus comhairle a thabhairt dó maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Feidhmíonn ceithre cinn de Choistí an Bhoird mar chomhairleoirí agus níl aon údarás acu maidir le feidhmiúcháin. Tá comhaltaí Boird agus comhaltaí seachtracha san áireamh ar na coistí. De bharr go bhfuil comhaltaí seachtracha ceaptha ar na coistí, cinntítear ionadaíocht chuí d'othair agus d'úsáideoirí seirbhísí.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus tá bunús reachtach leo siúd a bhaineann le hiniúcháireacht..

Seo a leanas Coistí an Bhoird:

- An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
- An Coiste Daoine agus Cultúir
- An Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta
- An Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe .

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus táthar á choimeád de réir Alt 40H den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú ag Alt 23 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*. Foráiltear sa reachtaíocht go bhfuil ról maoirseachta agus comhairleoireachta maidir le bainistiú riosca ag an gCoiste Iniúcháireachta. Mar sin, nuair a bunaíodh é i 2019, glaoth an 'Coiste Iniúcháireachta agus Riosca' air chun cúraimí an choiste a léiriú, ina n-íomláine.

Foráiltear sa reachtaíocht chomh maith gur chóir go mbeadh líon nach lú ná triúr comhalta Boird ar an gCoiste agus líon nach lú ná ceathrar eile a bhfuil, de réir tuairim an Bhoird, na scileanna agus an taithí ábhartha acu chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh, agus duine amháin ar a laghad a mbeidh cáilíocht ghairmiúil sa chuntasaíocht nó san iniúcháireacht aige nó aici.

Faoi reachtaíocht reatha, bíonn ar an gCoiste na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF faoi chúrsaí airgeadais a bhaineann lena fheidhm
- Tuairiscí i scríbhinn a chur ar fáil don Bhord agus don POF ar a laghad uair sa mbliain maidir leis na hábhair sin agus gníomhaíochtaí an Choiste an bhliain roimhe sin, agus cóip den tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Aire

Tá réimse feidhmeanna faoi chúram an Choiste, ina measc, ábhar a bhaineann le hairgeadas, reachtaíocht, comhlíontacht agus rialachas mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Chun tacú lena théarmaí tagartha reachtúla, foráiltear i dTéarmaí Tagartha an Choiste (ToR), arna fhaomhadh ag an mBord ar an 26 Iúil 2019, agus a leasaíodh ar an 28 Aibreán 2021, go leathnófar ról an Choiste chun na réimsí seo a leanas a chur san áireamh:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le cúrsaí airgeadais agus gníomhaíochtaí tuairiscithe gaolmhara, ina measc, tuairiscí maidir le comhlíontacht a chur ar fáil don Bhord agus don Aire Sláinte, de réir mar is gá
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht bheartais chuntasaíochta FnaSS, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, an Tuarascáil Bhliantúil agus na dearbhuithe rialachais corparáideacha atá riachtanach, agus aon ábhar agus comhairle agus moltaí sásúla i leith na n-ábhar seo a chur faoi bhráid an Bhoird.
- Maoirseacht a dhéanamh ar oibriúcháin rialuithe inmheánacha FnaSS agus comhairle a thabhairt maidir le hoiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht nósanna imeachta de chuid FnaSS maidir le soláthar poiblí agus le fáil, sealbhú agus diúscairt sócmhainní.
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí FnaSS
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú Chreat Bainistíochta Riosca FnaSS agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhfeidhm bainistíochta riosca (faoi réir na n-athruithe comhaontaithe maidir le scóip na feidhme i dtaobh rioscaí a bhaineann le cáilíocht agus sábháilteacht othar)
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartais fhrithchalaoise, maoirseacht ar oibriúcháin na mbeartas agus na bpróiseas um nochtaidh cosanta, agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe agus ar thorthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus um iniúchóireacht sheachtrach araon agus ar fhreagairt na bainistíochta maidir leis na moltaí agus na pointí a eascraíonn astu seo
- Róil agus freagrachtaí ar bith eile atá tarmilgthe ag Bord FnaSS don Choiste.

Mar thoradh ar leasú na dTéarmaí Tagartha (ToR), cheadaigh an Coiste an iniúchóireacht maidir le cúram sláinte a chur san áireamh san fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí. Shonraigh an Coiste go mbeadh freagracht ar an gCoiste Sábháilteachta agus Cáilíochta as athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí iniúchóireachta maidir le cúram sláinte. Déanann an Coiste maoirsiú agus tugann siad tacaíocht don Bhord chomh maith maidir le hiniúchadh ar mhórchonarthaí agus i ndáil le hathbhreithniú ar an Tuarascáil ar Nochtaidh Cosanta agus ar bheartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis seo.

Tá dualgas ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha iniúchóireachta, pleananna iniúchóireachta agus tuarascálacha míosúla uile na Feidhmeannachta ar chaiteachas ar fáil don Choiste. Chomh maith leis sin, má bhíonn cúis aige nó aici a bheith in amhras go bhfuil aon chúbláil airgid de chuid na Feidhmeannachta i gceist, nó go bhféadfadh sé gur tharla aon chomhshó calaoiseach nó gur baineadh mí-úsáid as maoin na Feidhmeannachta, tá sé de dhualgas air tuairisc faoi seo a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca chomh luath agus is féidir. Ina theannta sin, tabharfaidh an POF faisnéis don Choiste maidir le haon airgeadas nó nós imeachta a bhaineann le hairgeadas a bhfuil gá leis chun go mbeadh an Coiste ábalta a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith na bliana 2022:

- Brendan Lenihan, Cathaoirleach an Choiste agus Comhalta Boird
- Fergus Finlay, Comhalta Boird
- Michelle O'Sullivan, Comhalta Boird (ón 16 Meán Fómhair 2022)
- Ann Markey, Comhalta Seachtrach
- Colm Campbell, Comhalta Seachtrach
- Pat Kirwan, Comhalta Seachtrach
- Martin Pitt, Comhalta Seachtrach

Ar an 27 Iúil 2022, rinne an Bord ceapachán an Uasal Brendan Lenihan a fhaomhadh mar Chathaoirleach an Choiste, de réir Alt 41 den *Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2022*, a údaraíonn don Bhord duine ar bith de chomhaltaí an Choiste a cheapadh mar chathaoirleach.

D'fhreastail an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchóireacht Inmheánach, a thuairiscíonn go díreach don Choiste, ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus cuireadh tuairisc ar fáil go rialta ar obair na Rannóige Iniúchta Inmheánaigh. D'fhreastail an Príomhoifigeach Airgeadais, an Príomhoifigeach Straitéise agus an Príomhoifigeach Riosca, ar baill iad d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí FnaSS (CRO) atá agus sannta ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cúnamh a thabhairt don choiste, ar na cruinnithe

4.1 Tuarascáil rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2022

chomh maith. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh freisin do chomhaltaí breise den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

D'aontaigh an Coiste plean oibre mionsonraithe do 2022 chun dul i ngleic leis na príomhróil agus na príomhchúraimí atá air, ar bhealach córasach cuimsitheach. Chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí mar a bhí beartaithe. Le linn na 15 cruinniú a bhí ag an gCoiste, rinne comhaltaí an Choiste maoirseacht agus plé ar réimse ábhar, ar nós, athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí, bhí 282 tuarascáil iniúchóireachta i gceist i rith na bliana, lena n-áirítear iniúchóireacht ar ghníomhaireachtaí maoinithe, iniúchóireachtaí leantacha, imscrúduithe speisialta, agus iniúchtóireacht TFC.

I rith na bliana, cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2021 ón Rannán Iniúchóireachta Imheánaí agus Plean Bliantúil um Iniúchóireacht Inmheánach 2022 faoi bhráid an Choiste agus de réir dea-chleachtais, bhí cruinniú ag an gCoiste i seisiún príobháideach leis an Stiúrthóir Náisiúnta Eatramhach um Iniúchóireacht Inmheánach, an tUasal Tom Malone, gan an lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair.

I rith na bliana, rinne an Coiste breithniú ar an gClár Rioscaí Corparáideach (CRR) agus reáchtáladh ceardlann i mí Iúil 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an CRR agus breathnaíodh ar rioscaí faoi leith. D'aontaigh an Coiste leis an moladh ón CRO - ón mbliain 2023 ar aghaidh gurb é CRR ó R4 an leagan a bhreithneoidh an Bord lena fhaomhadh, agus de thoradh air sin, beidh próiseas faofa an Bhoird ag teacht le timthriall na Tuarascála Bliantúla, agus go ndéanfaí athbhreithniú ar an Ráiteas maidir le hinghlacthacht riosca a chur i gcrích i R1 i 2023 i gcomhthráth leis an leasú ar *Bheartas Comhtháite um Bainistiú Riosca FnaSS 2017*.

Coiste Daoine agus Cultúir

Bhunaigh Bord FnaSS an Coiste Daoine agus Cultúir chun maoirseacht straitéiseach a dhéanamh ar an *Straitéis i leith Daoine sna Seirbhísí Sláinte 2019-2024*, chun go mbeadh na daoine cearta, leis na scileanna cearta, san áit cheart, ag an am ceart. Seo iad na príomhréimsí ar dhírigh an Coiste orthu: ceannaireacht, cultúr, tallann, agus cumarsáid agus inniúlacht.

Tá Téarmaí Tagartha bunaithe ag an gCoiste arna fhaomhadh ag an mBord. Níl an coiste freagrach as aon fheidhm a bhaineann le feidhmíocht agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin aige. Is é cuspóir an Choiste ná athdhearbhú a sholáthar sa réimse seo agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hábhar a bhaineann le daoine agus cultúr.

Comhaltaí an Choiste Daoine agus Cultúir i rith na bliana 2022:

- An Dr Yvonne Traynor, Cathaoirleach agus Comhalta Boird
- Aogán Ó Fearghail, Comhalta Boird
- An Dr Sarah McLoughlin, Comhalta Boird
- Michelle O'Sullivan, Comhalta Boird (ó 2 Meán Fómhair 2022)
- Brendan Whelan, Comhalta Boird
- Bernie O'Reilly, Comhalta Seachtrach
- Deirdre Cullivan, Comhalta Seachtrach.

Tháinig an Coiste le chéile sé huaire i 2022. I láthair chomh maith, bhí na comhaltaí d'Fhoireann Ardbhainistíochta FnaSS arna sannadh ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cabhrú leis an gCoiste, ba iad sin an Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna, agus an Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí eile den Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

D'aontaigh an Coiste plean oibre mionsonraithe do 2021 chun dul i ngleic leis na príomhróil agus na príomhchúraimí atá air agus chun díriú ar na réimsí oibre cuí. Chomhlíon an Coiste na freagrachtaí sin mar a bhí beartaithe. Rinne comhaltaí an Choiste maoirseacht agus plé ar réimse ábhar.

Coiste Feidhmíochta agus Seachadta

Is é ról an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta comhairle a chur ar an mBord maidir le gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht sa tseirbhís sláinte agus a chinntiú go mbeidh feidhmíocht den chéad scoth i ngach réimse ábhartha den scórchárta tomhaiste comhaontaithe chun taithí níos fearr a chinntiú d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí. Dírionn an Coiste ar mhionatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse sláinte i gcomparáid leis na spriocanna atá sa PSN. Níl an Coiste freagrach as aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus níl aon chumhachtaí feidhmiúcháin aige.

Comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta i rith na bliana 2022:

- Tim Hynes, Cathaoirleach agus Comhalta Boird (Eanáir-Iúil 2022)
- Fergus Finlay, Cathaoirleach agus Comhalta Boird (Iúil-mí na Nollag 2022)
- Brendan Lenihan, Comhalta Boird (Eanáir- Meitheamh 2022)
- An Dr Sarah McLoughlin, Comhalta Boird
- Brendan Whelan, Comhalta Boird
- Anne Carrigy, Comhalta Boird (ó 29 Meitheamh 2022)
- An Lt Col Louis Flynn, Comhalta Seachtrach (Eanáir – Iúil 2022)
- An Dr Sarah Barry, Comhalta Seachtrach.

Tháinig an Coiste le chéile 14 babhta i 2022. I láthair chomh maith, bhí na comhaltaí d'Fhoireann Ardbhainistíochta FnaSS arna sannadh ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun cabhrú leis an gCoiste, ba iad sin an Príomhoifigeach Oibriúcháin, an Príomhoifigeach Straitéise agus an Príomhoifigeach Airgeadais. I rith na bliana, thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí eile den Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanamh agus iarradh tuilleadh faisnéise agus soiléirithe, nuair ba ghá.

D'aontaigh an coiste plean oibre mionsonraithe i gcomhair 2022, agus rinneadh maoirseacht ar dhréachtú Thuarascáil Bhliantúil FnaSS 2021, PSN (NSP) 2023 (lena n-áirítear Plean Caipitil 2023, Straitéis i ndáil le hAcmhainne Foirne Oibre 2023 agus Plean Caipitil ríomhshláinte agus TFC 2023) agus rinneadh dul chun cinn maidir le forbairt leanúnach an togra um Bainistíochta Comhtháite Airgeadais (IFMS). Chuir an Coiste rialú agus monatóireacht ráithiúil i gcrích maidir leis na rioscaí CRR atá curtha faoi chúram an choiste agus na rialuithe a bhain leo.

Maidir le cibirionsaí Conti i mBealtaine 2021, chuir an Coiste tacaíocht leanúnach ar fáil maidir le maoirseacht a dhéanamh ar mholtaí an *Athbhreithnithe Neamhspleách lar-Theagmhais ar chibirionsaí Conti ar FnaSS* (PIR). Go sonrach, thug an Coiste aiseolas ar ról an Phríomhoifigigh Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe agus an Phríomhoifigigh Slándála Faisnéise. Cuireadh nuashonruithe míosúla ar fáil don Choiste ar dhul chun cinn an phlean forfheidhmithe agus na sruthanna oibre: TFC / Cibearthrasfhoirmiú ; Seasmhacht maidir le hOibriúcháin Cliniciúil; agus Rialachas Clár agus Bainistíocht Clár.

De réir mholadh 1.4 *Athbhreithniú Neamhspleách lar-Theagmhais ar chibirionsaí Conti* (PIR), aistríodh maoirseacht maidir le sruth oibre um Chibearthrasfhoirmiú / bunathrú ar chóras TFC de chuid an Chláir Forfheidhmithe PIR chuig an gCoiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe nua, a tháinig le chéile go foirmiúil den chéad uair ar an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Le linn gach cruinniú míosúil, bhreithnigh an Coiste Próifíl Feidhmíochta a chuir an Príomhoifigeach Oibríochtaí ar fáil. Soláthraíonn na Próifíl Feidhmíochta uasdátú maidir le príomhréimsí feidhmíochta sa cheithre réimse seo a leanas atá san áireamh sa Scórchárta Náisiúnta, Cúram Sláinte Pobail, Ospidéal Ghéarchúraim agus Seirbhísí Náisiúnta chomh maith le Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar, Airgeadas agus Acmhainní Daonna. Léirítear na torthaí i ndáil le PTF (KPI) ar theasléaráid, agus i bhfoirm táblaí agus graf, mar aon le tráchtairíocht ar fheidhmíocht na seirbhísí. Chuir na próifíl seo na sonraí ar fáil don Choiste a bhí ag teastáil chun feidhmíocht FnaSS a mheas i gcomparáid leis na spriocanna sa PSN, i dtaca le príomhréimsí feidhmíochta..

Gach mí, breathnaíodh ar réimse faoi leith a chuirfeadh ar chumas an Choiste tuiscint níos fearr a fháil ar réimse áirithe seirbhíse. Bhí na réimsí cúraim seo a leanas san áireamh: Ionchuimsiú Sóisialta, Seirbhísí Míchumais, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, Daoine aosta agus Meabhairshláinte. Coinníodh an Coiste ar an eolas agus tugadh uasdátú go rialta ar nithe, ar nós, feidhmiú mholtaí *Thuarascáil an Phainéil Saineolaithe ar Thithe Altranais COVID-19*, an Néalstraitéis Sláinte agus aistriú na feidhme Míchumais ón Roinn Sláinte go dtí an Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige, an Néalstraitéis Sláinte. Mhol an Coiste freisin don Bhord Plean Straitéiseach na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna (NAS) 2021-31, agus téarmaí tagartha an Choiste um Theicneolaíocht agus Trasfhoirmithe nua a cheadú.

Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Bunaíodh an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta chun comhairle a chur ar an mBord maidir le gach ábhar a bhaineann le sábháilteacht othar agus cáilíocht sa tseirbhís sláinte agus chun maoirseacht straitéiseach a dhéanamh ar fhorbairt agus a fheidhmiú na gclár agus na straitéisí náisiúnta a bhaineann le clár oibre sábháilteachta agus cáilíochta FnaSS, ag tagairt go sonrach don *Straitéis um Shábháilteacht Othar 2019-2024*.

Thug an Bord údarás don Choiste údaraithe a ról maoirseachta agus comhairleach a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar bhearta chun sábháilteacht agus cáilíocht othar a thomhas agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, chun comhairle a chur ar an mBord ar éifeachtúlacht nó eile maidir le feidhmiú na mbeart seo agus monatóireacht a dhéanamh ar shocruithe d'fhorbairt cultúr foghlama i dtaca le cúram othar-lárnach i FnaSS. Tá sé mar aidhm aige seo a chinntiú go bhfaigheann gach othar an cúram is sábháilte agus is féidir ar bhonn seasta. Cuireann Cathaoirleach an Choiste comhairle ar an mBord ar bhonn míosúil faoi na hábhair go léir a phléitear agus a ardaítear ag cruinnithe an choiste. Cuireann an Cathaoirleach nithe sonracha faoi bhráid an Bhoird, ar iarratas ón gCoiste.

Comhaltaí an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta i rith na bliana 2022:

- An tOllamh Deirdre Madden, Cathaoirleach agus Comhalta Boid
- An tOllamh Fergus O'Kelly, Comhalta Boid
- An Dr Yvonne Traynor, Comhalta Boid
- Anne Carrigy, Comhalta Boid
- Margaret Murphy, Comhalta Seachtrach
- Jacqui Browne, Comhalta Seachtrach
- An Dr Cathal O'Keeffe, Comhalta Seachtrach
- An Dr Chris Luke, Comhalta Seachtrach (Eanáir-Meán Fómhair 2022)

4.1 Tuarascáil rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2022

- An Dr Anne Kilgallen, Comhalta Seachtrach (ón 27 Iúil 2022)
- Mary Culliton, Comhalta Seachtrach (ón 27 Iúil 2022).

Tá tá na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach comhalta den choiste chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh.

Bhí 13 cruinniú ag an gCoiste i rith 2022.

I láthair ag na cruinnithe gach mí i rith na bliana, bhí Príomhoifigeach Cliniciúil (POC) FnaSS, i dteannta an Stiúrthóra Cliniciúil Náisiúnta, Sábháilteacht agus Cáilíocht Othar. Chuir an Stiúrthóir Cliniciúil Náisiúnta tuairiscí i láthair maidir le dul chun cinn na hoifige sin i dtaca le feidhmiú na Stráitéise Sábháilteachta Othar. Thug an Coiste cuireadh do chomhaltaí eile d'Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach FnaSS freastal ar a gcruinnithe agus cur i láthair a dhéanam, nuair ba ghá.

Gach mí, rinne an Coiste athbhreithniú ar thuarascáil ón POC, a sholáthar faisnéis ar ghníomhaíochtaí in Oifig an POC, lena n-áirítear, sonraí maidir le paindéim COVID-19, tástáil agus rianú agus feidhmiú an chlár vacsaínithe; na Seirbhísí Náisiúnta Scagthástála; an Clár Náisiúnta Rialaithe Ailse; Frithsheasmhacht Ábhar Fhrithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe; Clár Náisiúnta Sláinte na mBan agus na Naíonán agus Iniúchadh Cliniciúil Náisiúnta. Cuireadh Tuarascáil Phróifíl Cáilíochta faoi bhráid an Choiste ar bhonn míosúil ina dtacaítear le maoirseacht agus déanamh cinntí trí anailísí agus cur i láthair maidir le feidhmíocht thar thréimhsí ama agus i seirbhísí éagsúla de réir na bpríomhtháscairí feidhmíochta a aontaíodh idir an Coiste agus an Oifig um Shábháilteacht Othar.

Bhí ionchur nach beag ag an gCoiste maidir le roinnt ábhar ardleibhéil trí mhaoirseacht agus dlús a chur le nithe ar nós an Bhille um Shábháilteacht Othar, athchumrú Ospidéal Mhuire na hUaimhe, athbhreithniú ar sheirbhísí gíniceolaíochta in Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, agus Tuarascáil Maskey i ndáil leis an tseirbhís meabhairshláinte do leanaí agus ógánaigh (CAMHS) i gCiarraí Theas. Fuair an Coiste faisnéis rialta chomh maith maidir le freagairt na seirbhíse sláinte i dtobh ghéarchéim na hÚcráine, an chonair chliniciúil i gcomhair Diosfóirí Inscne, an tSamhail Eatramhach Cúraim do theiripí COVID-19 agus COVID fadmarthanach.

De réir an phlean oibre mionsonraithe i rith na bliana, rinneadh cur i láthair mionsonraithe don Choiste ar ábhair a bhain le sábháilteacht agus cáilíocht i réimsí ar nós cosaint, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS), CAMHS, an Clár Náisiúnta Cúraim Chomhtháite, an Clár Cliniciúil Náisiúnta um Oftailmeolaíocht, an Clár Cliniciúil Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas, seirbhísí néareolaíocha, Neamhoird Speictrim Alcóil san Fhéatas, Géineolaíocht agus Géanómaíocht agus an Straitéis Náisiúnta Drugaí, agus tionscnaimh um shábháilteacht cógas.

I rith na bliana, rinne an Coiste breithniú ar na rioscaí a chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca faoina chúram lena n-áirítear Ráig Nua den Phaindéim, Cumraíocht Reatha na nOspidéal, Teagmhais Shábháilteachta as ar eascair díobháil d'othair, agus na Seirbhísí Scagthástála. I rith 2022, cuireadh rioscaí breise le Clár Rioscaí Corparáideacha FnaSS agus sannadh iad seo don Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta: Ina measc, bhí rioscaí a bhaineann leis an *Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015*, ráig nua de ghalar ionfhabhtaíoch (nach COVID-19 a bhí ann) agus teagmhais shábháilteachta as ar eascair díobháil d'othair.

Bhuail Cathaoirleach an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách (NIRP) leis an gCoiste i rith na bliana chomh maith agus chuir sé roinnt tuarascálacha faoi bhráid an Choiste. Rinne an Coiste athbhreithniú agus leasú freisin ar an Théarmaí Tagartha an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách agus fuarthas nuashonruithe go rialta maidir le dul chun cinn i leith fheidhmiú mholtá tuarascálacha an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách (NIRP).

Bhuail foireann ón Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil leis an gCoiste agus fuair an Coiste faisnéisithe ar fheidhmiú iniúchtaí cúram sláinte ar nós an Tuarascála ar Chomhlíonadh Caighdeán FnaSS ar Chleachtas agus Nósanna Imeachta iarbhaís. Fuair an Coiste nuashonruithe freisin ar fheidhmiú mholtá na n-iniúchtaí sin.

Bhuail an Coiste leis an bhFaighiteoir Rúnda a chuir an Tuarascáil Bhliantúil an Fhaighiteora Rúnda 2021 i láthair. Pléadh freisin Plean Gníomhaíochta Oibríochtaí Meabhairshláinte FnaSS mar fhreagra ar *Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Mheabhairshláinte 2021*.

Cuirtear mír sheasta maidir le Eispéireas an Phobail ar Cháilíocht faoi bhráid an Choiste gach dara mí agus é mar aidhm léargas agus peirspictíocht a chur ar fáil don Choiste i dtobh thaithí othar, úsáideoirí na seirbhísí nó ball foirne maidir le teagmhais laistigh den chóras. Tá an coiste fíorbhuíoch as cur i láthair den chineál seo mar go dtugann siad léargas ar eispéiris na líne thosaigh agus na ndaoine sa tseirbhís. Fáiltíonn an Coiste roimh an méid a foghlaimíodh agus na heispéiris chomhroinnte ar tugadh cuntas orthu i gcur i láthair den chineál seo. I rith 2022, rinneadh cur i láthair ar théarmaí Cosanta, Tráma, Sláinte na mBan, Samhail Chúraim Péidiatraiceach, agus an SNO (NAS).

An Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe

De réir mholadh 1.4 den *Athbhreithniú Neamhspleách Iar-Teagmhais Cibirionsaí Contí ar FnaSS (PIR)*, bunaíodh Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe i R4 2022. Is é ról an Choiste ná maoirsiú a dhéanamh ar Chlár ríomhshláinte, TF agus Cibearthrasfhoirmiú FnaSS chun bonn teicneolaíochta seasmhach atá oiriúnach don todhchaí a chur ar fáil chun seirbhísí sláinte atá cumasaithe go

digiteach a sholáthar, agus a chinntiú chomh maith nach dtéann rioscaí TF agus cibearshlándála thar an inghlacthacht riosca mar atá sonraithe.

Tá sé mar aidhm ag an gClár ríomhShláinte, TF agus Cibearchlár seirbhísí sláinte a athrú ó bhun. Sa chomhthéacs sin, cinnteoidh an Coiste go ndíreofar pleanáil agus feidhmiú an chlár ar riachtanais na n-othar, úsáideoirí na seirbhísí agus na foirne atá riachtanach maidir le soláthar cúraim sláinte.

Déanfaidh an Coiste maoirseacht freisin ar sheachadadh agus ar mhonatóireacht thorthaí chlár mhórsála um thrasfhoirmiú seirbhísí FnaSS agus beidh an plean oibre ag teacht le tosaíochtaí an Bhoird. In ainneoin go bhfuil saineolas teicneolaíochta maith ag an gCoiste, bíonn leithdháileadh maoirseachta maidir le tionscadail thrasfhoirmithe nach bhfuil faoi cheannas TF, de réir rogha an Bhoird.

Déanfaidh an Coiste maoirsiú freisin ar chruthú Treochlár um Thrastfhoirmiú chun soiléire a sholáthar don Bhord agus éascóidh sé seo rialú agus cinnteoireacht níos fearr. Cruthófar meicníocht do thuairisciú freisin a thabharfaidh deis don Bhord tuiscint a fháil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcomparáid le forálacha an treochláir seo. Ba cheart go leagfadh sé seo béim ar na hidirspheáchais (beartais, daoine, struchtúr, maoiniú, teicneolaíocht, srl.) nach mór a chur san áireamh chun cur chuige neamhchomhtháite i leith athruithe a sheachaint.

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste i 2022, agus bhí roinnt cruinnithe aige sular bunaíodh an Coiste go foirmiúil.

Comhaltaí an Choiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe i rith 2022:

- Tim Hynes, Cathaoirleach agus Comhalta Boid
- Brendan Whelan, Comhalta Boid
- An tOllamh Fergus O’Kelly, Comhalta Boid
- Barry Lowry, Comhalta Seachtrach
- Martin McCormack, Comhalta Seachtrach
- Rosaleen Killalea, Comhalta Seachtrach
- Derick Mitchell, Comhalta Seachtrach
(ón 25 Samhain 2022).

Tacaíocht don Bhord agus do na Coistí

Ghníomhaigh Rúnaí Bhord FnaSS mar Rúnaí na gCoistí agus chuir Oifig an Bhoird tacaíocht riaracháin sa bhreis ar fáil.

4.1 Tuarascáil rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2022

Comhaltaí an Bhoird (ar an 31 Nollaig 2022)



An tUas. Ciarán Devane

Cathaoirleach

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse: 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an Ionad um lontaobhas, Siocháin agus Caidrimh Shóisialta in Ollscoil Coventry. Cathaoirleach ar Clóire Social Leadership. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Macmillan Cancer Support agus ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle na Breataine. Rinneadh ridire de sa Ríocht Aontaithe as ucht seirbhísí d'othair le hailse.



An tOllamh Deirdre Madden

Leaschathaoirleach

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse: 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Ollamh le Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh le speisialtóireacht sa dlí agus eiticí a bhaineann le cúram sláinte. Bhí sí ina cathaoirleach ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta agus bhí sí mar chomhalta ar Bhord ÚFCS (HIQA), Comhairle na nDochtúirí Leighis agus Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Tá sí ina comhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann.



Ms Anne Carrigy

Dáta Ceapacháin: 12 Márta 2021

Tréimhse: 3 bliana

Scileanna agus Taithí:

Scileanna agus Taithí: Bhí sí mar Stiúrthóir Altranais agus Ceann Gnóthaí Corparáideacha in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae sular ceapadh ina Stiúrthóir ar Fhoireann Bainistíochta Teagmhais Thromchúiseach FnaSS i agus ina dhiaidh sin mar Cheannasaí Náisiúnta ar Sheirbhísí Ospidéil Ghéarmhíochaine. Bhí sí mar Uachtarán ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann agus Cónaidhm Eorpach na nGairmeacha Altranais.



An tUas. Fergus Finlay

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse: 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Barnardos. Iarchomhairleoir polaitíochta ina raibh sé mar chomhairleoir ag trí rialtas. Bhí baint aige le hidirbheartaíocht Angla-Éireannach i rith an phróisis síochána, agus bhí sé ar dhuine de dhréachtóirí Fhorógra Shráid Downing. Faoi láthair tá sé ina chathaoirleach ar thascfhórsa Rialtais maidir le fostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus ina Chathaoirleach ar Bhord Athnuachana Theach an Charnáin.



An tUas. Tim Hynes

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse 1: 3 bliana **Tréimhse 2:** 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Príomhoifigeach Faisnéise Ghrúpa Bhanc-Aontas Éireann. Tá Máistreacht aige i gCeannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh, tá sé cáilithe mar stiúrthóir bainc, agus tá sé mar Chomhalta de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann.



An tUas. Brendan Lenihan

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse: 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Stiúrthóir Bainistíochta ar Navigo Consulting agus iar-Uachtarán ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Bhord Bhus Éireann. Cathaoirleach Chorporáid Trádála Idirnáisiúnta na hÉireann (Corcaigh) PLC Agus Cathaoirleach Bhord lontaobhaithe Good Shepherd, Corcaigh. Tá Dioplóma Gairmiúil i Rialachas Corparáideach aige ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá sé ina bhall d'Institiúid na Stiúrthóirí.

(Éiríthe as ó Mhárta 2023)



An Dr Sarah McLoughlin

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse: 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Rannpháirtíocht an Phobail agus Othar (PPI) Comhordaitheoir Trialacha Ailse Éireann. Abhoíde othar le taithí tras-ghalar i gcarthanachtaí a bhaineann le hothair. Céim PhD i dtaighde bithleighis agus tugann sí léachtaí ar uairibh. Ball PPI de Choiste Eitice Taighde Náisiúnta um Fheistí Leighis, Tionscadal Náisiúnta Forbartha Bithbhainc COVID-19, de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Cumann na hÉireann um Thaighde ar Ailse, Bord Comhairleach Oideachais Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide San Séamas, Cuihbheannas Ailse na hInstitiúide Náisiúnta Ailse – na hÉireann-Thuaisceart Éireann.



An tUas. Aogán Ó Fearghail

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse 1: 3 bliana **Tréimhse 2:** 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Iar-phríomhoide bunscoile, mar Uachtarán ar CLG ó 2015-2018 nuair a thug sé isteach Aonad Cothaithe Sláinte i bPáirc an Chrócaigh agus tionscnaimh eile a dhírigh ar ábhair a bhain le sláinte choirp agus meabhairshláinte. Faoi láthair oibríonn sé mar theagascóir socrúcháin scoile in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



An tOllamh Fergus O'Kelly

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse: 5 Bliana

Scileanna agus Taithí:

Dochtúir Teaghlaigh / lia teaghlaigh ar scor agus Ollamh Cliniciúil le Cleachtas Ginearálta / Leigheas Teaghlaigh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá sé mar Stiúrthóir ar chlár FnaSS Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le 18 bliain. Bhí sé mar Uachtarán ar Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann (ICGP) (2015-2016) agus mar chomhalta de Bhord Rialúcháin ICGP (2014-2017).



Ms Michelle O'Sullivan

Dáta Ceapacháin: 21 Iúil 2022

Tréimhse: 2 bliana

Scileanna agus Taithí:

Tá os cionn 21 bliain de thaithí AD(HR) aici ag obair i mbanc infheistíochta ilnáisiúnta. D'éirigh sí as a ról corparáideach agus bhunaigh sí MOS Consulting i 2019. Cóitseálaí / meantóir cáilithe agus creidiúnaithe ag an gComhairle Eorpach um Mheantóireacht agus um Chóitseáil (EMCC) ar leibhéal chleachtóra sinsearach. Faoi láthair, tá sí ina cathaoirleach ar choiste straitéiseach AD Bhord an Cheolárais Náisiúnta.



An Dr Yvonne Traynor

Dáta Ceapacháin: 28 Meitheamh 2019

Tréimhse 1: 3 bliana **Tréimhse 2:** 5 bliana

Scileanna agus Taithí:

Iar Leas-Uachtarán Ghnóthaí Rialacháin agus Eolaíochta le Kerry Group. Tá PhD sa Cheimic aici ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar aon le Diplóma Deimhniú sa Chuntasaíocht agus Airgeadas agus MSc i gCeannaireacht Feidhmiúcháin. Bhí sí mar Chathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Comhlíontachta Sheirbhís Fhuilistriúcháin na hÉireann.



An tUas. Brendan Whelan

Dáta Ceapacháin: 12 Márta 2021

Tréimhse: 3 bliana

Scileanna agus Taithí:

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Fhorais Airgeadais Shóisialaigh. Cathaoirleach Chomhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta. Cathaoirleach Chumann Naomh Caitríona, Cill Mhantáin agus Pátrún Scoil Speisialta Naomh Caitríona. Iarfheidhmeannach sinsearach i mBanc na hÉireann agus tá sé mar Chomhalta d'Institiúid na mBancéirí in Éirinn. Tá cáilíochtaí aige sa Tráchtáil agus sa Bhainistíocht.

4.1 Tuarascáil rialachais agus Chomhaltaí an Bhoird 2022

Comhaltaí na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin (ar 31 Nollaig 2022)



An tUas. Stephen Mulvany
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Scileanna agus Taithí:

Is é Stephen Mulvany Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach FnaSS ó mhí Dheireadh Fómhair 2022. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais ó 2014. Tá taithí fairsing aige ar phleanáil airgeadais, ar phleanáil oibriúcháin agus ar sholáthar seirbhísí. Is Cuntasóir Deimhniú (FCCA) é le Diplóma Iarchéime i mBainistíocht agus Feidhmiú Teicneolaíochta Faisnéise sa Chuntasaíocht, MSc i gCleachtas Bainistíochta, agus tá an cúrsa um Theastas Institiúid na Stiúrthóirí agus Diplóma i Stiúradh Comhlachtaí curtha i gcrích aige chomh maith.



An tUas. Mark Brennock
Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid

Scileanna agus Taithí:

Is é Mark Brennock an Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide, a stiúran forbairt agus bainistíocht cumarsáide FnaSS. Tugann sé comhairle agus tacaíocht chomhairliúcháin do bhaill foirne ar fud na heagraíochta. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Ghnóthaí Poiblí le Murray, ceann de na gníomhaireachtaí cumarsáide is mó in Éirinn, agus chaith sé 23 bliain ag obair mar iriseoir, leis an Irish Times go príomha.



Ms Mairead Dolan
Príomhoifigeach Airgeadais

Scileanna agus Taithí:

Is í Mairead Dolan Príomhoifigeach Airgeadais Eatramhach FnaSS ó Dheireadh Fómhair 2022. Roimhe sin, bhí sí ina Príomhoifigeach Airgeadais Cúnta ó 2015. Tá os cionn 20 bliain de thaithí aici i ról shinsearacha airgeadais i gcuideachtaí móra príobháideacha, idir eagraíochtaí miondíola agus ilnáisiúnta. Is Cuntasóir Bainistíochta cáilithe (ACMA) í, agus tá BSc aici i mBainistíocht agus Máistreacht i gCeannaireacht Chúram Sláinte aici.



An Dr Colm Henry
Príomhoifigeach Cliniciúil

Scileanna agus Taithí:

Is é an Dr Colm Henry Príomhoifigeach Cliniciúil FnaSS. Sular ceapadh ina Phríomhoifigeach Cliniciúil é, bhí sé ina Chomhairleoir Cliniciúil Náisiúnta agus ina Cheannaire ar Ghrúpa d'Ospidéal Ghéarmhíochaine FnaSS agus, roimhe sin, bhí sé ina Cheannaire Náisiúnta ar Chlár um Stiúrthóirí Cliniciúil FnaSS. Ceapadh é ina gheiriatraí comhairleach in Ospidéal Ollscoile na Trócaire i gCorcaigh i 2002 agus bhí sé ina Stiúrthóir Cliniciúil san ospidéal ó 2009 go 2012.



Ms Anne Marie Hoey
Stiúrthóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna

Scileanna agus Taithí:

Is í Anne Marie Hoey Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna FnaSS. Tá os cionn 30 bliain de thaithí aici i seirbhís sláinte na hÉireann, agus bhí roinnt ról bhainistíochta sinsearacha aici, sna hospidéal ghéarmhíochaine éagsúla, seirbhísí pobail agus an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil. Tá BSc sa Bhainistíocht aici chomh maith le Céim Mháistreachta i mBainistíocht na Seirbhíse Sláinte ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá sí ina Comhalta den Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha.



An tUas. Tom Malone
Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúcháireacht Inmheánach

Scileanna agus Taithí:

Is é Tom Malone Stiúrthóir Náisiúnta Eatramhach um Iniúcháireacht Inmheánach FnaSS ó Aibreán 2022. Tá taithí fairsing aige i réimsí iniúcháireachta, an dearbhaithe agus na rialála. Is Cuntasóir Deimhniú (FCCA), agus Iniúcháir Inmheánach Deimhniú é agus tá MSc aige i mBainistíocht Straitéiseach.

**An tUas. Damien McCallion**

Príomhoifigeach Oibríochtaí

Scileanna agus Taithí:

Is é Damien McCallion Príomhoifigeach Oibríochtaí FnaSS ó mhí an Mheithimh 2022. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir Náisiúnta i gceannas ar fheidhmiú céimneach na gClár Vacsáinthe agus Tástála agus Rianaithe COVID-19 agus tá sé ina Ard-Stiúrthóir ar CAWT (Comhoibriú agus ag Obair le Chéile). Le linn a shaol oibre, bhí roinnt ról shinsearacha aige i réimsí éagsúla, ina measc, sa tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, TFC, Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte, Bainistíocht Éigeandála agus sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, agus tá MSc aige i mBainistíocht um Athrú agus Nuálaíocht.

**An tUas. Brian Murphy**

Ceannasaí na nGnóthaí Corparáideacha

Scileanna agus Taithí:

Is é Brian Murphy Ceannasaí Ghnóthaí Corparáideacha FnaSS ó mhí na Bealtaine 2022. Tá os cionn 35 bliain de thaithí aige ag obair in earnáil sláinte na hÉireann, tar éis dó a bheith ag obair sa Roinn Sláinte roimhe seo. Bhí go leor post a bhain le hoibríochtaí agus straitéis ag Brian le linn na tréimhse seo, ina measc, ról in airgeadas, cúram príomhúil agus pleanáil straitéiseach. Tá céim ag Brian i Staidéar Gnó agus cáilíochtaí iarchéime sna hEolaíochtaí Sláinte agus i Straitéis agus Nuálaíocht.

**An tUas. Dean Sullivan**

Príomhoifigeach Straitéise

Scileanna agus Taithí:

Is é Dean Sullivan Príomhoifigeach Straitéise FnaSS. Tá 30 bliain caite aige ag obair san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, agus bhí ról shinsearacha aige i mBord Sláinte agus Cúraim Shóisialta Thuaisceart Éireann agus sa Roinn Sláinte, agus le PA Consulting agus Price Waterhouse. Is cuntasóir cáilithe é (CIPFA) agus tá Teastas agus Diplóma ó Institiúid na Stiúrthóirí i Stiúradh Comhlachtaí aige chomh maith.

**An tUas. Fran Thompson**

Príomhoifigeach Faisnéise

Scileanna agus Taithí:

Is é Fran Thompson Príomhoifigeach Faisnéise FnaSS a stiúran an t-athrú digiteach i seirbhís sláinte na hÉireann. Tá os cionn 25 bliain de thaithí ceannaireachta TFC aige agus bhí sé i gceannas ar réimse leathan príomhchlár ríomhshláinte straitéiseacha, tá sé dírithe go háirithe ar dhlús a chur le hathruithe digiteacha san earnáil sláinte.

**An tUas. John Ward**

Príomhoifigeach um Thrasfhoirmiú Teicneolaíochta

Scileanna agus Taithí:

Is é John Ward Príomhoifigeach Eatramhach um Theicneolaíocht agus Trasfhoirmiú FnaSS ó mhí Iúil 2022. Tá os cionn 25 bliain de thaithí ag John ag obair i dtionscail éagsúla ar chláir mhóra theicneolaíochta bunathraithe le fócas ar leith ar chruthú agus ar fhorbairt bhogearraí ceannródaíoch. Tá BSc san Eolaíocht Ríomhaireachta ag John, Diplóma Iarchéime i bhForbairt Gnó Nua agus tá deimhniú gairmiúil bainte amach aige i Leabharlann Bonneagair Theicneolaíocht na Faisnéise, Creat Ailtreachta an Ghrúpa Oscailte agus Cosaint Sonraí.

**Ms Eileen Whelan**

Ceannasaí Náisiúnta, Clár Vacsáinthe agus Tástála agus Rianaithe

Scileanna agus Taithí:


Is í Eileen Whelan an Ceannasaí Náisiúnta Chláir um Thástáil agus Rianú Clár Vacsáinthe COVID-19 ó mhí an Mheithimh 2022. Sular ceapadh í, bhí sí ina Príomh-Stiúrthóir Altranais agus Cnáimhseachais i nGrúpa Ospidéal Lár Tíre, Bhaile Átha Cliath, áit a raibh sí i gceannas ar fhorbairt Ionad Vacsáinthe Citywest. Ina theannta sin bhí sí ina Stiúrthóir Eatramhach um Cháilíocht agus Sábháilteacht Othar agus roimhe sin ina Ceannasaí san Aonad Seachadta Speisialta. Is Altra Ginearálta Cláraithe í agus tá céim MBA aici ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, bhí sí ina hOllamh Cúnta sa Scoil Altranais agus Cnáimhseachais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, FFNMRCIS, Scoláire Florence Nightingale atá inti agus tá sí ina comhalta de Chlár Sábháilteachta Othar na hAlban.

5 Aguisíní

- Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí
- Aguisín 2: Caiteachas agus Sonraí Acmhainní Daonna
- Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2022, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomhaíochtaí
- Aguisín 4: Bonneagar Caipitil
- Aguisín 5: Tuarascáil de réir Alt 55 den Acht Sláinte 2004 (Gearáin)
- Aguisín 6: Tuarascáil Bhliantúil – Nochtaí Cosanta 2022
- Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca
- Aguisín 8: Sceideal – Tinreamh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí
- Aguisín 9: Comhlíonadh Reachtach
- Aguisín 10: Gluais Téarmaí

Aguisín 1: Struchtúr na hEagraíochta agus Soláthar na Seirbhísí


Struchtúr na hEagraíochta



Soláthar Cúram Sláinte agus um Chúram Shóisialta


Cúram Sláinte Pobail

Clúdaíonn cúram sláinte pobail seirbhísí cúraim phríomhúil, seirbhísí um ionchuimsiú sóisialta, seirbhísí do dhaoine aosta agus cúram maolaitheach, seirbhísí míchumais agus seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine fásta, ina measc, grúpaí imeallaithe agus iad siúd atá ag fulaingt éagothroime sláinte. Cuireann Dochtúirí Teaghlaigh, altraí sláinte poiblí agus Gairmithe Sláinte agus Cúram Sóisialta (GSCS) seirbhísí ar fáil trí fhoirne cúraim phríomhúil agus Líonraí Sláinte Pobail (LSP). Cuirtear seirbhísí cúram sláinte pobail ar fáil faoi láthair i naoi nEagraíocht Sláinte Pobail (ESP) trí mheascán cúraim díreach ó FnaSS agus ó sholáthraithe deonacha seirbhíse Alt 38 agus 39, mar aon le Dochtúirí Teaghlaigh agus soláthraithe príobháideacha. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do dhaoine i bpobail áitiúla chomh gar do bhaile agus is féidir.



Cúram in Ospidéal Ghéarmhíochaine

Cé go bhfuil sé mar sprioc againn seirbhísí a sholáthar do dhaoine chomh gar agus is féidir do bhaile, bíonn cásanna ann a mbíonn ar othar dul chuig an ospidéal. Tá sé mar aidhm ag seirbhísí ospidéal géarmhíochaine feabhas a chur ar shláinte an daonra trí réimse leathan seirbhísí sláinte a chur ar fáil, a chuimsíonn luathdhiagnóis, seirbhísí speisialtóra, ina measc, cúram sceidealaithe d'othair chónaitheacha, cúram neamhsceidealaithe / éigeandála, seirbhísí ailse, seirbhísí máithreachais, seirbhísí othar seachtrach agus diagnóisic. Tá ospidéal na hÉireann eagraithe i sé Ghrúpa Ospidéil agus Sláinte Leanaí Éireann (CHI) agus cuireann foirne ildisciplíneacha cúram ar fáil. Cuireann SNA (NAS) cúram éigeandála réamh-ospidéil, cúram idirmheánach agus seirbhísí aisghabhála cúraim chriticiúil ar fáil.



Aguisín 2: Sonraí Caiteachais agus Acmhainní Daonna

Miondealú ar Chaiteachas

Réimse Seirbhíse	2021 €'000	2022 €'000
Sláinte agus Folláine	582,892	684,674
Cúram Príomhúil	4,974,705	5,342,895
Meabhairshláinte	1,070,648	1,197,102
Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Aosta	3,951,737	4,340,885
Seirbhísí in Ospidéal Ghéarmhíochaine	8,206,397	9,183,825
Seirbhísí Tacaíochta Corparáide	2,856,134	2,614,088
Iomlán	21,642,513	23,363,470

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

	2021 €'000	2022 €'000
Caiteachas Iomlán FnaSS i 2022	21,642,513	23,363,470
Caiteachas Caipitil i 2022	1,061,697	1,167,610
Caipiteal iomlán do thionscadail TFC	115,256	150,581
Deontais chaipitil iomlán do ghníomhaireachtaí deonacha	451,940	531,706

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

Párolla

	2021 €'000	2022 €'000
Bille pá iomlán na seirbhíse sláinte (gan solátraihe seirbhíse deonacha agus aoisliúntas a chur san áireamh)	6,193,963	6,887,445
Bunphá	4,330,114	4,730,778
Liúntais eile	136,099	190,614

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

Socruithe rialachais leis an earnáil neamhreachtuil

Maoiniú curtha ar fáil ag FnaSS	2021 €'000	2022 €'000
Ospidéal Dheonacha Ghéarmhíochaine	2,936,578	3,281,290
Gníomhaireachtaí eile	2,754,804	3,060,902
Iomlán	5,691,382	6,342,192

Foinse sonraí: Airgeadas Náisiúnta

Socruithe maoinithe

Socruithe maoinithe	2021	2022
Líon na ngníomhaireachtaí a fuair maoiniú	2,311	2,261
Socruithe maoinithe ar leith i bhfeidhm	4,924	4,845

Foinse sonraí: Aonad Comhlíontachta

Sonraí maidir le hAcmhainní Daonna

Cóibhéisí Lánaimseartha (WTEs) de réir catagóire

Catagóir Foirne	CL Nollaig 2021	CL Nollaig 2022
Leigheas agus Fiaclóireacht	12,113	12,697
Altranas agus Cnáimsheachas	41,576	43,619
Gairmithe Sláinte agus cúraim shóisialta	18,999	19,721
Bainistíocht agus riarachán	21,583	23,156
Tacaíocht ghinearálta	10,010	10,134
Cúram othar agus cliant	28,042	28,418
Iomlán na seirbhíse sláinte	132,323	137,745

Foinse sonraí: Áireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte. Figiúirí slánaithe go dtí an CL is gaire

Comhlíontacht maidir le Treoir an AE um Am Oibre (EWTD)

	2021 %	2022 %
Comhlíontacht maidir le sealanna oibre 24 uair an chloig		
Dochtúirí Neamhchomhairleacha (NCHDs), géarchúram	98.0%	97.1%
DNCO, meabhairshláinte	98.7%	97.6%
Oibrithe cúraim shóisialaigh, seirbhísí míchumais	74.0%	74.0%
Comhlíontacht maidir le seachtain oibre 48 uair an chloig		
DNCO, géarchúraim	83.8%	85.5%
DNCO, meabhairshláinte	91.9%	91.3%
Oibrithe cúraim shóisialaigh, seirbhísí míchumais	78.0%	81.0%
% Fuair tréimhsí scíthe laethúla 11 uair an chloig nó tréimhse scíthe cúiteach coibhéiseach (DNCO)	98.4%	94.1%
Comhlíontacht maidir le sosanna 30 nóiméad (DNCO)	99.2%	99.4%
Comhlíontacht maidir le tréimhsí scíthe seachtainiúla / coicíse nó tréimhse scíthe cúiteach coibhéiseach (DNCO)	99.3%	95.4%

Foinse sonraí: Acmhainní Daonna Náisiúnta

Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2022, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomaíochtaí

Nóta: Tá na sonraí tuairiscithe bunaithe ar na sonraí is déanaí a bhí ar fáil ag an am ar ullmhaíodh an tuarascáil seo agus d'fhéadfadh sé nach léirítear an staid ag deireadh na bliana (de bharr go ndéantar tuairisciú riaráisteach ar shonraí).

Aguisín 3(a) Scórchárta Náisiúnta

Scórchárta Náisiúnta			
Ceathramhán an Scórchárta / Réimse Tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Sprioc PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
Cáilíocht agus Sábháilteacht			
Gearáin a fiosraíodh laistigh de 30 lá	% na ngearán a fiosraíodh laistigh de 30 lá oibre tar éis don oifigeach an gearán a admháil	75%	62.0%
Teagmhais Thromchúiseacha	% athbhreithnithe cuimsitheacha agus beachta a cuireadh i gcrích laistigh de 125 lá tar éis don oifigeach cuntasach sinsearach a bheith curtha ar an eolas faoi theagmhas de chatagóir 1	70%	47.0%
	% de na teagmhais tuairiscithe a cuireadh isteach ar CNBT (NIMS) laistigh de 30 lá tar éis dóibh tarlú in ESP / Grúpa Ospidéal / SNO	70%	73.0%
	% de na teagmhais go léir a tuairiscíodh mar mhórtéagmhais nó mar theagmhais thromchúiseacha	<1%	0.5%
Rátaí Ionfhabhtuithe a bhain le Cúram Sláinte RICS (HCAI)	Ráta cásanna nua d'ionfhabhtú stafalacocas órga sa sruth fola, a tholg daoine san ospidéal	<0.8 / 10,000 lá ar úsáideadh leapacha	1.0
	Ráta cásanna nua d'ionfhabhtú C. difficile a tolgadh san ospidéal	<2 / 10,000 lá ar úsáideadh leapacha	2.2
Sláinte Leanaí	% de leanaí 24 mí d'aois a bhfuil an vacsaín don bhruitíneach, don leicneach, agus don bhruitíneach dhearg (MMR) faighte acu	95%	89.5%
	% de na leanaí a bhí 12 mí d'aois laistigh den tréimhse tuairiscithe a ndearnadh measúnú ar a sláinte agus ar a bhforbairt in am nó sula raibh siad 12 mí d'aois	95%	84.0%
	% na leanaí a cothaíodh ar an gcóch go hiomlán tráth ar thug an ASP cuairt trí mhí	36%	31.1%
	% de na leanaí nuabheirthe ar thug ASP cuairt orthu laistigh de 72 uair an chloig ó scaoileadh amach as seirbhísí máithreachais iad	99%	98.1%
Ionscópacht phráinneach laistigh de 4 seachtaine	Líon na ndaoine nua atá ag feitheamh > ceithre seachtaine le rochtain a fháil ar ionscópacht phráinneach	0	2,177
BreastCheck	% ráta glactha le scagthástáil BreastCheck	70%	75.5%
Máinliacht	% na n-athiontrálacha éigeandála máinliachta chuig an ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar ligeadh amach iad	≤2%	1.7%
Leigheas	% na n-athiontrálacha éigeandála leighis chuig an ospidéal céanna laistigh de 30 lá ón am ar ligeadh amach iad	≤11.1%	11.4%

Scórchárta Náisiúnta			
Ceathramhán an Scórchárta / Réimse Tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Sprioc PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
Aga aischasta Otharcharranna	% na n-otharcharranna a raibh tréimhse ama ≤30 nóiméad ón uair ar shroich siad an RÉ go dtí an uair a dhearbhaigh criú an otharchairr go raibh an t-otharcharr ábalta glacadh le glao eile (réidh agus ar fáil)	80%	20.8%
Laethanta Leapa SMLO (CAMHS) a úsáideadh	% de laethanta leapa a úsáideadh in Aonaid Ghéarchúraim do Leanaí agus d'Ogánaigh de chuid FnaSS do líon iomlán na laethanta leapa a d'úsáid leanaí in aonaid ghéarchúraim d'othair chónaitheacha	>95%	98.6%
Seirbhísí Míchumais	Éascú maidir le bogadh daoine ó láithreacha comhchónaithe go láithreacha pobail	143	35
Caitheamh Tobac	% de chaiteoirí tobac ar chlár scoir a stop ag caitheamh i dtréimhse ceithre seachtaine	48%	49.7%
Rochtain agus comhtháthú			
Liostaí feithimh i gcomhair Teiripe	Fisiteiripe – % ar an liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain	94%	78.3%
	Teiripe Shaothair – % ar an liosta feithimh le haghaidh measúnaithe ≤52 seachtain	95%	73.8%
	Teiripe Urlabhra agus Theanga – % ar an liosta feithimh do mheasúnú ≤52 seachtain	100%	87.8%
	Cosliacht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	77%	64.6%
	Oftailmeolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	64%	51.7%
	Éisteolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	75%	75.8%
	Diaitéitic – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	80%	63.4%
	Síceolaíocht – % ar an liosta feithimh le haghaidh cóireála ≤52 seachtain	81%	65.5%
Altranais	% na n-othar nua a glacadh leo mar chásanna altranais agus a chonacthas laistigh de 12 seachtain	100%	99.6%
Tréimhsí Feithimh i Rannóga Éigeandála	% díobh siúd a d'fhreastail ar an RÉ a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de shé huair an chloig ón am ar chláraigh siad	70%	57.2%
	% díobh siúd a d'fhreastail ar an RÉ a chaith <24 uair an chloig ann	97%	95.5%
	% díobh siúd a bhí os cionn 75 bliana d'aois agus níos sine a d'fhreastail ar RÉ agus a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de shé huair an chloig ón am ar chláraigh siad	95%	36.0%
	% díobh siúd a bhí os cionn 75 bliana d'aois agus níos sine a d'fhreastail ar RÉ agus a ligeadh amach nó a tógadh isteach san ospidéal laistigh de 24 uair an chloig ón am ar chláraigh siad	99%	89.0%

Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2022, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomaíochtaí

Scórchárta Náisiúnta			
Ceathramhán an Scórchárta / Réimse Tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Sprioc PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
Treimhsí Feithimh i gcomhair Gnáthamh Leighis	% de dhaoine fásta atá ag feitheamh <12 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (othar cónaitheach)	98%	78.1%
	% de dhaoine fásta atá ag feitheamh <12 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (cás lae)	98%	86.8%
	% de leanaí atá ag feitheamh <12 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (othar cónaitheach)	98%	71.6%
	% de leanaí atá ag feitheamh <12 mhí le haghaidh gnáthamh roghnach (cás lae)	98%	85.0%
	% de na daoine a bhí ag feitheamh <18 mí le haghaidh an chéad rochtain ar sheirbhísí ROS (OPD)	98%	83.9%
	% de na daoine a bhí ag feitheamh <13 seachtaine tar éis atreoraithe le haghaidh ionscópacht ar an drólann nó OGD	65%	61.3%
Amanna Freagartha Otharcharrannna	% de stádas cliniciúil teagmhas 1 ECHO ar thug feithicil a iompraíonn othar freagra orthu laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú	80%	72.2%
	% de stádas cliniciúil teagmhas 1 DELTA ar thug feithicil a iompraíonn othar freagra orthu laistigh de 18 nóiméad agus 59 soicind nó níos lú	50%	40.5%
Ailse	% d'othair nua a d'fhreastail ar chlinic mear-rochtana cíche, scamhóg agus próstatach laistigh den tréimhse ama atá molta	95%	74.8%
	% na n-othar atá ag fáil cóireála radaiteiripe radacach ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de 15 lá oibre tar éis don oinceolaí radaíochta a chur in iúl go raibh siad réidh i gcomhair na cóireála (níl othair chúraim mhaolaithe san áireamh)	90%	71.4%
An tSeirbhís Náisiúnta Scágthástála	Líon na mban a fuair scagthástáil ceirbheacs shásúil amháin nó níos mó i láthair chúraim phríomhúil	295,000	248,369
Seirbhísí Míchumais	% de mheasúnuithe leanaí a críochnaíodh laistigh de na hamlínte atá sna rialacháin	100%	24.5%
	Líon na n-áiteanna éigeandála nua a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas	50	103
	Líon na dtacaíochtaí faoisimh baile a tugadh i gcásanna éigeandála	422	439
	Líon na seisiún faoisimh lae amháin, a raibh rochtain ag daoine faoi mhíchumas orthu	22,474	28,369
	Líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag fáil seirbhísí faoisimh (MI / uathachas agus míchumas fisiciúil agus céadfach)	5,351	5,794
	An líon seisiún oíche (le nó gan faoisimh) a rochtain daoine atá faoi mhíchumas	92,552	131,057

Scórchárta Náisiúnta			
Ceathramhán an Scórchárta / Réimse Tosaíochta	Príomhtháscaire Feidhmíochta	Spríoc PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
Daoine Aosta	Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a cuireadh ar fáil (gan soláthar uaireanta Phacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) san áireamh)	23.67m	20,792,772
	Líon na ndaoine atá ag fáil tacaíochta baile (gan soláthar ó Phacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) san áireamh) – gach duine á chomhaireamh babhta amháin	55,675	56,162
Meabhairshláinte	% na n-atreoruithe práinneacha chuig Foirne Meabhairshláinte Leanaí agus Ógánach ar freastalaíodh orthu laistigh de thrí lá oibre	≥90%	92.7%
	% na n-atreoruithe / ath-atreoraithe ar tairgeadh an chéad choinne dóibh agus a chonaic an Fhoireann Ghinearálta um Meabhairshláinte Phobail d'Aosaigh laistigh de 12 seachtain	≥75%	70.3%
	% na n-atreoruithe / ath-atreoraithe ar tairgeadh an chéad choinne dóibh agus a chonaic Foirne Meabhairshláinte Phobail um Shíciatracht sna Blianta Níos Déanaí sa Saol, laistigh de 12 seachtain	≥95%	90.3%
Daoine gan Dídean	% na n-úsáideoirí seirbhíse a tógadh isteach i mbrúnna / saoráidí cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean a ndearnadh measúnú ar a gcuid riachtanas sláinte laistigh de choicís tar éis díobh a bheith glactha isteach	85%	87.8%
Mí-úsáid subataintí	Líon na mí-úsáideoirí substaintí (faoi bhun 18 mbliana) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de sheachtain amháin tar éis measúnaithe	360	238
	% de na mí-úsáideoirí substaintí (os cionn 18 mbliana d'aois) ar cuireadh tús lena gcóireáil laistigh de mhí féilire amháin tar éis measúnaithe	100%	96.9%
Airgeadas, Rialachas agus Comhlíontacht			
Bainistiú Airgeadais	Difríocht glanchaiteachais ón bplean (pá + neamhphá – ioncam)	≤0.1%	Reported in Annual Financial Statements 2022
Rialachas agus Comhlíontacht	% de luach airgeadúil na socruithe seirbhíse atá sínithe	100%	83.1%
	% de mholtaí de chuid na hiniúcháireachta inmheánaí curtha i bhfeidhm, laistigh de 12 mí ó fuarthas an tuarascáil i gcomparáid le líon iomlán na moltaí	95%	84.0%
Fórsa Oibre			
Bainistiú Tinrimh	% rátaí neamhláithreachta de réir catagóire foirne	≤4%	6.1%*

* Ba 7.3% an ráta neamhláithreachta, COVID-19 san áireamh

Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2022, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomaíochtaí

Aguisín 3(b) Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2022

Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2022			
Réimse um Soláthar Seirbhísí	Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí a bhfuil súil leo faoi PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
Cur le seirbhísí Luath-Idirghabhálacha agus Cosc			
Sláinte agus Folláine	Tobac Líon na gcaiteoirí tobac atá ag fáil seirbhísí tacaíochta ar líne maidir le héirí as tobac	6,000	6,316
	Making Every Contact Count Líon na mball foirne túslíne a chríochnaigh an oiliúint ríomhFhoghlama maidir le hidirghabháil ghairid, Making Every Contact Count	3,997	2,355
An tSeirbhís Náisiúnta Scághástála	BreastCheck Líon na mban san aoisghrúpa incháilithe a raibh mamagram iomlán acu	150,000	156,786
	BowelScreen Líon na gcliant a bhfuil tástáil shásúil BowelScreen FIT déanta acu	140,000	125,529
	Diabetic RetinaScreen Líon na gcliant RetinaScreen Diaibéiteach a tástáladh agus ar tugadh toradh deiridh an ghrádaithe	111,000	113,134
Sláinte Comhshaoil	Líon na gcigireachtaí oifigiúla rialaithe bia agus faireachas pleanáilte a rinneadh ar ghnóthais bia	33,000	29,587
Ag Feabhsú Seirbhísí Pobail			
Seirbhísí um Chúram Príomhúil	Foirne Idirghabhála Pobail Líon iomlán atreoruithe FIP (CIT)	64,598	83,834
	Gníomhaíocht Dochtúirí Teaghlaigh Líon na nglanna ar sheirbhís DT tar éis ghnáthuaireanta oibre	922,094	1,141,167
	Altranas Líon na n-othar feicthe	474,366	421,986
	Teiripí / Seirbhísí Líonra Cúram Sláinte Pobail Líon na n-othar feicthe	1,579,699	1,318,155
	Fisiteiripe Líon na n-othar feicthe	587,604	482,065
	Teiripe Shaothair Líon na n-othar feicthe	389,256	336,291
	Teiripe Urlabhra agus Theanga Líon na n-othar feicthe	282,312	192,514
	Síceolaíocht Líon na n-othar feicthe	49,757	42,287
	Dochtúirí Teaghlaigh faoi oiliúint Líon na nDochtúirí Teaghlaigh faoi oiliúint	259	258

Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2022			
Réimse um Soláthar Seirbhísí	Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí a bhfuil súil leo faoi PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
Ionchuimsiú Sóisialta	Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean Líon na n-úsáideoirí seirbhíse a glacadh isteach i mbrúnna / saoráidí cóiríochta éigeandála do dhaoine gan dídean a ndearnadh measúnú ar a riachtanais sláinte laistigh de choicís ón dáta ar glacadh isteach iad	1,100	1,285
Seirbhísí do Dhaoine Aosta	InterRAI Éireann (measúnú ag baint úsáide as TF) Líon na ndaoine atá ag lorg seirbhíse a ndearnadh measúnú orthu ag baint úsáide as Córas Measúnaithe InterRAI Éireann	18,000	3,006
	Pacáistí Dianchúraim Baile (IHCP) Líon iomlán na ndaoine a fuair Pacáiste Dianchúraim Baile	235	80
	Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a cuireadh ar fáil trí Phacáistí Dianchúraim Baile	360,000	219,678
	Scéim Tacaíochta Tithe Altranais STAA (NHSS) Líon na ndaoine a fuair maoiniú faoi STTA i gcúram cónaitheach fadtéarmach le linn na míosa tuairiscithe	22,412	22,769
	Líon na leapacha STTA in aonaid phoiblí fhadchónaithe	4,501	4,432
	Cúram Cónaithe Líon na leapacha gearrchónaithe in aonaid phoiblí	2,182	1,504
Rochtain níos fearr ar Sheirbhísí Meabhairshláinte, Luath-Idirghabháil san áireamh			
	Foirne Meabhairshláinte Ginearálta Pobail do dhaoine Fásta Líon na ndaoine fásta atreoruithe feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	26,201	25,861
	Líon na ndaoine a glacadh isteach in aonaid ghéarchúraim chónaithe do dhaoine fásta	11,314	8,504
	Foirne Pobail Meabhairshláinte um Shíciatracht i gcomhair na mblianta is Déanaí sa Saol Líon na n-atreoruithe um Shíciatracht sna Blianta is Déanaí sa Saol feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	9,025	7,903
	Seirbhísí Meabhairshláinte Leanai agus Ógánach Líon na n-atreoruithe SMLÓ (CAMHS) feicthe ag na seirbhísí meabhairshláinte	10,878	10,957

Aguisín 3: Plean Seirbhíse Náisiúnta 2022, Scórchárta Náisiúnta agus Príomhghníomaíochtaí

Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2022			
Réimse um Soláthar Seirbhísí	Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí a bhfuil súil leo faoi PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
Seirbhísí Speisialtóra Míchumais bunaithe sa Phobal			
	Buiséid Phearsantaithe Líon na ndaoine fásta faoi mhíchumas i ngach ESP atá rannpháirteach i bpacáistí um buiséid phearsantaithe	180	130
	Áiteanna cónaithe Líon na n-áiteanna cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas (lena n-áirítear áiteanna nua pleanáilte)	8,228	8,283
	Cúnamh Pearsanta (PA) Líon na n-uaireanta seirbhíse CP a tugadh do dhaoine fásta faoi mhíchumas fisiciúil agus / nó céadfach	1.70m	1,746,136
	Seirbhís Tacaíochta Baile Líon na n-uaireanta tacaíochta baile a tugadh do dhaoine faoi mhíchumas	3.12m	3,369,146
	Líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag fáil seirbhísí tacaíochta baile (MI / uathachas agus míchumas fisiciúil agus céadfach	7,326	6,803
	Comhlíonadh an Acht Míchumais Líon na n-iaratas ar mheasúnú riachtanas leanaí a fuarthas	5,857	6,755
Seirbhísí Géarchúraim a Sholáthar go sábháilte agus in am			
Seirbhísí in Ospidéal Ghéarmhíochaine	Líon a Scaoileadh amach as Ospidéal Othair Chónaitheacha	638,938	611,010
	Cásanna Lae (scagdhealú, san áireamh)	1,181,878	1,110,649
	Leibhéal Gníomhaíochta - Ionscópacht Ghastraistéigeach	98,503	102,807
	Othair chónaitheacha a scaoileadh amach – cúram éigeandála	452,335	435,924
	Othair chónaitheacha a scaoileadh amach – cúram roghnach	85,683	77,565
	Cúram Éigeandála Othair nua a d'fhreastail ar RÉ	1,337,407	1,353,797
	Othair a d'fhill ar RÉ in athuair	113,928	111,400
	Líon othar a d'fhreastail ar aonaid do ghortuithe	131,650	146,860
	Líon othar eile a d'fhreastail ar an Rannóg Éigeandála	40,455	48,982
	Othair Sheachtracha Líon na n-othar a d'fhreastail nó a d'fhill ar Rannóga othar seachtrach	3,424,505	3,405,960

Príomhghníomhaíochtaí Eile i 2022			
Réimse um Soláthar Seirbhísí	Príomhghníomhaíocht	Gníomhaíochtaí a bhfuil súil leo faoi PSN 2022	Fíormhéid Tuairiscithe 2022
An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna	Líon iomlán glaonna AS1 agus AS2 (glaonna éigeandála otharchairr)	362,000	389,764
	Líon glaonna le stádas cliniciúil 1 ECHO a tháinig ar an láthair (níl na cinn a cuireadh ar ceal ar an mbealach san áireamh)	5,400	6,608
	Líon glaonna le stádas cliniciúil 1 DELTA a tháinig ar an láthair (níl na cinn a cuireadh ar ceal ar an mbealach san áireamh)	120,000	157,582
Seirbhísí Tras-Réimse			
Seirbhísí um Chúram Maolaitheach	Seirbhísí um Chúram Maolaitheach d'Othair Chónaithe Líon atá ag fáil rochtain ar leapacha speisialtóireachta d'othair chónaithe laistigh de sheacht lá (i rith na bliana tuairiscithe)	3,814	4,013
	Seirbhísí um Chúram Maolaitheach Pobail Líon na n-othar a fuair cóireáil chúraim mhaolaitheigh ina ngnátháit chónaithe le linn na míosa	3,406	3,723
Seirbhísí Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil			
	Cártaí Leighis Líon na ndaoine a raibh cártaí leighis acu ar an 31 Nollaig	1,539,348	1,568,379
	Líon na ndaoine a raibh cártaí cuairte Dochtúra acu ar an 31 Nollaig	617,960	535,741
	Scéim na Seirbhísí Ginearálta Leighis Líon iomlán na n-earraí a ordaíodh	60,593,558	64,107,749
	Scéim na dTinneas Fadtéarmach Líon iomlán na n-earraí a ordaíodh	10,759,195	10,447,166
	Scéim Aisiocaíochtaí Drugaí Líon iomlán na n-earraí a ordaíodh	12,108,081	13,095,712

Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

Leanadh den obair i 2022 chun na tionscadail atá leagtha amach i bPlean Caipitil FnaSS a chur i gcrích. Léiríonn na táblaí thíos na tionscadail sin: (1) a bhí críochnaithe agus ag feidhmiú faoi dheireadh 2022; (2) a bhí críochnaithe faoi dheireadh 2022 agus a bheidh ag feidhmiú i 2023; agus (3) ar cuireadh moill orthu agus táthar ag súil anois go gcríochnófar iad i 2023/2024.

Tionscadail a Críochnaíodh agus a bhí ag Feidhmiú ag deireadh 2022

Cúram Sláinte Pobail		
Seirbhísí Cúraim Phríomhúil - Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Baile Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Teach Nazareth, Co. Shligigh: Athchóiriú – Céim 2 - An Baile Nua, Co. Dhún na nGall: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Líonra Thuaisceart Shligigh, Ionad Cúraim Phríomhúil: Droim Chliabh. (Suíomh 1 as dhá shuíomh réitigh) - Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Inis 1 (Bóthar an Stáisiúin), Co. an Chláir: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Durlas, Co. Thiobraid Árann: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa	- Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Droichead na Bandan, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Béara (Baile Chaisleáin Bhéarra), Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Cathair Phort Láirge / Deisceart Chill Chainnigh (Port an Chalaigh): Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Inis Córthaidh, Co. Loch Garman: Phríomhúil, comhaontú léasa - Baile Mhic Andáin, Baile Héil, Co. Chill Chainnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Cnoc Lín / Ráth Fearnáin (Baile Baodáin), Baile Átha Cliath: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa	- Otharlann Phobail, An Clochán Liath, Co. Dhún na nGall: athchóiriú chun cloí le caighdeáin ÚFCS (HIQA) - Ospidéal Pobail Naomh Eoin, Co. Shligigh: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS - Na Ráithíní, Co. an Chláir: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS - Ospidéal Pobail Chathair Saidhbhín, Co. Chiarraí: Athchóiriú agus uasghrádú sineadh chun cloí le caighdeáin ÚFCS - Ospidéal Pobail Bhaile Chaisleáin Bhéarra (Naomh Seosamh), Co. Chorcaí: athchóiriú agus sineadh chun cloí le caighdeáin ÚFCS - Ospidéal Pobail Chloich na Coillte agus Cúram Cónaithe Fadtéarmach (Mount Carmel), Co. Chorcaí, Athchóiriú agus sineadh chun cloí le caighdeáin ÚFCS - Heather House, Campas Sláinte Naomh Muire, Corcaigh: 60 seomra leapa singil (sineadh leis an Aonad Altranais Pobail 50-leaba, (CNU) Heather House atá ann cheana féin - Ospidéal Pobail Lios Tuathail, Co. Chiarraí: Athchóiriú agus sineadh chun cloí le caighdeáin ÚFCS - Ospidéal an Chroí Ró-Naofa, Co. Cheatharlach: Athchóiriú agus chun cloí le caighdeáin ÚFCS Síneadh Céim 3
	Seirbhísí do Dhaoine Aosta Otharlann Phobail Charn Domhnach, Co. Dhún na nGall: Athchóiriú agus uasghrádú chun cloí le caighdeáin ÚFCS	

Ospidéal Ghéarmhíochaine		
Sláinte Leanaí Éireann (CHI) - Baile Átha Cliath: Ionad Athshlánúchán néaramháinliachta do leanaí os cionn 6 bliana d'aois ó Beaumont. Athfhorbairt an 4ú hurlár (sean-rannóg néareolaíochta) agus an 2ra MRI chomh maith le CT a athlonn i seomraí athshlánúcháin éagsúla Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár Tíre - Ospidéal an Choim, Baile Átha Cliath: Saotharlann eatramhach nua – An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (gan trealamh san áireamh) - Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath: Aonad Smeara – Aonad modúlach. Seacht seomra leithlise a sholáthar don Aonad Smeara - Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath: Síneadh leis an Rannóg Othar Seachtrach (OPD) ar urlár na talún, i gcomhair seirbhísí diagnóiseacha agus riospráide cairdeolaíochta neamhionracha - Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise, Co. Laoise: Athchumrú ar an spás atá ar fáil chun cóiríocht chliniciúil agus riaracháin bhreise a sholáthar (foirgneamh riaracháin agus Séipéal Tórraimh). - Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí: Oibreacha athchumraithe chun Aonad Measúnaithe Géarmhíochaine (AMAU) meántéarmach a chur ar fáil, dhá sheomra leithlise san RÉ, saotharlanna fuilaithe agus histeolaíochta a athchumrú agus a leathnú. - Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí: Athrú ar bhardaí chun ceithre sheomra nua leithlise, ina mbeidh brú neodrach, a chur ar fáil	Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann - Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas, Cill Chainnigh: Bloc nua bardaí leighis 72 leaba Grúpa Ospidéal Saolta - Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne, Gaillimh: Bloc nua obrádlainne ortaipéideach - Ospidéal Ollscoile Shligigh: Síneadh le spás sa díon chun seomraí leithlise breise a chur ar fáil - Ospidéal na hOllscoile Gaillimh: Aonad Cóireála um Lonsaí Gnéis. Athlonnú chuig saoráid ar léas. Maoinithe i gcomhar le Tusla agus an Garda Síochána - Ospidéal na hOllscoile Gaillimh: RÉ Eatramhach chun leanúnachas seirbhíse a éascú - Ospidéal na hOllscoile Gaillimh: Barda cardatóracsach: Céim 2 – barda cardatóracsach a chur ar fáil Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt - An Otharlann Theas Ospidéal Ollscoile Victoria (SIVUH), Corcaigh: Athlonnú an ROS (OPD) oftailmeolaíochta ó Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH) go SIVUH - Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí: Infreastruchtúr Nua i gcomhair Uisce – Céim 1 - Ospidéal na hOllscoile, Ciarraí: Athchumrú ar an Aonad Ardspleáchais atá ann cheana féin	Ospidéal Ollscoile Luimnigh - Ospidéal Ortaipéideach Chromadh, Co. Luimnigh: Forbairt Aonaid Máinliachta Ortaipéideach. Feistiú obrádlanna agus CSSD ina bhfuil nasc cruthaithe le Barda Naomh Anna agus ardaitheoirí (gan athchóiriú Bharda Naomh Anna san áireamh) - Ospidéal na hInse, Co. an Chláir, Céim 1b d'athfhorbairt Ospidéal na hInse - táthar ag feistiú áiteanna folmha san fhoirgneamh ionas go mbeidh siad ag feidhmiú mar Aonad Áitiúil Gortuithe - Ospidéal na hOllscoile, Luimneach (UHL): Clár do ardaitheoirí nua (ceithre ardaitheoir) - Ospidéal na hOllscoile, Luimneach: Saotharlann nua modúlach COVID-19 á thógáil ag UHL chun tástáil a bhainistiú - Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach: Leathnú seirbhísí do leanaí nuabheirthe. Céim 1 – foireann chliniciúil a athlonnú An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna - Bunáit Otharcharranna Bhaile Átha Fhirdhia, Co. Lú: Stáisiún otharchairr nua - Bealach Féich, Co. Dhún na nGall: Ionad otharchairr ag Ospidéal Naomh Seosamh, Srath an Urláir, athlonnú Seirbhísí do Dhaoine Aosta, san áireamh - Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne, Gaillimh: Otharcharr chun freastal ar Chathair na Gaillimhe curtha ar fáil – saoráid bhuan - An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí: Stáisiún otharchairr a athlonnú: Athsholáthrófar an tseirbhís ilroinnte atá ann faoi láthair agus beidh flit agus oibrithe in aon láthair lárnach amháin

Tionscadail a bhí curtha i gCrích ag deireadh 2022 agus a bheidh ag Feidhmiú i 2023

Cúram Sláinte Pobail		
Seirbhísí cúraim Phríomhúil - Cill na Seanrátha Co. an Chabháin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Líonra Shligigh Thuaidh, Ionad Cúraim Phríomhúil: An Ghráinseach. (Suíomh 2 de dhá shuíomh réitigh) - An Caisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa	- Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - An Cóbh, Co. Chorcaí: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa	Seirbhísí do Dhaoine Aosta - An Bhlarna, Co. Chorcaí: forbairt nua 50 seomra singil – Céim 1 20 leaba Seirbhísí Meabhairshláinte - Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann: Aonad tithíochta géarchéime 10 leaba d'othair as Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas
Ospidéal Ghéarmhíochaine		
Grúpa ospidéal Bhaile Átha Cliath agus Lár Tíre - Ospidéal Ollscoile Thamhlachta: 12 leaba - Aonad Cúraim Chriticiúil chomhtháite. Athchóiriú agus síneadh leis an ROS (OPD) reatha Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann - Ospidéal Mhuire, An Uaimh, Co. na Mí: Athchóiriú bardaí nightingale d'othair chónaitheacha – fir agus mná - Ospidéal Mhuire, An Uaimh, Co. na Mí: Uasghrádú ar an marbhlan atá ann	- Ospidéal Naomh Colmcille, Baile Átha Cliath: Athruithe agus athchóiriú ar sheomra féachana na marbhlainne agus ar leithreas inmheánach chun bealach isteach agus amach a éascú. Rampa pábháilte nua agus ráille taobh amuigh mar aon le soithí le plandaí iontu agus peargóla nua Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt - Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh: Tionscadal um Eolaíocht na Fola – síneadh agus athchóiriú ar an tsaotharlann paiteolaíochta atá ann cheana chun tairiscintí um sheirbhísí bainistíochta a éascú - Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh: Breis leapacha: Bloc nua modúlach bardaí le 30 leaba	- An Otharlann Theas, Ospidéal na hOllscoile Victoria, Corcaigh: Athchóiriú / uasghrádú ar dhá obrádlann agus cóiríocht chun athlonnú na máinliachta oftalmach ó OOC (CUH) a éascú - Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Forbairt obrádlainne ar Leibhéal 2 chun máinliacht catarachta agus gnáthaimh oftailmeolaíochta eile a éascú. - Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: Soláthar an dara saotharlann cataitéaraithe cairdiach chun cur leis an tseirbhís dhiagnóiseach / idirghabhála cairdiach

Ní bheidh na Tionscadail seo críochnaithe go dtí tráth éigin i ndiaidh 2022

Cúram Sláinte Pobail		
Seirbhísí cúraim Phríomhúil - Baile Mhuineacháin, Co. Mhuineacháin: Ionad Cúraim Phríomhúil le forbairt ar shuíomh FnaSS (Naomh Damhnait). Tá Ionad Cúraim Phríomhúil Meabhairshláinte san áireamh - Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa (idirbheartaíocht ag dul ar aghaidh go dtí 2023) - Port Omna, Co. na Gaillimhe: Ionad Cúraim Phríomhúil, comhaontú léasa - Clinic Shráid an Chaisleáin, Baile Átha Cliath 2: Uasghrádú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh atá ann cheana féin chun leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí speisialaithe ar fáil do 244 úsáideoir seirbhísí maidir le halcól agus drugaí Seirbhísí do Dhaoine Aosta - Aonad Altranais Pobail an Fhál Carraigh, Co. Dhún na nGall: athchóiriú chun cloí le caighdeán ÚFCS (HIQA) – athchóiriú - Dún na nGall, Sligeach Liatroim, Cabhán Cúram Sláinte Pobail Mhuineacháin: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan i suíomhanna éagsúla do Chúram Pobail Feabhsaithe - Cúram Sláinte Pobail an Iarthair: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan i suíomhanna éagsúla do Chúram Pobail Feabhsaithe - Naomh Íde, An Caisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh: Athchóiriú agus 12 leaba breise - Cúram Sláinte Pobail an Oirthir: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan ag suíomhanna éagsúla i gcomhair Chúram Pobail Feabhsaithe	- Cúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan i suíomhanna éagsúla i gcomhair Cúraim Phobail Feabhsaithe - Ospidéal Naomh Muire, Droichead Átha, Co. Lú: Radharc na Bóinne agus Naomh Muire a chomhnascadh, athchóiriú agus foirgneamh nua – Céim 1 - Cúram Sláinte Pobail Lár Tíre, Lú agus na Mí: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan i suíomhanna éagsúla i gcomhair Chúram Pobail Feabhsaithe - Cúram Sláinte Pobail Thuaisceart Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan i suíomhanna éagsúla i gcomhair Chúram Pobail Feabhsaithe - Cúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan i suíomhanna éagsúla i gcomhair Chúram Pobail Feabhsaithe - Cúram Sláinte Pobail Chorcaí, Chiarraí: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan ag suíomhanna éagsúla i gcomhair Chúram Pobail Feabhsaithe - Cúram Sláinte an Oirdheiscirt: Cúram Pobail Feabhsaithe – Céim 1 (suíomhanna éagsúla): Cóiríocht eatramhach agus bhuan ag suíomhanna éagsúla i gcomhair Chúram Pobail Feabhsaithe	Seirbhísí Míchumais - Teach Cregg agus Cluain na Maithín, Co. Shligigh: Ceithre aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh / tógála nua / athchóirithe chun freastal ar riachtanais thithíochta do dhaoine atá ag bogadh ó shaoráidí comhchónaithe - Áras Attracta, Béal Átha na Mhuice, Co. Mhaigh Eo: Ceithre aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh / tógála nua / athchóirithe chun freastal ar riachtanais thithíochta do dhaoine atá ag bogadh ó shaoráidí comhchónaithe - Iníonacha na Carthanachta, Co. Luimnigh agus Ros Cré, Co. Thiobraid Árann agus Bráithre na Carthanachta, Luimneach: Dhá aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh / tógála nua / athchóirithe chun freastal ar riachtanais thithíochta do dhaoine atá ag bogadh ó shaoráidí comhchónaithe - Ionad San Raiféal, Eochail, Co. Chorcaí agus Ionad Naomh Uinseann, Bóthar Mhuire, Corcaigh: Ceithre aonad ceannaigh / athchóirithe chun freastal ar riachtanais thithíochta do dhaoine do dhaoine atá ag bogadh ó shaoráidí comhchónaithe - Ionad Naomh Pádraig, Co. Chill Chainnigh agus Seirbhísí Cónaithe Míchumais Intleachta FnaSS, Loch Garman (WRIDS): Dhá aonad athchóirithe chun freastal ar riachtanais thithíochta do dhaoine atá ag bogadh ó shaoráidí comhchónaithe - Naomh Eoin Dé, Campas Naomh Muire, Droim Chora, Co. Lú: Aonad ceannaigh / athchóirithe aonaid amháin chun freastal ar riachtanais thithíochta do dhaoine aonair atá ag bogadh ó shaoráidí comhchónaithe Seirbhísí Meabhair-Shláinte - Ospidéal Ollscoile Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall: Oibreacha frith-iallach in Aonad Mheabhairshláinte d'Aosaigh - Naomh Fionntán, Co. Laoise: Oibreacha athchóirithe i gcomhair fhoirne CAMHS

Ospidéal Ghéarmhíochaine		
Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath, Lár Tíre - Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí: Róbat dáileacháin a sholáthar don chógaslann - Ospidéal Ginearálta an Náis, Co. Chill Dara: Aonad modúlach a thógáil (12 seomra singil) Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann - Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath 7: Lárionad Mórthráma an Mater Céim 1a - Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath 7: Tógáil bloc bardaí le 112 leaba – Céim 1 (48 leaba ghinearálta agus ocht leaba san Aonad Dianchúraim (ICU)) - Ospidéal Réigiúnach an Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí: Síneadh leis an rannóg raideolaíochta ionas go mbeifear ábalta seirbhís MRI a chur ar fáil	Grúpa Ospidéal Saolta - Ospidéal na hOllscoile Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall: Uasghrádú ar bhonneagar leictreach, foirgneamh ó na 1980í (Céim 2 agus 3) Grúpa Ospidéal an Deiscirt / Iardheiscirt - Ospidéal Ginearálta Mhala, Co. Chorcaí: Barda leighis nua: Céim 1, 48 seomra leapa singil nua i dhá bharda de réir chaighdeán an lae inniu (Nóta Foirgníochta Sláinte) in ionad na cóiríochta barda leighis atá ann atá faoi bhun an chaighdeáin. - Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge: MRI nua agus oibreacha infreastruchtúir dóiteáin uasghrádaithe bainteach leis seo (Ceannach trealaimh in ERP)	Grúpa Ospidéal OL (UL) - Ospidéal na hOllscoile, Luimneach: Cistin táirgthe / uasghrádú lónadóireachta - Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach: Leathnú ar sheirbhísí naíonán nuabheirthe – Céim 2 – Spásanna do naíonáin nuabheirthe

Aguisín 5: Tuarascáil faoi Alt 55 den Acht Sláinte 2005 (Gearáin)

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

(Níl ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha san áireamh)

Ní dhéantar a lán teachtaireachtaí molta a fhaightear a thaifeadadh agus táthar ag leanúint leis an obair chun an fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí molta a thaifead mar go dtugann siad eolas dúinn faoi na gnéithe dearfacha inár seirbhís agus foghlaimoimid as sin na nithe atá ag oibriú go maith. Fuarthas 9,363 teachtaireacht mholta i 2022.

Fuarthas agus rinne oifigeach gearán scrúdú ar 5,727 gearán foirmiúil i 2022. Rinne an t-oifigeach gearán scrúdú orthu faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú) agus an *tAcht Míchumais 2005*. Cuireadh as an áireamh 319 díobh faoin bpróiseas gearáin Do Sheirbhís, Do Bharúil, nó tarraingíodh siar iad. As na 5,408 gearán a bhí fágtha, réitigh oifigeach gearán 2,860 nó 53% díobh ar bhonn neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú foirmiúil, laistigh de 30 lá oibre.

Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha

Taifeadadh 10,290 teachtaireacht mholta i 2022. Taifeadadh agus scrúdaigh oifigeach gearán 11,230 gearán freisin. As líon iomlán na ngearán a fuarthas, fiosraíodh 10,903. Cuireadh as an áireamh nó tarraingíodh siar an 327 eile. Díobh siúd a fiosraíodh, réitigh oifigeach gearán 8,872 nó 81% go neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú foirmiúil laistigh de 30 lá oibre.

Gearáin fhoirmiúla a fuair FnaSS agus an % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

	Líon na nGearán a fuarthas	Líon agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre
2022	5,408	2,860 (53%)
2021	5,415	2,989 (61%)
2020	5,394	2,916 (57%)
2019	5,938	3,398 (65%)
2018	6,610	3,695 (56%)

Foinse Sonraí: Foghlaim agus Rialachas Náisiúnta Gearán

Gearáin fhoirmiúla a fuair FnaSS agus an % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

Catagóir	FnaSS (gan Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha san áireamh)		Ospidéal agus Gníomhaireachtaí deonacha	
	2021	2022	2021	2022
Rochtain	1,684	1,451	2,377	2,829
Dínit agus meas	776	306	1,333	1,468
Cúram sábháilte agus éifeachtach	2,324	1,390	3,627	3,452
Cumarsáid agus faisnéis	1,955	480	3,745	4,025
Rannpháirtíocht	135	42	178	126
Príobháideachas	85	27	160	143
Feabhas ar Shláinte	89	62	161	124
Cuntasacht	250	1,989	433	957
Breithiúnas cliniciúil	277	81	171	157
Gearáin chráiteacha	3	0	61	75

Aguisín 5: Tuarascáil faoi Alt 55 den Acht Sláinte 2005 (Gearáin)

Catagóir	FnaSS (gan Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha san áireamh)		Ospidéal agus Gníomhaireachtaí deonacha	
	2021	2022	2021	2022
Tithe Altranais / cúram cónaitheach (do dhaoine os cionn 65)	2	0	29	48
Tithe Altranais / cúram cónaitheach (aois 64 agus faoina bhun)	0	0	6	22
Seirbhís Chigireachta Réamhscoileanna	0	0	0	598
Muinín as an gcúram	5	0	42	390
Tús Áite do Leanaí	2	0	49	49
Cosaint daoine leochaileacha	6	0	230	317

Foinse Sonraí: Foghlaim agus Rialachas Náisiúnta Gearán

Nóta: Bíonn roinnt gnéithe éagsúla ag baint le cuid de na gearáin agus mar sin d'fhéadfaidís a bheith liostaithe i níos mó ná catagóir amháin

Gearáin faoi Chuid 2 agus 3 den Acht um Míchumas 2005

Fuarthas 892 gearán i 2022 faoi Chuid 2 den Acht um Míchumas 2005 maidir le measúnú riachtanas leanaí i gcomhair seirbhísí míchumais, ardú 76% ar 2021. Díobh seo, taifeadadh gur réitíodh 9% laistigh de 30 lá oibre. Níor taifeadadh go bhfuarthas gearán ar bith faoi Chuid 3 den Acht, a bhain le rochtain ar fhoirgnimh agus ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

Oifig an Fhaighteora Rúnda

Is seirbhís náisiúnta atá saor in aisce í Oifig an Faighteora Rúnda, a fheidhmíonn mar ghuth neamhspleách agus a thugann tacaíocht do dhaoine fásta leochaileacha atá faoi mhíchumas agus do dhaoine aosta atá ag fáil curaim ó sheirbhísí FnaSS nó ó ghníomhaireachtaí atá maoinithe ag FnaSS. Is é cuspóir na seirbhíse seo ná glacadh le gearáin a dhéantar ar bhonn neamhspleách, de mheoin mhaith ó othair, úsáideoirí na seirbhísí, ó theaghlaigh, agus ó dhaoine aonair agus ó chomhaltaí foirne a bhfuil údar imní acu. Bíonn an caidreamh a dhéanann an Faighteoir Rúnda le daoine aonair bunaithe ar chearta, agus éistean sé / sí leis na gearánaithe ó thaobh teiripeach agus iomlánaíoch, de réir a dtola agus a rogha, agus léirítear meas ar a dtuairimí, éistear lena gcás agus an tionchar atá ag an ábhar gearáin ar a gcaighdeán maireachtála. Cuirtear an duine ar a shuaimhneas maidir lena gceart gearán / ábhar imní a thuairisciú. Is í FnaSS a cheapann an Faighteoir Rúnda ach tá sé neamhspleách ar FnaSS maidir le seirbhís rúnda a chur ar fáil. Labhraíonn an Faighteoir Rúnda amach agus labhraíonn sé / sí ar son daoine fásta leochaileacha faoi chúram seirbhísí FnaSS. Nuair a fhaightear ábhair imní agus gearáin ar nós líomhaintí mí-úsáide, faillí, drochíde, agus droch-chleachtais chúraim, cuirfidh an Faighteoir Rúnda iad chuig an réimse seirbhíse cuí. Ní mór freagra a thabhairt ar gach ábhar imní nó gearán laistigh de 15 lá oibre; fiosraíonn an Faighteoir Rúnda an cas lena chinntiú go bhfaightear freagra. Dhéileáil Oifig an Fhaighteora Rúnda le breis agus 1,325 ábhar imní agus gearán foirmiúil a ardaíodh ar fud na tíre ó bunaíodh í, i mí na Nollag 2014.

I 2022, fuair an Faighteoir Rúnda líon iomlán de 109 ábhar imní agus gearán foirmiúil, laghdú 46 ar 2021. I measc na gcineálacha imní a ardaíodh, bhí ganntanas foirne, cáilíocht socrúcháin cúraim chónaithe agus lae, diúltú seirbhíse, faoisimh, pleanáil chúraim, dínit, dúshlán maidir le measúnú riachtanas a fháil d'úsáideoirí seirbhíse a bhfuil diagnóis míchumais faighte acu, agus socrúcháin mí-oiriúnacha i dtithe altranais déanta do dhaoine fásta leochaileacha faoi mhíchumas intleachtúil agus / nó diagnóis leighis.

An tSeirbhís Náisiúnta Achomharc

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc próiseas athbhreithnithe neamhspleách neamhchlaonta ar fáil d'iaratasóirí nach bhfuil sásta le cinntí a rinne FnaSS maidir lena dteidlíochtaí faoi scéimeanna áirithe, idir reachtúil agus riaracháin. I measc na n-achomharc seo, bhí an Scéim Reachtúil Tacaíochta Tithe Altranais (NHSS) agus scéimeanna riaracháin na Seirbhíse Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) (m.sh. cártaí leighis / cártaí cuairte Dochtúra), Tuarascáil Chóimheasúnacht Achomair, Liúntas Leasa na nDall, Liúntas Luaineachta agus Ranníocaíochtaí Cothabhála agus Cóiríochta do na Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe. Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Achomharc seirbhís thacúil ar fáil d'achomharcóirí agus tá sé mar aidhm ag an tseirbhís comhsheasmhacht a fheabhsú agus chomh maith leis na scéimeanna a riaradh ar bhealach níos fearr. Tá ról tábhachtach ag an tseirbhís maidir le saincheisteanna beartais a aithint i ndáil le riar na scéimeanna agus leagtar béim ar na saincheisteanna sin i bplé leis na páirtithe leasmhara atá freagrach as ceapadh beartas. Déanann an tseirbhís maoirseacht ar fheidhmiú cuí na scéimeanna agus roinneann sí torthaí agus aiseolas ón bpróiseas achomhairc le bainisteoirí na scéimeanna agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Próiseáladh 1,712 achomharc i 2022, sin ardú 21% ar 2021. Ceadaiódh ina n-iomláine nó go páirteach 39.3% de na hachomhairc i 2022.

Achomhairc a fuarthas agus a ceadaiódh

Cineál Achomhairc	Faighte	Próiseáilte	Ceadaithe	Ceadaithe go páirteach	% Ceadaithe/ ceadaithe go páirteach
Cárta leighis / cárta cuairte Dochtúra (Scéim Ghinearálta)	900	862	293	111	46.9%
Cárta leighis / cárta cuairte Dochtúra (Scéim do dhaoine os cionn 70)	85	86	21	2	26.7%
Cárta leighis / cárta cuairte Dochtúra do dhaoine ó 16 go 25 bliain d'aois	244	239	84	26	46.0%
Scéim tacaíochta na dTithe Altranais	452	434	43	81	28.6%
Tuarascáil ar Chóimheasacht Achomair	44	43	8	0	18.6%
Liúntas Leasa na nDall	9	9	1	0	11.1%
Liúntas Luaineachta	11	8	0	1	12.5%
Ranníoc Cóiríochta agus Cothabhála le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Cónaithe	18	10	1	0	10.0%
Eile *	20	21	0	0	0.0%
Iomlán	1,783	1,712	451	221	39.3%

* Achomhairc a bhaineann leis na scéimeanna seo a leanas: Íocaíocht Drugaí, Breoiteacht Fadtéarmach, Earraí – nach ar Chárta, Optúil, Ortódóntach, Cosliacht, Cúnamh Baile.

Nóta: Seo achomhairc a fuarthas sa tréimhse 01.01.2022-31.12.2022. Rinneadh próiseáil freisin ar chásanna a tugadh ar aghaidh ó 2021.

Aguisín 6: Tuarascáil Bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2022 – Nochtaí Cosanta

Réamhrá

Fáiltíonn FnaSS roimh dhuine ar bith aon údar imní a bheadh acu a chur in iúl agus táthar tiomanta maidir le cultúr a chruthú ina mothaíonn fostaithe agus oibrithe eile sábháilte agus iad ag labhairt amach agus go mbeadh siad muiníneach go dtabharfar aird dáiríre ar a n-údar imní. Tugann an phróiseas seo deis don eagraíocht ábhair imní áirithe a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus dul i ngleic le haon riosca a bheadh ann don eagraíocht. Cinnteoidh FnaSS go dtabharfar na cosaint a fhoráiltear faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* (arna leasú 2022) dóibh siúd a nochtann aon ábhar den chineál seo.

Tá duine údaráithe ag FnaSS as a bheith freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chreat nochtuithe cosanta FnaSS agus as measúnú a dhéanamh ar na húdair imní, as nochtadh cosanta a chur ar aghaidh lena scrúdú agus lena fhiosrú, as monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an fhiosraithe agus as comhlíonadh an chreata. I 2022, bhunaigh FnaSS Oifig Náisiúnta um Nochtadh Cosanta (NOPD) chomh maith.

1. Tuairiscí a cuireadh faoi bhráid FnaSS faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014*

1.1 Ag déanamh nochtadh cosanta Making a protected disclosure

Faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* tig le hoibrithe nochtadh den sórt seo a dhéanamh le haon bhainisteoir agus freisin le páirtithe eile, ina measc, Airí Rialtais ábhartha, comhlachtaí forordaithe agus páirtithe eile. Tuairiscíonn oibrithe faisnéis ar tháinig siad air agus a bhaineann lena bhfostaíocht agus i dtuairim réasúnach an oibrí, go raibh éagóir ábhartha amháin nó níos mó i gceist. Cé nach mbíonn a fhios ag formhór na nochtóirí céard é an ceannteideal ábhartha lena mbaineann a n-údar imní, de ghnáth bíonn na húdair imní laistigh de na réimsí seo a leanas:

1. Gur cuireadh sláinte nó sábháilteacht aon duine i mbaol, nó go bhfuil nó gur dócha go gcuirfeadh sláinte nó sábháilteacht an duine sin i mbaol
2. Gur baineadh, nó go bhfuiltear ag baint nó gur dócha go mbainfeadh úsáid neamhdhleathach nó míchuí as cistí nó acmhainní comhlachta poiblí, nó as airgead poiblí eile
3. Go bhfuil gníomh nó neamhghníomh arna déanamh ag comhlacht poiblí nó thar ceann comhlachta poiblí leatromach, leithchealach nó mórfhaillíoch nó gur drochbhainistíocht as cuimse atá i gceist.
4. Meascán de na ceannteidil thuas.

1.2 Nochtaí cosanta a rinneadh i 2022

Léirítear faisnéis a fuarthas i dtuairisceáin i rith 2022 sa tábla thíos, anailís ar an nochtadh de réir éagóir líomhnaithe.

Tábla 1: Líon iomlán Nochtuithe Cosanta 2022

Líon tuairiscí 2022	
Líon a fuarthas	56
Líon a ndearnadh measúnú orthu	56
Cinntí i ndiaidh measúnaithe	
Iomlán: Nach nochtadh cosanta iad	9
Iomlán: Nochtadh cosanta	47
Líon iomlán na nochtaí cosanta i 2022	47
Cásanna curtha i gCrích	1
Oscailte / ag leanacht ar aghaidh ag deireadh na bliana	46

Tábla 2: Nochtaí de réir Chatagóir éagóra líomhnaithe i 2022

Mí-úsáid Acmhainní líomhnaithe	3
Líomhnaithe go raibh Sláinte agus sábháilteacht duine ar leith curtha i mbaol	5
Drochbhainistíocht líomhnaithe	4
Cliseadh cloí le dualgas dlíthiúil líomhnaithe	1
Meascán de na ceannteidil thuas (<i>féach Tábla 3 thíos</i>)	34
Iomlán Nochtaí Cosanta 2022	47

Tábla 3: Tuairiscí faoi mheascán ceannteideal i 2022

Tuairiscí faoi mheascán ceannteideal: Tuairiscí ina bhfuil dhá éagóir nó níos mó líomhnaithe	
Líon na dTuairiscí	34
Líon éagóra líomhnaithe	81

Tábla 4: Achoimre ar na gníomhartha a rinne FnaSS i dtaobh gach tuairisc den sórt seo a fuarthas i 2022

Measúnú tosaigh	Measadh gur nochtadh cosanta a bhí i gceist	Measadh nach nochtadh cosanta a bhí i gceist
Rinneadh measúnú iomlán ar 56 tuairisc a fuarthas chun cinneadh a dhéanamh an nochtadh cosanta a bhí i gceist nó nach ea, de réir bhrí an Achta. I go leor cásanna, chuathas i dteagmháil go díreach leis an duine a rinne an tuairisciú.	Tar éis measúnú a chur i gcrích, cinneadh gur nochtadh cosanta a bhí i 47 de na 56 tuairisc. Cuireadh na tuarascálacha sin ar aghaidh ansin chuig an duine cuntasach sinsearach ábhartha sa réimse ar tharla an éagóir líomhnaithe, i gcomhair scrúdaithe / fiosraithe breise	Tar éis measúnú a chur i gcrích, cinneadh nach nochtadh cosanta a bhí i gceist i 9 gcinn de na 56 tuairisc. Cuireadh gach ceann de na tuarascálacha seo ar aghaidh ansin chuig an duine cuntasach sinsearach ábhartha i gcomhair athbhreithnithe agus gníomh cuí

1.3 Nochtaí cosanta atá oscailte

1.3.1 Nochtaí cosanta a bhí fós oscailte ar an 31 Nollaig 2022

Fuair FnaSS **366** tuairisc faoin gcreat um nochtadh cosanta idir 2017 agus 2022. Cé gur dúnadh **68%** de na tuairiscí a fuarthas i rith na tréimhse seo, bhí **117** fós oscailte ag deireadh 2022 (**71** díobh ón tréimhse 2017-2021).

Aguisín 6: Tuarascáil Bhliantúil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2022 – Nochtaí Cosanta

Tábla 5: Nochtaí cosanta a bhí fós ar oscailt ar an 31 Nollaig 2022

	2017	2018	2019	2020	2021	2022	Total
Tuairiscí um nochtaí cosanta faighte	78	52	61	54	65	56	366
Dúnta	76	45	53	31	34	10	249
Líon fós oscailte	2	7	8	23	31	46	117
Iomlán 2017-2021	71						

1.3.2 Nochtaí cosanta a bhí fós oscailte ar an 28 Feabhra 2023

Cé go n-aithnítear gur minic gur próiseas casta agus fadálach atá i gceist maidir le tuairisc den sórt seo a scrúdú, déanann FnaSS athbhreithniú mion ar gach cás oscailte chun próisis scrúdaithe a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir. Mar thoradh ar an athbhreithniú, dúnadh 26 cás eile sa tréimhse idir 31 Nollaig 2022 agus 28 Feabhra 2023.

Tábla 6: Nochtaí cosanta a dúnadh idir 31 Nollaig 2022 agus 28 Feabhra 2023

	2017	2018	2019	2020	2021	2022	Total
Iomlán dúnta	0	3	1	5	11	6	26

2. Nochtaí Cosanta: Tosaíochtaí FnaSS 2023

Bhunaigh FnaSS an NOPD mar phríomhoifig speisialaithe chun nochtadh cosanta a ghlacadh agus a bhainistiú. I measc na dtosaíochtaí don oifig in 2023 tá:

Córais mhonatóireachta agus thuairiscithe: Córais éifeachtacha monatóireachta, taifeadta agus thuairiscithe a fhorbairt maidir le nochtadh cosanta, chun cloí leis na ceanglais tuairiscithe breise faoin Acht. Cabhróidh sé seo chomh maith lenár gcumas an méid a fhoghlaimítear ó nochtadh cosanta a thuiscint agus a roinnt.

Tuairisciú ar thorthaí: Ó 2023 ar aghaidh, baileoidh FnaSS faisnéis maidir le torthaí agus breathnófar ar na céimeanna atá le cur i bhfeidhm chun an méid a foghlaimíodh ó na nochtaí a fuarthas a roinnt.

Imscrúduithe: Próisis a fhorbairt chun éagóirí ábhartha a imscrúdú i gceart agus chun cumarsáid a dhéanamh leis na daoine a thuairiscíonn ábhair den sórt seo.

Pionós: De réir mar a aistrítear dualgas an chruthúnais ón duine a thuairiscíonn ábhar den sórt seo go dtí an fostóir, neartóidh FnaSS monatóireacht i dtaobh pionós d'aon chineál a bheifí ag iarraidh a chur i bhfeidhm i gcás duine a thuairiscíonn ábhar mar seo.

Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca

Bainistiú Riosca agus ár gcuspóirí a bhaint amach

Is é misean FnaSS seirbhísí cúram sláinte ar ardchaighdeán, atá inrochtana agus sábháilte a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann. Gach lá, cuireann foirne ar fud na tíre an cúram sin ar fáil. Is í ár n-uailmhian, níos fadtéarmaí, freagairt do na héilimh bhreise atá ar ár gcóras cúram sláinte, ag cinntiú go mbeidh ár gcuid seirbhísí níos fearr, agus de thoradh air sin, go mbeidh taithí na ndaoine atá ag feitheamh le cúram sláinte, nó atá ag fáil cúraim sláinte, níos fearr chomh maith. Leirítear cuspóirí FnaSS inár misean ó lá go lá chomh maith lenár n-uailmhian don todhchaí.

Straitéis Riosca FnaSS

Tá Bord FnaSS agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) tiomanta i dtaobh bagairtí ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta bliantúil (NSP) a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú an oiread agus is féidir. Táthar ag tabhairt tús áite d'fhorbairt um chumas bainistíochta riosca FnaSS chun tacú leis an gcuspóir seo.

Cé go dtuigeann FnaSS nach féidir leis an eagraíocht gach riosca a bhainistiú, táthar toilteanach glacadh le rioscaí dea-bhainistithe i gcúinsí áirithe; mar shampla, i gcás ina bhfuiltear sásta gur dóichí go mbeidh torthaí othar níos fearr dá bharr, nó i gcás ina bhfuil scóip ann chun éifeachtacht seirbhísí nó conairí cúraim a fheabhsú trí nuálaíocht agus comhtháthú.

Rialachas an phróisis Riosca Corparáideach

Tá freagracht iomlán ar an mBord as beartais agus nósanna imeachta um bainistiú riosca agus leibhéal inghlacthachta riosca FnaSS a shocrú. Tá freagracht air freisin as cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál agus méid na rioscaí straitéiseacha atáthar toilteanach a ghlacadh chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Taifeadann Clár na Rioscaí Corparáideacha (CRR) FnaSS príomhrioscaí straitéiseacha na heagraíochta atá aitheanta ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT). Sanntar gach riosca do bhall den EMT mar chomhordaitheoir nó úinéir an riosca sin agus sanntar gach riosca chomh maith do cheann de na cúig choiste Boird a dhéanann maoirseacht ar rioscaí straitéiseacha FnaSS. Tá freagracht ar an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca (ARC) thar ceann an Bhoird as creat riosca foriomlán FnaSS.

Faigheann an CIR (ARC) tuarascálacha rialta ar bhainistiú riosca ón bPríomhoifigeach Riosca agus ón Stiúrthóir Náisiúnta um Iníúcháireacht Inmheánach tar éis iniúcháireacht rioscaí a bheith curtha i gcrích. Déantar athbhreithniú ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha (CRR) gach ráithe agus déanann an FBS (EMT) athbhreithniú bliantúil níos cuimsithí ar an gClár. Más riosca dinimiciúil atá i gceist, d'fhéadfaí monatóireacht a dhéanamh air ar bhonn míosúil. Déanann FnaSS athbhreithniú freisin ar an CRC (CRR) agus ar thuarascálacha riosca le linn phróiseas ullmhúcháin an Phlean Corparáideach, an PSN (NSP) agus an bhuiséid bhliantúil.

Athbhreithniú Boird ar Rioscaí Corparáideacha (príomhstraitéiseacha) FnaSS 2022

Ag an gcrúinniú a bhí ann ar an 31 Márta 2023, rinne Bord FnaSS athbhreithniú agus aontaíodh príomhrioscaí straitéiseacha FnaSS don bhliain 2022 mar atá taifeadta sa CRC (CRR) (Nollaig 2022).

Forléargas ar Rioscaí ar an gClár Rioscaí Corparáideacha 2022

Ag deireadh mhí na Nollag 2022, bhí 21 riosca ar an CRC (CRR). Déantar gach riosca a rátáil bunaithe ar an dóchúlacht go dtarlódh an riosca agus ar an tionchar a bheadh aige dá dtarlódh sé sin. Ag baint úsáide as scála 1 go 5 do gach ceann, is féidir le riosca uasmhéid de 25 a scóráil. De thoradh scóir an riosca ar leith, cuirtear rátáil ard (dearg), meánach (ómra) nó íseal (glas) i bhfeidhm. Seo a leanas an miondealú ar scóir riosca agus rátálacha rioscaí mhí na Nollag 2022:

- Tugadh rátáil leibhéal ard (dearg) riosca do 16 de na rioscaí
- Tugadh leibhéal riosca meánach (ómra) do 5 cinn de na rioscaí
- Níor tugadh rátáil mar riosca íseal (glas) d'aon riosca.

Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca

Ár Rioscaí Corparáideacha i 2022

Bíonn FnaSS gan chosaint i gcás roinnt rioscaí seachtracha nach féidir a thuair. De bharr gur ón taobh amuigh den eagraíocht a thagann siad, d'fhéadfadh sé nach mbeadh FnaSS ábalta smacht a bheith acu ar cé acu an dtagann nó nach dtagann na rioscaí seo chun cinn. Tá freagracht ar FnaSS, áfach, na rioscaí seo a réamh-mheas agus má tharlaíonn a leithéid ní mór don eagraíocht gach iarracht a dhéanamh lena dtionchar ar sheirbhísí cúram sláinte a mhaolú.

Thaispeáin na ceithre athbhreithniú ráithiúla ar an (CRC) CRR i 2022 roinnt roinnt athruithe ar phróifíl riosca FnaSS, de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Bhí tionchar díreach ag cuid díobh seo ar na rioscaí a bhí ann cheana féin, agus taifeadadh roinnt eile mar rioscaí iontu féin.

COVID-19: De réir dealramh tá an chuid is measa den phaindéim thart agus tá FnaSS ag leanúint ar aghaidh ag athbhunú a cuid seirbhísí agus ag freastal ar riachtanais na ndaoine ar cuireadh moill ar a gcúram le dhá bhliain anuas. De bharr COVID-19, i dteannta thinnis riospráide eile i rith gheimhridh 2022/23, bhí brú as cuimse ar Rannóga Éigeandála agus ar ár n-ospidéal i gcoitinne agus ar ár seirbhísí cúraim phríomhúil agus pobail. Tá an treo a rachaidh cúrsaí COVID-19 sa todhchaí(CRR 002) ar cheann de phríomhrioscaí FnaSS go fóill.

Paindéim sa todhchaí: De réir mar a thagann laghdú ar thionchar COVID-19, d'fhéadfadh sé go dtarlódh paindéim eile amach anseo. Cé nach bhfuil ar chumas FnaSS tionchar ar bith a bheith acu ar cibé a dtarlódh a leithéid agus tá an tráth a bhféadfadh a leithéid tarlú éiginnte, foghlaimíodh a lán ceachtanna le linn phaindéim COVID-19 agus is gá tógáil ar na ceachtanna seo ionas go mbeifear ábalta tionchar paindéime eile ar sheirbhísí sláinte a mhaolú. Cuireadh Paindéim a d'fhéadfadh tarlú sa Todhchaí san áireamh ar Chlár Rioscaí Corparáideach (CRR) i 2022, sé sin Riosca CRR 003.

Cibear-riosca: Bhí tionchar as cuimse ag cibirionsaí 2021, ní amháin ar chórais TF FnaSS ach chomh maith leis sin sna seachtairí tar éis an ionsaí, cuireadh isteach ar a lán seirbhísí cúram sláinte, ina measc, coinní ospidéal, tástálacha diagnóiseacha agus ar ghnáthaimh mháinliachta. De réir mar a leanann FnaSS ag teacht chuici féin ón ionsaí, agus cé go bhfuil cibearshlándáil neartaithe go suntasach ó shin i leith, ní mór don eagraíocht a bheith airdeallach maidir le bagairt leanúnach ionsaithe coiriúla den chineál seo. Tá Riosca 011 CRR sé sin, cliseadh um Thimpeallacht Dhigiteach agus Cibear-theip fós mar riosca ar an CRR.

Earcú agus coinneáil foirne: Tá FnaSS ag dul i ngleic le dúshláin maidir le hearcú agus coinneáil foirne i ngairmeacha cliniciúla rithabhachtacha, pearsanra a bhfuil scileanna sonracha acu agus gráid atá gann sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Rinne na srianta a bhaineann leis seo an scéal ní ba mheasa i dtaobh phríomhrioscaí FnaSS. Léiríonn Riosca 016, a bhaineann le Fórsa Oibre agus Earcaíocht ar an gClár Rioscaí Corparáideacha é seo.

Cogadh san Úcráin agus ardú ar líon na nIarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta: Bhí go leor daoine easáitithe mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin agus tháinig ardú ar an líon daoine a bhí ag lorg tearmainn in Éirinn i rith 2022. Tháinig ardú mar an gcéanna ar líon na nIarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta a tháinig go hÉirinn, agus bhí ar na seirbhísí sláinte freastal ar líon daoine ní ba mhó dá bharr seo. Cuireadh riosca nua CRR 019 Daonra Easáitithe na hÚcráine agus Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúntasan san áireamh ar an (CRC) CRR.

Foréigean agus iompar bagrach san Ionad oibre: Tá sé tugtha faoi deara ag FnaSS go bhfuil baol breise ann anois i ndáil le foréigean, iompar bhagrach agus ciapadh i gcoinne fhoireann na seirbhíse sláinte. Tá fianaise starógach ann go bhfuil an riosca seo ag dul i méid in a lán réimsí sa tseirbhís phoiblí. Mar sin cuireadh riosca nua CRR 020 Foréigean agus Ionsaí san Ionad Oibre san áireamh ar (CRC) CRR.

Cosaint sonraí: De bharr chibirionsaí 2021, tógadh sonraí pearsanta agus de thoradh air sin léiríodh na rioscaí breise atá ann maidir le slándáil sonraí pearsanta atá i seilbh FnaSS. Mar sin cuireadh riosca nua CRR 021 um Chosaint Sonraí san áireamh ar CRR i 2022.

Athruithe ar Rioscaí idir R4 2021 agus R4 2022

Léiríonn Tábla 1 thíos an difríocht idir rátáil na rioscaí CRR a taifeadadh i R4 2021, i gcomparáid le R4 2022. Is ábhar imní é an laghdú beag ar rátáil na rioscaí seo, cuid díobh atá ag fáil rátáil ardleibhéil le roinnt blianta. I rith 2022, taifeadadh nár tháinig íslíú ar rátáil ach amháin i gcás chúig riosca, gach ceann díobh ag ardleibhéal riosca. As na cúig cinn, bhí ceithre riosca fós ard agus bogadh riosca amháin ó ard go meánach.

Léiríonn Teasléaráid, Tábla 2 go bhfuil formhór na rioscaí grúpáilte sa cheathrú uachtarach ar dheis. De réir mar a chuirtear bearta breise i gcrích chun rioscaí a mhaolú, táthar ag súil le níos mó díobh a bheith bogtha i dtreo an cheathrú íochtair ar chlé.

I rith 2023, déanfar athbhreithniú mion ar gach riosca ar (CRC) CRR. Beidh sé mar chuspóir leis an athbhreithniú seo aon tosca a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag cur le rátálacha arda leanúnacha. Déanfar anailís ar an gcéatadán den leibhéal riosca iarmharach a bhaineann le tosca seachtracha nach bhfuil faoi smacht FnaSS.

Tábla 1: Athruithe maidir le gach riosca

Rioca ID	Teideal an Riosca	2021 R4	2022 R4	Athrú
CRR 001	Cur isteach as cuimse ar leanúnachas seirbhísí cliniciúla agus neamhchliniciúla	N/A	16	Nua
CRR 002	Treo a rachaidh COVID-19 sa todhchaí	N/A	16	Nua
CRR 003	Ráig nua de phaindéim (iarmhairt thromchúiseach / ard) galar ionfhabhtáoch (nach COVID-19)	N/A	8	Nua
CRR 004	Rochtain ar chúram	25	20	↓
CRR 005	Bonneagar / trealamh easnamhach agus atá sean	16	9	↓
CRR 006	Mórtionscadail chaipitil a chur i gcrích	N/A	12	Nua
CRR 007	Frithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte	20	20	↔
CRR 008	Teagmhais shábháilteachta as a ndéantar díobháil d'othair	N/A	15	Nua
CRR 009	Sábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne	16	15	↓
CRR 010	Teip maidir le gníomhú ar son na haeráide	N/A	9	Nua
CRR 011	Timpeallacht dhigiteach agus cibearchliseadh	25	20	↓
CRR 012	<i>Sláintecare</i> a chur ar fáil	N/A	12	Nua
CRR 013	Rialuithe inmheánacha agus bainistiú airgeadais	9	15	↑
CRR 014	Inbhuanaitheacht seirbhísí scagthástála	20	20	↔
CRR 015	Cobhsaíocht agus claochlú seirbhísí míchumais	20	20	↔
CRR 016	Fórsa oibre agus earcaíocht	20	16	↓
CRR 017	Gníomhaireachtaí maoinithe ag FnaSS	16	16	↔
CRR 018	Athruithe reachtacha ar chumas Cinnteoireachta Cuidithe (ADM).	N/A	20	Nua
CRR 019	Daonra easáitithe na hÚcráine agus larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta	N/A	16	Nua
CRR 020	Foréigean agus iompar bhagrach san áit oibre	N/A	20	Nua
CRR 021	Cosaint sonraí	N/A	20	Nua

Table 2: Athruithe ar rátáil iarmharach R4 2021 i gcomparáid le R4 2022

		↑ Ag méadú	↓ Ag laghdú	↔ Gan athrú	• Nua / Ag teacht chun cinn	
DEALRAITHEACHT	Beagnach cinnte				4 ↓ 15 ↔ 21 • 18 •	
	Dóchúil			6 • 12 •	1 • 16 ↓ 2 • 17 ↔ 19 •	7 ↔ 14 ↔ 11 ↓ 20 •
	Féidear-thach			5 ↓ 10 •		8 • 9 ↓ 13 ↑
	Ní dócha				3 •	
	Annamh / Caolsheans					
		Fánach	Mion	Measartha	Mór	Millteanach
TIONCHAR						

Feabhas a chur ar Phróiseas Rioscaí Corparáideach FnaSS: Príomhfhorbairtí i 2022

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag cur mholtaí an dá Athbhreithniú Riosca de chuid FnaSS (2019 agus 2021) i bhfeidhm. Áirítear leis seo:

- Bunaíodh an Clár um Bainistiú Riosca Fiontair (2022)
- Leasaíodh an Beartas um Bainistiú Riosca FnaSS (2022 – faofa 2023)
- Feabhsaíodh tuairisciú um rioscaí corparáideacha (2022)
- Córas Faisnéise Riosca ar bhonn píolótach chun rioscaí corparáideacha FnaSS a thaifeadh agus a thuairisciú (2022).

Iníúcháireacht Inmheánach agus Clár Rioscaí Corparáideacha FnaSS

Cuireadh iníúcháireacht inmheánach, bunaithe ar fhíorú rialuithe Chlár Rioscaí Corparáideacha FnaSS i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba é cuspóir na hiniúcháireachta ná an leibhéal dearbhaithe is féidir a thabhairt don bhainistíocht go bhfuil rialuithe atá san áireamh ar CRC (CRR) FnaSS ag feidhmiú mar is cuí agus go bhfuil fianaise shoiléir ann go maolaíonn siad an riosca atá bainteach leo.

Mar thoradh ar an iníúcháireacht, rinneadh trí mholadh. Bhain dhá cheann de na trí mholadh le leibhéal rioscaí iarmharacha agus comhlíonadh rialuithe, de réir ISO 31000 maidir le bainistíocht riosca, agus tá siad seo curtha i bhfeidhm. Beifear ábalta dul i ngleic leis an moladh eile a bhaineann le Ráiteas um Inghlacthacht Riosca (RAS) FnaSS nuair a bheidh an t-athbhreithniú atá r siul maidir leis an Ráiteas um Inghlacthacht Riosca curtha i gcrích.

Rioscaí Corparáideacha FnaSS, 2022

Tá sonraí breise faoi rioscaí corparáideacha FnaSS, mar aon le roinnt de na bearta a glacadh chun na rioscaí seo a mhaolú, anseo thíos.

Réimse Riosca	Gníomhartha a rinneamar chun an riosca a mhaolú
CRR 001 Cur isteach as cuimse ar leanúnachas seirbhísí cliniciúla agus neamhchliniciúla	- Tá roinnt struchtúr agus próiseas i bhfeidhm a phleanálann agus a stiúirann an fhreagairt a dhéantar ag tráthanna ina mbíonn cur isteach mór á dhéanamh ar an eagraíocht. Ina measc seo, tá an Creat Idirghníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Móréigeandálaí, feidhm Bainistíochta Éigeandála FnaSS féin, Grúpaí Pleanála Móréigeandála Ceantair. - Tugtar na Foirne Bainistíochta Géarchéime Náisiúnta agus Ceantair le chéile chun an fhreagairt i leith ghéarchéimeanna tromchúiseacha a chomhordú - Acmhainní chun cabhrú le hullmhú agus bainistiú fhreagairt na seirbhíse sláinte i dtaobh theagmhais drochaimsire
CRR 002 Treo a rachaidh COVID-19 sa todhchaí	- Tá córais náisiúnta faireachais agus luathrabhaidh ag feidhmiú ar fud Fhaireachas DT (GP), seicheamhú géanóim iomlán, séireipidéimeolaíocht náisiúnta agus cláir faireachais dramhuisce chun cur ar chumas na seirbhíse sláinte freagairt chomh tapa agus is féidir maidir le hathruithe ar phróifíl COVID-19 agus tinnis riospráide eile (Víreas Sincítach Riospráide (RSV), fliú agus víris riospráide eile (ORV)) - Forbraíodh samhail i gcomhair clár vacsaínithe, tástála agus rianaithe chun seirbhísí uile COVID-19 a sholáthar trí shamhail soláthair seirbhíse atá á stiúradh go cliniúil bunaithe ar phlean láidir chun freagairt do bhorradh cásanna agus éigeandálaí. San áireamh chomh maith tá cur chun cinn feasachta, comhairle sláinte poiblí, feachtais agus cumarsáid maidir le vacsaíní a thógáil - Tacaíonn Foirne Freagartha COVID-19 (CRT) le saoráidí cónaithe fadtéarmacha chun ráigeanna sna suíomhanna sin a bhainistiú - Tá limistéir sláinte poiblí nua bunaithe a sholáthróidh seirbhísí cosanta sláinte go réigiúnach agus go náisiúnta. Tá nósanna imeachta um chosc agus um rialú ionfhabhtaithe (IPC) i bhfeidhm i gcónaí i suíomhanna cúram sláinte
CRR 003 Ráig nua de phaindéim (iarmhairt thromchúiseach) galar ionfhabhtaíoch (nach COVID-19)	- Tá córais faireachais, réamhrabhaidh agus freagartha i bhfeidhm ar bhonn idirnáisiúnta, náisiúnta agus trasteorann (ina measc faireachas comhroinnte tréidliachta maidir le bagairtí, ar nós fliú na-néan) - Tá saineolas maidir le freagairt na sláinte poiblí i ndáil le paindéim, chomh maith le hacmhainneacht rianaithe teagmhála agus saineolas ar shamhaltú galair againn - Rachaidh <i>Straitéis um Chosaint Sláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2022-2027</i> i ngleic le bagairtí do shláinte an daonra i gcoinne gach guais, iad siúd a bhaineann le galair thógálacha, ina measc. - Tá ceachtanna a foghlaimíodh ó fhreagra FnaSS maidir le COVID-19 á bhailiú chun ullmhú, cosc agus maolú a dhéanamh ar riosca paindéime ar bith a d'fhéadfadh a theacht chun cinn sa todhchaí.
CRR 004 Rochtain ar chúram	- Tá conarthaí i bhfeidhm le hospidéal phríobháideacha tríd an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála chun acmhainn ospidéal bhreise a sholáthar do FnaSS - Tá Plean Geimhrídh i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mborradh bliantúil ar éileamh ospidéal. Tá bearta i bhfeidhm ionas nach mbeidh gá do dhaoine ábalta freastal ar ospidéal, tá acmhainneacht níos mó ar fáil in ospidéal, tá laghdú déanta ar mhoill i dtaobh aistrithe cúraim agus scaoileadh othar amach as ospidéal. - Tá Foirne Idirghabhála Pobail (CIT) ar fud na tíre ag cur seirbhísí ar fáil ionas nach mbeidh daoine ag dul chuig an ospidéal mura bhfuil gá leis, chomh maith le scaoileadh othar amach luath as an ospidéal a éascú. - Tá an Clár Bainistíochta um Ghalar Ainsealach á chur i bhfeidhm chun rochtain níos fearr ar chúram sláinte sa phobal a chinntiú

Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca

Réimse Riosca	Gníomhartha a rinneamar chun an riosca a mhaolú
CRR 005 Bonneagar / trealamh easnamhach agus sean	- Táthar ag obair ar phróiseas bliantúil maidir le tionscadail a aithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh chun maoiniú caipitil a leithdháileadh. Tugtar tosaíocht ó thaobh maoinithe do thionscadail a théann i ngleic le riosca cliniciúil agus bonneagair - Tá suirbhéanna agus measúnuithe eile á ndéanamh ar riocht an eastáit cúraim sláinte - Tá clár seasmhachta gáis leighis ar siúl agus tá infheistíocht shuntasach déanta cheana féin chun uasghrádú a dhéanamh ar sholáthar agus seachadadh ocsaigine in ospidéal ghéarmhíochaine - Tá clár bainistithe um athsholáthar trealamh ar bun tar éis próiseas measúnaithe riosca a bheith déanta
CRR 006 Mórhionscadail chaipitil a chur i gcrích	- Déantar gach mórhionscadal caipitil a fhaomhadh trí struchtúir rialachais FnaSS, ag teacht le tairseacha agus próisis an Chóid Chaiteachais Phoiblí - Tá rialuithe agus formheasanna i bhfeidhm maidir le bainistiú buiséid agus bainistíocht leanúnach i leith gach mórhionscadal infrastruchtúir caipitil, ina measc, socruithe sonracha um bainistiú costais tionscadail. - Sa chás go gcuirtear mórhionscadail caipitil sláinte atá maoinithe ag an státchiste chun cinn chun tacú le, nó ag, tríú páirtithe (ospidéal dheonacha, comhlachtaí reachtúla agus gníomhaireachtaí eile), déantar socruithe chun leas an Stáit a chosaint. - Forbraíodh Straitéis Caipitil agus Eastát chun cinneadh a dhéanamh maidir le treo agus bainistíocht an eastáit cúram sláinte sa toadhchái
CRR 007 Frithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte	- Tá <i>Plean Gníomhaíochta FnaSS um Rialú ar Ionfhabhtuithe a bhaineann le frithsheasmhacht ábhar fhrithmhiocróbach (AMRIC) 2022-2025</i> ag teacht le <i>Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Fhrithsheasmhacht Ábhar Fhrithmhiocróbach 2021-2025 (iNAP 2)</i> agus táthar á chur i bhfeidhm go leanúnach. - Cuireann Grúpa Maoirseachta Náisiúnta AMRIC, an Fhoireann Forfheidhmithe agus na Foirne Oibriúcháin um Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe (IPC) rialachas agus treoir ar fáil ar bhonn náisiúnta agus áitiúil. - Ullmhaíodh treoir shuntasach maidir le Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe ábhar frithmhiocróbach (AMS) chomh maith le treoir d'eastáit chun eolas a roinnt maidir le riachtanais IPC. Ullmhaíodh clár oideachais AMRIC agus clár ar nós seimineáir ghréasáin, podchraoltaí agus modúil ríomhFhoghlama chun tacú le seirbhísí chun go mbeadh siad ábalta treoir IPC agus AMS a chur i bhfeidhm. Cuireadh feachtas cumarsáide chun cinn freisin a dhírigh ar oideachas agus feasacht maidir le sábháilteacht othar. - Tá mionchlár caipitil AMRIC i bhfeidhm sna réimsí géarmhíochaine agus pobail chun Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe (IPC) i saoráidí cúram sláinte a fheabhsú
CRR 008 Teagmhais shábháilteachta ina ndéantar díobháil d'othair	- Tá faireachas náisiúnta, áitiúil agus oibriúcháin maidir le teagmhais agus rioscaí tuairiscithe i bhfeidhm - Clár Feabhsúcháin um Shábháilteacht Othar i bhfeidhm chun cúiseanna coitianta díobhála a laghdú - Tá oiliúint ar fáil don fhoireann a bhíonn i mbun athbhreithnithe anailíse córais agus dóibh siúd a thugann dearbhú ar cháilíocht na n-athbhreithnithe sin - Tá Beartas um Nochtadh Oscailte i bhfeidhm chun cumarsáid oscailte mhacánta a spreagadh le hothair, le húsáideoirí na seirbhísí agus le daoine ábhartha eile, má tharlaíonn eachtra inár cheart othair a bheith páirteach sa bplé agus cuirtear feabhas ar shábháilteacht othar de bharr ionchur a bheith ag na daoine seo in athbhreithnithe dá leithéid.

Réimse Riosca	Gníomhartha a rinneamar chun an riosca a mhaolú
CRR 009 Sláinte, folláine, sábháilteacht na foirne	- Tá Socruithe rialachais an Aonaid Náisiúnta Sláinte agus Folláine san Áit Oibre i bhfeidhm a chuimsíonn na réimsí sláinte agus sábháilteachta, Clár Cúnaimh Fostaithe, athshlánú, sláinte cheirde agus sláinte eagraíochtúil - Déanann plean an fhórsa oibre athbhreithniú ar an acmhainn atá ann cheana féin, ar an meascán scileanna agus déantar easnaimh ina leith seo a aithint - Táthar ag leanúint ag tabhairt vacsainí COVID-19, an fhliú agus teanndáileoga d'oibrithe cúram sláinte agus don fhoireann tacaíochta - Tá mearphróisis bhainistithe maidir le ráigeanna i bhfeidhm d'oibrithe túsline COVID-19
CRR 010 Teip maidir le gníomhú ar son na haeráide	- Tá acmhainní breise curtha ar fáil d'Aonad Fuinnimh Caipitil agus Eastáit FnaSS chun forbairt agus feidhmiú tionscnamh laghdaithe carbóin a chinntiú - Tá tionscadal Píolótach Pathfinder bunaithe ag Aonad Fuinnimh Caipitil agus Eastát FnaSS i gcomhair iarfheistiú domhain fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana agus cuireann líonra foirne fuinnimh / glasa tacaíocht ar fáil do na réimsí is mó a úsáideann fuinnimh ar fud FnaSS agus Eagraíochtaí Alt 38/39 - Tá modheolaíocht um Dhearadh Tíosach ar Fhuinneamh curtha i bhfeidhm maidir le gach tionscadal i bPlean Caipitil FnaSS - Tá oibleagáidí iniúchta fuinnimh na hearnála poiblí, mar atá leagtha amach faoi SI426 (Rialacháin an AE um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014), comhlíonta ag FnaSS. De bharr na n-iniúchtaí fuinnimh seo, aithnítear an dul chun cinn atá déanta maidir le hoibreacha laghdaithe fuinnimh agus déantar gníomhartha chun oibreacha den sórt seo a chur chun cinn - Forbraíodh Straitéis Aeráide chun freagairt na heagraíochta maidir le pleananna aeráide a threorú
CRR 011 Timpeallacht dhigiteach agus cibearchliseadh	- Tá FnaSS ailínithe le Creat na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeán agus Teicneolaíochta d'Oibriú na gcóras Seirbhísí Riachtanacha - Tá slándáil 24/7 i bhfeidhm a dhéanann monatóireacht agus cosaint leanúnach ar gach gaireas de chuid FnaSS agus an Líonra Sláinte Náisiúnta agus tá foireann mearfheagartha réidh i gcás cibeartheagmhais / cibirionsaí - Tá acmhainn cianrochtana slán i bhfeidhm i bhfeidhm, ina measc, fíordheimhniú ilshraithe ar ardáin ríthábhachtacha agus modh fíordheimhnithe bunaithe ar dheimhniú líonra príobháideach fíorúil (VPN) arna oibriú ar ghairis uile de chuid FnaSS - Tá Uirlisí cianrochtana slán i bhfeidhm ag baint úsáide as bogearraí cianrochtana slán do gach soláthraí chun bagairtí a mhaolú agus chun sárúithe a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a aithint
CRR 012 Sláintecare a chur ar fáil	- Cuireadh maoiniú suntasach ar fáil sa PSN (NSP) 2022 chun a lán de chuspóirí <i>Sláintecare</i> a chur chun cinn, ina measc, méadú ar acmhainn, Pleananna Corparáideacha (ilbhliantúla) agus Pleananna Seirbhíse Náisiúnta (bliantúla) feabhsaithe, a leagann amach príomhchuspóirí na seirbhísí, agus sa PSN, sonraítear an cineál agus an méid seirbhísí a chuirfear ar fáil, bunaithe ar an mbuiséad a chuirtear ar fáil - Tá Bord <i>Sláintecare</i> ag feidhmiú faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS. Déanann Bord an Chláir <i>Sláintecare</i> maoirseacht oifigiúil idirghníomhaireachta ar an gclár athchóirithe <i>Sláintecare</i>. Tá riosca bonneagair maidir leis an tionscadal <i>Sláintecare</i> mar phríomhábhar do FnaSS agus iad ag idirphlé leis an Roinn Sláinte chun comhairle a chur ar fáil maidir le riachtanais agus an maoiniú a bhaineann leis na riachtanais sin. - Tá Straitéis Náisiúnta um Chúram Roghnach Shiúlaigh <i>Sláintecare</i> ceadaithe ag an Rialtas agus mar chuid de seo, beifear ag bunú ospidéal roghnacha i gCorcaigh, Gaillimh agus Baile Átha Cliath

Aguisín 7: Tuarascáil um Bainistiú Riosca

Réimse Riosca	Gníomhartha a rinneamar chun an riosca a mhaolú
CRR 013 Rialuithe inmheánacha agus bainistiú airgeadais	- Tá roinnt próiseas agus struchtúr i bhfeidhm chun leordhóthanacht agus comhlíonadh rialuithe inmheánacha agus bainistiú airgeadais FnaSS a chinntiú. Ina measc seo, rinneadh athbhreithniú le déanaí ar na Rialacháin Airgeadais Náisiúnta (NFRs) faoina n-oibríonn córas rialaithe airgeadais inmheánach FnaSS chun a chinntiú go bhfuil siad inrochtana agus ag teacht le dea-chleachtas. Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht chóras rialuithe inmheánach FnaSS, agus rialuithe buiséid, agus cinntíodh go bhfuil faomhadh cuí agus clár iniúchóireachta i bhfeidhm. Ina theannta sin, tá clár feabhsúcháin trí bliana ar bun a bhreathnaíonn ar shaincheistean éagsúla ar nós tuairisciú ar bhainistiú rialuithe, cumarsáid éifeachtach agus clár oiliúna agus rialuithe cuí agus comhlíontacht maidir le hacmhainní - Tá Creat um Thuairisciú Feidhmíochta agus Cuntasacht Feidhmíochta i bhfeidhm a shonraíonn cuntasacht na feidhmíochta maidir le soláthar seirbhísí, cáilíocht agus sábháilteacht othar, airgeadas agus fórsa oibre. - Tá Samhail Mhaoinithe Bunaithe ar Ghníomhaíocht ag tacú le hospidéal agus Grúpaí Ospidéal / eagraíochtaí sláinte réigiúnacha chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghníomhaíocht agus ar dheiseanna maidir le gníomhaíocht a fheabhsú
CRR 014 Inbhuanaitheacht seirbhísí scagthástála	- Rinneadh dul chun cinn maidir le comhpháirtíocht, rannpháirtíocht agus cumarsáid mar ghné lárnach de straitéis chorparáideach na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála; rinneadh muinín na foirne agus an phobail a chothú trí bheith trédhearcach faoin gcaoi ina n-oibrímid agus céard is féidir agus nach féidir le scagthástáil a dhéanamh - Tá clár faoi lánseol chun moltaí na dTuarascálacha um Ailse Eatraimh a chur i bhfeidhm - Cuireadh tús le tástáil papalómaivíreas daonna (HPV) i gcomhair scagthástála ailse cheirbheacs - Tá struchtúir i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar bhunú na Saotharlainne Náisiúnta Scagthástála Ceirbheacs nua agus tá conarthaí sínithe
CRR 015 Cobhsaíocht agus claochlú seirbhísí míchumais	- Feidhm chobhsaíochta agus inbhuanaitheachta bunaithe chun: - oibriú le soláthraithe trí bhainistíocht tionscadail chun seirbhísí rithabhachtacha a chosaint agus a chothú d'úsáideoirí ár seirbhísí - a chinntiú, sa mheántearma go gcuirfidh soláthraí ainmnithe seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil atá ag teacht leis an tsamhail chomhaontaithe maidir le seachadadh seirbhíse, go mbeidh na hacmhainní cuí agus inbhuanaithe ag na soláthraithe; agus go dtabharfar tacaíocht dóibh trí mheicníochtaí láidre rialachais - Tá 91 Foireann Líonraí Míchumais Leanáí bunaithe ar bhonn náisiúnta, chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag leanaí, ó bheirtear iad go dtí go mbíonn siad 18 bliain d'aois, agus a bhfuil riachtanais chasta acu a eascraíonn as a míchumas, ar réimse seirbhísí agus tacaíochtaí de réir a riachtanas ar leith.
CRR 016 Fórsa oibre agus earcaíocht	- Tá straitéis acmhainne i bhfeidhm a leiríonn treo straitéiseach maidir le hearcaíocht agus coinneáil foirne araon agus na príomhghníomhartha a theastaíonn chun an fórsa saothair sláinte a mhéadú - Glacadh cur chuige spriocdhírthe ar fud na gcatagóirí foirne go léir i ndáil le poist; Ina measc sin: Céimithe HSCP na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, réimse ról sa tseirbhís otharcharranna agus feachtas earcaíochta idirnáisiúnta do dhiaitéitigh, coslianna, teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga. Chomh maith leis seo tairgtear poist bhuana d'altraí agus do chnáimhseach atá nuacháilithe chomh luath agus is féidir agus táthar ag cur clár oiliúna iarchéime ar fáil - Tá soláthraí seirbhíse bainistithe i bhfeidhm chun cumas earcaíochta a mhéadú agus tá micreashuíomh earcaíochta nua do dhochtúirí comhairleacha bunaithe ar publicjobs.ie mar fhoinsé dhigiteach ilfhreastail i gcomhair na hearcaíochta ar fad maidir le dochtúirí comhairleacha in Éirinn.

Réimse Riosca	Gníomhartha a rinneamar chun an riosca a mhaolú
CRR 017 Gníomhaireachtaí maoinithe ag FnaSS	- Tá fóram idirphlé bunaithe chun ardán rialta a bheith ar fáil i gcomhair idirphlé idir an Stát agus soláthraithe deonacha seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. San áireamh anseo beidh rannpháirtíocht le soláthraithe maidir le planáil, forbairt agus soláthar seirbhísí - Tá feidhm bunaithe ag FnaSS chun oibriú le soláthraithe trí bhainistíocht tionscadail chun seirbhísí ríthábhachtacha a chosaint agus a chothú d'úsáideoirí ár seirbhísí, agus táthar ag cinntiú sa mheántearma go gcuirfidh soláthraí ainmnithe seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil atá ag teacht leis an tsamhail chomhaontaithe maidir le seachadadh seirbhíse, go mbeidh na hacmhainní cuí agus inbhuanaithe ag na soláthraithe; agus go dtabharfar tacaíocht dóibh trí mheicníochtaí láidre rialachais
CRR 018 Athruithe reachtacha ar chumas Cinnteoireachta Cuidithe (ADM).	Rinne Oifig Seirbhísí Dlí FnaSS athbhreithniú ar na himpleachtaí dlíthiúla a eascraíonn as an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (ADM) agus cuireadh seimineár gréasáin ar fáil, a dhírigh go sonrach ar ullmhúcháin do thosach feidhme an <i>Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015</i>. Tá níos mó clár oiliúna á n-ullmhú ag Oifig Náisiúnta FnaSS um Beartas Chearta an Duine agus Comhionannais chun seirbhísí agus an fhoireann a ullmhú do thosach feidhme an Achta ADM
CRR 019 Daonra easáitithe na hÚcráine agus larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta	- Tá próisis bunaithe ag an tSeirbhís d'larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, chun dul i ngleic le riachtanais chóiríochta d'larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ar bhonn leochaileachtaí sláinte (déantar measúnuithe leochaileachta agus foireann leasa d'áitritheoirí) agus chuir eagraíochtaí sláinte pobail tionscnaimh bhreise i bhfeidhm chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse DT (GP) i suíomhanna pobail - Ina theannta sin, tá sraith treoircháipeisí sláinte poiblí ullmhaithe ag an rannóg Sláinte Poiblí, a bhfuil sé mar aidhm acu tacú le hlarratasóirí ón Úcráin agus larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus tá leathanach a bhaineann go sonrach leis an Úcráin ar shuíomh Gréasáin FnaSS ina dtugtar eolas faoi sheirbhísí sláinte na hÉireann, ina measc, seirbhísí speisialtóra, an chaoi a n-oibríonn siad agus conas rochtain a fháil orthu ag hse.ie/ukraine
CRR 020 Foréigean agus iompar bagrach san ionad oibre	- I <i>Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach FnaSS 2022</i>, sonraítear an ceanglas maidir le ráitis shábháilteachta i suíomhanna nó sna seirbhísí agus tá straitéis i bhfeidhm chun iompar bagrach agus foréigean a bhaineann leis an obair a bhainistiú i seirbhís sláinte na hÉireann. - I <i>gCreat Bainistíochta Teagmhais FnaSS</i>, leagtar amach ceanglais agus treoir maidir le tuairisciú agus bainistiú gach teagmhas foréigin agus iompar bagrach san áit oibre, agus tá breis beartas i bhfeidhm maidir le foréigean agus iompar bagrach san áit oibre a chosc agus a bhainistiú, obair aonair 2022 agus athshlánú fostaithe atá ar ais ag an obair tar éis tinnis nó gortaithe - Tá roinnt clár oiliúna i bhfeidhm freisin chun tacú leis an bhfoireann sna réimsí seo
CRR 021 Cosaint sonraí	- Bainistíonn an Oifig Náisiúnta um Chosaint Sonraí fiosrúcháin um chosaint sonraí, iarratais ar rochtain ó dhaoine is ábhar do na sonraí agus gearáin agus tugann an oifig ar fiosrúcháin um chosaint sonraí - Tá oiliúint ar fáil chun cabhrú leis an bhfoireann tuiscint a fháil ar na ceanglais a bhaineann le rialáil um chosaint sonraí agus tuairisciú ar shárú sonraí. Ullmhaíodh teimpléid agus treoir chun measúnuithe tionchair príobháideachta sonraí a dhéanamh

Riosca eile sa tseirbhís sláinte

Tá gach duine ar leith i ngach réimse de na seirbhísí sláinte freagrach as riosca a bhainistiú agus tá sé mar bheartas ag FnaSS go ndéanfaí riosca a bhainistiú ag an leibhéal a mbeifí ag súil lena leithéid de riosca. Cé go ndéantar príomhrioscaí straitéiseacha na heagraíochta a thaifeadadh ar CRC (CRR), tá rioscaí á mbainistiú gach lá agus á dtaifeadadh i gcláir rioscaí ar fud na seirbhíse sláinte. Dá bhrí sin, ní bhíonn na rioscaí ar fad a bhaineann le FnaSS san áireamh ar CRC (CRR), agus ní gá go mbeadh rioscaí atá taifeadta ar CRC níos tábhachtaí ná rioscaí eile.

Aguisín 8: Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí

An Bord

De réir Sceideal 2, alt 2A den *Acht Sláinte 2004*, (arna leasú le hAlt 32(b) den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*), ceanglaítear ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a thionól i ngach ceann de 11 mí sa bhliain.

Bhí 11 cruinniú míosúil agus 7 gcrúinniú breise ag an mBord idir Eanáir agus Mí na Nollag 2022. Tá an tinreamh maidir leis na cruinnithe Boird le feiceáil sa tábla thíos.

Comhalta Boird	Cruinnithe Míosúla										Cruinnithe Breise							Líon na gCruinnithe ar freastalaidh	Íocaíocht €	Costais €	
	28/01/2022	25/02/2022	25/03/2022	27/04/2022	27/05/2022	29/06/2022	27/07/2022	30/09/2022	26/10/2022	25/11/2022	16/12/2022	17/01/2022	07/02/2022	18/02/2022	14/03/2022	02/09/2022	05/10/2022				10/11/2022
Ciarán Devane (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	17	80,000	4,083
Deirdre Madden (Leaschathaoirleach)	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	-	✓	-	✓	✓	-	-	12	N/A	739
Fergus Finlay	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	18	14,963	-
Aogán Ó Fearghail	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	17	14,963	461
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	17	14,963	131
Fergus O’Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	17	14,963	-
Brendan Lenihan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	18	14,963	592
Yvonne Traynor	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	17	14,963	131
Tim Hynes	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	-	✓	✓	-	✓	✓	-	-	✓	✓	13	14,963	262
Anne Carrigy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	17	14,963	255
Brendan Whelan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	17	14,963	511
Michelle O’Sullivan	-	-	-	-	-	-	-	✓	✓	✓	✓	-	-	-	-	-	✓	✓	6	6,718	-

Nótaí:

- Ní fhaigheann an tOllamh Deirdre Madden táille as a bheith ina comhalta ar Bhord FnaSS faoin riail duine amháin, tuarastal amháin; áfach, tugtar íocaíocht choibhéiseach do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh maidir le haislíonadh a poist
- Ceapadh Michelle O'Sullivan mar chomhalta Boird ar an 21 Iúil 2022.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Comhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca	20/01/2022	03/02/2022	10/02/2022	10/03/2022	14/03/2022	14/04/2022	12/05/2022	24/05/2022	16/06/2022	20/07/2022	16/09/2022	13/10/2022	09/11/2022	10/11/2022	08/12/2022	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Brendan Lenihan (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	15	Comhalta Boid
Fergus Finlay	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	15	Comhalta Boid
Michelle O'Sullivan	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	5	Comhalta Boid
Ann Markey	✓	✓	-	-	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	12	1,710
Colm Campbell	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	-	✓	-	✓	✓	✓	12	1,710
Pat Kirwan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	-	✓	✓	✓	13	N/A
Martin Pitt	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	13	1,710

Nótaí:

- Ní fhaigheann Pat Kirwan táille as a a bheith ina chomhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca faoin rial duine amháin, tuarastal amháin
- Ceapadh Michelle O'Sullivan mar chomhalta den Choiste ar 16 Meán Fómhair 2022.

An Coiste Daoine agus Cultúir

Comhalta den Choiste Daoine agus Cultúir	11/02/2022	08/04/2022	10/06/2022	02/09/2022	14/10/2022	02/12/2022	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Yvonne Traynor (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	Comhalta Boid
Aogán Ó Fearghail	✓	✓	✓	✓	✓	-	5	Comhalta Boid
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	Comhalta Boid
Brendan Whelan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	Comhalta Boid
Michelle O'Sullivan	-	-	-	✓	✓	✓	3	Comhalta Boid
Deirdre Cullivan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	1,710
Bernie O'Reilly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	1,710

Nótaí:

- Michelle O'Sullivan mar chomhalta den Choiste ar 2 Meán Fómhair 2022.

Aguisín 8: Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais an Bhoird agus na gCoistí

An Coiste Feidhmíochta agus Seachadta

Comhalta den Choiste Feidhmíochta agus Seachadta	21/01/2022	18/02/2022	11/03/2022	14/04/2022	22/04/2022	20/05/2022	24/06/2022	22/07/2022	30/08/2022	23/09/2022	02/11/2022	08/11/2022	18/11/2022	09/12/2022	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Tim Hynes (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	-	-	-	-	-	-	7	Comhalta Boid
Brendan Lenihan	✓	✓	-	-	✓	✓	✓	-	-	-	-	-	-	-	5	Comhalta Boid
Fergus Finlay (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	14	Comhalta Boid
Brendan Whelan	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	12	Comhalta Boid
Anne Carrigy	-	-	-	-	-	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	7	Comhalta Boid
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	✓	12	Comhalta Boid
Louis Flynn	✓	✓	-	✓	-	-	✓	✓	-	-	-	-	-	-	5	N/A
Sarah Barry	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	14	1,710

Nótaí:

- Ní fhaigheann Louis Flynn táille as a bheith ina comhalta den Choiste feidhmíochta agus Seachadta faoin rial duine amháin, tuarastal amháin. D'éirigh sé as an gCoiste ar an 22 Iúil 2022.
- D'éirigh Tim Hynes as mar Chathaoirleach agus mar chomhalta den Choiste ar 27 Iúil 2022
- Ceapadh Fergus Finlay mar Chathaoirleach ar an 27 Iúil 2022
- D'éirigh Brendan Lenihan as mar chomhalta den Choiste ar an 29 Meitheamh 2022
- Ceapadh Anne Carrigy mar chomhalta den choiste ar an 22 Meitheamh 2022.

An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Comhalta den Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta	11/01/2022	15/02/2022	08/03/2022	12/04/2022	10/05/2022	14/06/2022	12/07/2022	08/09/2022	13/09/2022	19/09/2022	11/10/2022	15/11/2022	13/12/2022	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Deirdre Madden (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	13	Comhalta Boid
Fergus O'Kelly	✓	-	✓	✓	-	-	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	8	Comhalta Boid
Yvonne Traynor	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	-	✓	✓	10	Comhalta Boid
Anne Carrigy	-	✓	✓	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	11	Comhalta Boid
Margaret Murphy	✓	✓	✓	-	-	-	✓	✓	✓	✓	-	✓	-	8	1,710
Cathal O'Keeffe	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	-	✓	✓	12	N/A
Chris Luke	✓	✓	✓	-	✓	✓	-	-	-	-	-	-	-	5	1,425
Jacqui Brown	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	13	1,710
Anne Kilgallen	-	-	-	-	-	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	1,140
Mary Culliton	-	-	-	-	-	-	-	✓	✓	✓	✓	✓	✓	6	1,140

Nótaí:

- Ní fhaigheann Cathal O'Keeffe táille as a bheith ina chomhalta den Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta faoin rial duine amháin, tuarastal amháin
- D'éirigh Chris Luke as mar chomhalta den Choiste ar an 26 Meán Fómhair 2022
- Ceapadh Mary Culliton agus Anne Kilgallen mar chomhaltaí den Choiste ar an 27 Iúil 2022.

An Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe

Comhalta den Choiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe	17/10/2022	03/11/2022	28/11/2022	Líon na gCruinnithe ar ar freastalaíodh	Íocaíocht €
Tim Hynes (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	3	Comhalta Boird
Brendan Whelan	-	✓	✓	2	Comhalta Boird
Fergus O'Kelly	-	✓	✓	2	Comhalta Boird
Barry Lowry	✓	✓	-	2	N/A
Martin McCormack	✓	✓	✓	3	855
Rosaleen Killalea	-	✓	✓	2	570
Derick Mitchell	-	-	✓	1	285

Nótaí:

- Bhí an chéad chruinniú ag an gCoiste ar an 17 Deireadh Fómhair 2022
- Ní fhaigheann Barry Lowry táille as a bheith ina chomhalta den Choiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe faoin rial duine amháin, tuarastal amháin
- Ceapadh Derick Mitchell mar chomhalta den Choiste ar an 25 Samhain 2022.

Aguisín 9: Comhlíonadh Reachtach

Ceanglais Reachtach maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil

Acht Reachtach
An tAcht Sláinte 2004
Alt 37. – (2) Beidh na nithe seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil:
Ráiteas ginearálta ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chuir an Fheidhmeannacht ar fáil i rith na bliana roimhe sin nó na seirbhísí a cuireadh ar fáil thar a ceann (i gcomhréir le comhaontú faoi Alt 8 nó le socrú faoi Alt 38) agus ar na gníomhaíochtaí a rinne an Fheidhmeannacht an bhliain sin.
Tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú an phlean chorparáidigh i rith na bliana
Tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú an phlean seirbhíse i rith na bliana
Tuarascáil a chur ar fáil ar fheidhmiú na bpleananna caipitil i rith na bliana
Cuntas ar na socruithe atá ag an bhFeidhmeannacht chun a cód rialachais a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go gcloífear i gcónaí leis
Tuarascáil a cheanglaítear faoi Alt 55 (gearáin), agus
Cibé faisnéis eile dar leis an bhFeidhmeannacht a bheith cuí nó a shonróidh an tAire.

Aguisín 10: Gluais Téarmaí

Acrainm	
ADHD(NHAA)	Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde
ADM(CC)	Cinnteoireacht Chuidithe
AMAU (AGML)	An tAonad Géarchúraim do Mheasúnú Leighis
AMRIC (FÁFRI)	Frithsheasmhacht Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtuithe
AMS	Maoirseacht um Ábhar Frithmhiocróbach
AoN	Measúnú ar Riachtanais
ARC (CIR)	An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca
AYA	Ógánaigh agus Daoine Fásta Óga
BSS (SSB)	Scórchárta Straitéiseach an Bhoird
CAMHS (SMPLÓ)	Seirbhísí Meabhairshláinte Phobail do Leanaí agus d'Ógánaigh
CAR-T	T-cheall le gabhdóir ciméarach aintaiginí
CAWT	Comhoibriú agus Obair le Chéile
CCO	Príomhoifigeach Cliniciúil
CDM	Bainistiú um Ghalair Ainsealacha
CEO (POF)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
CHI (SLÉ)	Sláinte Leanaí Éireann
CHN (LCSP)	Líonra Cúraim Sláinte Pobail
CHO (ESP)	Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail
CIPFA	An Institiúd Chairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasaíochta
CIT	Foireann Idirghabhála Pobail
CNM	Altra Bainisteora Cliniciúil
CNU	Aonad Altranais Pobail
COPD	Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach
COVID	Galar Coróinviris
CRO	Príomhoifigeach Riosca
CRR	Clár Rioscaí Corparáideacha
CRT	Foireann Freagartha COVID-19
CSSD	An Príomhrannóg Seirbhísí Steiriúla
CST	An Fhoireann Speisialtóirí Pobail
CT	Scanadh Tomagrafaíoch Ríomhairithe
CUH (OOC)	Ospidéal Ollscoile Chorcaí
DCEDIY (RLCMLÓ)	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DEI	Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú
DEXA	Dual Energy X-ray Absorptiometry

Aguisín 10: Gluais Téarmaí

Acrainm	
DNA	Níor Fhreastail
DoH (RS)	An Roinn Sláinte
DPER (RCPA)	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
DPS	An Scéim Íocaíochta Drugaí
ECC (CPF)	Cúram Pobail Feabhsaithe
ECHO	Macallagram
ED (RÉ)	An Rannóg Éigeandála
EED	Dearadh Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh
EMCC	Comhairle Meantóireachta agus Cóitseála Eorpach
EMT (FBF)	Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
EU (AE)	An tAontas Eorpach
EWTD	Treoir an AE um Am Oibre
FCCA	Comhalta de Chomhalachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte
FFNMRC SI	Comhalta de Dhámh Altranais agus Cnáimhseachais, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn
FIT	Teiripe Idirghabhála Anbhainne
GDPR (RGCS)	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
GHG	Gás Ceaptha Teasa
GI	Gastraistéigeach
GP (DT)	Dochtúir Teaghlaigh
GWh	Uaireanta Gigeavata
HCAI	Ionfhabhtú Bainteach le Cúram Sláinte
HIQA (ÚFCS)	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
HPV	Papalómaivíreas Daonna
HR (AD)	Acmhainní Daonna
HRA	Comhaontú Bhóthar Haddington
HSCP	Gairmithe Cúraim Shláinte agus Sóisialta
HSE (FnaSS)	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
HSELand	Seirbhísí ríomhFhoghlama agus Forbartha Sláinte
ICGP (CDTÉ)	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann
ICT (TFC)	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
ICU	Aonad Dianchúraim
ID	Míchumas Intleachtúil
IFMS (CCBA)	Córas Comhtháite um Bainistíocht Airgeadais
IHCP	Pacáistí Dianchúraim Baile

Acrainm	
IHI	Aitheantóirí Sláinte Aonair
iNAP (PGIÉ)	Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann
InterRAI	Uirlis Idirnáisiúnta um Measúnú Cónaitheoirí
IPC	Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe
iPMS	Córas Comhtháite Bainistíochta Othar
ISBN	Leabharuimhir Caighdeánach Idirnáisiúnta
IT (TF)	Teicneolaíocht na Faisnéise
kWh	Uaireanta Cileavata
MECC	Tábhacht le gach Teagmháil
MMR	Bruitíneach, Leicneach, Bruitíneach Dhearg
MRI (ÍAM)	Íomháu Athshondais Mhaighnéadaigh
NAS (SNO)	An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna
NCHD (DNCO)	Dochtúir Neamhchomhairleach Ospidéal
NCIS	Córas Faisnéise Náisiúnta maidir le hAilse
NCPOP	Clár Cliniciúil Náisiúnta do Dhaoine Aosta
NFR	Rialacháin Airgeadais Náisiúnta
NHSS	Scéim Tacaíochta na dTithe Altranais
NIMS	Córas um Bainistíocht Teagmhas
NIRP	An Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách Náisiúnta
NiSRP	Taifid Chomhtháite Foirne agus Clár Pá
NOPD	Oifig Náisiúnta um Nochtadh Cosanta
NSP (PSN)	Plean Seirbhíse Náisiúnta
NTHAP	Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Sláinte don Lucht Siúil
OCR	Seasmhacht Oibriúcháin agus Chliniciúil
OGD	Éasafaga-Gastra-Dúidéineascópacht
OPD	Rannóg na nOthar Seachtrach
ORV	Víris Riospráide Eile
PA (CP)	Cúntóir Pearsanta
PCC	Ionad Cúraim Phríomhúil
PCR	Imoibriú Slabhrúil Polaiméaraíse
PCRS	Seirbhís Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil
PHN	Altra Sláinte Poiblí
PIR	Athbhreithniú Iar-Theagmhais
PPE (TCP)	Trealamh Cosanta Pearsanta

Aguisín 10: Gluais Téarmaí

Acraim	
PPI	Páirteachas an Phobail agus Othar
RAS	Ráiteas um Inghlacthacht Riosca
RHA (LSR)	Limistéar Sláinte Réigiúnach
RSV	Víreas Sincítíach Riospráide
SACT	Teiripe Córasach Frithailse
SCBDS	Seirbhísí Speisialtóra Míchumais bunaithe sa Phobal
SEAI (ÚFIÉ)	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SIVUH	An Otharlann Theas – Ospidéal Ollscoile Victoria
STI	Ionfhabhtú Gnéas-Tarchurtha
TCD	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
TILDA	Staidéar Fadaimseartha ar Aosú in Éirinn
ToR	Téarmaí Tagartha
UCD	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
UHG	Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh
UHL	Ospidéal na hOllscoile, Luimneach
UK (RA)	An Ríocht Aontaithe
UN	Na Náisiúin Aontaithe
VPN	Líonra Priobháideach Fíorúil
WHO (EDS)	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
WRIDS	Seirbhísí Cónaithe um Mhíchumais Intleachtúil, Loch Garman
WTE(CL)	Coibhéis Lánaimseartha

6 Rialachas Airgeadais

Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2022

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráitis Airgeadais

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Aguisíní



Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2022

Réamhrá agus Comhthéacs Straitéiseach

I 2022, bhí FnaSS ag feidhmiú i dtimpeallacht ina raibh dúshlán ag baint leis go fóill ó thaobh maoinithe agus brú caiteachais de bharr phaindéim COVID-19.

Fuair FnaSS ioncam agus maoiniú caipitil de €23.5bn ón Roinn Sláinte i 2022. Bhí €1.9bn, a cuireadh ar fáil ar bhonn aonuaire do straitéis COVID-19 FnaSS, san áireamh anseo.

COVID-19

Lean COVID-19 ar aghaidh i 2022, agus dá bharr sin bhí ar na seirbhísí sláinte dul i ngleic le dúshlán acmhainne agus inniúlachta. Mar thoradh ar an bpaindéim cuireadh isteach ar ghnáthghníomhaíochtaí cúram sláinte ar bhealach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, agus cuireadh isteach ar ionaid chúraim sláinte sa phobal agus ar ionaid ghéarchúraim araon, maidir le seirbhísí cúram sláinte a chur ar fáil agus a fheabhsú, ach fós leanadh le cúram a chur ar fáil, in ainneoin dhúshlán COVID-19. D'athraigh COVID-19 ó bhun, go brách b'fhéidir, an bealach a gcuireann FnaSS cúram sláinte ar fáil. I 2022, leanamar orainn ag oiriúnú agus ag athshainiú samhlacha seachadta seirbhíse agus an timpeallacht chliniciúil féin ar mhaithe le leanúnachas seirbhísí agus cúram sláinte a chur ar fáil ar bhealach sábháilte.

An Úcráin

Faoi théarmaí Threoir an AE um Chosaint Shealadach tá na daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin i dteideal chosaint shealadach a fháil, ar feadh bliana ar dtús agus ansin is féidir cur leis an tréimhse sin ina dhiaidh sin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil náisiúnaigh ón Úcráin atá ag teacht go hÉirinn i dteideal na seirbhísí sláinte céanna a fháil agus a fhaigheann daoine atá ina gcónaí anseo cheana féin, ar nós, rochtain ar Dhochtúirí Teaghlaigh, cúram pobail agus cúram ospidéal nó éigeandála agus is féidir leo iarratas a dhéanamh ar chárta leighis. Ó thosaigh an chogaidh ar an 24 Feabhra 2022, tugadh suas le 70,000 Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) do dhaoine ón Úcráin faoin Treoir um Chosaint Shealadach.

Boilsciú / Costas Maireachtála

Tháinig méadú ar chostais de bharr boilsciú neamhphá i réimse catagóirí neamhphá, costais fuinnimh go príomha. Ba é an meánráta boilscithe bliantúil i 2022 ná 7.8%, i gcomparáid le 2.4% i 2021.

Déimeagrafaic

Meastar go bhfuil os cionn 5.01m duine ina gcónaí in Éirinn faoi láthair, tháinig méadú de 88,800 ar an daonra bliantúil, sa bhliain go dtí mí Aibreáin 2022. Tá an ráta breithe is airde san Aontas Eorpach in Éirinn, agus taifeadadh 54,539 breith le bliain anuas, sin 1.7 garbhráta beireatais, agus tá an tír seo ar cheann de na tíortha is ísle ina bhfuil ráta báis san Eoraip. Tá an tír seo ar an gceathrú tír is mó san Eoraip ina bhfuil fás ag teacht ar an daonra.

Tá an fás daonra is mó i measc na n-aoisghrúpaí is sine. Tá méadú as cuimse tagtha ar líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois nó os a chionn le deich mbliana anuas, tá sé seo tarlaíthe i bhfad níos tapúla ná in aon tír eile san Eoraip. Tá 768,900 duine san aoisghrúpa seo anois, sin ardú ó 13.3% den daonra i 2016 i gcomparáid le 15.1% i 2022. Is ionann sin agus ardú de 139,100 ar an líon daoine 65 bliain d'aois nó os a chionn le 6 bliana anuas.

Tá ardú suntasach tagtha ar ionchas saoil mhuintir na hÉireann ó 2000 agus tá sé ar cheann de na hionchais saoil is airde san Eoraip. Maireann mná 84.4 bliain ar an meán agus maireann fir 80.8 bliain ar an meán. Is rátaí laghdaithe básmaireachta ó mhórghalair, ar nós, galair an chórais imshruthaithe agus roinnt ailsí, an chúis is mó atá leis an ardú seo. Tá daoine in Éirinn anois ag maireachtáil níos faide agus tá siad níos sláintiúla ná go leor daoine eile ar fud thíortha na hEorpa ach mar sin féin, tá dúshlán ag baint le stíl mhaireachtála ina údar imní ó thaobh sláinte in Éirinn, ina measc, an tionchar a bhíonn ag caitheamh tobac agus murtall agus tá níos mó daoine buailte le galar ainsealach amháin nó níos mó. Tá dúshlán mór ag baint leis na hathruithe seo ó thaobh daonra de do phleanáil seirbhísí sláinte agus cuireadh isteach ar phleanáil arís i mbliana de bharr Covid-19. De bharr an mhéadú atá ag teacht ar an daonra agus daoine ag maireachtáil níos faide, tá sé rithábachtach go bpleanálann na seirbhísí sláinte go héifeachtach do riachtanais chúram sláinte sa todhchaí.

I 2022, d'fhreastail líon níos mó daoine ar rannóga éigeandála (RÉ) agus glacadh isteach san ospidéal ní ba mhó daoine ná mar a tharla riamh cheana agus i rith mhíonna an gheimhridh d'fhreastail an líon ba mhó ar RÉ agus glacadh an líon daoine ab airde a thairgeadh FnaSS riamh isteach sna hospidéal ar fud na tíre. Tháinig ardú 14.8% ar an líon daoine a d'fhreastail ar RÉ i rith na bliana 2022 iomlán i gcomparáid le 2021. I 2022, tháinig ardú chomh maith ar an líon na ndaoine a glacadh isteach san ospidéal ón RÉ i measc gach aoisghrúpa, le hardú 11.2% i gcomparáid le 2021, agus níos tábhachtaí fós, tháinig ardú 15% ar líon na n-iontrálacha i measc an aoisghrúpa 75 bliain nó os a chionn. Bíonn othair os cionn 75 bliain d'aois a thagann chuig RÉ níos tinne agus bíonn orthu tréimhse dhá uair níos faide ar an meán a chaitheamh san ospidéal ná othair in aoisghrúpaí níos óige.

Forléargas ar Airgeadas

Anailís ar Ioncam


Fuair FnaSS ciste ioncaim €22.5bn ón Roinn Sláinte chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar. Ar an iomlán b'ionann é sin agus méadú €1.9 billiún (9%) ar an gciste a fuarthas i 2021.

Tábla 1: Anailís ar ioncam iomlán FnaSS i 2022 agus 2021

Sruth Ioncaim (léirithe €000)	BA. 2022	BA. 2021	% Difear
Deontas ón Roinn Sláinte	22,482,176	20,617,795	9%
"An Chéad Mhuirear"	(195,034)	0	–
Ioncam Othar Príobháideach	370,839	342,780	8%
Ioncam Eile	520,326	486,904	7%
Ioncam Iomlán de réir AFS	23,178,307	21,447,479	8%


Bhí ciste aonuaire de €1.9bn sa chiste seo a cuireadh ar fáil, chun costais COVID-19 2022 a chlúdach. Tá ardú suntasach tagtha ar ioncam ó 2019, a léiríonn an maoiniú breise a cuireadh ar fáil chun dul i ngleic le COVID-19..

Graf 1: Ioncam FnaSS ó 2005 go 2022



Leithdháileadh os cionn €23.5bn ar sheirbhísí sláinte poiblí na hÉireann i 2023. Idir 2020 agus 2021, tháinig méadú de 8.3% ar chaiteachas sláinte poiblí. Cé gur méadú suntasach é seo, ba cheart a rá gur tháinig méadú de 88% ar mheánchaiteachas sláinte poiblí na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) ó 2010 go 2021, agus ba 48% an méadú a bhí i gceist in Éirinn sa tréimhse chéanna. Léirítear é seo ar Ghraf 2 thall:

Graf 2: % Athrú ar Chaiteachas Sláinte Poiblí, per Capita, 2010-2021




Anailís ar Chaiteachas agus Torthaí

Ag deireadh 2022, tá FnaSS ag tuairisciú easnamh ioncaim thar chaiteachas de €185m nó 1% d'ioncam iomlán FnaSS. Tá an chéad mhuirear de mhéid €195m ó 2021 san áireamh sna figiúirí COVID-19 don bhliain 2022.

Is é an caiteachas iomlán a tuairiscíodh do 2022 ná €23.4bn, 8% níos airde ná an caiteachas i 2021. Léirítear sa tábla thíos an caiteachas de réir réimse seirbhíse FnaSS. Bhain 38% den chaiteachas iomlán leis na hOspidéal Ghéarmhíochaine agus na Seirbhísí Náisiúnta Otharcharranna, agus bhain 47% den chaiteachas le Seirbhísí Pobail¹.

Graf 3: Caiteachas FnaSS de réir Réimsí Seirbhísí i 2022



¹ Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Aosta, Meabhairshláinte.

Seirbhísí in Ospidéal Ghéarmhíochaine

Tá sé mar chuspóir ag seirbhísí in ospidéal ghéarmhíochaine sláinte an daonra a fheabhsú trí sheirbhísí sláinte a chur ar fáil, i ngach réimse, idir tacaíochtaí a chur ar fáil ionas go mbeadh daoine in ann a sláinte féin a bhainistiú, mar aon le hidirghabhálacha gairide agus deiseanna i dtaca le diagnóis luath a fháil chomh maith le seirbhísí speisialaithe treasacha. Cuirtear seirbhísí in ospidéal ghéarmhíochaine ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí i sé Ghrúpa Ospidéal, Sláinte Leanaí Éireann agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS). I measc na seirbhísí seo, tá cúram sceidealaithe (cúram pleanáilte), cúram neamhsceidealaithe (cúram neamhphleanáilte / éigeandála), seirbhísí diagnóiseacha, seirbhísí speisialtóra (galair neamhchoitianta ar leith nó réimsí an-speisialaithe, ar nós, cúram criticiúil agus seirbhísí aistrithe orgán), seirbhísí ailse, seirbhísí tráma, seirbhísí máithreachais agus leanaí, chomh maith leis an gcúram éigeandála réamh-ospidéal agus idirmheánach a chuireann SNO (NAS) ar fáil. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil le freastal ar riachtanais an daonra agus tá siad ag teacht le beartais agus cuspóirí sláinte i gcoitinne, iad siúd a bhaineann le *Sláintecare*, san áireamh. Déanann ospidéal gach iarracht chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú, agus ag an am céanna déantar a chinntiú go dtugtar tús áite do thionscnaimh cháilíochta agus sábháilteachta othar de réir an bhuiséid atá tugtha dóibh, bainistiú COVID-19 agus ionfhabhtuithe eile, san áireamh.

Cúram Sláinte Pobail

Clúdaíonn cúram sláinte pobail seirbhísí cúraim phríomhúil, seirbhísí um ionchuimsiú sóisialta, seirbhísí do dhaoine aosta agus cúram maolaitheach, seirbhísí míchumais agus seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine fásta, ina measc, grúpaí imeallaithe agus iad siúd atá ag fulaingt éagothroime sláinte. Cuireann Dochtúirí Teaghlaigh, altraí sláinte poiblí agus Gairmithe Sláinte agus Cúram Sóisialta (GSCS) seirbhísí ar fáil trí fhoirne cúraim phríomhúil agus Líonraí Sláinte Phobail (LSP). Cuirtear seirbhísí cúram sláinte pobail ar fáil faoi láthair i naoi nEagraíocht Sláinte Pobail (ESP) trí mheascán cúraim díreach ó FnaSS agus ó sholáthraithe deonacha seirbhíse Alt 38 agus 39, mar aon le Dochtúirí Teaghlaigh agus soláthraithe príobháideacha. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil do dhaoine i bpobail áitiúla chomh gar do bhaile agus is féidir.

Seirbhísí do Dhaoine Aosta

Soláthraíonn na seirbhísí do dhaoine aosta réimse leathan seirbhísí, ina measc, tacaíocht baile, cúram lae, tacaíochtaí pobail i gcomhpháirtíocht le grúpaí deonacha agus cúram idirmheánach chomh maith le cúram cónaitheach fadtéarmach nuair nach bhféadfaidh an duine aosta fanacht sa bhaile a thuilleadh (Scéim Tacaíochta Tithe Altranais). Soláthraíonn FnaSS na seirbhísí seo go díreach nó trí shocrúithe seirbhíse le soláthraithe deonacha, neamhbhrabúis agus príobháideacha. Cinntíonn sé seo go bhfuil bealaí ar leith ann chun cúram a chur ar fáil, ionas go bhfuiltear ábalta na seirbhísí seo a chur ar fáil ag an leibhéal cuí, ar bhealach comhtháite chun freastal ar riachtanais na ndaoine aosta.

Seirbhísí Míchumais

Cuirtear seirbhísí míchumais ar fáil ar bhealaí éagsúla, m.sh. ó sheirbhísí FnaSS, seirbhísí ó eagraíochtaí Alt 38 / Alt 39 agus soláthraithe brabúis. Cuirtear seirbhísí míchumais ar fáil dóibh siúd le míchumas fisiciúil, céadfach, intleachtúil agus uathachas i seirbhísí cónaithe, seirbhísí tacaíochta baile agus cúnaimh phearsanta, teiripí cliniciúla / gaolmhara, seirbhísí néara-athshlánúcháin, faoisimh, seirbhísí lae agus oiliúint athshlánúcháin. Braitheann an costas sna Seirbhísí Míchumais go príomha ar riachtanas na gcliant agus ar chastacht gach cás ar leith.

Tá freagracht as beartas, feidhmeanna agus maoiniú a bhaineann le seirbhísí míchumais pobalbhunaithe le haistriú chuig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige in 2023 i ndiaidh don Rialtas cinneadh a dhéanamh ina leith seo, agus faoi réir na n-athruithe reachtaíochta ábhartha.

Seirbhísí Meabhairshláinte

Cuirtear seirbhísí meabhairshláinte ar fáil i bpobail áitiúla. I measc na seirbhísí seo, tá seirbhísí géarchúraim d'othair chónaitheacha, ospidéal lae, clinicí othar seachtarach, foirne meabhairshláinte atá bunaithe sa phobal (CAMHS, seirbhísí ginearálta do dhaoine fásta agus síciatracht i gcomhair na mblíanta is déanaí sa saol), meabhairshláinte a bhaineann le míchumas intleachtúil, seirbhísí cónaithe pobail agus cúram leanúnach cónaitheacha. I measc na bhfo-speisialtachtaí, tá athshlánú agus téarnamh, neamhoird itheacháin, síciatracht idirchaidrimh agus meabhairshláinte imbhreithe. Tá Seirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fhoiréinseach ar fáil freisin, seirbhísí d'othair chónaitheacha agus dóibh siúd i bpríosún san áireamh agus tá saoráid chuí, nua-aimseartha, ar fáil ina bhfuil 130 leaba.

Forléargas ar Fheidhmíocht agus Airgeadas 2022 (ar lean)

Seirbhísí Cúram Príomhúil

Cuireann seirbhísí cúram príomhúil cúram agus tacaíochtaí ar fáil do dhaoine gar do bhaile, ar feadh a saoil. Is cur chuige pobalbhunaithe atá i gceist agus tá cúram dochtúra teaghlaigh (DT) agus seirbhísí DT lasmuigh d'uaireanta oibre i gceist, chomh maith le réimse leathan seirbhísí diagnóiseacha, cóireála agus tacaíochta, ina measc, fiaclóireacht, éisteolaíocht, oftalméolaíocht, síceolaíocht leanaí agus seirbhísí teiripe.

Tacaíonn ionaid chúraim phríomhúla leis an aistriú straitéiseach cúraim agus seirbhísí chuig cúram príomhúil, chun rochtain níos fearr ar chúram sláinte a chinntiú, ina dtugtar deis do dhaoine aonair agus do theaghlaigh teacht ar réimse leathan seirbhísí cúraim phríomhúil in aon áit amháin ina gceantar féin. De bharr líon na n-ionad cúram príomhúil atá oscailte le blianta beaga anuas, tá brú breise i gceist de bharr an chostais a bhaineann le feidhmiú cúram príomhúil. Is cuid lárnach den bhonneagar iad na saoráidí seo atá riachtanach chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar do dhaonra atá ag dul in aois agus tá siad riachtanach chun go mbeadh rath ar an aistriú seirbhísí chuig cúram príomhúil. Bhí na hionaid seo ina gcuid lárnach don dóigh a ndeachaigh na seirbhísí sláinte i ngleic leis an bpaindéim, m.sh baineadh úsáid astu mar mhoil mheasúnaithe COVID-19, mar láithreáin mhaipíneachta agus mar ionaid vacsaínithe. Thosaigh ocht n-ionad cúraim phríomhúil déag nua ag feidhmiú i 2022, agus anois tá 165 ionad cúraim phríomhúil ag feidhmiú.

Seirbhísí Sláinte agus Folláine agus Sláinte Poiblí

Tacaíonn seirbhísí sláinte agus folláine lenár ndaonra go hiomlán le fanacht sláintiúil agus folláin. Dirítear ar chosc, ar chosaint, ar chothú agus ar fheabhsú na sláinte, mar aon le héagthroime sláinte a mhaolú, agus dirítear chomh maith ar dhaoine a chosaint ar bhagairtí dá sláinte agus dá bhfolláine. Tacaíonn na seirbhísí sláinte agus folláine le daoine agus le pobail chun a sláinte agus a bhfolláine a chosaint agus a fheabhsú; déantar gníomhartha bunaithe ar thaighde, ar fhianaise agus ar eolas; feidhmíonn na seirbhísí mar údarás i réimse na sláinte, folláine agus forbartha beartas; agus déantar gach iarracht córas sláinte cliste a fheidhmiú agus sláinte an daonra a fheabhsú.

Bhí ról tábhachtach ag ár bhfoirne sláinte poiblí maidir le dul i ngleic le paindéim COVID-19. D'oibrigh foirne sláinte poiblí go dlúth leis an gcóras sláinte i gcoitinne chun scaipeadh an víris a mhaolú agus a shrianadh ag baint úsáide as straitéisí bunaithe ar fhianaise, treoir, faireachas galair agus faisnéis sláinte a forbraíodh ar bhonn náisiúnta. Thacaigh sláinte poiblí freisin ó thús go deireadh le tástáil COVID-19, le rianú teagmhála, le bainistiú ráigeanna, le faireachas agus le tuairiscí sa chaoi go ndéanfaí sláinte ár ndaonra a chosaint go sonrach ó bhagairt a bhain le borradh leantach ar chásanna den víreas. Rinneadh é seo i gcomhpháirtíocht le clár tástála agus rianaithe FnaSS.

Tástáil agus Rianú

Mar chuid de fhreagairt FnaSS maidir le scaipeadh an ghalair a shrianadh agus a chosc, forbraíodh Samhail Oibriúcháin Náisiúnta um Thástáil agus Rianú do COVID-19 atá inbhuanaithe agus solúbtha. Tá an fheidhm Thástála agus Rianaithe freagrach as próiseas tástála COVID-19 agus rianú teagmhála ó thús go deireadh, a chur ar fáil agus is iad príomhghnéithe na seirbhíse ná atreoruithe i gcomhair tástála, maipíneacht, tástáil saotharlainne, torthaí a chur in iúl agus rianú teagmhála (faireachas agus bainistiú ráigeanna, san áireamh). Tacaíonn na seirbhísí géarmhíochaine agus pobail leis an bhfeidhm Thástála agus Rianaithe chomh maith, soláthraíonn siad ionaid tástála agus tástáil saotharlainne ospidéal, comhairliúcháin DT i ndáil le Seirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) agus ionaid mhaipíneachta sna ESP (CHO) Cúraim Phríomhúil. De réir mar atá stádas COVID-19 ag athrú ó phaindéim go stádas eindéimeach, tá samhail oibriúcháin nua á hullmhú maidir le tástáil agus rianú, ag teacht leis an treoir sláinte poiblí. Déanfaidh an tsamhail nua monatóireacht ar leibhéil ionfhabhtuithe COVID-19 trí chórais faireachais níos fearr a fheidhmiú chomh maith le conair chliniciúil a chur i bhfeidhm i gcomhair tástála bunaithe ar riachtanas cliniciúil.

Clár Vacsaínithe COVID-19

Ba chuid lárnach den chur chuige le dul i ngleic le paindéim COVID-19 in Éirinn an clár náisiúnta vacsaínithe a fheidhmiú, le príomh-rannpháirtíocht na hOifige Náisiúnta Imdhíonta agus an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte. Tá Clár Vacsaínithe COVID-19 freagrach as bainistiú agus dáileadh vacsaíní COVID-19 ó thús go deireadh agus áirítear ar phríomhghnéithe na seirbhíse: láithreáin vacsaínithe a bhunú, bonneagar TFC nua a fhorbairt, socruithe comhpháirtíochta éifeachtacha a fhorbairt le Dochtúirí Teaghlaigh agus cógaiseoirí agus cur lenár líon oibríthe atá oilte chun vacsaíní a dháileadh. Cuirtear an clár vacsaínithe ar fáil trí líonra d'ionaid vacsaínithe pobail, cleachtais DT agus cógaslanna

Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) a bhain le COVID-19

Chun dul i ngleic le paidéim COVID-19, d'oibrigh FnaSS leis an Roinn Sláinte agus le daoine eile chun Samhail TCP a chruthú agus a fhorbairt chun meicníocht bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil leis an gcostas meántéarmach a bhain le TCP a mheas i gcomhthéacs an bhuiséid, ó thaobh caiteachas sláinte bliantúil. Déanann na samhlacha seo meastachán ar an TCP a bheadh ag teastáil i gcomhair seacht suíomh cúraim éagsúla: Cónaitheach Pobail, Cúram Baile, Aonad Dianchúraim (ICU), Ionaid nach gcuireann Dianchúram ar fáil, Dochtúirí Teaghlaigh, Cúram Phríomhúil, agus Tástáil. Tá an tsamhail rithábachtach chun cuidiú leis an tseirbhís sláinte ó thaobh soláthar leanúnach agus bainistiú stoic TCP. Ar deireadh thiar, cinntíonn an tsamhail seo go mbeidh an caiteachas ar TCP ag teacht leis an méid atá ag teastáil, rud a laghdóidh an dóchúlacht go mbeidh ganntanas TCP ann, nó go mbeidh an iomarca TCP faighte i rith thréimhsí ina mbíonn luaineacht sa mhargadh.

Clár Teiripice COVID-19

Bunaíodh an Clár Teiripice COVID-19 mar fhreagairt phras ar an mbaol práinneach a bhain le COVID-19, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin, do shláinte an phobail agus chun cóireálacha nuálacha a bhí ag teacht chun cinn ar nós Sotrovimab agus Paxlovid a sholáthar. D'fhorbair agus chuir an clár pleananna i bhfeidhm ionas go mbeifí ábalta úsáid a bhaint as teiripic nua in aghaidh COVID-19. Moladh na cóireálacha seo a úsáid i bhfoghrúpaí daonra ar leith, mar a raibh sé deimhnithe gur mhó buntáistí na cóireála ná an riosca a bhain leo, nó gur dhócha gur mhó buntáistí na cóireála ná an riosca a bhain leo. Tá an fhianaise maidir leis na teiripic seo ag athrú i gcónaí, ach dhéanfaí grinnmhonatóireacht ar othair a gheobhadh na cóireálacha seo chomh maith maidir le héifeachtacht agus sábháilteacht othar tar éis na cóireála, rud a mhéadóidh an bonn fianaise a bhaineann lena n-úsáid.

Scéim Aisiocaíochtaí Cúraim Phríomhúil

Tacaíonn an tSeirbhís Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil (PCRS) le soláthar réimse leathan seirbhísí cúraim phríomhúil don phobal i gcoitinne, trí chonraitheoirí cúraim phríomhúil mar Dhochtúirí Teaghlaigh, fiacloirí, radharceolaithe nó cógaiseoirí chun seirbhísí saor in aisce nó ar chostas laghdaithe a chur ar fáil don phobal i réimse leathan scéimeanna nó socrúithe sláinte pobail. Is iad na scéimeanna nó na socrúithe seo an bonneagar trína maoiníonn córas sláinte na hÉireann cuid mhór den chúram príomhúil don phobal. Feidhmíonn SACP (PCRS) na scéimeanna bunaithe ar reachtaíocht agus / nó beartas rialtais agus le treoir ón Roinn Sláinte. Bainistíonn SACP (PCRS) an tAonad Náisiúnta Cáirtaí Leighis, a phróiseálann gach iarratas ar cháirtaí leighis agus ar cháirtaí cuairte DT ar leibhéal náisiúnta. Próiseáiltear freisin iarratais ar an scéim íocaíochta drugaí (DPS) agus iarratais i ndáil le tinnis fadtéarmacha.

Tionscnaimh a bhain le hAirgeadas

Tacaíonn an rannán Airgeadais Náisiúnta leis an eagraíocht chun infheistíocht uasta chuí inár seirbhísí sláinte a chinntiú agus cuntas a thabhairt ar an infheistíocht sin, ag cinntiú go gcuirtear seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus go léirítear an luach is fearr ar an airgead a chaitear. Táthar ag cur bainistíocht airgeadais níos láidre chun cinn, mar aon le dea-chleachtas i ndáil le soláthar, timpeallacht láidir rialachais agus rialaithe agus feabhas leanúnach ar chórais airgeadais agus soláthair, pleanáil, tuairisciú, costáil agus buiséadú chun luach ar airgead a chinntiú agus a léiriú.

Príomhréimsí ina ndearnadh dul chun cinn i 2022:

- Tá dul chun cinn déanta maidir leis an gcóras comhtháite um bainistiú airgeadais (IFMS), ó chéim deartha go céim thógála agus tástála chun tacú le tuairisciú airgeadais níos fearr, ina measc, anailís agus réamhaisnéis a chur ar fáil
- Leanadh le feidhmiú an Chláir Thaifid Chomhtháite Foirne agus Pá (NISRP) agus tá sé ag obair anois sa réigiún Lár Tíre, réigiún an Mheániarthair agus Iarthuaiscirt
- Foilsíodh *Plean Corparáideach Soláthair FnaSS 2022-2024* ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí atá le cur ar fáil sna trí bliana atá romhainn chun gníomhaíochtaí soláthair a fheabhsú sa tseirbhís sláinte
- Cuireadh an Plean Forfeidhmithe trí bliana um Maoiniú bunaithe ar Ghníomhaíochtaí chun cinn
- Athsheoladh na Rialacháin Airgeadais Náisiúnta faoin bPlean Feabhsúcháin Rialaithe trí bliana
- Stiúradh agus tugadh tacaíocht don ghné a bhaineann le sruth oibre airgeadais thionscadal na Limistéir Sláinte Réigiúnach (RHA)
- Cuireadh dearadh na samhla oibriúcháin don todhchaí i gcrích, agus cuireadh chun cinn an tsamhail acmhainní agus an straitéis phárolla do sheirbhísí airgeadais comhroinnte.

An Dealramh atá ar Chúrsaí don bhliain 2023

Tabharfar tús áite i 2023 don Phlean Ghníomhaíochta um Liostaí Feithimh a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áireofar: bearta gearrthéarmacha chun dul i ngleic le riaráistí liostaí feithimh um chúram sceidealaithe; gníomhaíochtaí tosaíochta maidir le murtall / bairiatraic, spina bifida / scolóis agus gíniceolaíocht; chomh maith le leasuithe níos fadtéarmaí chun cumas a fheabhsú agus chun bealaí cúraim sceidealaithe géarchúraim a chuíchóiriú agus a athchumrú.

Díreoidh FnaSS ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le feidhmiú na mbunleasuithe seachadta seirbhíse a leagtar amach i *Sláintecare* i 2023 agus sna blianta ina dhiaidh sin. Rinneadh gealltanais maidir le réigiúnú FnaSS i dTuarascáil *Sláintecare* 2017, agus cuirfear tús le céim idirthréimhseach agus déanfar cuíchóiriú ar struchtúir sláinte atá ann cheana i 2023 mar obair ullmhúcháin do chur i bhfeidhm na LSR (RHAs) i 2024.

Beidh dúshlán ag baint le seirbhísí a chur ar fáil i 2023 de bharr COVID-19. Léirigh COVID-19 laigí in acmhainní um Chosc agus Rialú Ionfhabhtaithe in Éirinn. Tá sé rithábachtach cumas agus acmhainn a neartú chun daoine a chosaint i gcoinne COVID-19, agus má bhíonn cumas agus inniúlacht mar is cuí sa chóras laghdófar an tionchar a bhíonn ag galair agus ionfhabhtuithe eile ar chúram sláinte, mar shampla, an flú agus ionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

Sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta 2023, táthar ag díriú go sonrach ar thionscnaimh ríomhshláinte, ar réitigh dhigiteacha agus ar chumas córais faisnéise sláinte chun bainistíocht agus úsáid níos fearr a bhaint as faisnéis sláinte, agus rochtain níos fearr a bheith ag cliniceoirí agus othair ar an bhfaisnéis sin. I ndiaidh chibirionsaí 2021, táimid ag leanúint ar aghaidh ag cur feabhsuithe i bhfeidhm maidir le slándáil agus seasmhacht an bhonneagair, atá rithábachtach chun seirbhísí riachtanacha a sholáthar, ag cinntiú go mbeidh ar ár gcumas freagairt níos fearr agus sciobtha a chur i bhfeidhm i gcás go dtarlódh a leithéid de bhagairtí arís.

Foilsíodh an Plean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) ar an 29 Márta 2023 ina leagtar síos na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chuirfear ar fáil de réir an bhuiséid de €21.689bn a cuireadh ar fáil do 2023. Sa phlean, díreann ar sholáthar agus ar fheabhsú seirbhísí cúram sláinte agus ag an am céanna muid fós ag dul i ngleic le dúshlán COVID-19. Seo ardú de €1.139.4bn ar bhunmhaoiniú, agus laghdú de €132.5m ar chiste aonuaire a cuireadh ar fáil go sonrach i gcomhair COVID-19.

Is é an buiséad caipitil iomlán do 2023 ná €1.157bn, sin €112m os cionn leithdháileadh 2022, agus cuireadh €50m breise ar fáil chomh maith ar bhonn aonuaire do thionscadail COVID-19. Tabharfar tús áite do riosca a bhaineann le bonneagar, agus trealamh agus clár athsholáthair otharcharranna agus clár um ghníomhú ar son na haeráide, tar éis an mhaoinithe chun gach gealltanais conartha a bheith comhlíonta.

Cruthaíodh comhthéacs eacnamaíoch, sóisialta agus sláinte atá an-chasta agus an-deacair dul i ngleic leis ó thaobh pleanála de, de thoradh ar an éiginnteacht faoi COVID-19, imeachtaí idirnáisiúnta ar nós an chogaidh san Úcráin, brú maidir le boilsciú, fórsaí an mhargaidh saothair agus na héilimh ar ár gcóras sláinte atá ag athrú an t-am ar fad.

Is gnáthchuid d'aon chóras éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú ar bhonn leanúnach agus glactar leis gurb amhlaidh atá an cás maidir leis an gcóras sláinte, agus beidh an scéal amhlaidh arís i 2023. Mar sin féin, ba cheart a chur san áireamh agus a aithint go raibh agus go mbeidh tionchar ag na dúshláin a bhain le dul i ngleic le COVID-19, le trí bliana anuas, ar an gcóras. Glactar leis chomh maith gur dócha go n-úsáidfear aon fheabhsuithe maidir le héifeachtúlacht agus inniúlacht chun dul i ngleic leis na riachtanais nach rabhtas ag freastal go maith orthu agus na riachtanais leanúnacha chun sábháilteacht agus cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú, seachas aon shábháil airgid suntasach a bhaint amach.

I dtaca leis seo, tá roinnt mhaith oibre déanta chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le hairgeadas (i.e. brúnna airgeadais nuair a bhíonn leibhéal ard cinnteachta maidir leis an ionchas don bhliain) agus riosca airgeadais (i.e. brúnna airgeadais nuair a bhíonn níos mó éiginnteachta maidir le hionchas don bhliain) agus an dóigh ina ndéanfar iad seo a bhainistiú inár seirbhísí i 2023. Tá measúnú ar mhéid na saincheisteanna airgeadais agus na rioscaí airgeadais leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta – suas le 5.3% do na saincheisteanna airgeadais agus 4.9% breise de rioscaí airgeadais agus oibriúcháin in aghaidh an bhuiséid iomlán neamhchaipitil vótáilte de €21,688.6m.

In ainneoin sin, tá FnaSS ar an eolas go hiomlán maidir leis an dualgas atá uirthi a cuid acmhainní a bhainistiú chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a chosaint agus a chothú.

Léiríonn an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach an staid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022. Leagtar amach ann cur chuige agus freagracht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Bainistiú Riosca, Rialuithe Inmheánacha agus Rialachas. Scríobhadh an ráiteas seo i gcomhthéacs na ndúshlán a bhain le COVID-19 i 2022.

1. Freagracht maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS), dearbhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Ullmhaíodh an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Tá foráil déanta san *Acht Sláinte 2004* arna leasú le *hAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* do bhord a bhunú (an “**Bord**”), arbh é bord rialaithe FnaSS é, agus údarás aige, in ainm FnaSS, a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte as comhlíonadh a chuid feidhmeanna. Tá foráil san Acht leasaithe 2004 freisin maidir le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá cuntasach don Bhord. Ní mór don Bhord é féin a shásamh go bhfuil córais chúil rialaithe inmheánaigh curtha i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá glactha ag FnaSS d’fhonn dearbhú réasúnta a thabhairt dó féin go bhfuil siad seo sásúil chun go mbeidh ar chumas FnaSS a cuid oibleagáidí reachtúla agus rialachais a chomhlíonadh. Tá an Bord freagrach as rialachas, maoirseacht agus feidhmíocht a neartú. Tá taithí agus saineolas leordhóthanach ag comhaltai an Bhoird maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna FnaSS, chun go mbeadh ar a gcumas cur go mór le feidhmíocht éifeachtach agus éifeachtúil na bhfeidhmeanna sin. Foráiltear leis an Acht leasaithe 2004 freisin go mbunófaí Coiste Iníúcháireachta agus Riosca agus cibé coistí nó fochoistí eile a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun cabhrú leis chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá cúig choiste bunaithe ag an mBord chun maoirseacht níos mionsonraithe a sholáthar ar réimsí ar leith mar a shainmhínítear i dtéarmaí tagartha na gcoistí éagsúla. Is iad seo a leanas na coistí sin:

- Coiste Iníúcháireachta agus Riosca
- Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta
- Coiste Daoine agus Cultúir
- Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe

Tá na téarmaí tagartha atá ag Coistí an Bhoird foilsithe ar shuíomh gréasáin FnaSS agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn tréimhsiúil.

Tá paidéim COVID-19 ag cur isteach go fóill ar obair Bhord FnaSS agus obair na gCoistí agus ar an bhFeidhmeannacht.

Bhí 18 cruinniú ag Bord FnaSS i rith 2022, bhí 11 cruinniú míosúil agus seacht gcruinniú eile ag an mBord.

I rith 2022, de bharr thionchar leanúnach phaindéim COVID-19, lean foireann FnaSS ag dul i ngleic go pras le cúinsí oibre agus cleachtais athraithe. Bhí orthu ar uairibh aistriú óna ngnáthobair chun tacú le riachtanais COVID-19, chomh maith le bheith ag obair ón mbaile ag teacht le treoir an Rialtais maidir le scaradh sóisialta.

Meastar go mbíonn an córas rialaithe inmheánaigh níos tábhachtaí fós in am géarchéime agus bhí ar an mBord agus ar an mBainistiócht athbhreithniú agus athmheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe a bhain le rialú agus táthar ag déanamh breis scrúdaithe ar chúrsaí rialaithe mar chuid den athbhreithniú iomlán bliantúil ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach.

2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach ionas go mbeifear in ann rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú seachas fáil réidh le rioscaí go hiomlán, agus mar sin tá an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán a thabhairt maidir le héifeachtacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach lena chinntiú go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go gcoiscítear nó go mbraitear earráidí agus mírialtachtaí go pras.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha freisin chun a chinntiú go bhfuil prótacail agus beartais chuí i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtach i gcomhthéacs sábháilteachta cliniciúla agus othar.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDPDR), i bhfeidhm i FnaSS don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais, seachas i gcás na gceisteanna rialaithe atá sonraithe thíos.

Tá tionchar na paindéime COVID-19 ar chóras rialaithe FnaSS sonraithe i gCuid 7 mar aon leis na bearta maolaithe a ghlac an bhainistíocht lena chinntiú go mbeadh na rialuithe inmheánacha oiriúnach don fheidhm atá leo.

3. An Cumas maidir le Rioscaí a Láimhseáil

Is é an Bord comhlacht rialaithe FnaSS, agus mar sin tá sé freagrach go hiomlán as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus as an gcreat bainistíochta riosca. Is ceadmhach don Bhord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a chur ar fáil i dtaca le feidhmíocht a dhualgas agus a fheidhmeanna.

Bunaíodh an **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** i gcomhréir le forálacha Acht 2019 agus reachtaíocht eile ina dhiaidh sin. Tá ceathrar comhalta seachtrach agus triúr comhalta de chuid Bhord FnaSS ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Measann an Bord go bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach comhalta chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh, ina measc gairmithe airgeadais le saineolas agus cáilíochtaí i réimse an airgeadais.

Rinne an Bord ceapachán an Uasal Brendan Lenihan mar Chathaoirleach an Choiste a fhaomhadh ar an 27 Iúil 2022, de réir Alt 411 den *Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2022*, a thugann údarás don **Bhord comhalta ar bith** den Choiste a cheapadh mar chathaoirleach.

Tá na freagrachtaí seo a leanas ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don Phríomhfeidhmeannach faoi chúrsaí airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le hairgeadas, lena n-áirítear tuairisciú maidir le comhlíontacht chuig an mBord agus an Aire Sláinte mar is cuí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chuibhiúlacht bheartais chuntasaíochta FnaSS, na ráitis airgeadais bhliantúla (AFS), an tuarascáil bhliantúil agus dearbhuithe rialachais chorparáidigh riachtanacha agus aon ábhair agus comhairle i dtaobh mholadh sásúil a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na cúrsaí seo.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil rialuithe inmheánacha FnaSS ag feidhmiú agus, go háirithe, comhairle a thabhairt maidir le cuibhiúlacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht nósanna imeachta FnaSS maidir le soláthar poiblí agus fáil, coinneáil agus diúscairt sócmhainní.
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí FnaSS
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú chreat Bainistíochta Rioscaí FnaSS agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis seo i ndáil le feidhm bhainistíochta rioscaí (faoi réir athruithe comhaontaithe ar an réimse feidhme a bhaineann le rioscaí um shábháilteacht othar agus cáilíochta)
- Maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartais fhrithchalaoise, maoirseacht ar oibriú na mbeartas agus na bpróiseas um nochtáí faoi chosaint, agus socruithe i gcomhair imscrúduithe speisialta; iniúchadh ar chonarthaí, déileáil maoine agus feidhm na n-eastát; maoirseacht ar fheidhmeanna comhlíontachta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe agus ar thorthaí na hiniúchóireachta inmheánaí agus seachtracha agus ar fhreagra na bainistíochta ar na moltaí agus na pointí a eascraíonn astu seo
- Ról agus freagrachtaí ar bith eile atá curtha faoi chúram an Choiste ag Bord FnaSS.

Tá réimse leathan ábhar airgeadais, reachtúil, comhlíontachta agus rialachais san áireamh i bhfeidhmeanna an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca de réir Chairt chomhaontaithe a leagann amach go sonrach ról, dualgais agus údarás an Choiste. Tá sé de cheangal ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca teacht le chéile ceithre huair sa bhliain, ar a laghad. I 2022, bhí 15 cruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, rud a léirigh na freagrachtaí breise a bhí ar an gCoiste de bharr phaindéim COVID-19 agus an chibirionsaithe a rinneadh ar FnaSS.

Díríonn FnaSS go sonrach ar bhagairtí i ndáil le soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a réamh-mheas agus a laghdú. Mar sin, is próiseas eagraíochtúil tábhachtach atá i gceist i mbainistiú na rioscaí corparáideacha agus déantar na rioscaí seo a thaifeadadh i gClár na Rioscaí Corparáideacha FnaSS. Má aimsítear agus má dhéantar monatóireacht ar rioscaí corparáideacha, tig leis an mBord agus le Coiste Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) príomhrioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mheas agus a bhainistiú.

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Coistí Boird eile leis an mBord mar cuireann siad torthaí a n-athbhreithnithe maidir le rioscaí in iúl don Bhord. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tuarascálacha rialta freisin ar bhainistíocht riosca ón bPríomhoifigeach Riosca agus seiceálann sé an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcomparáid le pleananna gníomhaíochta comhaontaithe chun rioscaí a aimsítear a bhainistiú. Tá ról maoirseachta ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir leis an obair seo.

Tá **Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach** ag feidhmiú i FnaSS ina bhfuil pearsanra leis an oiliúint chuí acu agus feidhmíonn an rannán seo de réir cairte i scríbhinn atá ceadaithe ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus tá an stiúrthóir seo ina bhall d'Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) FnaSS. Déanann an fheidhm um Iniúcháireacht Inmheánach a clár oibre a chomhaontú i gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus déanann an Coiste monatóireacht ar an gclár oibre seo chomh maith.

Is rannán neamhspleách laistigh do FnaSS atá sa Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach agus níl aon fheidhm feidhmiúcháin eile ag an rannán. Tá an rannán freagrach as a chinntiú go gcuirtear clár cuimsitheach iniúcháireachta i gcrích ar fud FnaSS ar fad. Is é cuspóir na hoibre seo ná dearbhú neamhspleách a chur ar fáil go bhfeidhmítear rialuithe agus nósanna imeachta de réir an dea-chleachtais agus de réir na rialachán cuí agus déantar moltaí maidir le feabhas a chur ar rialuithe agus nósanna imeachta den chineál seo. Clúdaíonn scóip na feidhme Iniúcháireachta Inmheánaí gach córas agus gníomhaíocht ar fud FnaSS, ina measc, comhlachtaí a fhaigheann maoiniú ó FnaSS.

In ainneoin na ndúshlán leanúnach a bhain le COVID-19, chuir an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach cuid mhór oibre i gcrích mar chuid dá plean oibre bliantúil, agus eisíodh 282 tuairisc iniúcháireachta i ndáil le FnaSS agus gníomhaireachtaí atá maoinithe ag FnaSS. Phléigh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Sábhálteachta agus Cáilíochta agus FBF (EMT) torthaí na dtuairiscí seo.

Bunaithe ar obair na hIniúcháireachta Inmheánaí agus ar thorthaí na rannpháirtíochtaí maidir le hiniúchadh inmheánach, tuarascálacha seachtracha (an tÚdaráis um Fhaisnéis & Cáilíocht Sláinte agus ARC&C), feidhmiú na moltaí ábhartha, aibíocht FnaSS maidir le rioscaí agus creat dearbhuithe FnaSS, tugadh tuairim iniúcháireachta foriomlán i dTuarascáil Bhliantúil 2022 an Stiúrthóra Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach, gur féidir dearbhú teoranta a sholáthar maidir le rialachas, bainistiú riosca agus próisis rialaithe airgeadais atá ag feidhmiú i FnaSS.

Tá tuairim na hIniúcháireachta Inmheánaí bunaithe ar na ceithre rátáil féideartha seo a leanas agus na sainmhínithe a bhaineann leo:

Cineál rátála na Tuairime Foriomlán	Sainmhíniú
1. Sásúil	Ar an iomlán, tá córas sásúil, éifeachtach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt feabhsuithe chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
2. Measartha	Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca measartha ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
3. Teoranta	Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca suntasach ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.
4. Míshásúil	Tá laigí sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe agus dá bharr seo tá riosca tromchúiseach agus suntasach ann nach mbainfidh an córas a spriocanna amach. Tá gá le gníomh práinneach chun leordhóthanacht agus / nó éifeachtacht an chórais a fheabhsú.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Tá beartas bainistithe riosca comhtháite i bhfeidhm ag FnaSS a shonraíonn go soiléir ról agus freagrachtaí foirne ag gach leibhéal maidir le riosca (airgeadais agus neamhairgeadais). Cuireadh na foirne ag gach leibhéal ar an eolas maidir leis an mbeartas seo.

Tá FnaSS ag déanamh gach iarracht len a chinntiú go dtuigtear go bhfuil dualgas ar gach duine i dtaobh riosca a bhraith agus a bhainistiú, agus go mbíonn sé mar pháirt den ghnáthghnó laethúil agus go mbíonn riosca lárnach i bpleanáil agus i bhfeidhmíocht straitéiseach san eagraíocht agus go dtugtar tús áite dó seo i gcónaí.

Bunaíodh an **Coiste Feidhmíochta agus Seachadta** chun comhairle a thabhairt don Bhord maidir le gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht sa tseirbhís sláinte chun a chinntiú go bhfeabhsófar feidhmíocht an oiread agus is féidir sna réimsí atá san áireamh i Scórchárta Straitéiseach an Bhoird chun taithí níos fearr a chinntiú d'othair agus d'úsáideoirí na seirbhísí.

Tugann an **Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta** comhairle don Bhord maidir le saincheistean a bhaineann le Sábháilteacht agus Cáilíocht Othar.

Tugann an **Coiste Daoine agus Cultúir** comhairle don Bhord maidir le gach ábhar a bhaineann le pleanáil foirne agus fórsa oibre.

Cheadaigh an Bord an **Coiste Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe** ar an 29 Meitheamh 2022. Bunaíodh an Coiste chun maoirseacht a chur ar fáil don Bhord maidir leis an gClár ríomhShláinte, TF agus Cibear-Thrasfhoirmiú FnaSS agus chun a chinntiú go mbíonn rioscaí TF agus cibearshlánda ag teacht leis an leibhéal inghlacthachta riosca atá sonraithe. Déanfaidh an Coiste maoirseacht ar an trasfhoirmiú chun soiléire a sholáthar don Bhord agus dá réir go mbeidh ar a gcumas níos mó smachta agus cinnteoireachta a chur i bhfeidhm.

Bíonn cruinnithe rialta ag gach Coiste de chuid FnaSS, de réir a gcairteacha sonracha agus comhlíonann siad ról monatóireachta breise thar ceann Bhord FnaSS.

4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Glacann FnaSS leis go bhfuil éiginnteacht ag baint leis an todhchaí agus go bhféadfadh an éiginnteacht seo tionchar a bheith acu ar chumas FnaSS a misean laethúil a chomhlíonadh, nó a cuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach. Tá **Beartas um Bainistiú Riosca Comhtháite** ag FnaSS bunaithe ar phrionsabail um bainistiú riosca atá sonraithe in ISO 31000 (ISO 31000 - seo caighdeán atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus é saincheaptha ag saineolaithe sa réimse bainistithe riosca). Tá an beartas seo agus an treoircháipéis a bhaineann leis ar fáil don fhoireann ar fad. Tá an próiseas uasdátaithe um beartas riosca FnaSS beagnach curtha i gcrích agus d'fhaomh Bord FnaSS Beartas FnaSS um Bainistiú Riosca Fiontraíochta leasaithe go luath i 2023.

Tá an bhainistíocht ag gach leibhéal i FnaSS freagrach don POF as rialú inmheánach cuí agus éifeachtach a chur i bhfeidhm maidir lena bhfeidhmeanna agus lena n-eagraíochtaí féin. Tá an fhreagracht seo neadaithe sa chóras rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú, ní hamháin go mbeidh ar chumas FnaSS fadhbanna rialaithe a bhrath agus dul i ngleic leo leis na prótacail chuí má thagann a leithéid chun cinn, ach freisin go mbeidh cultúr cuntasachta agus freagrachta i bhfeidhm ar fud na heagraíochta ar fad.

Is éard atá i gceist le beartas bainistithe riosca FnaSS ná rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar rioscaí a aithint ar bhealach réamhghníomhach agus bearta a chur i bhfeidhm chun rioscaí den sórt seo a mhaolú go leibhéal inghlactha. Sonraíonn an beartas na próisis bhainistithe riosca atá i bhfeidhm agus tugtar cuntas soiléir ar ról agus freagrachtaí na foirne maidir le rioscaí. Tá gach bainisteoir agus ball foirne ag gach leibhéal i FnaSS freagrach as bainistiú riosca.

Tá an FBF (EMT), faoi cheannas an Phríomhoifigeach Feidhmíocháin freagrach as cinnteoireacht i FnaSS. Mar sin, tá siad seo freagrach as beartas bainistithe riosca agus nósanna imeachta a bhaineann leis seo a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go gclóítear leo.

Mar atá sonraithe i gCód Rialachais FnaSS, comhlíonann an Bord príomhfheidhmeanna FnaSS, ina measc, beartais agus nósanna imeachta um bainistiú riosca. Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) FnaSS freagrach as maoirseacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le feidhmiú na mbeartas agus na nósanna imeachta um bainistiú riosca FnaSS agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an bhfeidhm um bainistiú riosca. Déanann Coistí Boird eile maoirseacht ar phríomhrioscaí sonracha FnaSS, mar a chuir Cathaoirleach an CIR (ARC) faoina gcúram.

Ní mór cláir rioscaí a bheith i bhfeidhm ag na leibhéil is tábhachtaí san eagraíocht. Déantar na príomhrioscaí a bhaineann le FnaSS nó le cuid ar leith den eagraíocht a thaifead. Ba cheart go mbeadh na cláir rioscaí mar stór lárnach faisnéise maidir leis an riosca ar leith (i.e. bearta / rialuithe maolaithe riosca, rialuithe breise a bhfuil gá leo chomh maith le plean chun iad

sin a fhorbairt, dáiltear na tascanna sin ar dhaoine ar leith agus sonraítear amscálaí maidir leis an obair seo a chur i gcrích, ag tomhas leibhéal an riosca de réir rátáil an riosca sin agus de thoradh air seo, is féidir monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh rathúil agus atá na bearta maolaithe riosca chun an riosca a mhaolú).

Gach ráithe, déantar monatóireacht agus nuashonrú ar **Chlár na Rioscaí Corparáideacha** ag leibhéal eagraíochta.

Tá cúram leagtha ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) as bainistiú éileamh a thagann as teagmhais chliniciúla agus oibríochtúla faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil (CIS) agus faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta (GIS) i gcomhréir leis an *Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000*. Soláthraíonn an GÉS (SCA) sainchomhairle agus bainistiú riosca do FnaSS chomh maith, agus tacaíonn NIMS, an córas leictreonach tuairiscithe ar bhainistiú teagmhais náisiúnta, leis sin.

Tá creat rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm ag FnaSS, ar a ndéantar monatóireacht lena chinntiú go bhfuil cultúr éifeachtach rialaithe inmheánaigh ann. Tá **Cód Rialachais** FnaSS a le fáil ar www.hse.ie agus tá na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- Léiríonn an Cód Rialachais na caighdeáin iompraíochta, na beartais agus na nósanna imeachta reatha atá le cur i bhfeidhm ag FnaSS san eagraíocht agus sna gníomhaireachtaí atá á maoiniú ag FnaSS chun seirbhísí a sholáthar thar a ceann
- Soláthraíonn an Cód Rialachais soiléireacht maidir le ról agus na freagrachtaí rialachais a bhaineann leis an Aire Sláinte agus a chuid oifigeach sa RS, le Bord FnaSS agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin FnaSS agus le foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin FnaSS
- Tugtar cuntas mionsonraithe sa Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta ar na modhanna a úsáidfear chun bainisteoirí sa tseirbhís sláinte, iad siúd sna hEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (CHO) agus i nGrúpaí Ospidéal san áireamh, a thabhairt chun cuntais i leith a gcuid feidhmíochta maidir le soláthar seirbhísí, cáilíocht agus sábháilteacht othar, airgeadas agus an fórsa oibre.
- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, a shonraíonn deighilt dualgas, córas tarmiligin agus cuntasachta, córas údaraithe caiteachais agus tuairisciú rialta ó bhainisteoirí
- Tá Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FnaSS mar chuid lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh agus dearadh iad le go mbeidís ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus lena chinntiú chomh maith go mbeifí ag comhlíonadh na dtreoirínte earnála poiblí, a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (DPENDPDR). Rinneadh na rialacháin a athnuachan le déanaí agus foilsíodh iad i mí Eanáir 2023 le tacaíocht ó KPMG agus i ndiaidh mion-athbhreithniú ar dhea-chleachtas le saineolaithe ábhair FnaSS (SMEs).
- Tá córas buiséid déabhlóidithe bliantúil i bhfeidhm i FnaSS, agus gach bliain déanann an tAire Sláinte an Plean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) a fhaomhadh go foirmiúil. Socraítear teorainneacha cuntasachta ar leith agus déanann an Grúpa Maoirseachta na Feidhmíochta Náisiúnta (NPOG) grinnmhonatóireacht orthu thar ceann an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.
- Tá réimse leathan beartas, nósanna imeachta, prótacail agus treoirínte scríofa i bhfeidhm i FnaSS maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais
- Déanann FnaSS athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, agus tugtar mionchuntas aiWíos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.
- Tá córais agus rialuithe ann, atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i FnaSS, a chinntiú. Tugtar tús áite dó seo i FnaSS i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le córais iomadúla a bhainistiú ar fud FnaSS ar fad. Tá forbairtí leanúnacha ar siúl chun slándáil a fheabhsú agus chun a chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí acmhainní agus scileanna ag FnaSS chun sláine an chórais a chosaint, lena chinntiú go ndéantar sonraí agus faisnéis a chosaint.

Ina theannta sin, ní mór do na bainisteoirí sinsearach a uile ag Grád VIII nó os a chionn Ráiteas um Dhearbhu Rialuithe (CAS) a chur i gcrích. De réir an ráitis seo, is gá do bhainisteoirí a dhearbhu go bhfuil siad eolach ar na príomhrialuithe airgeadais agus an cód rialachais atá i bhfeidhm i FnaSS, agus go bhfuil siad á gcomhlíonadh.

5. Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm i FnaSS chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na rialacha agus treoirínte reatha soláthair. Nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á soláthar, caithfidh gach réimse laistigh de FnaSS cloí leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair atá leagtha síos go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS.

Tugtar cuntas faoi cheannnteideal 13, Fadhbanna um Rialú Inmheánach ar aon ábhar a bhaineann le rialuithe soláthair.

6. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord agus don bhainistíocht shinsearach. Deimhnímh go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a bhain leo agus tá próiseas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil na rialuithe sin ag obair
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal maidir le gach réimse inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- De réir an Chomhaontú Maoirseachta, bíonn cruinniú ag an Aire Sláinte, Cathaoirleach an Bhoird chomh maith leis an Rúnaí Ginearálta agus an POF le chéile go rialta chun cúrsaí feidhmíochta, rialachais, cúrsaí a bhaineann le leasuithe agus dul chun cinn maidir leis an PSN a phlé agus a athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais, a léiríonn feidhmíocht FnaSS i gcomparáid le buiséid / réamhaisnéisí.
- Déanann an Roinn Sláinte athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht FnaSS i dtéarmaí buiséid agus pleananna seirbhíse chomh maith le príomhthuarascálacha neamhairgeadais, ar nós, phleanáil an fhórsa oibre.
- Bíonn cruinniú ag an POF leis an FBF (EMT) ar a laghad dhá uair sa mhí
- Bíonn cruinnithe míosúla Boird ann ar a bhfreastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus baill den FBF
- Buailteann gach Coiste de chuid an Bhoird le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí atá faoina gcúram agus chun comhairle agus aiseolas a sholáthar don Bhord.
- Phléigh an Bord agus na coistí agus FBF (EMT) tionchar COVID-19 agus an chibirionsaithe ar gach réimse de FnaSS, ina measc, cúrsaí maoinithe, cúinsí rialaithe agus riosca agus socruithe rialachais.

Tá freagracht ar an **nGrúpa Maoirseachta na Feidhmíochta Náisiúnta** GMFN (NPOG) as feidhmíocht a mhaoirsiú de réir an Phlean Seirbhíse Náisiúnta, mar chuid den phróiseas cuntasachta i gcoitinne.

Bíonn cruinniú míosúil ag baill GMFN chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta. Ullmhaítear tuarascáil mhíosúil ar fheidhmíocht don POF, ina n-áirítear sonraí maidir le haon fhadhbanna feidhmíochta tromchúiseacha a dteastaíonn gníomh a dhéanamh ina leith, ar bhonn práinne.

Cuireann an POF nuashonrú maidir le feidhmíocht ar fáil don Bhord gach mí agus cuirtear na tuairiscí ón GMFN i láthair.

Ina theannta sin, mar a luadh i gCuid 3, tá coistí cuí ceaptha ag an mBord chun comhairle a chur ar an mBord maidir lena chuid feidhmeanna a chur i gcrích mar is cuí.

Tá obair na hIníúcháireachta Inmheánaí ina cuid thábhachtach den mhonatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh i FnaSS. Bíonn plean oibre bliantúil na hIníúcháireachta Inmheánaí bunaithe ar anailís ar na príomhrioscaí atá ann do FnaSS agus déanann an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca an plean oibre seo a fhaomhadh. Freastalaíonn an Stiúrthóir Náisiúnta um Iníúcháireacht Inmheánach ar gach cruinniú den Choiste Iníúcháireachta agus Riosca. Bíonn cruinnithe rialta duine le duine aige le Leaschathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca, atá ina chomhalta de Bhord FnaSS. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe rialta duine le duine ag an Stiúrthóir Náisiúnta um Iníúcháireacht Inmheánach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha FnaSS bunaithe ar eolas ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG), chomh maith. Déanann an Bord, FBF (EMT) agus an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar thuairimí agus moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta, ina dheimhnithe iníúcháireachta nó ina thuarascálacha bliantúla, agus déantar bearta chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

7. Tionchar COVID-19 ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Chuir paindéim COVID-19 isteach ar na gnáthbhealaí oibre ar fud gach mór-rannán de chuid FnaSS agus bhí ar fhoireann FnaSS dul i mbun cianoibre chun cloí le treoir sláinte poiblí agus rialtais chun sláinte oibríthe FnaSS agus na ndaoine atá ag brath orthu a chosaint.

Chuir FnaSS treoir agus tacaíocht chuí ar fáil don fhoireann agus do bhainistíocht FnaSS maidir le cianobair / obair hibrideach a éascú, atá fós ar fáil, agus táthar ag baint úsáid fhorleathan as na bealaí nua oibre seo. Chlúdaigh na treoracha seo réimsí mar:

- Treoracha Sláinte agus Sábháilteachta
- Tacaíochtaí Meabhairshláinte
- Rialuithe TFC, riachtanais chriptiúcháin agus prótacail do phasfhocail
- Ceanglais RGCS (GDPR) agus cosaint faisnéise
- Filleadh ar an áit oibre, de réir mar is cuí

In ainneoin cúinsí oibre a bheith athraithe, oibríonn córais airgeadais FnaSS leis na rialuithe slándála céanna, is cuma an bhfuil an fhoireann ag obair i suíomh FnaSS nó ag cianobair sa bhaile. Tá rochtain ar fáil ar ár gcórais airgeadais ar líne ag baint úsáide as ríomhairí glúine agus ríomhairí pearsanta criptithe ina n-úsáidtear feistí LPF (VPN) agus / nó MIFI. Tá siad ar fad faoi chosaint phrótacail phasfhocal.

De bharr na socruithe nua cianoibre / hibrideach, b'éigean leasuithe a dhéanamh ar chuid de rialacháin náisiúnta airgeadais (NFR) FnaSS chun tionchar aistrithe foirne agus ganntanas foirne a mheas, ionas go bhféadfadh gnó na feidhmeannachta leanacht ar aghaidh oiread agus ab fhéidir. Leanadh le hathbheithniú ar na leasuithe sin i 2022, agus níor leanadh ach leo siúd a measadh a bheith riachtanach. Mar chuid den Chlár um Fheabhsú ar Rialuithe Inmheánacha, rinneadh na rialacháin náisiúnta airgeadais a nuashonrú agus seoladh iad i mí Eanáir 2023 agus léirítear dea-chleachtas reatha, riachtanais maidir le hathruithe córais agus próisis, athruithe reachtaíochta agus ceachtanna a foghlaimíodh de bharr ár dtaithe le déanaí. Ina theannta sin, forbraíodh iad chun inrochtaineacht níos fearr don fhoireann ar fad a léiriú, chomh maith le nasc chuig cáipéisí tacaíochta agus treoir maidir le seicliosta chun a chur ar chumas na foirne feidhmiú go háitiúil le tacaíocht ar líne, lena n-áirítear faisnéis rialachais ar fáil ar chainéal YouTube chomh maith le cláir oiliúna atá bainteach leis seo.

Éilíonn NFR19² FnaSS go ndéanfaí stocáireamh i ngach réimse de FnaSS, a bhfuil fardail shuntasacha acu, ag deireadh na bliana. De bharr phaindéim COVID-19, deonaíodh maoluithe i réimsí a raibh tionchar díreach ag COVID-19 orthu, ar mhaithe le sábháilteacht foirne, othar agus úsáideoirí na seirbhísí. Ag deireadh 2022, bhí €1.5 milliún d'fhardal dheireadh na bliana FnaSS measta, ag baint úsáide as an bhfaisnéis stocáirimh ba dhéanaí agus ba réasúnta (2021:€5m)

Tá taifead de na maoluithe maidir leis na rialacháin náisiúnta airgeadais ar chlár lárnach agus déanann an Rannóg Airgeadais Náisiúnta grinnmhonatóireacht ar na rialacháin leasaithe seo.

8. Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)

Ba ghné thábhachtach fós i mbainistiú Phaindéim COVID-19 i rith 2022 a bhí in úsáid Threalamh Cosanta Pearsanta mar ba chuí.

Mar a bhí i rith 2021, ba sholáthraithe Éireannacha a chuir an chuid is mó den Trealamh Cosanta Pearsanta ar fáil do FnaSS i rith 2022, ag teacht le gealltanais a rinne an Rialtas roimhe seo.

Meastar gur €146m an costas iomlán TCP a ghearrfar ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais, mar atá luaite i Nóta 1(b) de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Ar an 31 Nollaig 2022, thuairiscigh FnaSS go raibh €37.3 milliún de stoc TCP ina seilbh nár úsáideadh roimh dheireadh na bliana. (€73.4 milliún BA 2021).

9. Soláthar Aerálaithe

I ráitis airgeadais FnaSS don bhliain 2020, tuairiscíodh drochfhiachas de €42.5 milliún i ndáil le réamhíocaíochtaí le díoltóirí i 2020, i gcás nár comhlíonadh orduithe nó nár measadh go raibh an trealamh a fuarthas oiriúnach go cliniúil lena úsáid.

I rith 2021, fuair FnaSS €12.1 milliún ar ais, agus tá seo léirithe i ráitis airgeadais 2021. Tá gach iarracht á déanamh fós ag FnaSS chun tuilleadh airgid a aisghabháil ina leith seo.

D'eisigh foireann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuascáil speisialta faoi sholáthar aerálaithe agus tá FnaSS ag meas mholtaí na tuascála seo faoi láthair.

10. Vacsainí

Chun dul i ngleic leis an bpaindéim COVID-19, ceannaíodh líon mór vacsaíní lena chinntiú go bhféadfadh gach duine vacsaín a fháil, má measadh go raibh vacsaín oiriúnach dó / di. De bharr nár glacadh le vacsaín ag an leibhéal céanna i 2022, go háirithe i measc leanaí agus de bharr dul in éag vacsaíní, próiseáladh leibhéal ard díscríofa i 2022 – luach iomlán de €94.4m.

Ina measc seo bhí stoic vacsaíní COVID-19 a bhí imithe in éag mar go raibh dáta éaga an déantóra thart agus stoic nach raibh oiriúnach le dáileadh a thuilleadh, ar luach de €33.7m. Ina theannta sin, tá stoic bhunaidh de luach €47.9m ann atá le dul as feidhm sa chéad ráithe de 2023 agus nach n-úsáidfear. Tá stoc vacsaíní oiriúnaithe de luach €12.8m ann freisin a bhfuil seilfré ghairid acu.

Ní hiad FnaSS a dhéanann an cinneadh chun vacsaíní sonracha COVID-19 a cheannach agus is cinneadh Rialtais é atá ag teacht le ceanglais an AE.

11. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm i FnaSS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú riosca agus rialaithe.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú FnaSS ar an gcóras rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na nIníúcháirí inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus na mbainisteoirí sinsearach i FnaSS, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir FnaSS athbhreithniú bliantúil i gcrích maidir le héifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2022 inar cuireadh na gnéithe seo a leanas san áireamh:

- Miontuairiscí agus tuascálacha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Tuascáil Bhliantúil Stiúthóir Náisiúnta na hIniúcháireachta Inmheánaí, le torthaí agus moltaí na dtuascálacha iniúcháireachta inmheánaí, san áireamh
- Torthaí an Cheistneora maidir le Rialú Inmheánach (ICQ) agus Ráitis um Dhearbhu Rialaithe (CAS)
- Stádas na moltaí a d'eascair as tuairiscí na mblianta roimhe seo i dtaca le hAthbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh
- Moltaí ó litreacha bainistíochta an ARC&C (C&AG)
- Clár iniúcháireachta 2022 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus go háirithe na rioscaí i dtaca le hiniúchadh a sainaithníodh sa chlár.
- Tuascálacha an Choiste Cuntas Poiblí
- Miontuairiscí an Bhoird agus an FBF
- Miontuairiscí an ghrúpa stiúrtha / an ghrúpa oibre / na ngrúpaí forfheidhmithe srl
- Athbhreithniú seachtrach a rinne FnaSS chun fadhbanna maidir le rialú inmheánach a aimsiú agus beartais agus próisis ghnó leasaithe a chur i bhfeidhm
- Déantar athbhreithniú ar Chlár Rioscaí Corparáideach FnaSS gach ráithe agus déanann an CRO maoirseacht ar an bpróiseas seo. I gcás rioscaí atá níos dinimiciúla ar an gClár, tuairiscítear athruithe suntasacha gach mí ar bhonn eisceachtúil don CRO, má mheastar gur gá sin a dhéanamh
- Torthaí ag eascair as na socruithe monatóireachta um chomhlíonadh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39
- Athruithe ar an timpeallacht oibre agus cianobair agus bealaí nua oibre
- Tionchar na n-aistrithe foirne go háirithe i bpríomhréimsí faoi phribhléid mar fheidhmeanna Párolla, Cuntais Iníochta agus Baincáireachta agus Cistíochta

- Athbhreithniú ar cheanglais agus feasacht i ndáil le RNA (NFR)
- Athbhreithniú ar phríomhphleananna, ar nós, Plean Geimhridh FnaSS, Plean Seirbhíse Náisiúnta agus tionchar an mhaoinithe bhreise
- Staid maidir le dul chun cinn gach ceann de na sé shruth oibre a aithníodh mar chuid den chlár feabhsúcháin trí bliana ar rialuithe a rinne FBF (EMT) a fhaomhadh, go luath i 2021.

Éilíonn FnaSS go bliantúil ar gach ball foirne sinsearach ábhartha ag Grád VIII (nó a chomhionann) agus os a chionn ceistneoir rialaithe inmheánaigh (ICQ) a chomhlánú, atá leagtha amach chun aiseolas riachtanach a sholáthar maidir le príomhréimsí rialaithe agus riosca. Cuireann sé seo ar chumas FnaSS monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpríomhrialuithe agus gníomhaíocht ceartúcháin a stiúradh, nuair is gá.

Tháinig méadú 16% breise ar an líon daoine a ghlac páirt sa cheistneoir i 2022. Léiríonn sé seo an tuiscint atá ag fás i measc fhoireann FnaSS ar fad, ag gach leibhéal, maidir leis an tábhacht a bhaineann le dea-rialuithe agus na rialuithe sin a chomhlíonadh.

D'fhostaigh FnaSS comhlacht iniúcháireachta neamhspleách trí phróiseas iomaíoch, agus rinne siad seo athbhreithniú ar 6% de na daoine a ghlac páirt in ICQ, agus léiríodh leibhéal dearbhaithe an-ard maidir le hionracas na bhfreagraí.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus FBF (EMT) agus Bord FnaSS athbhreithniú bliantúil ar an tuarascáil um athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Léiríonn torthaí an athbhreithnithe go bhfuil fianaise ann maidir leis na nithe seo:

- Ghlac FnaSS sraith de bheartais agus nósanna imeachta inmheánacha, atá mar bhunús leis an gcreat rialaithe inmheánaigh
- Nuair a aithníodh rioscaí ardleibhéil, cuireadh rialuithe maolaithe / cúitimh i bhfeidhm, de ghnáth.
- Fuarthas amach go raibh roinnt mhaith cásanna ann nár comhlíonadh na beartais agus na nósanna imeachta seo ar ghlac FnaSS leo, agus dá bharr seo cuireadh an eagraíocht i mbaol ó riosca ábhartha, ach tá feabhsuithe leanúnacha próisis agus rialaithe le feiceáil i go leor réimsí.
- Tháinig méadú ar an bhfeasacht maidir leis an ngá atá le rialuithe inmheánacha agus cuntasacht le linn 2022, agus tháinig méadú 16% breise ar líon na mball foirne a chríochnaigh suirbhé ICQ, rud atá an-suntasach i gcomhthéacs na n-éileamh breise atá á ndéanamh ar an bhfoireann
- Tugann anailís le fios go bhfuil tuiscint agus feasacht an-ard ag formhór na mbainisteoirí maidir lena bhfreagracht i dtaca le rialuithe inmheánacha. Mar sin féin, tá tuilleadh oibre le déanamh chun a chinntiú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach agus tuisceanach ag na bainisteoirí go léir chun feabhas breise a chur ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh
- Mheas an t-athbhreithniú go bhfuil dearbhú réasúnta ann maidir leis an gcóras rialuithe inmheánaigh, go bhfuil sé in ann na príomhrioscaí bunúsacha a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a chur i mbaol, a mhaolú agus / nó a bhainistiú. Mar sin féin, de bharr na laigí a aithníodh agus an méid a léirigh an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúcháireacht Inmheánach, is féidir a rá go bhfuil an dearbhú seo teoranta. Tá líon suntasach laigí fós i rialuithe inmheánacha FnaSS, mar is follasach ón líon sárúithe a tharlaíonn. Ba cheart a rá, mar sin féin, gur tugadh tús áite do rialuithe agus comhlíonadh agus rinneadh feabhsuithe i ndáil le cúrsaí rialaithe i gcásanna áirithe
- Tá fianaise ann go bhfuil feasacht agus tuiscint ag bainisteoirí FnaSS ar an ngá atá le cuntasacht agus freagracht chun córas láidir rialaithe inmheánaigh a chinntiú. Mar sin féin, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar na cúrsaí seo bliain i ndiaidh bliana, tá fianaise ann go fóill go bhfuil easpa tuisceana iomlán maidir leis na príomhthreoirí agus na beartais ábhartha ar fud na heagraíochta. Díríodh go sonrach ar sheisiúin oiliúna bainistíochta agus foirne mar chuid lárnach de phleananna feabhsúcháin rialaithe i 2022 agus d'fhreastail beagnach 4,000 ball foirne ar oiliúint maidir le rialú i rith 2022. Tabharfar tús áite i 2023 do chlár oiliúna nua a fhorbairt, ina measc, modúl deimhnithe RNA (NFR) agus déanfar tuilleadh forbartha ar chainéal oiliúna um rialú agus comhlíonadh ar YouTube.

Tríd is tríd, is féidir dearbhú teoranta seachas cinnteacht iomlán a shonrú maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh reatha chun príomhrioscaí bunúsacha, a bhaineann le gníomhaíochtaí airgeadais neamhchosanta, a mhaolú agus / nó a bhainistiú. De bharr na gcásanna nach raibh ag cloí leis na rialuithe, tá an leibhéal dearbhaithe is féidir a sholáthar teoranta. Leanfaidh FnaSS ag díriú go mór ar fheabhsuithe sna réimsí seo sa ghearthéarma agus sa mheántéarma agus go háirithe tríd an gclár feabhsúcháin trí bliana ar rialuithe, ar cuireadh tús leis i 2021.

Tá cuntas tugtha ar na laigí rialaithe, a aimsíodh san athbhreithniú, i Mír 13 - Fadhbanna um Rialú Inmheánach mar aon leis an ngníomh bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

12. Plean Feabhsúcháin um Chreat Rialaithe Inmheánaigh

I 2021, d'aontaigh agus cheadaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus FBF (EMT) tús a chur le plean 3 bliana, atá beartaithe chun creat rialaithe inmheánaigh reatha FnaSS a fheabhsú. Leanadh den obair seo i rith 2022 faoi stiúir oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (CFO).

Díríonn an plean seo ar shé mhórshruth oibre mar seo a leanas, a chuideoidh le tacú le rialuithe láidre ar fud na bpríomhréimsí uile de chuid FnaSS.

Sruth Oibre #1:	Athbhreithniú, Leasú agus Feidhmiú Rialachán Airgeadais Náisiúnta FnaSS.
Sruth Oibre #2:	Feachtas cumarsáide agus feasachta
Sruth Oibre #3:	Tuairisciú maidir le Rialuithe agus Comhlíonadh a Fhorbairt mar aon le hUirlisí Monatóireachta
Sruth Oibre #4:	Creat Rialaithe Inmheánaigh, roghnú, tagarmharcáil FnaSS chomh maith le hUirlisí agus clár a ullmhú le cur ar chumas na n-aonad seirbhísí féinmheasúnú a dhéanamh
Sruth Oibre #5:	Bainistiú feidhmíochta agus barrfheabhais a bhaint amach maidir le feidhmíocht
Sruth Oibre #6:	Infheistiú chun dara Líne Chosanta níos fearr a chur ar fáil

Lean an obair i dtaca le gach sruth oibre i 2022 agus cuireadh roinnt díobh chun cinn níos fearr ná cinn eile, ag teacht le hamscálai a sonraíodh i bplean an chlár. I ndeireadh na dála, meastar go mbeidh na sruthanna oibre go léir mar chuid de ghnáthghníomhaíochtaí gnó ag tús 2024 agus go mbeidh tionchar suntasach acu ar chóras iomlán um rialú inmheánach FnaSS. Táthar ag súil freisin, de réir mar a théann gach sruth oibre chun cinn, go spreagfaidh sé seo feabhsuithe leanúnacha sa chóras rialaithe inmheánaigh.

Sruth Oibre 1 tá athbhreithniú agus athscríobh ar Rialachán Airgeadais Náisiúnta FnaSS, curtha i gcrích. Seoladh creat Rialachán Airgeadais Náisiúnta (NFR), nua ar an 31 Eanáir 2023. Tá an Creat bunaithe ar 5 príomhréimse:

- Prionsabail Uileghabhálacha
- Rialachán Oibriúcháin
- Rialachán Thaisceánach
- Tuairisciú Airgeadais.

Thug saineolaithe ábhar ó gach réimse san eagraíocht tacaíocht don phróiseas forbartha chun ionchuimsiú agus oiriúnacht a chinntiú agus chun an cleachtas is fearr a léiriú. Déantar na cáipéisí a dhearadh agus a chur i láthair ar bhealach a chinntíonn go mbeidh fáil orthu go héasca agus chun a chinntiú go bhfuil na treoracha soiléir agus éasca a léamh.

Táthar ag cinntiú go n-úsáidtear teanga nuashonraithe, go gcuirtear nasc ar fáil ionas gur féidir ábhar breise a fháil agus tá seicliostaí rialaithe curtha ar fáil chun tacú le rialú agus feidhmiú an phróisis ar bhonn áitiúil. Cuireadh críoch leis an obair ar an ardán digiteach, agus dá bharr seo is féidir le húsáideoirí teacht go héasca ar rialachán ábhartha de réir bheartas agus pleananna cumarsáide digiteacha FnaSS. Críochnaíodh tástáil deiridh um ghlacadh úsáideoirí i R3 2022, nuair a foilsíodh an creat nua ar an 31 Eanáir 2023 agus ag an am céanna cuireadh clár cumarsáide agus oiliúna ar fáil don fhoireann ar fad.

Sruth Oibre 2 Tá an sruth seo a bhaineann le cumarsáid agus oiliúint forbartha go maith agus i bhfeidhm go príomha. Críochnaíodh sceideal iomlán craoltaí agus seimineáir oiliúna ar líne maidir le hábhair rialaithe éagsúla, mar shampla párolla, taisteal agus costais, saoire bhliantúil, sócmhainní agus saincheistanna a bhain le TFC.

Bhain líon ard d'fhoireann FnaSS leas as na tacaíochtaí oiliúna seo go dtí seo. D'fhreastail nach mór 4,300 ball foirne de chuid FnaSS ar na seisiúin oiliúna agus na cumarsáide seo i rith 2022, rud a léiríonn breis suime bliain i ndiaidh bliana i dtaobh páirt a ghlacadh sna seisiúin seo.

Ullmhaíodh físeáin oiliúna agus is féidir iad seo a roinnt ar líne le foireann FnaSS trí bhealaí éagsúla digiteacha – ina measc, - cruthaíodh cainéal oiliúna maidir le RNA (NFR) ar YouTube. Bhí ailt i nuachtlitreacha an Ghrúpa Ospidéal (HG) agus na hEagraíochta Cúram Sláinte Pobail (CHO) chomh maith le hailt i bhfoilseachán foirne 'Health Matters' de chuid FnaSS maidir le huasdátú i réimse an rialaithe.

Tá sé mar aidhm ag an gcumarsáid seo cur le feasacht maidir le tábhacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá sraith suirbhéanna á ndéanamh chun eolas a bhailiú maidir le feasacht na foirne ar na gnéithe seo, agus de thoradh air seo, beifear in ann díriú ar riachtanais oiliúna breise.

Diríonn **Sruth Oibre 3** ar thuairisciú agus monatóireacht níos fearr i dtaca le torthaí rialaithe ionas gur féidir leis an mbainistíocht ar fud gach ESP (CHO), Grúpa Ospidéal (HG) agus Rannán Náisiúnta cinneadh a dhéanamh go héasca maidir leis na fadhbanna rialaithe ar gá dóibh dul i ngleic leo ina réimsí freagrachta féin.

Eisíodh na chéad tuarascálacha maidir le feidhmíocht rialuithe i R4 2022 a thug forléargas don bhainistíocht shinsearach ar na príomhúdair imní maidir le rialú, ina réimsí féin, a aimsíodh le linn na bPróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe (CARP), Iniúchóireacht Inmheánach chomh maith le torthaí an ARC&C.

Tá próiseas tairisceana beagnach críochnaithe chun uirlis shaincheaptha stórála sonraí agus tuairiscithe a fhorbairt a laghdóidh an méid oibre a dhéantar de láimh agus a thabharfaidh deis d'ilúsaídeoírí rochtain bheo, ach slán, a fháil ar thuarascálacha agus freagairtí níos tapúla a chur i bhfeidhm. Is cuspóir níos fadtéarmaí atá i gceist anseo agus meastar go mbeidh sé ag feidhmiú beo ar bhun phiólótach faoi dheireadh 2023.

Baineann **Sruth Oibre 4** le creat rialaithe a fhorbairt a chuirfidh ar chumas gach Grúpa Ospidéil, ESP (CHO) agus gach Rannán tagarmharcáil a dhéanamh ar a rialuithe inmheánacha agus athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ina réimsí féin, maidir le gach cearnteideal rialaithe airgeadais.

Forbraíodh seicliostaí mionsonraithe agus cáipéisí tacaíochta le húsáid mar uirlisí féinmheasúnaithe ar bhonn áitiúil agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair. Tá sé beartaithe an próiseas féinmheasúnaithe seo a chur i bhfeidhm go forleathan i gcomhthráth le seiceálacha ullmhachta agus feidhmiú an Chórais Chomhtháite um Bainistíocht Airgeadais agus Soláthair (IFMS) chun feabhas a chur ar éifeachtachtaí foirne agus oibre.

Baineann **Sruth Oibre 5** le gnóthachtáil feidhmíochta agus le bainistiú feidhmíochta. Mar atá luaite i sruth oibre 3, eisíodh na chéad tuarascálacha maidir le feidhmíocht rialuithe i R4 2022 a thug forléargas don bhainistíocht shinsearach ar na príomhúdair imní maidir le rialú, ina réimsí féin, a aimsíodh le linn na bPróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe (CARP), Iniúchóireacht Inmheánach chomh maith le torthaí an ARC&C.

Cuirfear na tuarascálacha seo ar fáil gach ráithe sa todhchaí agus beidh uasdátú le déanamh agus freagraí le tabhairt maidir le bearta rialaithe aontaithe. De thoradh air seo beidh faisnéis ar fáil don FBF níos tapúla agus beidh siadsan ábalta oibriú lena bhfoirne sinsearach a ndáil le feabhas a chur ar rialuithe ina réimsí éagsúla.

Baineann **Sruth Oibre 6** le feabhas a chur ar an dara líne chosanta de chuid FnaSS trína chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun tacú leis an mbainistíocht i dtaca le seiceálacha rialta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil rialuithe inmheánacha sásúla i bhfeidhm.

Tá acmhainní suntasacha breise faighte ag na príomhréimsí Rialachais agus Comhlíontachta Náisiúnta, maoirseacht AD maidir le ró-íocaíochtaí párolla, agus bunaíodh Aonaid Tacaíochta um Bainistiú Conarthaí (CMSU) i ngach eagraíocht pobail chun cabhrú le rialachas deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá acmhainní soláthar aontaithe agus tá tús curtha le hearcaíocht.

13. Fadhbanna um Rialú Inmheánach

Tá cuntas ar na laigí a aimsíodh thíos.

I. Easpa Córas Comhtháite Bainistithe Airgeadais agus Soláthair (IFMS)

Níl aon chóras aonair airgeadais agus soláthair ag FnaSS. De bharr nach bhfuil a leithéid de chóras i ag FnaSS, cruthaíonn sé dúshlán bhreise maidir le hoibriú éifeachtach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Tá athdhearbhú déanta ag a lán athbhreithnithe seachtracha go bhfuil lucht airgeadais FnaSS den tuairim nach bhfuil na córais airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm.

Ós rud é nach bhfuil aon chóras aonair náisiúnta ann, tá gá an-chuid oibre a dhéanamh de láimh chun a chinntiú go bhfuil na córais airgeadais áitiúla agus an Réiteach um Thuairisciú Náisiúnta Airgeadais sioncronaithe agus go réitíonn siad lena chéile. Tá an cur chuige seo ag éirí níos dúshlánaí i bhfianaise na n-athruithe ar an struchtúr eagraíochtúil agus de bharr go bhfuil córais ag dul in aois.

Is í an phríomhsprioc atá ag an gClár um Athchóiriú Airgeadais ná córas aonair náisiúnta comhtháite um bainistiú airgeadais agus soláthair, nó IFMS, a chur i bhfeidhm, bunaithe ar shraith de phróisis airgeadais agus soláthair caighdeánacha comhaontaithe, Cairt Náisiúnta aonair Cuntas agus Struchtúr Náisiúnta Fiontraíochta, chomh maith le Samhail nua Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Cuirfidh an Creat Bainistíochta Airgeadais dlús le tionscadal um chóras aonair náisiúnta comhtháite um bainistiú airgeadais agus soláthair, mar leagann an Creat amach an próiseas, an rialachas agus na rialuithe a theastaíonn chun cleachtas éifeachtach bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm ar fud an chórais sláinte. Is cáipéis bheo é an Creat a athbhreithnítear ar bhonn rialta agus rinne Coiste Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais (FRP) é a fhaomhadh i mí Eanáir 2020. Leanfar le forbairt an chreata agus na straitéisí a bhaineann leis, de réir mar a théann an clár ar aghaidh.

Na Buntáistí a bhaineann le IFMS

Soláthróidh IFMS tuairisciú agus réamhaisnéis airgeadais níos tapúla agus cuirfidh sé feabhas ar bhainistiú airgeadais, ar rialachas, ar chomhlíonadh agus ar thrédhearcacht, agus beidh timpeallacht rialaithe airgeadais neartaithe dá bharr. Soláthrófar, den chéad uair, faisnéis chaighdeánaithe airgeadais agus soláthair ar fud na seirbhísí reachtúla agus deonacha araon, trí chóras aonair caighdeánaithe airgeadais agus soláthair a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála sláinte ar fad, ag éascú:

- Comparáid bhaill maidir le costais ar fud na hearnála ar fad
- Samhail leithroinnte acmhainní níos cothroime agus a bheidh bunaithe ar fhianaise
- Luach ar Airgead (VFM) a léiriú chun tacú le hinfheistíocht i bhforbairt seirbhísí
- Cumas iomlán soláthair na hearnála sláinte a threisiú trí shonraí ardchaighdeán a bheith ar fáil i liosta catalóige
- Tuairisciú um leibhéal an ionaid maidir le costais pá do níos mó ná 132,000 (CL) WTE (c. 85,000 CL (WTE) reachtúil agus c. 47,000 CL (WTE) deonach).

Tionchair ar Sceideal an Tionscadail

De bharr na ndúshlán a bhain le paidéim COVID-19 i dtús na bliana 2021, cuireadh an tionscadal IFMS ar fionraí go sealadach chun ualach oibre na bpáirtithe leasmhara atá rithabhachtach do rath an tionscadail, a mhaolú. I gcásanna áirithe, aistríodh foireann IFMS chun cabhrú le gníomhaíochtaí agus tuairisciú COVID-19. Cuireadh tús leis an obair arís i mí Aibreáin 2021 ach chuir an cibirionsaí a tharla i mí na Bealtaine 2021 isteach ar an tionscadal chomh maith. Ina theannta sin, bhí tuilleadh moille i gceist de bharr go raibh sé riachtanach Comhtháthóir Córais nua a aimsiú i ndiaidh na gcéimeanna tosaigh a bhain le dearadh. Tar éis an larratais ar Fhaomhadh a bheith ceadaithe ag FRP agus ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, cuireadh an chéim athbhreithnithe agus bailíochtaithe dearaidh chun críche de réir sceidil i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus chuaigh an tionscadal ar aghaidh go dtí an Chéim Thógála agus Tástála, agus cuireadh tús leis seo i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus atá sé i gceist é a bheith críochnaithe i mí Bealtaine 2023.

Déanfar beachtú ar dhréacht-sceideal seachadta IFMS, de réir mar a théann gach céim den tionscadal ar aghaidh trí chéimeanna mionsonraithe pleanála, atá á maoirsiú ag Grúpa Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais, mar atá sonraithe sa phróiseas rialachais faofa. Tá Príomhoifigeach Airgeadais FnaSS ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo, agus tá páirtithe leasmhara ábhartha eile mar bhaill den ghrúpa.

Céim um Dhearadh Mionsonraithe IFMS

Bhí sraith ceardlann ar bun maidir le deimhniú dearaidh, ina raibh páirtithe leasmhara an Chórais Sláinte páirteach agus, ina dhiaidh sin, críochnaíodh dearadh mionsonraithe IFMS agus rinne Rialachas IFMS é a fhaomhadh i mí Iúil 2022. Tá an dearadh críochnaithe, atá bunaithe ar dhea-chleachtas SAP, ag teacht leis an gCreat Bainistíochta Airgeadais agus tá sé solúbtha go leor chun glacadh le hathruithe eagraíochtúla sa Chóras Sláinte sa todhchaí agus na riachtanais tuairiscithe a bhaineann leis, mar atá beartaithe faoi *Sláintecare*. Nuair a bhí an dearadh críochnaithe, chuir FnaSS deireadh le conradh an Chomhtháthóra Córais. Tá próiseas soláthair phoiblí ar bun chun Comhtháthóir Córais nua a fháil chun dearadh faofa IFMS a chruthú, a thástáil agus a chur i bhfeidhm ar fud an chórais sláinte. Shínigh FnaSS an conradh leis an gcomhtháthóir córais (SI) i mí Iúil 2022, chun:

- Dearadh agus tógáil a bhailíochtú agus an réiteach do IFMS agus Seirbhísí Roinnte a chur i bhfeidhm i FnaSS, Tusla, 1x 38 ospidéal géarmhíochaine, 1x eagraíocht pobail Alt 38 agus 1x eagraíocht Alt 39, tacaíocht maidir le bainistiú athruithe, san áireamh
- Tacaíocht a chur ar fáil tar éis don chóras a bheith curtha i bhfeidhm beo, agus an córas a chur i bhfeidhm ar bhonn tarraingthe anuas, sna heagraíochtaí san earnáil dheonach sa réimse feidhme ábhartha.

Mar chuid den Chéim Dhearaidh, Athbhreithnithe agus Bailíochtaithe, forbraíodh Plean Clár Comhtháite agus Cur Chuige Forfheidhmithe mionsonraithe leis an CC (SI) agus rinne Rialachas an Chláir Athchóirithe Airgeadais (FRP) é a fhaomhadh i mí Mheán Fómhair 2022. Tá an cur chuige seo ag teacht leis an amlíne a bhí i gceist chun 80% caiteachas na hearnála

sláinte a dhéanamh ar chóras IFMS faoi R2 2025 agus bainfear é seo amach de réir chúig Ghrúpa Forfheidhmithe. Tá sé beartaithe an chéad Ghrúpa Forfheidhmithe (IG1) a bheith ag feidhmiú beo i R3 2023. Tá sé beartaithe Grúpa Forfheidhmithe 5 a bheith ag feidhmiú beo i R2 2025, agus dá réir sin beidh an córas ag feidhmiú go hiomlán, i FnaSS, laistigh de thrí bliana. Beidh trí eagraíocht dheonacha san áireamh sa chur chuige seo. Ó mhí na Bealtaine 2025, cuirfear IFMS i bhfeidhm i ngach eagraíocht dheonach sláinte a bheidh fágtha faoi raon feidhme, de réir ord íslitheach um leithdháileadh buiséid.

Tá tionscadal IFMS ag an gCéim Tógála agus Tástála faoi láthair, agus tá Struchtúr Fiontraíochta IFMS, IFMS Ariba agus Samhail na Seirbhísí Comhroinnte, san áireamh. Tá tionscadal SNAP Ariba san áireamh i bPlean an Chláir. Tá sé beartaithe tús a chur leis an tástáil um chomhtháthú córais i mí an Mhárta 2023, agus ina dhiaidh sin beidh Tástáil Inghlacthachta Úsáideoirí (UAT) ar siúl i mí Aibreáin / Bealtaine 2023. Tabharfar cuireadh do pháirtithe leasmhara seachtracha a bheith rannpháirteach in UAT.

Is ceann de phríomhchumasóirí *Sláintecare* atá i bhfeidhmiú IFMS in eagraíochtaí Alt 38 agus Alt 39, tá sé sainordaithe ag an mBord um Athchóiriú Airgeadais (Comhlacht Rialaithe FnaSS, an Roinn Sláinte agus RCPSPFNA (DPENDPDR)), agus tá sé luaite mar Thosaíocht de chuid an Aire sa PSN de chuid FnaSS.

Tá samhail seirbhísí comhroinnte, ar a bhfuil IFMS bunaithe, ag teacht le sainordú an Rialtais maidir le seirbhísí comhroinnte a leathnú agus a chur i bhfeidhm go tapa i Seirbhísí Phoiblí na hÉireann.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara, Bainistiú Athruithe agus Gníomhaíochtaí Réamhfheidhmithe

Nuair a bhí dearadh an IFMS curtha i gcrích, dhírigh foirne tionscadail ar rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara agus ar ghníomhaíochtaí maidir le bainistiú athraithe, mar ullmhúchán d'fheidhmiú IFMS. Tá an ghníomhaíocht ullmhúcháin agus an bainistiú athraithe seo beartaithe chun cabhrú leis an aistriú go IFMS agus chun dlús a chur faoi amlínte an tionscadail. Reáchtáladh ceardlanna um athbhreithniú agus bailíochtú dearaidh le páirtithe leasmhara seachtracha i rith mhí Lúnasa agus Mheán Fómhair 2022.

Tugtar deis do pháirtithe leasmhara seachtracha an réiteach IFMS a fheiceáil de réir mar atá sé á thógáil toisc go bhfuiltear á thógáil de réir a chéile i 'Sprints'. Reáchtáladh na taispeántais seo ar bhonn míosúil ó mhí na Samhna 2022. Tá na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí a bhaineann le bainistiú athruithe ag dul ar aghaidh agus á gcur i bhfeidhm i ngach suíomh áitiúil a bhaineann le Grúpa Forfheidhmithe 1. Tá acmhainní lárnacha agus áitiúla araon ar fáil agus táthar ag comhoibriú chun réimsí a ullmhú le IFMS a chur i bhfeidhm.

Comhréiteach le Príomhchláir Straitéiseacha

Tá tionscadal IFMS ag obair ar bhealach ilréimsiúil le foirne tionscadail ó Acmhainní Daonna agus Párolla maidir le roinnt tionscnamh atá ailínithe go straitéiseach. Ina measc seo tá:

- Tá réiteach ó thús go deireadh maidir le buiséadú agus tuairisciú pá curtha i gcrích anois agus tá siad san áireamh sna bearta tógála agus Tástála atá ag tarlú faoi láthair
- D'oibrigh Tionscadal IFMS i gcomhar leis an gClár Comhtháite Náisiúnta um Thaifid agus Pá Foirne (NiSRP) le linn an tionscadail, chun SAP Cobhsaíochta a chur i bhfeidhm i SLÉ i Sráid an Teampaill, atá mar chuid den ghrúpa SLÉ. Cuireadh tús le Párolla SAP i mí na Samhna 2022, agus cuireadh tús le SAP Airgeadas agus Soláthair ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2023. Dá bharr seo tá Sláinte Leanáí Éireann ar chóras Párolla Airgeadais, Soláthair agus AD comhtháite amháin ar ardán SAP comhaimseartha, arna óstáil ag FnaSS.
- Críochnófar an dearadh um bainistiú eagraíochta do IFMS, atá ag teacht le dearadh eagraíochta AD, agus déanfar athbhreithniú maidir le rialachas air i mí Feabhra 2023.

Tuairisciú Airgeadais agus IFMS

Sa chlár, tugtar tús áite do thuairisciú airgeadais a fhorbairt agus cáilíocht a fheabhsú go dtí go mbeidh IFMS in úsáid. Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí sa réimse seo:

- Cuireadh uasghrádú ar chórais teicniúil Cobhsaíochta SAP ECC6 i gcrích i R2 2022
- Rinneadh forbairt ar chumas tuairiscithe chun leithdháiltí nua maoinithe a rianú agus a thuairisciú, m.sh. maidir le COVID-19 agus an clár vacsaínithe
- Rannpháirtíocht leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara chun an struchtúr fiontar IFMS reatha agus an struchtúr a bheidh ann sa todhchaí a fhorbairt agus a ailíniú, i bhfianaise struchtúir eagraíochta agus riachtanais tuairiscithe nua atá ag teacht chun cinn.

II. Comhlíontacht maidir leis na Rialacha Soláthair

Tabhaíonn FnaSS caiteachas de thuairim is €4bn ar earraí agus seirbhísí faoi réir na rialachán soláthair atá leagtha amach go sonrach i Rialacháin Náisiúnta Airgeadais FnaSS agus atá bunaithe ar Threoir 2014/24 an AE agus na Treoirínte um Sholáthar Poiblí i gcomhair Earraí agus Seirbhísí. De réir an leagain athbhreithnithe den chód cleachtais chun comhlachtaí stáit a rialú, agus de réir an chreata beartais um sholáthar poiblí, tá sé de cheanglas ar FnaSS a dheimhniú, i gcás gach aon chonradh go ngnóthaítear na conarthaí sin ar bhonn iomaíoch de réir na riachtanas i dtaca le soláthar poiblí, agus tá ar FnaSS freisin tuairisciú a dhéanamh ar aon leibhéal neamhchomhlíontachta a aimsítear.

Is léir ó thorthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil fadhb ag baint le comhlíonadh na rialachán soláthair i FnaSS go fóill, maidir leis an easpa comhlíontachta i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

- Ceanglais maidir le soláthar agus foinsiú de réir chonarthaí bailí atá i bhfeidhm cheana féin
- Ceanglais i ndáil leis an tástáil mhargaidh, leis an bpróiseas tairisceana agus le feidhmiú próiseas iomaíoch
- Ceanglais i ndáil le tuairisciú neamhchomhlíontachta de réir chód agus chiorcláin RCPSPFNA (DPENDPDR).

Ina theannta sin, tá sé sonraithe san athbhreithniú go bhfuil easpa feasachta ann maidir le tacaíochtaí soláthair éagsúla, ar nós, suíomh gréasáin eolais FnaSS maidir le soláthar conarthaí, www.hsepass.ie, ar chóir gach sealbhóir buiséid a bheith ar an eolas faoi agus ar chóir é a úsáid nuair atáthar ag fáil seirbhísí agus earraí thar ceann FnaSS. Tá clár oiliúna agus feasachta breise planáilte mar chuid den chlár 2023 chun rialú a fheabhsú agus beidh cúrsaí soláthair san áireamh sna clár sin.

Rinne FnaSS athbhreithniú féinmheasúnaithe ar a gcaiteachas neamhiomaíoch d'aon chonradh os cionn €25,000 i 2022. Rinneadh scrúdú ar 26,168 sonrasc, b'ionann sin agus 91% den líon sonrasc ar fad de 28,695 sonrasc. Measadh go raibh 93% ag teacht leis na rialacha soláthair agus maidir leis an 7% a measadh a bheith neamhchomhlíontach, táthar ag fiosrú 65% de na cúiseanna a bhí leis an neamh-chomhlíonadh faoin bplean corparáideach.

Rinne comhlacht cuntasóirí neamhspleách a d'fhostaigh FnaSS athbhreithniú ar 296 tuairisceán de luach €364.5m. B'ionann an sampla seo agus 20% den mhéid iomlán ar a ndearnadh athbhreithniú féinmheasúnaithe agus ar a ndearna an fhoireann athbhreithnithe scrúdú. Léirigh torthaí an athbhreithnithe neamhspleách ráta comhlíontachta de 90%. Tugann sé seo breis dearbhuithe do FnaSS ach tuigean siad go bhfuil an t-athbhreithniú sách teoranta.

Is é an caiteachas iomlán measta ar shonraisc os cionn €25,000 ná €2.1bn (sin suas le 28,000 sonrasc) arb ionann é agus thart ar 50% de chaiteachas infhaighte FnaSS i 2022. Ceanglaítear ar gach sealbhóir mórghuiséid tuairisceán féinmheasúnaithe a líonadh chun an leibhéal soláthair neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach a dhéanamh amach.

Tuigean FnaSS go bhfuil an t-athbhreithniú teoranta mar nach bhfuil caiteachas níos lú ná €25,000 san áireamh faoi láthair. Measann FnaSS gur dócha go bhfuil an neamh-chomhlíonadh níos airde i ndáiríre, go háirithe, i bhfianaise nár breathnaíodh ar bhearta caiteachais ní ba lú ná €25,000.

Tuigean FnaSS go bhfuil gá le hobair shuntasach chun an leibhéal soláthair neamhiomaíoch a chur ina cheart.

Tá FnaSS fós tiomanta maidir le clár bunathraithe athchóirithe a chur chun cinn chun tacú leis na Seirbhísí cloí le rialacháin soláthair poiblí agus chun úsáid na gconarthaí arna mbronnadh ag FnaSS agus an OGP a mhéadú. Ina theannta sin, beidh ar FnaSS oibriú i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) chun clár níos leithne conarthaí comhlíontachta a chur ar fáil do na seirbhísí sláinte. I gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann leis an gcóras soláthair reatha agus na ndúshlán acmhainne atá ag FnaSS, glactar leis go dtógfaidh sé roinnt blianta chun dul i ngleic go hiomlán le fadhbanna comhlíontachta soláthair. Idir an dá linn, áfach, tá FnaSS ag forbairt struchtúir agus ag soláthar acmhainní chun planáil soláthair ilbhliantúil a fheabhsú, mar aon le comhlíontacht níos fearr a chothú agus acmhainneacht a fhorbairt.

Tá Plean Soláthair Corparáideach (2022-2024) curtha i gcrích ag FnaSS, de réir cheanglais an *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* agus rinne an Bord an Plean a fhaomhadh.

Diríonn an Plean Soláthair Corparáideach ar roinnt príomhchuspóirí a bhfuil achoimre tugtha orthu thíos faoi na príomh-cheannteidil:

Foinsiú agus Conarthaí:

- Tá comhordú agus comhoibriú déanta le heagraíochtaí FnaSS ar fad chun Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP) a aontú i dtaca le Plean Soláthair Chorparáidigh FnaSS a fheidhmiú sna gníomhaireachtaí eárnála sláinte Alt 38 agus 39 faoi dheireadh Ráithe 3, 2023. Táthar ag tuar go méadóidh MAPP de 68% an méid caiteachais de chuid FnaSS a bheidh faoi bhainistíocht (SUM), faoi dheireadh 2023 agus 85% faoi dheireadh 2024.

- Cur le rannpháirtíocht FBM trí chóras MAPP FnaSS, i ndáil le tairiscintí atá le teacht agus a fhoilseofar gach ráithe ar shuíomh Gréasáin FnaSS chun SME agus Micreaghnóthais a chur ar an eolas faoi dheiseanna atá le teacht roimh fhoilsiú na tairisceana
- Feidhmiú an chlár ionductaithe / oiliúna dar teideal, “Soláthar d’Oifigigh Neamhsoláthair”, do ghairmithe Soláthair agus Airgeadais, ina measc, Anailísithe Comhlíontachta Gnó sna Grúpaí Ospidéal, sna hEagraíochtaí Pobail agus Cúraim Sláinte (CHOs)
- Lár-Sheirbhís um Fhoinsiú Cuidithe a chur i bhfeidhm chun tacú le foilsiú gach deis tairisceana de luach níos mó ná €25,000 ar shuíomh Gréasáin eTenders an Rialtais www.eTenders.gov.ie, ag teacht le ceanglais Chiorclán 10/2014
- Tá plan soláthair corparáideach saincheaptha (CPP) / Clár um Fheabhsú Comhlíontachta Soláthair ullmhaithe ag an rannán soláthair i gcomhar le gach eagraíocht seirbhíse sláinte atá rannpháirteach sa chóras chun cabhrú le gach eagraíocht seirbhíse sláinte cloí le hoibleagáidí na mbeartas dlí agus rialála agus rialachais chorparáidigh. Tacóidh uirlisí leictreonacha le Clár um Fheabhsú Comhlíontachta Soláthair / CPP na heagraíochta ag baint úsáide as na huirlisí leictreonacha atá ar fáil chun tacú le planáil soláthair chorparáidigh (eCPP) agus é mar sprioc comhlíonadh 100% a bhaint amach i dtaca le húsáid na n-uirlisí seo do phleanáil soláthair i nGrúpaí Ospidéal agus ESP (CHOs) agus leanfar á chur seo i bhfeidhm ar fud na n-eagraíochtaí sláinte ina dhiaidh sin i 2023
- Leanacht ag tacú le Trasfhoirmiú Digiteach agus Nuálaíochta FnaSS, agus le Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann, chun saineolas agus Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin a fhorbairt chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as tionscnaimh réamhthráchtálacha agus tionscnaimh um nuálaíocht sláinte
- Próisis soláthair cuí, critéir agus ualú a chur i bhfeidhm chun tacú le nuálaíocht, ionchuimsiú sóisialta agus tosaíochtaí inbhuanaitheachta eacnamaíocha agus timpeallachta i ngach próiseas soláthair le cur i bhfeidhm ó R1 2023.

Forbairt an Chórais:

- Dlús a chur le gnéithe ceannach chun íoc de SAP Ariba chun suíomhanna a roghnú sula gcuirtear IFMS i bhfeidhm
- Cinntiú go bhfuil córais nua ina bhfuil cumas ó thaobh soláthar acu, ar nós Córas Faisnéise na nEastát Náisiúnta, ag teacht go hiomlán agus comhsheasmhach leis an tSamhail Oibriúcháin Airgeadais nua agus le Spriocshamhail Oibriúcháin IFMS.
- Na huirlisí leictreonacha (eCCP) a chothabháil agus a fhorbairt chun tacú le comhlíonadh, le hinfheictheacht agus le planáil agus tuairisciú um sholáthar corparáideach
- Na próisis soláthair a chumasú go digiteach trí chleachtais feabhsaithe leanúnacha agus úsáid na dteicneolaíochtaí.

Forbairt Lóistíochta agus Fardal:

- Ionaid Náisiúnta Dáileacháin (NDC) a chur ar fáil sna hospidéal reachtúla de chuid FnaSS chomh luath agus a bheidh maoiniú / acmhainní / cumas ar fáil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt straitéise / samhail na Seirbhíse Náisiúnta Dáileacháin chun freastal ar riachtanais na gcliant.
- Tacú leis an gClár Sláinte Domhanda mar a gheall FnaSS chun tacú le forbairt agus le feabhsú na gcóras sláinte i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, mar chuid de chur chuige an rialtais iomláin.

Forbairt na hEagraíochta:

- Na Rialacháin Airgeadais Náisiúnta a athsheoladh i R1, 2023 chun tuiscint níos fearr ar rialacháin soláthair agus oibleagáidí maidir le gach duine ar leith a chur chun cinn
- An Spriocshamhail Oibriúcháin a chur i bhfeidhm chun tacú le IFMS, mar seo: soláthar féinseirbhíse do cheannacháin faoi €25,000; agus Seirbhísí Comhroinnte Soláthair d’fhoinsiú straitéiseach os cionn €25,000
- An tsamhail rannpháirtíochta a chomhaontú idir rannán Soláthair FnaSS agus Cliant FnaSS, gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39
- An tSamhail chumarsáide i gcomhair soláthair a chur i bhfeidhm, atá ag teacht leis an tsamhail rannpháirtíochta, lena n-áirítear, an bealach a gcuirtear stádas conartha agus ábhair fhógraíochta, i gcomhair feasachta maidir le rialacháin soláthair in iúl
- Feabhas a chur ar an suíomh Gréasáin soláthair agus ar cháipéisí a bhaineann leis ionas go mbeidh rochtain agus tuiscint níos fusa ar fáil maidir le seirbhís soláthair FnaSS ó thús go deireadh, ag gach céim ó fhoinsiú go bainistiú lóistíochta agus fardail

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- Leanúint le seachadadh an chlár acadúil chreidiúnaithe atá ag teacht leis an gCreat Inniúlachta Eorpach do Cheannaitheoirí Poiblí agus a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh maidir le cúrsaí Leibhéal 7 Teastais agus Leibhéal 7 Diplóma um Bainistíocht Slabhra Soláthair agus Soláthar Poiblí (Sármhaitheas maidir le Slabhra Soláthair an tSoláthair Phoiblí (PPSCE).

Monatóireacht ar an bPlean um Sholáthar Corparáideach

Déanfaidh grúpa maoirseachta ina mbeidh ionadaithe ó FnaSS, an Roinn Sláinte agus an RCPSPFNA (DPENDPDR) monatóireacht ar an bPlean um Sholáthar Corparáideach.

Beidh ról athbhreithnithe agus monatóireachta ag Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Bhord FnaSS maidir leis seo.

III. Rialachas ar Dheontais do Gníomhaireachtaí Seachtracha

I 2022, bhain €6.3 billiún de chaiteachas iomlán FnaSS le deontais do gníomhaireachtaí seachtracha. Tá cur síos in *Acht Sláinte 2004* ar an gcreat dlíthiúil faoina dtugann FnaSS maoiniú deontais do gníomhaireachtaí. Gach bliain, maoiníonn FnaSS breis is 1,830 gníomhaireacht, idir ospidéal mhóra dheonacha a fhaigheann níos mó ná €300m agus gníomhaireachtaí pobalbhunaithe a fhaigheann €500.

Tá creat rialachais FnaSS ag teacht leis na socruithe bainistíochta agus cuntasachta maidir le deontais ó mhaoiniú ciste mar atá leagtha amach sa treoir a d'eisigh an RCPSPFNA (DPENDPDR) i mí Mheán Fómhair 2014, le heisceacht amháin, a bhaineann le socruithe réamh-mhaoinithe.

Mar thoradh ar an gceánal socruithe maoinithe le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39, is gá do FnaSS a chinntiú go fóill go ndéantar maoiniú in am, go háirithe i ndáil le costais maidir le pá conartha agus foirne, arb ionann iad agus 80% den chaiteachas iomlán.

Sula ndéantar aon socrú maoinithe, cinneann FnaSS an t-uasmhéid maoinithe atá beartaithe a chur ar fáil, chomh maith leis an leibhéal seirbhíse atá le soláthar mar chúiteamh ar an maoiniú sin. I gcás gníomhaireachtaí móra, tugann aonad cistíochta FnaSS airgead amach bunaithe ar phróifíil airgid comhaontaithe.

Déanann Iniúcháireacht Inmheánach athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm i ngníomhaireachtaí maoinithe ar leith, ar bhonn samplach.

Tá dhá chineál comhaontuithe conartha ag FnaSS leis na gníomhaireachtaí seo atá oiriúnaithe chun an leibhéal maoinithe a chuirtear ar fáil a léiriú.

- Socrú Seirbhíse (SA), do ghníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú os cionn €250,000
- Comhaontú Deontais i gCabhair (GA), maidir le gníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú níos lú ná €250,000.

O thaobh na ngníomhaireachtaí de, braitheann an riachtanas i dtaca le tuarascálacha airgeadais agus tuairisceáin foirne a chur ar fáil, agus an riachtanas i dtaca le cruinnithe monatóireachta a eagrú, ar mhéid an mhaoinithe a tugadh don gníomhaireacht.

I rith 2022, aimsíodh laigí, den chineál céanna agus a aimsíodh i 2021, mar a léirigh athbhreithniú bliantúil FnaSS ar rialú inmheánach, a rinneadh mar chuid den phróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe, agus mar a léiríodh i dtuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí, go háirithe, maidir le cur i bhfeidhm na bpróiseas a bhaineann le monatóireacht agus maoirseacht roinnt gníomhaireachtaí.

Fuarthas an méid seo a leanas amach sna hiniúchtaí seachtracha agus inmheánacha:

- Níor eagraíodh cruinnithe maidir le hathbhreithniú feidhmíochta chomh minic agus ba cheart, de réir threoirínte FnaSS.
- Ní raibh aon fhianaise ann go ndearnadh athbhreithniú ar shonraí riachtanacha maidir le feidhmíocht airgeadais, mar shampla, bainistiú cuntais agus sonraí a bhain le gníomhaíocht
- Is riachtanas é d'aon chomhaontú conarthach a bhaineann le soláthar maoinithe go gcaithfidh an deontai na socruithe cuí bainistithe riosca agus rialachais a bheith i bhfeidhm agus cloí le treoirínte um sholáthar poiblí. Tugann na ráitis i dtaca le hiniúchtaí agus an Ráiteas Bliantúil maidir le Comhlíonadh (ACS) le fios go bhfuil roinnt bearnaí sna socruithe rialachais; i gcásanna áirithe, agus tá fadhb fós ag baint le comhlíonadh i dtaca le soláthar.

Tá na céimeanna atá glactha ag FnaSS chun dul i ngleic leis na laigí seo sonraithe thíos. Chuir na bearta seo ar chumas FnaSS, ar leibhéal réasúnta, a bheith sásta go bhfuil struchtúir agus nósanna imeachta i ndáil le rialachais chuí i bhfeidhm sna gníomhaireachtaí seo.

Ag deireadh 2022, bhí 82.9% (2021:86%) den mhaoiniú faoi Socrú Sheirbhíse (SA) agus Comhaontú Deontais i gCabhair (GA) curtha i gcrích, in ainneoin na ndúshlán a d'eascair ó phaindéim COVID-19 agus fadhbanna maoinithe. Tá íslíu tagtha ar an méadrach seo, go háirithe ón mbliain 2018. Tá sé beartaithe ag FnaSS a chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar an leibhéal comhlíontachta i 2023.

Aonaid Tacáíochta do Bhainistiú Conarthaí

De réir Chreat Feidhmíochta agus Cuntasachta FnaSS, is iad Príomhfheidhmeannaigh na nGrúpaí Ospidéal agus Príomhoifigigh ESP (CHO) na hoifigigh atá cuntasach as a réimsí freagrachta féin. Tá freagracht orthu seo a chinntiú go bhfuil Socruithe Seirbhíse (SA) agus Comhaontuithe Deontas i gCabhair (GA) i bhfeidhm maidir leis an maoiniú ar fad a thugann an Grúpa Ospidéal nó ESP do ghníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39.

Maidir le comhlíonadh na bhfreagrachtaí seo, tá Aonaid Tacáíochta do Bhainistiú Conarthaí (CMSU) bunaithe ag FnaSS i ngach ceann de na naoi ESP (CHO) chun cabhrú le bainisteoirí na seirbhísí gach gné den chaidreamh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39 a bhainistiú agus a dhoiciméadú.

De bharr na n-acmhainní tiomnaithe seo sna naoi ESP (CHO), a chuireann maoiniú ar fáil d'fhormhór na ngníomhaireachtaí, is féidir díriú ar fheidhmiú an Chreata Rialachais ag leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, tá ar a laghad ball foirne amháin i ngach Aonad Tacáíochta do Bhainistiú Conarthaí (CMSU) a bhfuil cáilíocht airgeadais ghairmiúil aige / aici agus feidhmíonn an duine seo mar Anailísí Airgeadais. Tá na hAonaid Tacáíochta do Bhainistiú Conarthaí (CMSU) ar fad ag feidhmiú anois.

I measc phríomhchúraimí an ATBC (CMSU), ní mór dó a chinntiú:

- Go gcomhlánaítear agus go gcríochnaítear go tráthúil Socruithe Seirbhísí (SA) agus Deontais i gCabhair (GA)
- Go bhfaightear agus go n-athbhreithnítear Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR).
- Go bhfuil córas i bhfeidhm i ngach ESP (CHO) lena chinntiú go mbíonn cruinnithe athbhreithnithe feidhmíochta ar siúl de réir na dtreoirínte um monatóireacht feidhmíochta
- Go bhfaightear príomhcháipeisí, ar nós, Ráiteas an Chathaoirligh, Cuntais Bhainistíochta agus Sonraí Gníomhaíochta agus go ndéantar athbhreithniú orthu, mar is cuí
- Go ndéantar bunachar sonraí Rialachais Soláthraithe Seirbhísí (SPG) a uasdátú go cruinn beacht.

Oibríonn an tAonad um Chomhlíonadh le gach duine de na Bainisteoirí CMSU ionas go réitítear, de réir na gcaighdeán, aon cheist a thagann chun cinn maidir leis na cúig ábhar atá sonraithe thuas.

Tuairisciú

Chomh maith le bunú na ATBC (CMSU), cuireann an tAonad um Chomhlíonadh tuarascálacha monatóireachta ar fáil faoi dhó sa mhí do na hoifigigh chuntasacha go léir maidir le dhá ghné rithábachtacha den Chreat Rialachais, is iad sin, SA / GA a chur i gcrích agus AFS / AFMR a fháil agus a athbhreithniú. Ina theannta sin, tionóltar cruinnithe agus déantar teagmháil dhíreach ar bhonn rialta le hionadaithe na n-oifigeach cuntasach chun a chinntiú go bhfuil an Creat Rialachais do ghníomhaireachtaí maoinithe á chur i bhfeidhm ina réimsí.

Maidir leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR), ba cheart rá go ndearna an tAonad um Chomhlíonadh uasdátú ar an doiciméadú go léir a theastaíonn chun tacú le hathbhreithnithe ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) agus Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR) i rith 2022 chun a chinntiú go ndéanann na hAnailísithe Airgeadais sna ATBC (CMSU) na hathbhreithnithe sin a dhoiciméadú ar bhealach caighdeánach.

Rialachas Gníomhaireachtaí

Ba cheart a rá go bhfuil na ceithre mheicníocht seo a leanas i bhfeidhm ionas go mbeidh ar chumas FnaSS a chinntiú go bhfuil an caighdeán rialachais sna gníomhaireachtaí maoinithe ar chaighdeán cuí:

- (1) Cuireann gach gníomhaireacht dheonach a fhaigheann breis agus €3m Ráitis Airgeadais Bhliantúla (AFS) ar fáil
- (2) Ionchorpraíonn Tuairisceáin Bhliantúla Monatóireachta Airgeadais (AFMR) soláthar dearbhuithe foirmiúla maidir le rialuithe airgeadais agus cuireann gach gníomhaireacht a fhaigheann breis agus €250,000 iad seo ar fáil
- (3) Cuireann Cathaoirligh na ngníomhaireachtaí go léir a bhfuil SA i bhfeidhm acu le FnaSS Ráiteas an Chathaoirligh ar fáil
- (4) Déantar Athbhreithnithe Seachtracha ar Rialachas sna gníomhaireachtaí ábhartha.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Maidir leis na hAthbhreithnithe Seachtracha seo, tá tús curtha le Céim 2 den phróiseas seo agus tá sé faoi stiúir comhlacht comhairleach seachtrach. Scrúdaíonn na hathbhreithnithe seachtracha seo rialachas ag leibhéal an Bhoird agus an Fheidhmeannais agus ba chóir a rá chomh maith, nuair a bhíonn na hathbhreithnithe seo críochnaithe go gceanglaítear ar Bhoird na ngníomhaireachtaí ábhartha uasdátú a chur ar fáil gach ráithe i ndáil le gníomhartha comhaontaithe.

IV. Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)

Déanann Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (rannán ríomhShláinte) réimse leathan seirbhísí TFC a sheachadadh agus a bhainistiú ar fud FnaSS ar fad agus i gcuid den earnáil ghéarmhíochaine dheonach.

Tá FnaSS ag feidhmiú i thart ar 4,500 láthair, ina measc 45 ospidéal géarmhíochaine. Reáchtálann agus bainistíonn FnaSS an t-eastát TFC is mó sa stát. Tá os cionn 4,700 freastalaí, agus 87,000 gléas, ar nós, ríomhairí glúine agus ríomhairí pearsanta agus 26,000 fón póca i seilbh oibrithe FnaSS. Soláthraíonn rannán ríomhShláinte tacaíocht sa chomhthéacs seo. Soláthraíonn FnaSS líonra slán do 2,610 láthair.

Tá thart ar 870 tionscadal aonair TFC ar scálaí éagsúla á gcur chun cinn faoi láthair agus is féidir iad a rangú i dtrí réimse leathana, Bonneagar Bunúsach agus Cibear-theicneolaíocht (8 gclár), Cláir Náisiúnta (26 clár) agus tosaíochtaí Trasfhoirmithe FnaSS (16 clár). Tá 831 ball foirne CL (WTE) sa rannán ríomhShláinte faoi láthair agus tá suas le 300 folúntas eile ann, tá buiséad ioncaim €187 milliún agus buiséad caipitil de €140 milliún ag an rannán.

Ag eascairt as tuarascáil an Athbhreithnithe Iar-Theagmhais maidir le cibirionsaí Conti, a eisíodh ag deireadh 2021, bunaíodh foghrúpa i FnaSS chun maoirseacht a dhéanamh agus treoir a thabhairt maidir le forfheidhmiú ilbhliantúil mholtaí an athbhreithnithe Iar-theagmhais maidir leis an gcibirionsaí. De thoradh air sin, cuireadh na nithe seo a leanas i bhfeidhm i rith 2022:

- Tá Príomhoifigeach Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe eatramhach (CTTO) ceaptha a bheidh i gceannas ar chlár trasfhoirmithe, a bhfuil gá leis chun an teicneolaíocht a oiriúnú don todhchaí
- Ag cruinniú i mí an Mheithimh 2022, rinne an Bord na Téarmaí Tagartha don Choiste Boird nua a fhaomhadh le go mbeadh ar chumas an Choiste seo maoirseacht a dhéanamh ar Chlár Teicneolaíochta agus Trasfhoirmithe FnaSS. Bhí cruinnithe rialta ag an gCoiste go dtí seo. Tá grúpaí stiúrtha i bhfeidhm chun Cibear-thrasfhoirmiú agus an obair ar straitéis nua ríomhShláinte a stiúradh
- Tá Príomhoifigeach Slándála Faisnéise eatramhach fostaithe agus tá sé ag bunú agus ag forbairt feidhm cibearshlándála inniúil ag a mbeidh acmhainní cuí
- Tá an Grúpa Stiúrtha um Sheasmhacht Oibriúcháin agus Cliniciúil bunaithe chun clár trasfhoirmithe leanúnachais chliniciúil agus seirbhísí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, a fheabhsóidh ullmhacht oibriúcháin agus cumas maidir le bainistiú géarchéime. Tá pleanáil don sruth oibre seo ag dul ar aghaidh agus tá tús áite á thabhairt d'fhorbairt na straitéise Seasmhachta Oibriúcháin agus Cliniciúil. Tá PMO foriomlán bunaithe agus tá tús curtha le hobair chun fógra a thabhairt do dhaoine ar tógadh a gcuid sonraí mar thoradh ar an gcibirionsaí.

Rialuithe Slándála TFC

D'aimsigh iniúchtaí inmheánacha laigí maidir le rialuithe slándála agus maidir le rochtain shlán a bhainistiú. Tá thart ar 99% de na moltaí a d'eascair as na hiniúchtaí seo curtha i gcrích, agus tá obair ag leanacht ar aghaidh ar an gcuid eile. Tá rialuithe cuí curtha i bhfeidhm ag ríomhShláinte chun ár gcibearshlándáil a neartú ar bhonn leanúnach.

Beartais TFC

Tá tús curtha le hathbhreithniú ar na beartais go léir a bhaineann le TFC agus críochnófar é seo i R3, 2023 mar chuid den phlean Feabhsúcháin um Rialú Slándála ríomhShláinte. Tar éis an athbhreithnithe seo, is dócha go ndéanfar uasdátú ar roinnt beartas, tá sé beartaithe ag bainistiócht an rannáin ríomhShláinte measúnú comhlíontachta a dhéanamh chun an leibhéal comhlíontachta maidir leis na beartais seo a mheas. Tabharfaidh an measúnú comhlíontachta seo eolas maidir le gníomhartha breise a theastaíonn a dhéanamh.

Príomhghníomhaíochtaí

Tá roinnt clár ilbhliantúil ar bun ag an rannán ríomhShláinte chun feabhsuithe a bhrú chun cinn ar fud ár n-ollfhearann. Ina measc seo, tá clár athnuachana Windows 7, an clár sínithe isteach singil, uasghrádú tábhachtacha eile ar an mbonneagar, agus uasghrádú ar bhogearraí feidhmchlár.

Laghdaigh an clár athnuachana Windows ár nochtadh ó níos mó ná 40,000 meaisín i mí na Bealtaine 2021, síos go 4,500 i mí Eanáir 2023. Táthar ag tuar go mbeidh an chuid eile curtha i gcrích i R1 2023.

Bhí 20,000 úsáideoir aistrithe chuig an gclár sínithe isteach singil ag deireadh 2022, ina measc an fhoireann ar fud ESP, sna Grúpaí Ospidéal agus Seirbhíse Gnó Sláinte, chomh maith le rannáin lárnacha. Táthar ag tuar go mbainfear sprioc 90% amach faoi dheireadh 2023.

Tá an rannán ríomhShláinte ag cur feabhsúcháin chun cinn maidir le hacmhainní chun a chinntiú go bhfuil baill foirne, a bhfuil scileanna teicneolaíochta cuí acu, lonnaithe san áit is mó a bhfuil gá leo.

Tá bainistiú paiste Windows 10 i gcomhair ardphaistí / criticiúla i bhfeidhm ar fud ár ríomhairí deisce agus tá leibhéal ard comhlíontachta ar fud na réigiún éagsúil.

Tá tús curtha le “Clár Ascnaimh Bonneagair” a aistreoidh córais roghnaithe athshlánaithe ó thubaiste chuig néalríomhaireacht agus beidh gach feidhmchlár nua á n-óstáil ar an gcóras néalríomhaireachta nuair is cuí. Tá soláthar d’athshlánú ó thubaiste do gach córas san áireamh anseo.

Gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le hAthshlánú ó Thubaiste:

- Tástáil ar Sheasmhacht an Chroí-líonra Core
- Tá polasaí Cúltaca Náisiúnta aontaithe agus foilsithe ar inlín FnaSS
- Rinneadh tástáil um Athshlánú ó thubaiste ar chóras CHI Evolve agus d’éirigh go maith leis.

Ina theannta sin, leanfaidh an fheidhm um Iniúchadh Inmheánach, i gcomhar le tacaíocht iniúchta speisialta seachtrach TFC ag déanamh iniúchtaí spriocdhírthe i ndáil le bainistiú riosca.

V. Bainistiú Riosca

Mar a sonraíodh i gCuid 2 agus 3 thuas, tuigean FnaSS an tábhacht a bhaineann le Creat Bainistithe Riosca láidir. In ainneoin thionchar na paindéime COVID-19 agus an chibirionsaithe, rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2022 chun monatóireacht a dhéanamh ar na rioscaí atá ann cheana féin agus táthar ag feabhsú réimse iomlán um bainistiú riosca i FnaSS. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta go lárnach laistigh de FnaSS féin, tá obair fós le cur i gcrích chun cultúr láidir bainistithe riosca a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta i gcoitinne.

An Próiseas um Bainistiú Riosca a Fheabhsú

Chomh maith leis na dea-chleachtais a aithníodh roimhe seo mar chuid d’athbhreithniú ó shaineolaithe seachtracha ar phróiseas um bainistiú riosca corparáidí FnaSS, rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt moltaí eile, ina measc:

- D’éirigh le FnaSS foireann riosca ildisciplíneach a earcú.
- Cuireadh córas faisnéise riosca i bhfeidhm chun taifead a dhéanamh ar an gClár Rioscaí Corparáideacha
- Mar a aontaíodh leis an mBord ag an am ar glacadh leis an gcéad Ráiteas um Inghlacthacht Riosca (RAS) de chuid FnaSS, chuir an CRO tús le hathbhreithniú ar an RAS chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh ar oibrigh sé ar bhonn praiticiúil. Táthar ag súil go gcuirfear an t-athbhreithniú seo i gcrích go luath i R2 2023.

Tá an fhoireann ildisciplíneach um bainistiú riosca tar éis dul i mbun nuashonraithe ar Bheartas 2017 um Bainistiú Comhtháite Riosca agus tá próiseas cuimsitheach comhairliúcháin curtha i gcrích acu, agus táthar ag súil go ndéanfaidh an Bord an Beartas nua a fhaomhadh go luaith i 2023. Nuair a bheidh an Beartas athbhreithnithe faofa, tabharfar tús áite d’oiliúint níos fearr a chur ar fáil chomh maith le cumarsáid níos fearr maidir le riosca.

Clár na Rioscaí Corparáideacha

Déanann FnaSS measúnú ar Chlár na Rioscaí Corparáideacha agus ar thuarascálacha riosca agus iad ag ullmhú an Phlean Chorporáidigh, an Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) agus an Bhuiséid Bhliantúil. Tá sé mar chuspóir ag an bpróiseas bainistithe riosca a chinntiú go ndéantar príomhrioscaí a aimsiú, a chur in ord tosaíochta, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú ar bhealach comhsheasmhach ag an leibhéal náisiúnta. Déanann an FBF (EMT) athbhreithniú ar Rioscaí Corparáideacha agus pléann an Bord agus an Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí na rioscaí seo. Déanann an FBF athbhreithniú ar na Rioscaí Corparáideacha go léir agus na pleananna gníomhaíochta gaolmhara mar chuid de phróiseas athbhreithnithe míosúil, nó ráithiúil, ag brath ar an gcineál riosca atá i gceist.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Glacann FnaSS cur chuige um measúnú straitéiseach ó bharr anuas maidir le rioscaí i gcomparáid leis an leibhéal inghlacthachta riosca, ina gcuirtear timpeallacht sheachtrach agus inmheánach san áireamh, mar aon le sainaithint oibríochta ón mbun aníos chomh maith le próiseas tuairiscithe riosca.

I mí Eanáir 2022, chríochnaigh an FBF measúnú straitéiseach bliantúil ar Phríomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí FnaSS (clár na rioscaí corparáideacha). Méadaíodh foirm an tuairiscithe riosca corparáideacha chun an rátáil bhunúsach agus iarmharach i leith riosca a chur san áireamh chomh maith le rioscaí a ailíniú i gcoinne inghlacthacht riosca an Bhoird. Rinneadh athbhreithnithe ráithiúla eile i mí an Mheithimh, Meán Fómhair agus Nollaig. I dteannta an phróisis athbhreithnithe ráithiúil, féadfaidh an CRO tuairisciú ar bhonn míosúil ar bhonn eisceachtúil má thagann athruithe suntasacha ar rioscaí corparáideacha de chineál níos dinimiciúla sa tréimhse idir na hathbhreithnithe ráithiúla.

VI. Athbhreithniú maidir le Fostaithe ar Ardioncam

Rinne oibrithe um Iniúchadh Inmheánach obair dhearbhaithé sa réimse seo chun cinnteacht a thabhairt maidir le cruinneas liosta na bhfostaithe ar ardioncam agus oiriúnacht na n-íocaíochtaí leis na daoine seo, de réir Threoirlínte agus Beartas Pá an Rialtais.

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe i 2021 ar na fostaithe go léir a raibh a n-ioncam sa bhandá pá €300,000 nó ní b'airde. Déanfar athbhreithniú arís ina dhiaidh seo ar chaiteachas i 2022.

Fuarthas amach san athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh go raibh roinnt cásanna ann nach raibh íocaíochtaí a rinneadh leis na Dochtúirí Comhairleacha seo ag teacht leis an mbeartas. D'aimsigh an t-athbhreithniú freisin bearnaí féideartha rialaithe inmheánaigh maidir le h-íocaíochtaí a rinneadh leis na Dochtúirí Comhairleacha seo faoi shocruithe ospidéal áitiúil.

Bhunaigh an POF próiseas athbhreithnithe faoi stiúir Phríomhoifigeach Oibriúcháin (COO) FnaSS a bhfuil sé de chúram air próiseas a chur i bhfeidhm chun torthaí agus moltaí an iniúchta seo a scrúdú agus ar an 28 Meitheamh 2022, rinne FBF (EMT) Plean Gníomhaíochta a fhaomhadh chun dul i ngleic le cúrsaí a bhain le comhlíonadh pá na ndochtúirí comhairleacha. Sonraíonn plean ardleibhéil sraith gníomhartha chun cúrsaí rialaithe a fheabhsú agus leagtar síos amlíne tháscach maidir leis na gníomhartha seo a chur i gcrích. Tá athbhreithniú déanta ar rialachas cláir, tá grúpa oibre i bhfeidhm anois agus tá garspríocanna indéanta leagtha síos do R1 agus R2, 2023.

VII. Rialuithe Párolla

Thug torthaí athbhreithniú FnaSS ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi deara laigí féideartha i bhfeidhmiú rialuithe sa phríomhréimse seo, go háirithe, in oibríochtaí párolla áitiúla lasmuigh den tsamhail seirbhísí comhroinnte. Ba iad seo a leanas cuid de na húdair imní a ardaíodh:

- Easpa deighilte dualgas i roinnt réimsí de chuid FnaSS.
- Bearnáí i maoirseacht bainistíochta agus gan a bheith ag cloí leis an bpróiseas riaracháin in am
- Athbhreithnithe neamhréireacha maidir le hathbhreithniú ar thuairisciú pearsanra rannáin
- Easpa fianaise maidir le príomhrialuithe párolla agus Acmhainní Daonna.

Tá Clár Comhtháite Náisiúnta um Thaifid agus Pá Foirne (NiSRP) á chur i bhfeidhm ag FnaSS ó lár na bliana 2019. Is é cuspóir an NiSRP ardán teicniúil aonair AD / Taifid Foirne a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh na sonraí go léir a bhaineann le gach duine i FnaSS ar fáil in áit amháin, ag baint úsáide as SAP Acmhainní Daonna (AD). Ciallaíonn sé, chomh maith, go mbeidh ardán teicniúil aonair Párolla do na fostaithe ar fad i FnaSS, a úsáideann Párolla SAP. Beifear ábalta próisis chuí foirne a uathobriú trí fhéinseirbhís d'Fhostaithe agus do Bhainisteoirí a thabhairt isteach.

Go dtí seo, tá an réiteach seo de chuid chlár NiSRP á úsáid ag 62,00 ball foirne i réigiún FnaSS an Oirthir, an Iardheiscirt, an Mheán-Iarthair, an Iarthuaiscirt agus i lár Tíre.

Tá an córas le cur i bhfeidhm ar fud réigiún an Deiscirt FnaSS agus beidh sé 'beo' ó Mhárta 2023, agus de thoradh air seo beidh 80,000 ball foirne ar an córas agus na próisis nua.

Tá an clár ag obair faoi láthair le páirtithe leasmhara ábhartha – agus ina dhiaidh sin le Rialachas – chun a sceideal a phleanáil don dá réigiún eile (Oirthuaisceart agus Iarthar). Táthar ag súil go mbeidh an córas i bhfeidhm sa dá réigiún i 2024, ach ní mór a rá go mbraitheann sé seo ar chomhaontuithe deiridh.

Maolóidh feidhmiú céimneach iomlán an NiSRP riosca calaoise párolla agus neamhrialtachta trí shreabhadh na hoibre a uathobriú, rialuithe córais ionsuite agus caighdeánú próisis. Tá an Rannán Airgeadais Náisiúnta de chuid FnaSS ag comhordú clár feabhsúcháin rialaithe 3 bliana mar a luadh níos luaithe. Bhain ceann de na sruthanna oibre le hathnuachan agus nuashonrú na RNA (NFR). Cuireann na cáipéisí NFR athnuaite seo treoir ar fáil maidir le rialuithe párolla láidre a choinneáil (B3 go sonrach) agus ullmhaíodh iad le hionchur agus cúnamh ó shaineolaithe ábhair AD (HR), Párolla agus NiSRP. Tá seicliosta le gach Rialachán Airgeadais (NFR) a thugann treoir agus cúnamh do na hoibrithe i limistéir áitiúla chun a nósanna imeachta áitiúla féin a bhunú agus a chinntiú go bhfuil rialachas cuí i bhfeidhm. Cuireadh clár cumarsáide iomlán i bhfeidhm do sheoladh na gcáipéisí seo agus tá físeán oiliúna ar leith ar cháipéis NFR maidir le riarachán agus párolla fostaithe ar fáil don fhoireann ar fad ar líne. Ina theannta sin, reáchtáladh seimineáir oiliúna ar rialuithe párolla sonracha le linn 2022 agus beidh siad fós mar chuid dár gclár oiliúna i 2023.

14. Conclúid

Rinne an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca FnaSS scrúdú ar an tuarascáil ar Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach i FnaSS agus thug siad comhairle ina leith seo thar ceann an Bhoird.

Tá a lán athruithe suntasacha ag tarlú i FnaSS agus ag an am céanna tá an Fheidhmeannacht ag déanamh gach iarracht dul i ngleic le dúshlán atá cruthaithe ag COVID-19 maidir le soláthar seirbhísí FnaSS. Tá córais rialaithe FnaSS fós ag brath ar sheanchleachtais na gcóras airgeadais a bhí i bhfeidhm sna Boird Sláinte. Athrófar na seanchleachtais seo, a fágadh mar oidhreacht ag FnaSS, de réir a chéile agus cuirfear córas aonair airgeadais agus soláthair comhtháite náisiúnta ar fáil, mar a sonraíodh i Mír 14.

Léirigh an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil fadhbanna agus laigí tugtha faoi deara i gcóras rialaithe inmheánaigh FnaSS. Mar sin féin, sna cásanna ar aimsíodh na laigí seo, tá roinnt fianaise ann gur ullmhaíodh pleananna maolaithe agus / nó pleananna bainistíochta gníomhaíochta chun na rioscaí ar leith a mhaolú agus atá sásúil ó thaobh na Ráiteas Airgeadais Bliantúla. Ciallaíonn na laigí seo, mar aon leis an tuairim iniúchta teoranta maidir le 2022 atá eisithe ag an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchadh Inmheánach nach féidir leis an athbhreithniú ach dearbhú teoranta a sholáthar maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Tuigean FnaSS go bhfuil sé riachtanach comhlíontacht maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a fheabhsú, agus tá an bhainistíocht shinsearach ag díriú air seo. Is údar dóchais é, áfach, gur léirigh athbhreithniú 2022 go raibh feasacht ní b'fhearr maidir le cuntasacht agus freagracht ag foireann FnaSS ag gach leibhéal, agus bhí rannpháirtíocht ní ba láidre i dtaca leis an bpróiseas dearbhaithe rialuithe do 2022.

Tuigean an Bord go bhfuil freagracht iomlán air as an gcóras rialaithe inmheánaigh i FnaSS agus leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta agus ag tacú le tuilleadh forbartha ar rialuithe. Déanfar an dul chun cinn a athmheas in Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh 2023.



Ciarán Devane
Cathaoirleach Bhord FnaSS

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Tá ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchta agam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 36 Acht Sláinte 2004. Is éard a chuimsítear leis na ráitis airgeadais ná

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, i gcás na ráiteas airgeadais

- Is léiriú fíor iad ar staid ghnóthaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte amháil ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain 2022, agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, mar atá leagtha amach sa chuid maidir le bunús ullmhúchán na gcuntas sna beartais chuntasaíochta.

Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéisí eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas faoi rialú inmheánach agus dhá aguisín. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím de réir eisceachta.

1 Caillteanas a bhain le COVID-19

Dífheidhmíocht vacsaíní

Áirítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais muirir ar luach €94.4 milliún san iomlán a bhaineann le stoic vacsaíní Covid-19 atá as feidhm. San áireamh, rinneadh díscríobh de €33.7 milliún i leith vacsaíní Covid-19 nár úsáideadh roimh dháta éaga an déantóra, nó nach raibh oiriúnach a thuilleadh lena dtabhairt amach do dhaoine; agus cuireadh €60.7 milliún san áireamh maidir le vacsaíní Covid-19 a mheastar go sroichfidh siad dáta éaga an déantóra sula bhféadfar iad a úsáid sa chlár vacsaínithe. (Féach Nóta 1(b) leis na ráitis airgeadais).

Costais stórála trealamh cosanta pearsanta atá as feidhm

I 2022, thabhaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte costais de €1.7 milliún maidir le trealamh cosanta pearsanta a stóráil agus cinneadh go raibh an trealamh seo as feidhm. Chosain sé thart ar €600,000 chun cultacha cosanta, a cinneadh a bheith as feidhm ag deireadh 2020, a stóráil; agus costas €1.1 milliún chun stoc mór glóthach láimhe a stóráil, a measadh a bheith as feidhm faoi dheireadh 2021.

2 Neamhchomhlíonadh maidir le soláthar

Léirítear i gCuid 13(II) den ráiteas ar rialú inmheánach go bhfuil fadhbanna fós maidir le neamh-chomhlíonadh na rialacha soláthair i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá aird tarraingthe agam arís agus arís eile ar an bhfadhb seo i mo thuarascálacha bliantúla ar iniúchtaí na ráiteas airgeadais.

Ba é caiteachas iomlán measta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar earraí agus ar sheirbhísí atá faoi réir rialacháin soláthair ná thart ar €4 billiún i 2022. Rinne an Fheidhmeannacht féinmheasúnú chun leibhéal an tsoláthair neamh-chomhlíontach a chinntiú maidir le ceannachán ar cuireadh isteach sonraisc de luach €25,000 nó os a chionn. Measadh gur €2.1 billiún an luach iomlán a bhí i gceist, arb ionann é agus díreach os cionn leath de chaiteachas na Feidhmeannachta. Thug an próiseas féinmheasúnaithe le fios gur 7% (€128 milliún) an ráta soláthair neamhchomhlíontach i 2022.

I mo thuairim, ní léiríonn an ráta measta maidir le soláthar neamhchomhlíontach go cruinn an ráta soláthar neamhchomhlíontach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar dhá chúis.

- Ní raibh 50% de sholáthar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (i.e. soláthairtí dar luach €25,000 nó níos lú an ceann) san áireamh sa bhféinmheasúnú a rinneadh.
- Níor críochnaíodh measúnú comhlíontach maidir le 13% den chaiteachas soláthair a bhí san áireamh i raon feidhme an fhéinmheasúnaithe, toisc nárbh fhéidir an bainisteoir atá freagrach as an gcaiteachas a aithint go héasca, nó toisc gur theip ar na bainisteoirí sainaitheanta páirt a ghlacadh sa bhféinmheasúnú.

Glacann an Fheidhmeannacht leis go bhfuil an t-athbhreithniú a rinne siad teoranta. Leagtar amach sa ráiteas ar rialú inmheánach na céimeanna atá á nglacadh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun dul i ngleic le neamh-chomhlíonadh rialacha soláthar, ach dearbhaítear arís go dtógfaidh sé roinnt blianta chun dul i ngleic go hiomlán leis na fadhbanna a bhaineann le comhlíontacht soláthair.

3 Easpa monatóireachta agus maoirseachta i ndáil le gníomhaireachtaí seachtracha

I 2022, chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maoiniú de €6.3 billiún ar fáil do ghníomhaireachtaí seachtracha (eagraíochtaí alt 38 agus alt 39). Léiríonn Mír 13 (III) den ráiteas ar rialú inmheánach laigí i gcóras maoirseachta agus monatóireachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le deontais do na gníomhaireachtaí seo. Léirítear gur tháinig laghdú suntasach ar an gcéatadán den mhaoiniú bliantúil a chlúdaítear faoin bhfoirm ábhartha um chomhaontú conartha i.e. Socruithe Seirbhíse (SA) (os cionn €250,000) agus Comhaontuithe Deontas i gCabhair (níos lú ná €250,000).

Fiú faoi dheireadh na bliana, ní raibh ach 83% den mhaoiniú a tugadh i 2022 do ghníomhaireachtaí alt 38 agus 39 clúdaithe ag comhaontú críochnaithe (2021: 86%). Ba laghdú suntasach é seo ó 2017, nuair a bhí comhaontuithe curtha i gcrích maidir le 96% de mhaoiniú deontais na bliana sin. Sonraítear sa ráiteas ar rialú inmheánach na céimeanna atá á nglacadh ag an bhFeidhmeannacht chun dul i ngleic leis na laigí sin.

4 Íocaíochtaí d'fhostaithe ar ardioncam

Déanann Nóta 7 leis na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair phearsanra Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir banda pá. Tugann sé seo le fios go bhfuair an fostaí is mó a fuair íocaíocht i 2022 €974,000 luach saothair, agus go bhfuair seachtar ball foirne eile luach saothair os cionn €500,000 an duine i 2022.

Léirítear i Mír 13 (VI) den ráiteas ar rialú inmheánach gur aimsigh athbhreithniú ar iniúchadh inmheánach maidir le híocaíochtaí d'fhostaithe ar ardioncam roinnt bearnaí rialaithe inmheánaigh féideartha maidir le híocaíochtaí a rinneadh le roinnt dochtúirí comhairleacha in ospidéal faoi shocruithe áitiúla. Tá plean gníomhaíochta á chur i bhfeidhm ag an bhFeidhmeannacht chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meitheamh 2023

Aguisín le Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Bhoird

Tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá sonraithe in Alt 36 den Acht Sláinte 2004 agus caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh chun a dheimhniú cibé an bhfuil sé cuí ná nach bhfuil úsáid a bhaint as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir Alt 36 den Acht Sláinte 2004 agus na tuairiscí sin a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní deimhniú é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISA míráiteas ábhartha i gcónaí, i gcás gur ann dá leithéid. Is féidir le míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfaidís tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISA, bíim proifisiúnta i mo chuid breithiúnais agus cloim le hamhras proifisiúnta le linn an iniúchta. Cuireann an méid seo ar mo chumas:

- Na rioscaí míráitis ábhartha, bíodh sin mar thoradh ar chalaois ná earráid, a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, atá in ann déileáil leis na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil, atá sásúil agus cuí le bheith mar bhonn is taca ag mo chuid tuairimí. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábhartha a thagann ó chalaois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois
- Gnóthaí tuisceant ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh, ionas gur féidir liom nósanna imeachta a dhearadh a oireann do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus aon nochtadh a bhaineann leo.
- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, agus ar bhunús na fianaise iniúchta atá faighte, ar cibé an bhfuil ná nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim as an scéal ná go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, tá de cheanglas orm aird a dhíriú i mo thuairisc ar an nochtadh a bhaineann leis seo sna ráitis airgeadais, nó mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a athrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh go stopfadh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag feidhmiú mar ghnóthas leantach, áfach, mar thoradh ar theagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

Bíim i mbun plé leo siúd atá freagrach, i measc rudaí eile, as rialachas maidir le scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta, chomh maith le haon easnaimh shuntasacha i dtaca le rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Eolas eile seachas ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile atá curtha i láthair i dteannta na ráiteas sin, agus ní chuirim aon chineál tátail dearbhaithe in iúl maidir leis an eolas sin.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá de cheanglas orm faoi na ISA, aon eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin déanta, machnamh a dhéanamh ar aon mhír éir ábhartha a d'fhéadfadh a bheith san eolas eile le hais na ráiteas airgeadais nó le hais an eolais a fuarthas le linn an iniúchta, nó ar aon mhír áiteas ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Ar bhunús na hoibre atá déanta agam, má bhainim tátal as an scéal go bhfuil míráiteas ábhartha ann i gcás an eolais eile seo, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Cuirim m'iniúchadh i gcrích de réir tagairt do na saintosca a bhaineann le comhlachtaí Stáit a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón stát, i dtaca lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Má tá cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích, déanaim iad sin a thuairisciú.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn iniúchtaí. Más ann d'aon chás ábhartha nár baineadh leas as airgead poiblí le haghaidh na húsáide a bhí ceaptha dó, nó i gcás go raibh idirbhearta ann nár chomhlíon na húdaráis arna rialú, déanaim an méid sin a thuairisciú.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam			
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	3(a)	22,482,176	20,617,795
Easnamh ar Ioncam agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	(195,034)	0
		22,287,142	20,617,795
Ioncam Othar	4	370,839	342,780
Ioncam Eile	5	520,326	486,904
		23,178,307	21,447,479
Caiteachas			
Pá agus Pinsin			
Cliniciúil	6	4,911,191	4,390,573
Neamhchliniciúil	6	1,739,687	1,562,238
Seirbhísí eile Cliant / Othar	6	1,134,638	1,052,529
		7,785,516	7,005,340
Neamhphá			
Cliniciúil	8	2,189,035	2,306,767
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	8	108,559	113,065
Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cáirtaí Leighis	8	4,177,680	3,923,558
Seirbhísí eile Cliant / Othar	8	32,728	30,706
Deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha	8	6,342,192	5,691,382
Tíos	8	372,129	362,974
Costais Oifige agus Riaracháin	8	1,090,080	1,002,080
Costais Oibriúcháin Eile	8	12,163	11,986
Táillí Fadchónaithe Aisíoctha le hOthair	9	(366)	19
Scéim Árachais Heipititis C	10	840	418
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	11	482,617	461,331
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Tithe Altranais Príobháideacha amháin	12	770,297	732,887
		15,577,954	14,637,173
Caiteachas Iomlán		23,363,470	21,642,513
Glaneasnamh Oibriúcháin don Bhliain		(185,163)	(195,034)

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus caillteanais uile seachas iad siúd a bhaineann le dímeas agus amúchadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.

Ciarán Devane

Ciarán Devane
Cathaoirleach
23 Bealtaine 2023

Bernard Gloster

Bernard Gloster
POF
23 Bealtaine 2023

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam			
Deontas Caipitil na Roinne Sláinte	3(a)	1,249,150	985,328
Easnamh Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil tugtha ar aghaidh	3(b)	(45,462)	0
		1,203,688	985,328
Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil		1,848	1,785
Fáltais na nDiúscairtí		1,442	2,549
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	13(c)	8,097	26,573
		1,215,075	1,016,235
Caiteachas			
Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FnaSS	13(b)	635,904	609,757
Deontais Chaipitiúla do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	13(b)	531,706	451,940
		1,167,610	1,061,697
Glannbharrachas / (Easnamh) Caipitil don Bhliain		47,465	(45,462)

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus caillteanais uile seachas iad siúd a bhaineann le dímeas agus amúchadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



Ciarán Devane

Cathaoirleach

23 Bealtaine 2023



Bernard Gloster

POF

23 Bealtaine 2023

Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí

Don bhliain dar chríoch 2022

	Nótaí	Cúlchistí Ioncain €'000	Cúlchistí Caipitil €'000	Cuntas Caipitlithe €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2021 (mar a tuairiscíodh roimhe seo)		(857,479)	(71,581)	5,469,361	4,540,301
Traschur an Bharrachais faoi réir <i>Alt 33(3) don Acht Sláinte 2004</i> , arna leasú	3(b)	(200,711)	(67,406)		(268,117)
Glan (Easnamh) / Bharrachas don bhliain		(195,034)	(45,462)		(240,496)
Fáltais Cuntas Diúscartha – athruithe sna cúlchistí	14		0		0
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain	13(a)			499,828	499,828
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP				3,621	3,621
Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a rinneadh a dhiúscairt sa bhliain	15			(40,762)	(40,762)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain	15			(256,761)	(256,761)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2021		(1,253,224)	(184,449)	5,675,287	4,237,614
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2022		(1,253,224)	(184,449)	5,675,287	4,237,614
Traschur an Easnamh faoi réir <i>Alt 33(3) don Acht Sláinte 2004</i> , arna leasú	3(b)	195,034	45,462		240,496
Glan (Easnamh) / Bharrachas don bhliain		(185,163)	47,465		(137,698)
Fáltais Cuntas Diúscartha – athruithe sna cúlchistí	14		34		34
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain	13(a)			467,399	467,399
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse PPP				5,490	5,490
Lúide: Glanluach leabhar na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a rinneadh a dhiúscairt sa bhliain	15			(26,440)	(26,440)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain	15			(276,742)	(276,742)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022		(1,243,353)	(91,488)	5,844,994	4,510,153

Áirítear an Ráiteas Ioncain agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncain agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS.



Ciarán Devane
Cathaoirleach
23 Bealtaine 2023



Bernard Gloster
POF
23 Bealtaine 2023

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ar an 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	15	5,984,866	5,820,648
Sócmhainní Airgeadais		271	363
Iomlán Sócmhainní Seasta		5,985,137	5,821,011
Sócmhainní Reatha			
Fardail	16	268,003	299,948
Trádáil agus Infháltais Eile	17	1,214,834	468,787
Airgead		331,570	603,789
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	18	(3,072,887)	(2,715,379)
Glandliteanas Reatha		(1,258,480)	(1,342,855)
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	19	(155,730)	(162,528)
Ioncam larchurtha	20	(60,774)	(78,014)
Glansócmhainní		4,510,153	4,237,614
Cuntas Caipitlithe		5,844,994	5,675,287
Cúlchistí Caipitil		(91,488)	(184,449)
Cúlchistí Ioncaim		(1,243,353)	(1,253,224)
Caipiteal agus Cúlchistí		4,510,153	4,237,614

Áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid mar chuid de phríomhráitis airgeadais FnaSS



Ciarán Devane
Cathaoirleach
23 Bealtaine 2023



Bernard Gloster
POF
23 Bealtaine 2023

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022

	Nótaí	2022 €'000	2021 €'000
Glaneis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	21	(327,652)	(51,480)
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí airgid do chuspóirí Caipitil		(1,154,909)	(1,057,731)
Íocaíochtaí airgid ó loncam do chuspóirí Caipitil	13(a)	(36,570)	(34,942)
Ús a fuarthas ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		61	0
Infháiltais ó dhíolachán réadmhaoine, gléasra agus trealamh (gan trádáil isteach san áireamh))	14	1,476	2,549
Glaneis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(1,189,942)	(1,090,124)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Deontas Caipitil faighte		1,249,150	985,328
Fáltais Chaipitil ó fhoinsí eile	13(c)	8,097	26,573
Infheistíocht Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse		(5,490)	(3,621)
Íocaíocht na heiliminte caipitil den léas airgeadais		(1,848)	(1,785)
Ús íochta ar iasachtaí agus rótharraingtí		(16)	0
Ús íochta ar Shocruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse		(3,766)	(4,911)
Ús íochta ar léasanna airgeadais		(752)	(816)
Barrachas Caipitil aistrithe chuig an RS	3(a)	0	(67,406)
Glaninsreabhadh airgeadais ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		1,245,375	933,362
Laghdú in airgead nó coibhéisí airgid sa bhliain		(272,219)	(208,242)
Airgead nó coibhéisí airgid ag tús na bliana		603,789	812,031
Airgead nó coibhéisí airgid ag deireadh na bliana		331,570	603,789



Ciarán Devane
Cathaoirleach
23 Bealtaine 2023



Bernard Gloster
POF
23 Bealtaine 2023

Nóta 1 Beartais Chuntasaíochta

Ráiteas um Chomhlíontacht agus Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoi Alt 36(3) den *Acht Sláinte 2004*, sonraíonn an tAire na caighdeáin chuntasaíochta atá le leanúint ag FnaSS. Tá na Prionsabail Chuntasaíochta a nglactar leo in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (GAAP), FRS 102, glactha ag FnaSS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraithe ag an Aire:

1. Ní chuirtear dímeas de mhuirear ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais, ach cuirtear de mhuirear é in aghaidh iarmhéid an Chuntais Chaipitilthe (Cúlchiste). Faoi GAAP ní mór dímeas a chur de mhuirear ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais
2. Déantar deontais chaipitil a fhaightear ón Stát chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach a thaifeadadh sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas Caipitiúil. Faoi GAAP, déantar deontais chaipitil a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus amúchta thar shaolré fóna na réadmhaoine, an gléasra agus an trealamh lena mbaineann, chun cóireáil chuntasaíochta an deontais a mheaitseáil leis an muiroir dímeasa a bhaineann leis. Léirítear caiteachas caipitiúil maidir le sócmhainní seachas iad sin a ceannaíodh trí shocrú lamháiltais seirbhíse sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas Caipitiúil de réir mar a thabhaítear iad. Faoi FRS 102, déantar caiteachas den sórt sin a chaipitliú agus a mhuirearú ar ioncam agus ar chaiteachas thar shaolré na sócmhainne.
3. Déantar cuntasaíocht i leith pinsin de réir ‘mar a úsáidtear iad’. Ní chuirtear forálacha FRS 102 ‘Alt 28: *Sochair Fostaithe*’ i bhfeidhm agus ní aithnítear sna ráitis airgeadais an dliteanas i leith sochair sa todhchaí a fabhraíodh i rith na bliana.
4. Déantar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúil a íocann FnaSS, agus a riarann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar son FnaSS, a chuntas ar bhonn ‘íoc mar a úsáidtear’. Ní chloíonn sé seo le FRS 102 ‘Alt 21 – *Forálacha agus Teagmhais*’. Tá sonraí an mhéid a aithnítear sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas i 2022, in éineacht leis an dliteanas sa todhchaí atá measta go hachtúireach agus a bhaineann leis an scéim seo amhail ar an 31 Nollaig 2022, sonraithe i Nóta 11.

Ullmhaítear ráitis airgeadais FnaSS in Euro agus slánaítear iad go dtí an €'000 is gaire.

Gnóthas Leantach

Tá an Litir Chinnidh don bhliain 2023 faighte ag FnaSS, a thagann leis an bPlean Seirbhíse Náisiúnta do 2023 agus a dhearbhaíonn go bhfuil tacaíocht Rialtais ag FnaSS chun a chinntiú go bhfuil maoiniú ar fáil chun Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta a sholáthar. Tá dúshlán suntasach maidir le maoiniú don bhliain 2023 éilithe sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta do 2023. In ainneoin na ndúshlán sin, chinn FnaSS go ndéanfaí na ráitis airgeadais seo do 2022 a ullmhú go cuí ar bhonn Gnóthas Leantach, bunaithe ar na príomhchinntí seo a leanas:

Chuir an tAire Cistiú loncaim agus Caipitil de €22.8bn ar fáil do 2023

Ní mór don Stát leanúint ag cur seirbhísí sláinte agus cúraim ar fáil, níl aon fhianaise ann go dtiocfaidh deireadh le seirbhísí cúram sláinte ina n-iomláine, rud atá ina phríomhghné maidir le gnóthas leantach

Tá an Rialtas tiomanta aistriú chuig struchtúr rialachais an LSR (RHA) chun tacú le cúram comhtháite sa todhchaí.

Aitheantas loncaim

Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

Tagann an t-airgead ón Roinn Sláinte chun an tseirbhís sláinte a mhaoiniú faoi Vóta 38. Cuireann an Roinn Sláinte deontais ar fáil do FnaSS i dtaca le seirbhísí riaracháin, caipitil agus neamhchaipitil.

Forálann *Alt 33(1) den Acht Sláinte 2004*, arna leasú, go n-eiseoidh an tAire Litir Chinnidh chuig FnaSS gach bliain ina leagtar amach an t-uaschaiteachas a fhéadfaidh sé a thabhu sa bhliain airgeadais ábhartha. Fuarthas an Litir Chinnidh dheireanach i dtaca le 2022 ar an 22 Feabhra 2023.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire, déanann FnaSS cuntas ar dheontais ar bhonn fabhráithe. Dá réir sin, an méid atá sonraithe sa Litir Chinnidh don bhliain airgeadais ábhartha, áirítear é mar ioncam sa bhliain sin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Tugtar cuntas ar ioncam deontais i leith seirbhísí riaracháin agus neamhchaipitil:

- Sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar réimsí caiteachais neamhchaipitil
- sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil faoin gceannteideal 'Maoiniú loncaim arna chur i bhfeidhm ar Thionscadail Chaipitiúla' nuair a úsáidtear airgead deontais neamhchaipitil chun caiteachas caipitil a mhaoiniú.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais i leith seirbhísí caipitil sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil.

Ceanglaíonn *Alt 33(3) den Acht Sláinte 2004*, arna leasú, ar FnaSS seirbhísí a bhainistiú agus a sheachadadh ar bhealach atá de réir Plean Seirbhíse ceadaithe agus de réir litir chinnidh a d'eisigh an tAire. Forálann an tAcht d'aon easnamh a chur de mhuirear ar ioncam agus caiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile agus, faoi réir cheadú an Aire le toiliú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun barrachais a chur chun sochair ioncaim agus caiteachais sa chéad bhliain airgeadais eile. I 2022, cuireadh easnamh ó Ráiteas Ioncaim agus Caipitil 2021 agus 2022 de mhuirear ar Ráitis Ioncaim agus Caiteachais na bliana seo de réir threoir na Roinne Sláinte.

Ioncam Eile

- Aithnítear ioncam othar agus seirbhíse ag an am a gcuirtear an tseirbhís ar fáil
- Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann nuair a dhéantar an asbhaint (féach polasaí cuntasáíochta pinsin thíos)
- Aithnítear ioncam ó gach foinse eile nuair a fhaightear é cé is moite de réamhíocaíochtaí i gcomhair táirgí agus seirbhísí sonraithe atá le seachadadh sa todhchaí murar tharla an caiteachas go fóill.

Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Tugann FnaSS maoiniú do roinnt soláthraithe seirbhíse agus comhlachtaí chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar thar a ceann, de réir fhorálacha *Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte 2004*. Sula ndéanann siad socrú den sórt sin, cinneann FnaSS uasmhéid an mhaoinithe atá beartaithe a chur ar fáil sa bhliain airgeadais faoin socrú agus an leibhéal seirbhíse a bhfuil súil aici leo de réir an mhaoinithe sin. Cuirtear an maoiniú seo de mhuirear, sa bhliain chuntais, ar ioncam agus ar chaiteachas ag an uasleibhéal atá socraithe don bhliain, cé go bhféadfadh sé nach n-íocfaí amach méid áirithe den mhaoiniú go dtí an bhliain dár gcionn.

Léasanna

Léasanna Oibriúcháin – Déileáiltear le cíosa atá le híoc faoi léasanna oibriúcháin sna Ráitis Airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlíthe. Aithnítear dreasachtaí léasa thar thréimhse an léasa ar bhonn an mhéid chothrom.

Léasanna Airgeadais – Níl cead ag FnaSS dul i mbun oibleagáidí léasa airgeadais faoi Níosanna Imeachta Phoiblí Airgeadais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan ceadú ná toiliú roimh ré. Sa chás go bhfuarthas sócmhainní ó chomhlachtaí réamhtheachtaí faoi léasanna airgeadais, glactar na léasanna sin anonn arna mbunú. I gcás na léasanna seo, áirítear an eilimint chaipitil den tsócmhainn i sócmhainní seasta agus déantar díluacháil ina leith thar a saolré fóna.

Maidir le haon sócmhainní a cheannaítear trí bhíthin léas airgeadais, luaitear iad, arna n-aithint i dtús báire, ag méid arb ionann é agus luach cóir na maoine ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta ag tús an léasa. Ar aitheantas tosaigh, aithnítear dlíteanas léasa airgeadais freisin ag méid atá comhionann le luach cóir na maoine ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íocaíochtaí léasa.

De bhreis ar an ngnáthchóireáil GAAP maidir le sócmhainní a fuarthas faoi léasanna airgeadais, cuirtear costas na sócmhainne de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil agus déantar an Cuntas Caipitilthe (Cúlchiste) a chreidiúnú le suim choibhéiseach. Áirítear an eilimint chaipitil gan íoc atá sna hoibleagáidí léasa leis na creidiúnaithe. Úsáidtear an modh glanráta úis chun ús a ríomh agus cuirtear de mhuirear é ar ioncam agus caiteachas thar thréimhse an léasa.

Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú ó dheontais chaipitil a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Chomh maith le maoiniú ó Dheontais Chaipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachas caipitil ó ioncam. Déantar méid an mhaoinithe ioncaim seo a chaitear sa bhliain maidir le mionchaipiteal a chur de mhuirear go hiomlán ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Tarlaíonn an cleachtas cuntasáíochta seo, nach gcomhlíonann na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, mar thoradh ar na heisceachtaí ó na prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, mar atá sonraithe ag an Aire.

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus Cuntas Caipitlithe

Luacháil – San áireamh faoi Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, tá Talamh, Foirgnimh, Obair idir lámha, Trealamh agus Mótarfheithiclí.

- Cuimsíodh luachanna tugtha anonn na sócmhainní a ghlac FnaSS ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ar an gclár comhardaithe tosaigh ar an lá ar bunaíodh an eagraíocht ar 1 Eanáir 2005, ag a mbunchostas / luacháil. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímheasa comhiomlán a bhain leis seo sa Ráiteas tosaigh ar an Staid Airgeadais, chomh maith. Nuair a bunaíodh FnaSS, áiríodh talamh na gcomhlachtaí réamhtheachtaí ag luacháil bunaithe ar rátaí in aghaidh an heicteáir / méadar cearnach a chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí ar fáil tar éis dul i gcomhairle leis an Oifig Luachála. Rinneadh nuashonrú ar na luachálacha seo den uair dheireanach i 2002. Leanann FnaSS ag luacháil talún a glacadh ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ag baint úsáide as na rátaí seo. Is ceart a rá go bhfuil na tailte atá faoi úinéireacht FnaSS coinnithe chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.
- Sonraítear aon bhreiseanna réadmhaoin, gléasra ná trealamh a fuarthas ón 1 Eanáir 2005 ag an gcostas stairiúil, lúide dímheas carntha.

Aithint Caiteachais Chaipitiúil – De réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá ordaithe ag an Aire, cuirtear caiteachas ar bhreiseanna réadmhaoin, gléasra agus trealamh de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil, ag brath ar cibé an bhfuil an tsócmhainn maoinithe le maoiniú caipitil nó maoiniú ioncaim.

Beartas Caipitlithe – Roimhe seo, rinneadh caipitliú ar shócmhainní maoinithe caipitil agus ar shócmhainní maoinithe ag ioncam má sháraigh an costas tairseacha luacha áirithe: €2,000 do threalamh ríomhaireachta agus €7,000 do gach aicme sócmhainní eile. **Tá tairseach nua €10,000 curtha i bhfeidhm do Ranna Rialtais Láir agus le héifeacht ón 1 Eanáir 2022.** Tá an tairseach €10,000 curtha i bhfeidhm ag FnaSS mar sin go cúlgabhálach i leith gach catagóir sócmhainní in ionad na dtairseach a bhí ann roimhe seo de €7,000 agus €2,000 faoi seach. Déantar breiseanna sócmhainne atá faoin tairseach nua de €10,000 agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mbliain a gceannaigh. Áirítear breiseanna sócmhainní faoi bhun na tairsí nua seo atá maoinithe ó chaipiteal i Nóta 13(b) faoi *'Caiteachas ar thionscadail FnaSS nach bhfuil breiseanna Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh mar thoradh orthu'*. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réir foinse maoinithe i Nóta 13(a) leis na cuntais.

Rinneadh Ionaid Chúraim Phríomhúil a fuarthas faoi shocruithe lamháltais seirbhíse na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) a chaipitliú agus a chuntas ag baint úsáide as an tsamhail dlíleanais bunaithe ar léasa airgeadais.

Aithnítear luach shócmhainn an Ionaid Chúraim Phríomhúil agus an dlíleanais lamháltais seirbhíse mar shócmhainní agus dlíleanais sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann agus luach cóir na réadmhaoin ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa, ar socraíodh gach ceann díobh nuair a cuireadh tús leis an léas. Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íosíocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa chonradh, atá le déanamh go díreach ag FnaSS. Úsáidtear an chuid réadmhaoin don mhuirear aonadach móide aon chuid caipitil d'íosíocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaoifa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí.

Baintear leas as an gCur Chuige Infheistíochta Caipitiúla chun cuntasáíocht a dhéanamh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse PPP i gcuntais FnaSS. Soláthraíonn an cur chuige seo do charnadh luacha chaipitiúil, a léiríonn cothromas an Stáit i sócmhainní réadmhaoin CPP. Nuair a úsáidtear an cur chuige seo, aithnítear an gealltanais caipitiúil PPP sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste) ag méid arb ionann é agus an dlíleanas léasa airgeadais a bhaineann leis. Thar shaolré an lamháltais, déantar an laghdú ar an dlíleanas léasa airgeadais atá gan íoc a amúchadh go bliantúil tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitiúil agus déantar iontráil chomhfhreagrach sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste).

Dímheas – De réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, ní chuirtear dímheas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré fóna na sócmhainne. Léirítear dímheas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais sa chuntas cúlchiste. Is ionann an iontráil cúlchistí seo (sa Chuntas Caipitlithe) agus an iontráil chómhálartach maidir le Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gCuntas Cúlchiste Caipitlithe thar shaolré fóna eacnamaíoch na sócmhainne.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Ní dhéantar sócmhainní a dhímheas sa chás go bhfuarthas nó má bhainistítear iad faoi shocrúithe maidir le lamháltas seirbhíse CPP mar go gcinntíonn na socruithe seo saolré fóna iarmharach agus cumas oibriúcháin ag deireadh an téarma lamháltais, arbh ionann é agus saolré fóna iarmharach agus cumas oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í don chéad uair. I gcás sócmhainní seasta eile, áit a bhfuil siad faoi réir dímheasa, déantar iad a dhímheas de réir bliana amháin sa bhliain a bhfaightear iad.

Is éard atá sa luach iarmharach ná an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

Ríomhtar dímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh eile chun bunchostas / luacháil gach sócmhainne ar leith thar a saolré eacnamaíoch fóna a dhíscríobh ar bhonn an mhéid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain
- Foirgnimh modúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain
- Obair idir lámha: ní dhéantar aon dímheas
- Trealamh – ríomhairí agus córais TFC: dímheasta ag 33.33% sa bhliain
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% sa bhliain
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Nuair a dhéantar sócmhainn sheasta a dhiúscairt, déantar an Cuntas Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus an Cuntas Caipitlithe araon a laghdú de réir ghlanluach leabhar dhiúscairt na sócmhainne. Tá anailís ar athruithe sa Chuntas Chaipitlithe curtha ar fáil i Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí

Déanann Litir Cheada le haghaidh Caipitil foráil do líuntas chun fáilais díola sócmhainní seasta suas le €1.5 milliún i 2022 a athinfheistiú (2021: €2.5 mhilliún). Tá na fáilais ó dhíol sócmhainní i Ráiteas Airgeadais Bhliantúil (AFS) 2022 faoi bhun na tairsí €1.5 milliún seo, agus mar sin ní mheastar gur Fáilais Bhreise Státhiste (EER) iad agus i 2022 tá siad léirithe faoi Chaipiteal agus Cúlchistí.

Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Tá comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) nó comhaontú lamháltais seirbhíse déanta ag FnaSS le heintiteas san earnáil phríobháideach chun sócmhainní bonneagair a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil ar feadh tréimhse ama sonraithe (tréimhse lamháltais). Is conradh aonair CPP é seo chun ceithre Ionad Cúraim Phríomhúil déag (PCC) a sholáthar.

Is í FnaSS a stiúran agus a rialaíonn céard iad na seirbhísí nach mór don oibreoir a sholáthar ag baint úsáide as sócmhainní bonneagair an PCC, chomh maith le cé dó a dtabharfar na seirbhísí, agus cén costas a bheidh orthu; agus rialaíonn FnaSS an leas iarmharach sna sócmhainní nuair a thagann deireadh le téarma na tréimhse lamháltais.

Le linn shaolré an lamháltais, déanann FnaSS íocaíochtaí chun sócmhainní bonneagair PCC a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú, a chothabháil agus a athnuachan chomh maith le seirbhísí atá i gceist sa lamháltas.

Cuirtear an conradh i bhfeidhm ar bhonn cumas soláthair, agus tá tréimhse seirbhíse 25 bliain ón dáta tosaigh i gceist maidir le gach PCC, agus tá íocaíocht le déanamh ar bhunús muirear aonadach bliantúil. Tá an muirear aonadach faoi réir asbhaintí le haghaidh tréimhsí nach féidir na sócmhainní a úsáid.

Léirítear gnéithe de mhuirear seirbhíse de na híocaíochtaí muirear aonadach mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Caipitil. I Nóta 22 leis na ráitis airgeadais, pléitear na hoibleagáidí i dtaca le híocaíochtaí oibriúcháin.

Pinsin

Tá fostaithe incháilithe FnaSS ina mbaill de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe. Íocann FnaSS pinsin le hiarfhostaithe. Faigheann FnaSS maoiniú ón Roinn Sláinte chuige seo ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear'. Tá maoiniú ón Roinn Sláinte i dtaca le pinsin curtha san áireamh mar ioncam. Léirítear íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íoctar iad mar a leanas:

- (i) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le fostaithe FSS atá ar scor laistigh den aicme phá (féach Nóta 6)
- (ii) Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le pinsinéirí ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí faoi dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha laistigh den aicme neamhphá (féach Nóta 8 agus Aguisín 1).

Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthraithe seirbhíse sláinte deonaí, ar bhaill den scéim iad a choimeád, mar ioncam an tsoláthraí seirbhíse sláinte.

Níl aon fhoráil déanta i dtaca le sochair phinsin a shaothraíonn fhostaithe agus atá iníoctha i mblianta amach romhainn faoin scéim pinsin, ag teacht leis an gcóireáil chuntasaíochta sna blianta roimhe seo. Seo é an socrúchán atá fós i bhfeidhm ag FnaSS de thoradh na sonraíochtaí cuntasaíochta a fuarthas ón Aire.

Tugadh an Scéim Aonair nua Pinsin Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) isteach mar thoradh ar an *Acht Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012*, agus cuireadh i bhfeidhm í ón 1 Eanáir 2013. Tá gach ball foirne nua d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhí ina n-iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí ar nó tar éis 1 Eanáir 2013, mar bhall den Scéim Aonair. Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC)

Tugadh RAB (ASC) isteach agus cuireadh i bhfeidhm é ó 1 Eanáir 2019 agus tá sé in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsin (PRD). Is beart sealadach éigeandála a bhí sa PRD, ach is ranníocaíocht bhuan pinsin atá san ASC. Tá sonraí na suimeanna a bailíodh trí ASC leagtha amach i Nóta 5(a) leis na Ráitis Airgeadais.

Fardail

Luaitear fardail ag an gcostas luacha nó ag an nglanluach athsholáthair, cibé acu sin is ísle. Go stairiúil, tá foráil ag FnaSS in aghaidh fardal vacsaíne áirithe, agus aon díscríobh nó coigeartuithe eile i dtaca le dífheidhmeacht. Cuirtear de mhuirear iad sa bhliain reatha in aghaidh ioncaim agus caiteachais.

Maoin Phearsanta Othar

Coimeádtar suimeanna airgid a thugann othair do FnaSS nó a thugtar do FnaSS thar ceann othar le go gcuirfear in áit shábháilte iad, i gcuntais ar leith atá deighilte ó chuntais FnaSS féin. Tugtar cuntais Mhaoine Príobháidí Othar ar chuntais den sórt sin. Tá FnaSS freagrach as riar na gcuntas seo. Ós rud é nach maoin de chuid FnaSS an t-airgead seo, áfach, ní áirítear é le Ráiteas ar Staid Airgeadais FnaSS. Gníomhaíonn FnaSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Mhaoine Príobháidí othar gach bliain.

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Cuntasaíochta

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don FnaSS breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na suimeanna a bheidh tuairiscithe do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus a bheidh tuairiscithe d’ioncam agus caiteachas ioncaim i rith na bliana. Ach sin ráite, ciallaíonn an cineál meastacháin atá i gceist go bhféadfadh na torthaí fóra a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Ba ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bhí an tionchar ba mhó ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Cuntasaíocht i leith Díscríobhanna

Tá díluacháil iomlán de €94.4m, maidir le vacsaíní COVID-19, san áireamh sna Ráitis Airgeadais, is ionann seo agus muirear ábhartha i 2022.

Tá na díscríobhanna seo bunaithe ar stoic a bheidh as dáta ag deireadh mhí na Nollag agus iad siúd atá le bheith as dáta nó a mheastar a bheith as feidhm i rith 2023.

Cuntas ar Shócmhainní Teagmhasacha a bhaineann le Cáin Breis Luacha (CBL) Infhála

Gearradh CBL ar chuid de na seirbhísí tástála COVID-19 a cuireadh ar fáil. Is é dearcadh FnaSS, agus a comhairleoirí, go bhfuil na seirbhísí a chuirtear ar fáil díolmhaithe agus go bhfuil an CBL a íoctar inghnóthaithe. Tá an méid CBL inghnóthaithe aitheanta ag FnaSS mar Shócmhainn Theagmhasach mar sin, ar an mbonn go meastar gur dócha go dtiocfadh sochar eacnamaíoch aisti.

Cuntais ar Dhrochfhiacha agus Fiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha atá ar eolas a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach d’aon suim a meastar a bheith amhrasach. Déantar foráil d’fhiacha othar atá gan íoc le breis is bliain.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Pá Saoire Fabhráithe

Déantar tuarastail, pá agus buntáistí a bhaineann le fostaíocht a aithint sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís ó fhostaithe. I gcás costas saoire atá tuillte ag fostaíthe ach nár thóg siad, aithnítear ag deireadh na bliana é seo sna ráitis airgeadais sa mhéid go bhfuil cead ag fostaíthe saoire bhliantúil gan íoc a thabhairt anonn chuig an gcéad bhliain eile. Déantar na toimhí a bhíonn mar bhunús leis an bhfabhrú ar phá saoire, a mbíonn suimeanna aitheanta ina leith sna ráitis airgeadais, a áireamh (próifílí fostaíthe agus patrún na saoire atá tógtha san áireamh) bunaithe ar na coinníollacha reatha.

Ionaid Chúraim Phríomhúla: Luacháil, Dímheas, Luachanna Iarmharacha agus Íosíocaíochtaí Léasa sa todhchaí

Úsáidtear an tsamhail dliteanais bunaithe ar léas airgeadais, chun Ionaid Chúraim Príomhúil (PCC) a ceannaíodh mar thoradh ar shocrúithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Priobháideacha Poiblí (PPP), a chaipitliú agus cuntasáíocht a dhéanamh ina leith.

Aithnítear luach na sócmhainne PCC agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

Tugtar sócmhainní ar bith a fhaightear faoi chomhaontuithe maidir le lamháltas seirbhíse ar ais do FnaSS, de réir oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, ag deireadh na tréimhse lamháltais le saolré fóna arb ionann iad agus saolré na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh don chéad uair í. Déantar feidhmíocht na bhforálacha 'tabhairt ar ais' a dheimhniú trí choinneáil airgid agus pionóis airgeadais shuntasacha a bhfuil foráil déanta lena n-aghaidh sna comhaontuithe lamháltais. De bharr na bhforálacha sin, ní ghearrann FnaSS dímeas ar na sócmhainní seo.

Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa tsamhail airgeadais a bhaineann leis an gconradh tógála, agus tá na híocaíochtaí seo le déanamh ag FnaSS go díreach. Úsáidtear na codanna réadmhaoine den mhuirear aonadach, móide aon chuid caipitil d'íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí. Ag teacht le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis le lascaire a thabhairt do na dliteanais amach anseo a bhaineann le tógáil, ag eascairt as comhaontuithe deonaithe. Roghnaigh FnaSS ráta lascaire de 3.32% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA), ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí i ndáil le sócmhainní bonneagair fadtéarmacha.

Tá FnaSS tar éis saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha bainteacha na nIonad Cúram Sláinte Príomhúil a athbhreithniú agus an tátal a bhain siad as an athbhreithniú ná go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

Nóta 1(b) COVID-19

Nóta COVID-19 do na RAB (AFS)

Fuair FnaSS maoiniú loncaim agus Caipitil de €23.5 billiún ón Roinn Sláinte i 2022, rud a léiríonn an riachtanas maidir le maoiniú cuí a chur ar fáil do straitéis COVID-19 FnaSS, agus ag an am céanna seirbhísí sláinte leanúnacha a chur ar fáil agus na dúshláin a bhaineann le COVID-19, fós ann.

Cuireadh maoiniú sonrath de €2.0 billiún ar fáil do na príomhréimsí agus gníomhaíochtaí bunúsacha i straitéis COVID-19 FnaSS.

Díscríbhanna Stoic Vaccsaíní agus Foráil maidir le Dul as Feidhm i RAB (AFS) i 2022 (€94.4m)

Tá díluacháil iomlán de €94.4m maidir le vacsaíní COVID-19 san áireamh i RAB 2022, is muirear ábhartha atá i gceist anseo don bhliain 2022.

Tá na díscríbhanna / foráil maidir le dul as feidhm bunaithe ar stoic a bheidh as dáta ag deireadh mhí na Nollag agus iad siúd atá le bheith as dáta nó nach meastar go bhfuil siad oiriúnach le cur san áireamh sa chlár i rith 2023. Tá miondealú ar an €94.4m mar seo a leanas:

Díscríbhanna Stoc Vaccsaín COVID-19 atá as Feidhm: €33.7m

Baineann stoc atá as feidhm le stoc ina bhfuil dáta éaga an déantóra thart agus stoic nach bhfuil oiriúnach a thuilleadh le dáileadh.

Foráil i ndáil le Stoc a bheidh as feidhm sa todhchaí: €60.7m

Tá foráil de €47.9m ann i ndáil le stoic vacsaíní foirmlithe bunaidh (a coinníodh i dtaisce i 2022 mar theagmhas riachtanach i gcás éigeandála nár tharla) agus beidh siad seo as feidhm sa chéad ráithe de 2023 agus ní mheastar go bhfuil siad oiriúnach a thuilleadh le bheith san áireamh sa chlár (mar is féidir na vacsaíní défhiúsacha nua a úsáid freisin mar an dáileog phríomhúil don vacsaín).

San áireamh, chomh maith, tá €12.8m i ndáil le vacsaíní oiriúnaithe atá ag druidim leis an dáta éagtha (arís, a coinníodh ar dtús mar theagmhas i gcás meathlúcháin eipidéimeolaíochta i rith gheimhreadh 2022, ach nár tharla).

Fuarthas na vacsaíní sonracha COVID-19 seo “faoi riosca” roimh údarú, mar sciar na hÉireann de shocruithe Soláthair Chomhpháirtigh an AE, arna n-oibriú ag an gCoimisiún thar ceann 27 Ballstát, ionas go mbeifí ábalta rochtain phras a fháil ar na cineálacha teicneolaíochta vacsaíne ba shábháilte agus b'éifeachtaí, ionas go mbeadh na Ballstáit réidh chun freagairt d'aon mheathlúcháin maidir le treocht an ghalair, agus sa chás sin go mbeadh gá le freagairt éigeandála, sé sin an vacsaín a dháileadh ar phobal mór daoine (lena n-áirítear éigeandálaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa todhchaí).

Costas Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE)

Meastar gurb é an caiteachas iomlán do 2022 ná **€146** milliún (2021: €352 milliún).

Tá €37m de sin curtha de mhuirear ar chaiteachas, a d'eascair as athrú maidir le stoc i 2022.

De réir FRS 102, ceanglaítear ar FnaSS a chinntiú go dtuairiscítear a bhfardail ag deireadh na bliana ag an bhfíorchostas nó costas athsholáthair, cibé díobh is ísle.

Príomhréimsí Caiteachais a bhain le COVID-19 i 2022

- Meastar gur chosain Clár Vacsaínithe COVID-19 **€425** milliún (2021: €530m), tá sé seo taifeadta sa chuntas ioncaim agus caiteachais (Tá na díscríobhanna vacsaíní agus na forálacha atá luaite thuas san áireamh)
- Meastar gur caiteachas de **€408** milliún a bhí i gceist leis an gclár tástála agus rianaithe i 2022 (2021: €719m).
- Meastar gur **€598m** an costas a bhain le COVID-19 in Ospidéal Ghéarmhíochaine agus i suíomhanna Pobail, lena n-áirítear suim de **€26m** a bhain le teiripic COVID-19 agus **€44m** a bhain le ciste cúraim
- Meastar gur **€208m** an costas a bhain le hÍocaíocht maidir le hAitheantais Speisialta i ndáil leis an bPaindéim (Áirítear leis seo íocaíochtaí a rinneadh go díreach le fostaithe FnaSS agus go hindíreach trí na heagraíochtaí deonacha)
- Chosain na costais leanúnacha a bhaineann le hacmhainn ospidéal phríobháideacha a chinntiú chun tacú leis an gcóras sláinte **€173m** (2021: €148m)
- Is é an caiteachas iomlán ar TCP (PPE) ná suas le **€146m**.

Chuir FnaSS tionchar COVID-19 san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu an mbeadh sé cuí na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. I bhfianaise an mhaoinithe ollmhóir a thug an Stát do FnaSS agus dá cuid seirbhísí le linn 2022, mar a shonraítear thuas, mar aon le go bhfuil maoiniú daingnithe do 2023 chomh maith leis an bplean *Sláintecare* níos fadtéarmaí do sholáthar seirbhísí sláinte amach anseo, tá sé deimhnithe ag FnaSS gur ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla seo ar bhonn ghnóthais leantaigh.

Déantar an t-athbhreithniú agus an tionchar ar thimpeallacht rialachais agus rialuithe FnaSS a mheas sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach.

Nóta 2 Barrachas Oibriúcháin

	2022 €'000	2021 €'000
Glanbharrachas Oibriúcháin don bhliain tar éis na suimeanna seo a leanas a bheith curtha de mhuirear:		
Táillí Iniúcháireachta	707	707
Luach saothair POF	490	430

Fuair an tIar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (1 Eanáir go 1 Nollaig 2022) luach saothair iomlán de €399,182. Tá sé seo comhdhéanta de bhunphá €339,549, liúntais €45,838 agus sochar comhchineáil (BIK) €13,795.

Baineann an tsuim BIK le carr cuideachta a soláthraíodh, ní liúntas íoctha é agus níor ardaigh sé an pá comhlán. Rinneadh a luach a ríomh chun críocha cánach a asbhaint de réir riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní raibh an tIar- POF ina bhall de scéim phinsin FnaSS agus ní dhearna FnaSS aon ranníocaíochtaí pinsin fostóra thar ceann an POF. Mar thoradh air sin, fuair an POF liúntas pinsin coibhéiseach. B'ionann costais iomlána a bhain leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don bhliain 2022 agus €4,995 (2021:€4,420).

Fuair an POF eatramhach (3 Deireadh Fómhair 2022 go 31 Nollaig 2022) íocaíochtaí arb ionann agus €90,379 mar bhunphá. Ní raibh aon chostais i gceist i ndáil leis an POF eatramhach i 2022.

	2022 €'000	2021 €'000
Costais chomhaltaí an Bhoird		
Ciarán Devane	4,083	362
An tOllamh Deirdre Madden	739	0
Fergus Finlay	0	0
Michelle O'Sullivan (<i>ceapadh í ar an 21 Iúil 2022</i>)	0	0
Brendan Whelan	511	0
Anne Carrigy	255	0
An Dr Yvonne Traynor (<i>athcheapadh í ar an 28 Meitheamh 2022</i>)	131	0
Tim Hynes (<i>athcheapadh é ar an 28 Meitheamh 2022</i>)	262	0
Aogán Ó Fearghail (<i>athcheapadh é ar an 28 Meitheamh 2022</i>)	461	0
An Dr Sarah McLoughlin	131	0
Brendan Lenihan (<i>d'éirigh sé as ar an 25 Márta 2023</i>)	592	0
An tOllamh Fergus O'Kelly	0	0
	7,165	362

Bunaíodh Bord FnaSS ar an 28 Meitheamh 2019 mar chomhlacht rialaithe FnaSS de réir an Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019. Forálann an tAcht do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh atá cuntasach don Bhord ach nach comhalta Boird é. Íoctar táillí le comhaltaí Boird.

Nóta 3 Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

3(a) Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

	2022 €'000	2021 €'000
Glanioncam maoinithe a tugadh do FnaSS	23,706,949	21,627,500
Lúide: Maoiniú Caipitil na Roinne Sláinte 2022	(1,249,150)	(985,328)
Glanioncam maoinithe a tugadh do FnaSS	22,457,799	20,642,172
Lúide: Maoiniú aonuaire iarchurtha go 2022*	24,377	(24,377)
Deontas Maoinithe na Roinne Sláinte	22,482,176	20,617,795

* Cheadaigh an tAire ábhartha leithdháiltí maoinithe aonuaire i dtreo dheireadh na bliana 2021. Láimhseáladh na leithdháiltí maoinithe seo mar ioncam iarchurtha chun caiteachas maidir le seirbhísí sonracha Meabhairshláinte €7.9m, Míchumas €6.4m agus Cúram Maolaitheach €10m a chlúdach.

Léiríonn an tábla thíos anailís bhreise ar mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte.

	2022 €'000	2021 €'000
Iarmhéid Tosaigh Deontas loncaim dlite ón Roinn Sláinte ar 1 Eanáir 2022	92,737	0
Deontas loncaim – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte	22,482,176	20,617,795
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(22,019,606)	(20,348,724)
Lúide: Ioncam iarchurtha ón roinn Sláinte scaoilte ó 2021	(24,377)	24,377
Iarmhéid Deontas loncaim Dlite ón Roinn Sláinte 2021 (suas go Leithdháileadh Faofa)	530,930	293,448
Lúide: Astarraingt loncaim Chéad Bharrachais 2020 go dtí an Roinn Sláinte	0	(200,711)
Iarmhéid Deontas Dlite ón Roinn Sláinte (suas go Leithdháileadh Faofa) ar 31 Nollaig	530,930	92,737
Deontas Caipitil tosaigh dlite don Roinn Sláinte ar 1 Eanáir 2022	(67,406)	0
Deontas Caipitil – Leithdháileadh maoinithe ón Roinn Sláinte	1,249,150	985,328
	1,181,744	985,328
Lúide: Íocaíochtaí ón Roinn Sláinte idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig	(1,249,150)	(985,328)
Iarmhéid ar aghaidh a úsáideadh i rith na bliana	0	0
Lúide: Astarraingt loncaim Chéad Bharrachais 2020 go dtí an Roinn Sláinte	0	(67,406)
Deontas Caipitil dlite don Roinn Sláinte ar an 31 Nollaig	(67,406)	(67,406)
Deontas loncaim agus Caipitil Iomlán Dlite ón Roinn Sláinte, suas go Leithdháileadh Faofa ar 31 Nollaig Nóta 17	463,524	25,331

3(b) Traschur an (Easnaimh) / Bharrachais de réir Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004, arna leasú

I 2021, thaifead an Cuntas loncaim agus Caiteachais Neamh-Chaipitil easnamh de €195.03m don bhliain agus thaifead an Cuntas Caipitil loncaim agus Caiteachais easnamh de €45.5 milliún. Léiríodh na heasnaimh sin i gCúlchistí FnaSS amhail an 31 Nollaig 2021. De réir Alt 33 den Acht Sláinte (arna leasú), d'ordaigh an tAire gur cheart do FnaSS na méideanna sin a thabhairt ar aghaidh i gcoinne loncaim agus Caiteachais don bhliain 2022. I 2022, bhí na híocaíochtaí iomlána a eisíodh ón Vóta Sláinte chuig FnaSS €438.2 milliún níos lú ná an méid a leagadh amach i litir chinneadh bliantúil an Aire. Chomh maith leis an méid sin, ba shuim de €25.3m. fiachach RS a tugadh ar aghaidh ó 2021. Is ionann an dá shuim sin agus €463.5m maidir le fiachach na Roinne Sláinte don bhliain 2022.

Nóta 4 Ioncam Othar

	2022 €'000	2021 €'000
Muirir Phríobháideacha	239,605	219,303
Muirir na nOthar Cónaitheach	24,613	22,508
Muirir na Rannóige Éigeandála	17,320	14,879
Muirir a bhain le Taismí Bóthair	4,104	4,312
Muirir Fhadchónaithe	77,634	75,821
Ioncam AE – Éilimh E111	7,563	5,957
	370,839	342,780

Nóta 5 Ioncam Eile

(a) Ioncam Eile

	2022 €'000	2021 €'000
Ioncam Aoisliúntais	159,225	156,180
Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) ó fhoireann FnaSS	156,849	137,388
Asbhaintí Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise (ASC) ó sholáthraithe seirbhísí	69,253	62,901
Asbhaintí Párolla	9,617	9,015
Aisghabhálacha Pá a bhain le Daoine ar lasacht (Secondment)	18,126	18,719
Gníomhaireacht / Seirbhísí – curtha ar fáil d'Údaráis Áitiúla agus d'eagraíochtaí eile	7,037	5,171
Fáltais Cheaintín	10,199	8,841
Ioncam i leith Teastas agus Clárú	12,255	9,623
Páirceáil	7,510	5,147
Aisiocaíochtaí	13,546	14,661
Ioncam Cíosa	4,460	3,788
Tabhartais	1,226	1,600
Costais Díl faighte ar ais	31	495
Ioncam ó Ghníomhaireachtaí eile (Féach Nóta 5(b) anailís thíos)	38,931	44,361
Ioncam Ilghnéitheach	12,061	9,014
	520,326	486,904

(b) Ioncam ó Ghníomhaireachtaí Eile *

	2022 €'000	2021 €'000
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – Cúnamh Éireann: clár d'fhorbairtí thar lear	148	243
Cairde Naomh Lúcas Ráth Garbh	1,270	325
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – Seirbhísí Héileacaptair	249	207
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige - Ionchuimsiú Sóisialta Náisiúnta	169	0
Pobal / <i>Sláintecare</i>	231	7,573
Ionad Náisiúnta um Iniúchóireacht Chliniciúil / <i>SláinteCare</i>	810	0
Trialacha Cliniciúla Éireann – Trialacha Taighde Cliniciúla	535	676
Ioncam AE – tionscadail éagsúla	3,988	3,657
Iontaobhas Genio (Tionscadail Mheabhairshláinte)	2,353	4,282
Boird Oideachais agus Oiliúna / Solas	790	875
Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí	245	5
The Atlantic Philanthropies – Straitéis Náisiúnta um Néaltrú	0	382
Fondúireacht Katherine Howard – Cothú	157	242
An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	25,130	22,751
Jigsaw (Tionscadal Meabhairshláinte)	589	0
Trialacha Cliniciúla Oinceolaíochta Choláiste Ollscoile Chorcaí (UCC)	352	263
Trialacha Cliniciúla Ospidéal Phort Láirge	154	296
Bord Altranais agus Cnáimhseachais Éireann	218	333
Trialacha Cliniciúla Merck Sharp Dohme	448	593
Trialacha Cliniciúla Bayer	5	125
Trialacha Cliniciúla BMS	93	99
Taighde Pharma	160	96
DMG Media – Feachtas Pulse	0	111
Deontas Forbartha NEIC	267	789
Tusla	0	262
Cairde Ospidéal Loch Garman	138	0
Novartis (Tabhartais agus Trialacha Cliniciúla)	32	176
Tabhartas Ospíse Chiarraí	400	0
	38,931	44,361

* Ní léirítear ach ioncam os cionn €100,000 ó ghníomhaireachtaí i gceachtar den dá bhliain. Léirítear ioncam ó Ghníomhaireachtaí Eile nach raibh níos mó ná €100,000 i gceachtar den dá bhliain i Nóta 5(a) faoi Ioncam Ilghnéitheach. Dá réir sin, tá comparáidí le 2021 athluaite thuas, nuair is cuí.

Nóta 6 Pá agus Caiteachas Pinsin

	2022 €'000	2021 €'000
Foireann Chliniciúil FnaSS		
Leigheas / Fiaclóireacht	1,155,644	1,048,912
Altranas	2,012,078	1,837,233
Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta	799,677	726,370
Aoisliúntas	550,545	498,455
	4,517,944	4,110,971
Foireann Chliniciúil – Gníomhaireachtaí		
Leigheas / Fiaclóireacht	119,164	97,228
Altranas	130,032	122,234
Gairmí Cúram Sláinte agus Sóisialta	44,896	60,140
	294,092	279,602
Foireann Neamhchliniciúil FnaSS		
Bainistíocht / Riarachán	922,544	819,121
Foireann Tacaíochta Ginearálta	411,246	361,185
Aoisliúntas	217,977	194,875
	1,551,767	1,375,181
Foireann Neamhchliniciúil - Gníomhaireachtaí		
Bainistíocht / Riarachán	100,906	108,851
Foireann Tacaíochta Ginearálta	87,014	78,206
	187,920	187,057
Foireann eile FnaSS - Seirbhísí Cliant / Othar		
Cúram eile Cliant agus Othar	880,854	832,691
Aoisliúntas	129,549	118,047
	1,010,403	950,738
Foireann eile - Seirbhísí Cliant / Othar - Gníomhaireachtaí		
Cúram eile Cliant agus Othar	124,235	101,791
	124,235	101,791
Íocaíocht Speisialta Aitheantais i ndáil leis an bPaindéim *		
Foireann FnaSS	85,888	0
Foireann Gníomhaireachtaí	13,267	0
	99,155	0
Caiteachas Iomlán Pá	7,785,516	7,005,340

* Tá íocaíocht Speisialta Aitheantais i ndáil leis an bPaindéim san áireamh sa Phá Chliniciúil sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Nóta 6 Anailís Achomair ar Chostais Pá

	Cliniciúil 2022 €'000	Neamh- chliniciúil 2022 €'000	Seirbhísí eile Othar/ Cliant 2022 €'000	Íocaíocht Speisialta um Aitheantais Phaindéime 2022 €'000	lomlán 2022 €'000	lomlán 2021 €'000
Bunphá	2,967,225	1,128,915	634,638	0	4,730,778	4,330,114
Liúntais	136,339	24,361	29,915	0	190,614	136,099
Ragobair	214,523	20,978	41,078	0	276,579	240,339
Dualgas oíche	71,552	6,574	22,615	0	100,741	93,577
Deirí Seachtaine	139,497	31,097	69,462	0	240,057	227,018
Ar ghlaodhualgas	69,788	2,293	45	0	72,126	69,951
Riaráistí	2,116	3,745	(831)	0	5,030	21,052
Íocaíocht Speisialta Aitheantais i ndáil leis an bPaindéim	0	0	0	85,888	85,888	0
Pá agus Tuarastail	3,601,040	1,217,963	796,922	85,888	5,701,813	5,118,150
ASPC Fostóra	366,358	115,828	83,932	0	566,118	507,363
Aoisliúntas*	550,545	217,977	129,549	0	898,071	811,377
Pá lomlán FnaSS	4,517,943	1,551,768	1,010,403	85,888	7,166,002	6,436,890
Pá Gníomhaireachtaí	294,092	187,920	124,235	13,267	619,514	568,450
Pá lomlán	4,812,035	1,739,688	1,134,638	99,155	7,785,516	7,005,340

Ní bhaineann na Costais Phá lomlána thuas ach le seirbhísí FnaSS amháin. Tugtar cuntas ar chostais phá fostaithe san earnáil dheonach faoi Chaiteachas Neamhphá (Deontais loncaim do Ghníomhaireachtaí Seachtracha). Féach Nóta 8 agus Agusín 1.

Aoisliúntas

Tá foireann incháilithe atá fostaithe san FnaSS ina mbaill de scéimeanna éagsúla aoisliúntais le sochar sainithe.

Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais (i.e. pinsin) foirne atá ar scor amach as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair ioncaim agus caiteachais iad sa bhliain ina n-íoctar iad. De réir Treorach ón Aire Sláinte, ní dhéantar aon fhoráil sna ráitis airgeadais maidir le sochair phinsin sa todhchaí agus níl aon mhuirear curtha ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais ina leith sin. Déantar ranníocaíochtaí aoisliúntas ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Ní dhéantar aon luachálacha achtúireacha foirmiúla ar dhliteanais phinsin FnaSS. Ba é an muirear pinsean ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais i 2022 ná €898m (2021: €811m), a chuimsigh íocaíochtaí i dtaca le cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce scoir de luach €159m (2021: €143m).

	2022 €'000	2021 €'000
* Anailís ar Aoisliúntas		
Íocaíochtaí leanúnacha aoisliúntais do phinsinéirí	739,073	668,421
Cnapshuimeanna aonuaire agus íocaíochtaí aisce	158,998	142,956
	898,071	811,377

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Sochair a bhaineann le Foirceannadh Fostaíochta

	2022 €'000	2021 €'000
Sochair foirceanta curtha de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	426	294
